

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*

28 Lúnasa 2014



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### I Gníomhartha reachtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 <sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainitheantas agus seirbhísí iontaoibhele haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ..... 73
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 911/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le cistiú ilbhliantúil i gcomhair gníomhaíocht na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí i réimse na freagartha ar thruaillíú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis <sup>(1)</sup> ..... 115
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 912/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat chun freagracht airgeadais a bhainistiú atá nasctha le binsí socraithe díospóidí idir infheisteoir agus stát arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas Eorpach ..... 121

#### Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údarais chustaim ar chearta maoinne intleachtúla agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003 ón gComhairle (IO L 181, 29.6.2013, lch. 15) (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge) ..... 135

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

GA

\* Faoin tagairt L 257 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.



## I

(Gníomhartha reachtacha)

## RIALACHÁIN

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 909/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 23 Iúil 2014**

**maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa <sup>(2)</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(3)</sup>,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Cuireann taisclanna lárnacha urrús (TLUanna), i dteannta contrapháirtithe lárnacha (CPLanna), go mór le cothabháil bonneagar iarthrádála a chosnaíonn margaí airgeadais agus a thugann muinín do rannpháirtithe sa mhargadh go bhfuil idirbhearta urrús á ndéanamh i gceart agus ar bhealach tráthúil, lena n-áirítear le linn tréimhsí nuair a bhíonn an-strus ann.
- (2) Mar gheall ar a suíomh ríthábhachtach sa phróiseas socraíochta, tá tábhacht shistéamach ó thaobh feidhmiú margaí urrús ag baint leis na córais socraíochta urrús a oibríonn TLUanna. Ós rud é go bhfuil ról tábhachtach acu i gcórais an tsealbhaithe urrús trína dtuairiscíonn a rannpháirtithe na hurrús atá i seilbh na n-infheisteoirí, is uirlis ríthábhachtach iad na córais socraíochta urrús a oibríonn TLUanna chun sláine na heisiúna, atá ag cur bac ar chruthú nó ar laghdú míchuí na n-urrús eisithe, agus dá bhrí sin a imríonn ról tábhachtach ó thaobh muinín infheisteoirí a chothú. Ina theannta sin, bíonn dlúthbhaint ag córais socraíochta urrús a oibríonn TLUanna le comhthaobhacht urrús a aimsiú d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta agus leis an bpróiseas maidir le comhthaobhacht urrús a aimsiú idir institiúidí creidmheasa, agus is gníomhaithe tábhachtacha iad dá bhrí sin sna próisis chomhthaobhachta.

<sup>(1)</sup> IO C 310, 13.10.2012, lch. 12.

<sup>(2)</sup> IO C 299, 4.10.2012, lch. 76.

<sup>(3)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Aibreán 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón Chomhairle an 23 Iúil 2014.

- (3) Cé gur laghdaíodh le Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(1)</sup> de dheasca imeachtaí dócmhainneachta in aghaidh rannpháirtí sa chóras sin, is gá dul i ngleic le rioscaí eile atá le sárú ag córais socraíochta urrús, agus leis an riosca dócmhainneachta nó bristeachta i bhfeidhmiú TLUanna a oibríonn córais socraíochta urrús. Tá roinnt TLUanna faoi réir rioscaí creidmheasa agus leachtachta a eascraíonn ó sholáthar seirbhísí baincéireachta atá coimhdeach i ndáil le socraíocht.
- (4) Tá méadú ar an líon socraíochtaí trasteorann mar iarmhairt ar fhorbairt chomhaontuithe naisc idir TLUanna, rud a ardaíonn ceist maidir le stóinseacht TLUanna, in éagmais comhrialacha stuamachta, le linn allmhairiú na rioscaí a bhaineann do TLUanna ó Bhallstáit eile. Ina theannta sin, in ainneoin an mhéadaithe i socraíochtaí trasteorann, is léir go bhfuil athruithe faoi thionchar an mhargaidh i dtreo margaidh níos comhlháite do sheirbhísí TLU an-mhall. I margadh inmheánach oscailte i socraíocht urrús ba cheart go gceadófaí d'aon infheisteoir san Aontas infheistiú in urrúis go léir an Aontais leis an éascaíocht chéanna agus ag baint úsáid as na próisis chéanna as a mbaintear úsáid le haghaidh urrús intíre. Mar sin féin, tá na margáí socraíochta san Aontas fós ilroinnte thar teorannacha náisiúnta agus leanann socraíocht trasteorann de bheith níos costasaí, i ngeall ar rialacha náisiúnta éagsúla lena rialáítear socraíocht agus gníomhaíochtaí TLUanna agus ar iomaíocht theoranta idir TLUanna.

Crutháítear bac agus costais bhreise agus rioscaí breise i leith socraíochtaí trasteorann de bharr na hilroinnte sin. Mar gheall ar thábhacht shistéamach TLUanna, ba cheart iomaíocht a chur chun cinn eatarthu ionas go mbeidh rogha soláthraithe ann do rannpháirtithe margaidh agus nach mbeidh siad ag brath ar sholáthraí bonneagair amháin. In éagmais oibleagáidí comhionanna le haghaidh oibreoirí margaidh agus comhchaighdeán stuamachta i gcomhair TLU, beidh tionchar diúltach díreach ag bearta éagsúla a d'fhéadfadh a bheith glactha ar an leibhéal náisiúnta ar shábháilteacht, ar éifeachtúlacht agus ar iomaíocht sna margáí socraíochta san Aontas. Is gá na bacainní suntasacha sin maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a bhaint, saobhadh ar an iomaíocht a sheachaint agus cosc a chur ar bhacainní agus ar shaobhadh den chineál sin sa todhchá. Tá gá ann go gcruthófar margáí comhlháite le haghaidh socraíochta urrús gan idirdhealú idir idirbhearta náisiúnta agus trasteorann ionas go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is cuí. Dá réir sin, ba cheart gurbh é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí iomchuí don Rialachán seo, mar a léirítear é i gcomhréir le cásdlí comhsheasmhach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

- (5) Is gá roinnt oibleagáidí aonfhoirmeacha a leagan síos i rialachán a bheidh le cur i bhfeidhm ar rannpháirtithe sa mhargadh maidir le gnéithe áirithe den timthriall agus den smacht socraíochta agus sraith ceanglas coiteann a sholáthar i gcomhair TLUanna a bhfuil córais socraíochta urrús á n-oibriú acu. Ba cheart go n-áiritheofaí i rialacha atá infheidhme go díreach de chuid rialacháin go bhfuil gach oibreoir margaidh agus gach TLU faoi réir oibleagáidí, caighdeán agus rialacha comhionanna atá infheidhme go díreach. Ba cheart go méadófaí sábháilteacht agus éifeachtúlacht socraíochta san Aontas de thoradh ar rialachán, trí chosc a chur ar rialacha éagsúla náisiúnta de thoradh ar threoir a thrasuíomh. Ba cheart an chastacht rialála d'oibreoirí margaidh agus do TLUanna ag eascairt ó rialacha náisiúnta éagsúla a laghdú trí bhíthin rialacháin agus ba cheart a chur ar chumas TLU a gcuid seirbhísí a sholáthar ar bhonn trasteorann gan dualgas a bheith orthu sraitheanna éagsúla ceanglas náisiúnta, amhail na ceanglais sin maidir le húdarú, maoirseacht, eagrúchán nó rioscaí TLUanna a chomhlíonadh. Ba cheart do rialachán lena gcuirtear ceanglais chomhionanna ar TLUanna rannchuidiú freisin le deireadh a chur le saobhadh iomaíochta.
- (6) An 20 Deireadh Fómhair 2010, d'iarr an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais go gcuirfí bonneagair lárnacha níos stóinsithe ar fáil sa mhargadh agus d'iarr sé go n-athbhreithneofaí agus go bhfeabhsófaí na caighdeáin reatha. In Aibreán 2012, ghlac an Coiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta (CPSS) den Bhanc le haghaidh Socraíochtaí Idirnáisiúnta (BSI) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) caighdeáin dhomhanda maidir le bonneagair sa mhargadh airgeadais. Tiocfaidh na caighdeáin sin in ionad mholtaí BSI ó 2001, moltaí a rinne an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) agus Coiste na Rialtóirí um Urrúis Eorpacha oiriúnú orthu trí bhíthin treoirlínte neamhcheangailteacha ar leibhéal na hEorpa in 2009. Agus nádúr domhanda na margáí airgeadais agus thábhacht shistéamach TLUanna á chur san áireamh, is gá cóineasú idirnáisiúnta na gceanglas stuamachta a bhfuil siad faoina réir a áirithiú. Ba cheart go leanfadh an Rialachán seo ar na prionsabail atá ann cheana i dtaca le bonneagair an mhargaidh airgeadais a rinne CPSS-IOSCO a fhorbairt. Ba cheart don Choimisiún agus d'Údarás Maoirseachta na hEorpa (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí) ("ÚEÚM") a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(2)</sup>, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, comhsheasmhacht a áirithiú leis na caighdeáin reatha agus an fhorbairt a dhéanfar orthu amach anseo a chur san áireamh le linn dó na caighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme, mar aon leis na treoirlínte agus na moltaí dá dtagraítear sa Rialachán seo, a tharraingt suas nó moltaí a dhéanamh maidir lena leasú.

<sup>(1)</sup> Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús an suaiththeadh ar chóras socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

- (7) Ina conclúidí an 2 Nollaig 2008, leag an Chomhairle béim ar an ngá atá le sábháilteacht agus le hiontaofacht na gcóras socraíochta urrús a neartú agus dul i ngleic le bacainní dlí ar iarthrádáil san Aontas.
- (8) Ceann de na cúraimí bunúsacha atá ar CEBC is ea oibriú rianúil na gcóras íocaíochta a chur chun cinn. Maidir leis sin, déanann comhaltaí CEBC maoirseacht trína áirithiú go bhfuil córais éifeachtúla fóna imréitigh agus íocaíochta ann. Is minic a fheidhmíonn comhaltaí CEBC mar ghníomhairí socraíochta don ghné airgid de na hidirbhearta urrús. Is cliaint thábhachtacha iad freisin de TLUanna, a bhainistíonn soláthar urrúis chomhthaobhaigh ar oibrióchtaí beartais airgeadaíochta go minic.

Ba cheart dlúthbhaint a bheith ag comhaltaí CEBC, trí dhul i gcomhairle leo, maidir le húdarú agus maoirseacht TLUanna, aithint TLU tríú tíortha agus formheas nasc áirithe idir TLUanna. Ionas nach gcruthófaí sraitheanna comhthreomhara rialacha, ba cheart dlúthbhaint a bheith acu trí dhul i gcomhairle leo maidir le leagan síos caighdeán teicniúil cur chun feidhme agus rialála mar aon le treoirlínte agus moltaí cé gur cheart go luifeadh príomhfhreagracht maidir le caighdeán, treoirlínte agus moltaí teicniúla a leagan síos leis an gCoimisiún agus le ÚEÚM, mar atá leagtha síos sa Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh an Rialachán seo gan dochar do na freagrachtaí atá ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus ar na bainc cheannais náisiúnta as córais éifeachtúla, fóna imréitigh agus íocaíochta a áirithiú laistigh den Aontas agus le tíortha eile. Níor cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo bac ar chomhaltaí CEBC rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is ábhartha chun a ndualgais a dhéanamh, lena n-áirítear an maoirseacht ar TLUanna agus ar bhonneagair mhargaidh airgeadais eile.

- (9) Féadfaidh comhaltaí CEBC nó aon chomhlachtaí eile a chomhlíonann feidhmeanna comhchosúla i mBallstáit nó comhlachtaí poiblí eile a bhfuil sé de chúram orthu an fiachas poiblí san Aontas a bhainistiú nó idiragairt ann, roinnt seirbhísí a sholáthar amhail córas socraíochta urrús a fheidhmiú, lena gcáileofaí mar TLU iad. Ba cheart d'eintitis den sórt sin, agus iad ag gníomhú mar TLUanna gan eintiteas ar leith a bhunú, a bheith díolmhaithe ó na ceanglais údaraithe agus maoirseachta, ó cheanglais áirithe eagraíochtúla agus ó cheanglais chaipitil agus infheistíochta, ach ba cheart dóibh a bheith fós faoi réir shraith iomlán na gceanglas stuamachta eile le haghaidh taisclainne lárnaí urrús. I gcás a ngníomhaíonn eintitis Ballstát den sórt sin mar thaisclanna lárnacha urrú, níor cheart dóibh a gcuid seirbhísí a sholáthar i mBallstáit eile. Ós rud é go bhfeidhmíonn comhaltaí CEBC mar ghníomhairí socraíochta chun críche socraíochta, ba cheart go mbeidís díolmhaithe ó na ceanglais a leagtar amach i dTeideal IV den Rialachán seo.
- (10) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le socraíocht idirbheart in ionstraimí airgeadais agus i ngníomhaíochtaí uile TLUanna mura sonraítear a mhairt. Ina theannta sin, ba cheart don Rialachán seo a bheith gan dochar do reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le hionstraimí airgeadais sonracha amhail Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> agus bearta arna nglacadh i gcomhréir leis an Treoir sin.
- (11) Tá taifeadadh na n-urrús i bhfoirm cuntais reatha ina chéim thábhachtach d'fhonn éifeachtúlacht na socraíochta a mhéadú agus d'fhonn sláine eisiúna urrús a áirithiú, go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil castacht na modhanna sealbhaithe agus aistrithe ag dul i méid i gcónaí. Ar mhaithe le sábháilteacht, déantar foráil sa Rialachán seo i gcomhair taifeadadh i bhfoirm cuntais reatha a dhéanamh ar gach urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála nó atá á dtrádáil ar ionaid trádála arna rialú le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> agus le Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>. Níor cheart go bhforchuirfí modh amháin ar leith don taifeadadh tosaigh i gcuntais reatha leis an Rialachán seo inar cheart go mbeadh an taifeadadh sin i bhfoirm díluailithe nó trí dhí-ábharú láithreach. Níor cheart go bhforchuirfí an cineál institiúide atá le taifeadadh a dhéanamh ar urrúis i bhfoirm cuntais reatha ar a n-eisiúint leis an Rialachán seo, ach ba cheart ceadú leis do ghníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear cláraitheoirí, an fheidhm sin a chomhlíonadh. Mar sin féin, nuair a chuirfeadh idirbhearta sna hurrúis den chineál sin i gcrích ar ionaid trádála arna rialú le Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 nó nuair a sholáthraítear mar chomhthaobhacht iad faoi choinníollacha atá leagtha síos i dTreoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>, ba cheart na hurrúis sin a thairfeadadh i gcóras cuntais reatha taisclainne lárnaí urrús d'fhonn a áirithiú, *inter alia*, go bhféadfaí gach urrús den sórt sin a shocrú i gcóras socraíochta urrús. Níor cheart go dtabharfaidh díluailithe nó dí-ábharú le tuiscint aon chailliúint cheart do na sealbhóirí urrús agus ba cheart go mbainfeadh an méid sin amach ar bhealach a áirithíodh go bhféadfaidh sealbhóirí urrús a gcearta a fhíorú.

<sup>(1)</sup> Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

<sup>(2)</sup> Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáil in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáil in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

<sup>(4)</sup> Treoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais (IO L 168, 27.6.2002, lch. 43).

- (12) Chun sábháilteacht socraíochta a áirithiú, aon rannpháirtí i gcóras socraíochta urrús a cheannaíonn nó a dhíolann ionstraimí airgeadais áirithe, mar atá urrúis inaistrithe, ionstraimí margadh airgid, aonaid i ngnóthais chomhinfhéistíochta agus lamháiltais astaíochta, ba cheart dó a oibleagáid a shocrú ar an dáta socraíochta a bheidh beartaithe.
- (13) Baineann éiginnteacht agus riosca méadaithe do rannpháirtithe i gcórais socraíochta urrús le tréimhsí socraíochta níos faide d'idirbhearta in urrúis inaistrithe. Cuireann faid tréimhse éagsúla do thréimhsí socraíochta i measc na mBallstát éagsúil isteach ar réiteach, agus is foinse earráidí a bhíonn iontu d'eisitheoirí, d'infheisteoirí agus d'idirghabhálaithe araon. Dá bhrí sin, is gá tréimhse shocraíochta choiteann a sholáthar lena n-éascófaí aithint an dáta socraíochta atá beartaithe agus cur chun feidhme beart smachta socraíochta. Níor cheart an dáta socraíochta atá beartaithe d'idirbhearta urrús inaistrithe a chuirfí i gcrích ar ionaid trádála arna rialú le Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a bheith tráth nach déanaí ná an dara lá gnó tar éis lá na trádála. Maidir le hoibríochtaí casta ina bhfuil roinnt mhaith idirbheart i gceist amhail comhaontuithe maidir le hurrúis a athcheannach nó a thabhairt ar iasacht, ba cheart go mbeadh feidhm ag an gceanglas seo maidir leis an gcéad idirbheart a bhaineann le hurrúis a aistriú. I bhfianaise a gcarachtar neamhchaighdeánaithe, níor cheart go mbeadh feidhm ag an gceanglas seo maidir le hidirbhearta a dhéanann na páirtithe ábhartha iad a chaibidliú go príobháideach, ach a chuirfear i gcrích ar ionaid trádála atá faoi rialú Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó maidir le hidirbhearta a chuirfear i gcrích go déthaobhach, ach a thuiriscítear d'ionad trádála atá faoi rialú Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Thairis sin, ba cheart nach gcuirfí an ceanglas seo i bhfeidhm ar an chéad idirbheart i gcás ina bhfuil na hurrúis inaistrithe lena mbaineann faoi réir taifeadta tosaigh i bhfoirm cuntais reatha.
- (14) Ba cheart do TLUanna agus do bhonneagair mhargaidh eile bearta a dhéanamh chun teipeanna socraíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu. Tá sé riachtanach go gcuirfí na rialacha sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go díreach san Aontas. Go háirithe, ba cheart a cheangal ar TLUanna agus ar bhonneagair mhargaidh eile nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena gcuirfear ar a gcumas bearta iomchuí a ghlacadh chun aon rannpháirtí a bhíonn mar chúis le teipeanna socraíochta go córasach a chur ar fionraí agus a chéannacht a nochtadh don phobal, ar choinníoll go mbeadh an deis ag an rannpháirtí sin barúlacha a sheoladh isteach sula ndéanfaí cinneadh den chineál sin.
- (15) Ceann de na bealaí is éifeachtaí chun plé le teipeanna socraíochta is ea é a chur de cheanglas ar na rannpháirtithe a dteipfidh orthu a bheith faoi réir fhorfheidhmiú éigeantach an chomhaontaithe bunaidh. Ba cheart go ndéanfaí foráil sa Rialachán seo i gcomhair rialacha aonfhoirmeacha maidir le pionóis agus gnéithe áirithe den idirbheart ceannach isteach i gcomhair gach urrúis inaistrithe, ionstraimé margaidh airgid, aonaid i ngnóthais chomhinfhéistíochta agus lamháiltais astaíochta, amhail uainiú agus praghsáil. Ba cheart na rialacha sin a chur in oiriúint do na sonraíochtaí atá ag margáí urrús éagsúla, ag ionaid trádála áirithe amhail margaidh fháis FBM mar a shainítear iad sa Rialachán (AE) Uimh. 2014/65/AE agus ag oibríochtaí casta éagsúla amhail comhaontuithe maidir le hurrúis a athcheannach nó a thabhairt ar iasacht, i dtreo is nach mbeadh tionchar diúltach acu ar leachtacht agus éifeachtacht mhargáí urrúis. Ba cheart na rialacha maidir leis an araíonacht socraíochta a chur i bhfeidhm ar bhealach ina bhforáiltear do dhreasacht d'idirbhearta a shocrú i ngach ionstraim ábhartha airgeadais faoin dáta socraíochta atá beartaithe dóibh.
- (16) Ba cheart go mbeadh na nósanna imeachta agus na pionóis a bhaineann le teipeanna socraíochta i gcomhréir le scála agus tromchúis na dteipeanna sin agus iad á scálú ag an am céanna ar bhealach lena ndéanfar leachtacht na n-ionstraimí ábhartha airgeadais a choimeád agus a chosaint. Go háirithe, tá ról fíorthábhachtach ag gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh maidir le leachtacht a chur ar fáil do mhargáí laistigh den Aontas, do mhargáí beagleachtacha ach go háirithe. Ba cheart cothromaíocht a aimsiú idir bearta chun teipeanna socraíochta a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus an riachtanas chun leachtacht sna hurrúis sin a choimeád ar bun agus a chosaint. Ba cheart na pionóis airgid maidir leis na rannpháirtithe a dteipfidh orthu a chur chun sochair, más féidir, ar na cliaint nach dteipfidh orthu mar chúiteamh agus níor cheart go mbeidh siad in aon chás ina fhoinsé ioncaim don TLU lena mbaineann. Ba cheart do TLUanna dul i gcomhairle le bonneagair mhargaidh a soláthraíonn siad seirbhísí TLU ina leith maidir le cur chun feidhme bearta maidir le haraíonacht socraíochta atá leagtha síos sa Rialachán seo.
- (17) I bhformhór na gcásanna ba cheart tús a chur le próiseas ceannach isteach nuair nach ndéanfar na hionstraimí airgeadais a sheachadadh laistigh de cheithre lá gnó ón dáta socraíochta atá beartaithe. Mar sin féin, i dtaca le hionstraimí airgeadais neamhleachtacha is cuí go gcuirfear suas go dtí seacht lá gnó leis an tréimhse roimh thús a chur leis an bpróiseas ceannach isteach. Ba cheart go leagtar síos an bunús lena gcinntear go meastar ionstraimí airgeadais a bheith neamhleachtach trí chaighdeáin theicniúla rialála, agus na measúnuithe a rinneadh cheana sa Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 á gcur san áireamh. I gcás ina ndéantar cinneadh den chineál sin ba cheart go mbeadh suas go dtí seacht lá gnó ann le síneadh an spriocdháta chun tús a chur leis an bpróiseas ceannach isteach.

- (18) Is cuí an tsolúbthacht a thabhairt do mhargaidh fháis FBM gan an próiseas ceannach isteach a chur i bhfeidhm suas go 15 lá tar éis lá na trádála ionas go gcuirfeadh leachtacht mhargaidh den chineál sin san áireamh agus ionas go mbeidh gníomhaíocht ag cruthaitheoirí margaidh sna margaidh beagleachtacha sin. Ba cheart nach mbeidh feidhm ag na bearta maidir le haráionacht socraíochta a bhaineann go sonrach le margaidh fháis FBM ach amháin maidir le hidirbhearta a chuirtear i gcrích ar mhargaidh den chineál sin. Mar a sainaithníodh i nDoiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin an 7 Nollaig 2011 a ghabhann leis an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal, “Plean Gníomhaíochta chun Feabhas a chur ar an Rochtain atá ag FBManna ar Mhaoiniú”, ba cheart rochtain ar mhargaidh caipitil a fhorbairt mar mhalairt ar iasachtú bainc do FBManna agus dá bhrí sin is cuí na rialacha a chur in oiriúint chun freastal níos fearr a dhéanamh ar na margaidh fháis FBM sin.
- (19) Ba cheart go mbeadh TLUanna in ann faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an cheannaigh isteach i leith treoracha iolracha socraíochta, maidir leis na hionstraimí airgeadais céanna agus leis an dáta éaga céanna don tréimhse cur i bhfeidhm, a mbeidh sé mar aidhm acu an líon ceannach isteach a bheidh le déanamh a íoslághdú a mhéid is a luíonn sé le ceanglais an Rialacháin seo.
- (20) Ós rud é gurb é príomhchuspóir an Rialacháin seo roinnt oibleagáidí dlíthiúla a thabhairt isteach a fhorchuirfeadh go díreach ar oibreoirí margaidh, oibleagáidí arb é a bheidh iontu, *inter alia*, taifeadh gach urrúis inaistrithe i bhfoirm cuntais reatha i TLUanna i gcás ina ndéantar na hurrúis sin a thrádáil ar ionaid trádála arna rialú le Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 nó a sholáthar mar chomhthabacht faoi choinníollacha Treoir 2002/47/CE agus i socrú a n-oibleagáidí tráth nach déanaí ná an dara lá gnó tar éis lá na trádála agus ós rud é go bhfuil TLUanna freagrach as oibriú na gcóras socraíochta urrúis agus as cur i bhfeidhm na mbearta chun socraíocht a chur ar fáil go tráthúil san Aontas, tá sé riachtanach a áirithiú go mbeidh gach TLU slán agus fónta agus go gcomhlíonfaidh siad go léir na ceanglais dhiana maidir le heagrúchán, maidir le gnó a dhéanamh, agus maidir le ceanglais stuamachta atá leagtha síos sa Rialachán seo i gcónaí, lena n-áirítear trí gach céim réasúnta chun calaíocht agus faillí a mhaolú. Dá bhrí sin, tá rialacha aonfhoirmeacha atá infheidhme go díreach maidir le húdarú agus maoirseacht leanúnach TLUanna mar atoradh bunriachtanach na n-oibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear ar rannpháirtithe an mhargaidh leis an Rialachán seo, agus tá baint acu le chéile. Tá sé riachtanach mar sin rialacha maidir le húdarú agus maoirseacht TLUanna a chur ar áireamh san ionstraim chéanna leis na hoibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear ar rannpháirtithe an mhargaidh.
- (21) Ag cuimhneamh gur cheart do TLUanna a bheith faoi réir ceanglas comhchoiteann agus d’fhonn na bacainní reatha ar shocraíocht trasteorann a dhíchur, ba cheart saoirse a bheith ag aon TLU údaruithe seirbhísí a sholáthar laistigh de chríocha an Aontais, lena n-áirítear trí bhrainte a chur ar bun. D’fhonn leibhéal iomchuí sábháilteachta a áirithiú i soláthar seirbhísí TLUanna i mBallstát eile, ba cheart go mbeadh TLUanna den sórt sin faoi réir nós imeachta shonraigh atá leagtha síos sa Rialachán seo áit a mbeidh sé beartaithe acu croísheirbhísí TLU áirithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur ar fáil nó brainse a chur ar bun i mBallstát aíochta.
- (22) Laistigh de mhargadh socraíochta Aontais gan teorainneacha, is gá inniúlachtaí na n-údarás éagsúil a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bhunú. Ba cheart do na Ballstáit na húdarás inniúla atá freagrach as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ainmniú go sonrach, agus ba cheart na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe is gá a thabhairt dóibh chun a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú. Ba cheart do TLU a bheith faoi réir údarú agus mhaoirseacht údarás inniúil a Bhallstáit bhaile, ar údarás é atá i gcaoi mhaith chun féachaint ar an gcaoi a bhfeidhmíonn TLUanna ar bhonn laethúil, athbhreithnithe rialta a dhéanamh, agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh nuair is gá, agus ba cheart cumhacht a thabhairt dó chun na nithe sin a dhéanamh.

Ba cheart don údarás inniúil lena mbaineann, áfach, dul i gcomhairle agus comhoibriú le húdarás iomchuí eile a luaithe is féidir agus áirítear ar na húdarás sin na húdarás atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar gach córas socraíochta urrúis a oibríonn TLU, na bainc cheannais a bhfuil na hairgeadraí socraíochta is ábhartha á n-eisiúint acu, nuair is infheidhme, na bainc cheannais iomchuí a ghníomhaíonn mar ghníomhaire socraíochta do gach córas socraíochta urrúis agus freisin, nuair is infheidhme, údarás inniúla grúpeintiteas eile. Tugtar le tuiscint le comhar den sórt sin freisin malartú faisnéise idir na húdarás lena mbaineann agus go gcuirfeadh na húdarás sin ar an eolas láithreach i gcás aon staidéir éigeandála a dhéanfaidh difear do leachtacht agus do chobhsaíocht an chórais airgeadais in aon cheann de na Ballstáit ina bhfuil TLU nó aon cheann de na rannpháirtithe bunaithe.

- (23) I gcás ina soláthraíonn taisclann lárnach urrúis a seirbhísí i mBallstát eile, ba cheart go mbeidh údarás inniúil an Bhallstáit aíochta in ann iarraidh ar údarás inniúil an Bhallstáit bhaile an fhaisnéis go léir a bhaineann le gníomhaíochtaí TLU atá ábhartha i ndáil leis údarás iarrthach. Chun comhordú éifeachtach ar mhaoirseacht a chumasú, d’fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith bainteach go háirithe leis na seirbhísí arna soláthar d’úsáideoirí taisclainne lárnáil urrúis atá bunaithe sa Bhallstát aíochta, na hionstraimí nó airgeadraí arna bpróiseáil agus féadfaidh faisnéis maidir le forbairtí díobhála, torthaí measúnaithe riosca agus bearta leasúcháin. Ba cheart freisin go mbeidh rochtain ag údarás inniúil an Bhallstáit bhaile ar fhaisnéis a dhéanfaidh TLU a thuairisciú go tréimhsiúil chuig údarás inniúil an Bhallstáit aíochta.

- (24) Aon uair a sholáthraíonn TLU a seirbhísí i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil sí bunaithe, bíodh is gur trí bhraíne a chur ar bun nó trí sholáthar díreach seirbhísí a ndéantar é, is é údarás inniúil na háite ina Bhallstát baile atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an TLU sin go príomha. Má tharlaíonn sé go bhfuil tábhacht shuntasach ag baint le gníomhaíochtaí taisclainne lárnáí urrús ó thaobh fheidhmiú na margáí urrús agus infheisteoirí a chosaint sa Bhallstát aíochta sin, ba cheart go mbunóidh údarás inniúla agus údarás ábhartha an Bhallstáit bhaile agus an Bhallstáit aíochta socruithe comhair chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an TLU sin sa Bhallstát aíochta. Ba cheart go mbeadh údarás inniúil an Bhallstáit bhaile in ann cinneadh a dhéanamh go mbeartaíonn na socruithe comhair comhar iltaobhach, lena n-áirítear comhar ar bhonn coláisteach, idir údarás inniúil an Bhallstáit bhaile agus údarás inniúla agus údarás ábhartha na mBallstát aíochta lena mbaineann. Níor cheart, áfach, socruithe comhair den chineál sin a mheas mar choláistí maoirseoirí dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. Níor cheart idirdhealú a dhéanamh ar Bhallstát nó ar ghrúpa Ballstát, go díreach nó go hindíreach, mar ionad do sheirbhísí taisclainne lárnáí urrús agus socraíochta. Agus a gúraimí á ndéanamh acu faoin Rialachán seo, níor cheart go ndéanfaidh aon údarás idirdhealú díreach nó neamhdhíreach in aghaidh gnóthais ó Bhallstát eile. Faoi réir an Rialacháin seo, níor cheart go gcuirfí srian nó cosc ar Bhallstát amháin maidir le hionstraimí airgeadais a shocrú in airgeadra Ballstáit eile nó in airgeadra tríú tíre.
- (25) Níor cheart go gcuirfear cosc leis an Rialachán seo ar na Ballstáit é a chur de cheanglas ina ndlí náisiúnta go mbeidh creat sonrach dlíthiúil don chomhar ó lá go lá ar an leibhéal náisiúnta idir údarás inniúil TLU agus na húdaráis ábhartha eile. Ba cheart go mbeadh an creat náisiúnta dlí seo i gcomhréir leis na treoirlínte a bhaineann leis na cleachtais mhaoirseachta agus chomhair idir na húdaráis a fhéadfaidh ÚEÚM a eisiúint faoin Rialachán seo.
- (26) Ní mór d'aon duine dlítheanach a thagann faoi raon feidhme an tsainmhíneithe ar TLU a bheith údaraithe ag na húdaráis inniúla náisiúnta sula rachaidh sé i mbun gnímh. Ag féachaint do shamhlacha gnó éagsúla a chur san áireamh, ba cheart TLU a shainmhíniú trí thagairt do sheirbhísí lárnacha áirithe, arb éard atá i gceist leo socraíocht, lena dtugtar oibriú córais socraíochta urrús le tuiscint, seirbhísí nótaire agus seirbhísí cothabhála do chuntais urrús lárnacha. Ba cheart do TLU córas socraíochta urrús a oibriú agus seirbhís lárnach amháin eile a sholáthar ar a laghad. Tá an meascán sin bunriachtanach do TLUanna chun a ról sa tsocraíocht urrús a chur i gcrích agus chun sláine eisiúna urrús a áirithiú. Maidir le heintitis nach bhfuil córais socraíochta urrús á n-oibriú acu amhail cláráitheoirí, gníomhairí aistrithe, údarás phoiblí, comhlachtaí atá i bhfeighil córais chláráithe arna bhunú faoi Threoir 2003/87/CE, nó CPLanna atá á rialú ag Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> ní thagann siad faoi raon fheidhme an tsainmhíneithe atá ag TLU.
- (27) Ba cheart go mbeadh pleannanna téarnaimh ag TLUanna chun leanúnachas a n-oibríochtaí criticiúla a áirithiú. Gan dochar do Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, áiríteoidh na húdaráis inniúla go mbunófar agus go gcothófar plean réitigh leordhóthanach le haghaidh gach TLU i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha.
- (28) D'fhonn sonraí iontaoifa maidir le scála socraíochta urrús lasmuigh de chórais socraíochta a sholáthar agus d'fhonn áirithiú gur féidir faireachán a dhéanamh agus díriú isteach ar na rioscaí a eascraíonn, ba cheart d'institiúidí seachas TLUanna a shocraíonn idirbhearta urrús lasmuigh de chóras socraíochta urrús na húdaráis inniúla lena mbaineann a chur ar an eolas maidir lena ngníomhaíochtaí socraíochta. Ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin a tharchur chuig ÚEÚM agus ÚEÚM a chur ar an eolas maidir le haon riosca a bheadh mar thoradh ar ghníomhaíochtaí socraíochta den chineál sin. Thairis sin, ba cheart do ÚEÚM faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí socraíochta den chineál sin agus na rioscaí ionchasacha a d'fhéadfaidís a chruthú a chur san áireamh.
- (29) Ionas nach nglacfaidh na TLUanna aon riosca in aon ghníomhaíochtaí eile seachas na cinn sin atá faoi réir údaraithe faoin Rialachán seo, ba cheart gníomhaíochtaí TLUanna a bheith teoranta do sholáthar seirbhísí atá cumhdaithe faoina n-údarú nó dá dtugtar fógra faoin Rialachán agus níor cheart dóibh aon rannpháirtíocht a

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).



shealbhú, mar a shainmhínítear sa Rialachán seo trí thagairt do Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, nó níor cheart aon úinéireacht, díreach nó indíreach, a bheith acu ar 20 % nó níos mó de na cearta vótála nó den chaipiteal in aon institiúid seachas na cinn ina gcuirtear seirbhísí comhchosúla ar fáil, mura ndéanfaidh údarás inniúil TLUanna rannpháirtíocht den sórt sin a fhorhmeas ar an mbonn nach ndéanfaidh sé próifíl riosca TLUanna a ardú ar bhealach suntasach.

- (30) Chun sábháilteacht i bhfeidhmiú na gcóras socraíochta urrús a áirithiú, níor cheart ach do TLUanna nó do bhainc cheannais atá ag gníomhú mar TLUanna na córais sin a oibriú faoi réir an Rialacháin seo.
- (31) Gan dochar do cheanglais shonracha na reachtaíochta cánach sna Ballstáit, ba cheart TLUanna a údarú chun seirbhísí atá coimhdeach lena seirbhísí lárnacha a sholáthar, lena rannchuideofar le sábháilteacht, le héifeachtúlacht agus trédhearcacht na margaí urrús agus nach gcruthaítear rioscaí míchuí dá seirbhísí lárnacha. Leagtar amach liosta neamhchuirsiúcháin sa Rialachán seo d'fhonn TLUanna a chumasú freagairt ar fhorbairtí amach anseo sa mhargadh. I gcás ina mbaineann soláthar na seirbhísí sin le hoibleagáidí siarchoinneála agus tuairiscithe maidir leis na húdarais chánach, leanfar é á dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht na mBallstát lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 114(2) CFAE, níl feidhm ag an gcumhacht chun bearta a ghlacadh faoi Airteagal 114(1) maidir le forálacha fioscacha. Ina breithiúnas an 29 Aibreán 2004 i gCás C-338/01, an Coimisiún v an Chomhairle <sup>(2)</sup>, chinn an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach nach mór na focail “forálacha fioscacha” a léiriú leis an gciall “lena n-áirítear ní amháin na forálacha lena gcinntear daoine inchánach, idirbhearta inchánach, bunús forchuir, agus rátaí agus díolúintí ó chánacha díreacha agus neamhdhíreacha, ach iad siúd a bhaineann le socrúithe maidir le bailiú cánacha den chineál sin freisin”. Ní chumhdaítear leis an Rialachán seo dá bhrí sin socrúithe maidir le bailiú cánacha a mbeadh gá ann le bunús dlí difriúil lena aghaidh.
- (32) I gcás taisclainne lárnai urrús a bhfuil sé ar intinn aici seirbhís lárnach a eisfhoinsiú chuig tríú páirtí nó seirbhís nua lárnach nó choimhdeach a sholáthar, córas socraíochta urrús eile a oibriú, chun gníomhaire socraíochta eile a úsáid nó chun aon naisc lena mbaineann rioscaí suntasacha idir TLUanna a bhunú, ba cheart di iarratas a dhéanamh ar údarú tríd an nós imeachta céanna is a theastaíonn i gcás údaraithe tosaigh a leanúint, seachas gur cheart don údarás inniúil TLU is iarratasóir a chur ar an eolas laistigh de thrí mhí ar deonaíodh an t-údarú nó ar diúltaíodh é. Mar sin féin, i gcás naisc idir TLUanna nach bhfuil rioscaí suntasacha ag baint leo a dhéanann a gcuid seirbhísí a bhaineann leis na naisc idir-inoibritheacha leis an eintiteas poiblí a eisfhoinsiú, amhail comhaltáí CEBC, níor cheart go mbeidh siad faoi réir údarú roimh ré, ach ba cheart go ndéanfaidh na TLUanna ábhartha fógra a thabhairt ina leith chuig na húdarais inniúla atá acu.
- (33) Nuair a bheartaíonn TLU a seirbhísí a shíneadh go seirbhísí coimhdeacha de chineál neamh-bhaincéireachta atá liostaithe go sainráite sa Rialachán seo nach bhfuil méadú ina próifíl riosca i gceist leo, ba cheart go mbeadh sí in ann sin a dhéanamh tar éis fógra a thabhairt do údarás inniúil a Ballstát bhaile.
- (34) Ba cheart go bhféadfadh TLUanna atá bunaithe i dtríú tíortha a seirbhísí a chur ar fáil san Aontas, lena n-áirítear trí bhrainte a chur ar bun. D'fhonn leibhéal iomchuí sábháilteachta a áirithiú maidir le seirbhísí taisclann lárnacha urrús atá á gcur ar fáil ag TLUanna de chuid tríú tíre, beidh na TLUanna sin faoi réir iad a n-aitheantais ag ÚEÚM nuair a bheidh sé beartaíte acu seirbhísí áirithe a liostaítear sa Rialachán seo a chur ar fáil nó brainse a chur ar bun san Aontas. Ba cheart go mbeadh TLUanna de chuid tríú tíre naisc a bhunú le taisclanna lárnacha Urrú san Aontas in éagmais aitheantais den chineál sin ar choinníoll nach gcuirfí an t-údarás inniúil ábhartha ina choinne. I bhfianaise nádúr domhanda na margaí airgeadais, is é ÚEÚM is fearr atá ábalta aitheantas a thabhairt do TLUanna tríú tíortha. Ní ceart d'ÚEÚM aitheantas a thabhairt do TLUanna tríú tíortha ach amháin má chinneann an Coimisiún go bhfuil siad faoi réir creata maoirseachta agus dlí atá coibhéiseach leis an gceann a sholáthraítear sa Rialachán seo, má tá siad údaraithe go héifeachtúil, maoirsithe go héifeachtúil agus má tá siad faoi réir faireacháin sa tír ina bhfuil siad bunaithe agus má tá socrúithe comhair bunaithe idir ÚEÚM agus údarais inniúla agus údarais ábhartha TLUanna. Ba cheart go mbeadh aitheantas ó ÚEÚM faoi réir aitheantais choibhéisigh éifeachtaigh den chreat stuamachta is infheidhme maidir le TLUanna atá bunaithe san Aontas agus atá údaraithe faoin Rialachán seo.

<sup>(1)</sup> Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

<sup>(2)</sup> [2004] ECR I-4829.

- (35) Ag féachaint do chastacht agus do nádúr sistéamach TLUanna agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad, ba cheart a áirithiú leis na rialacha maidir le rialachas trédhearcach go bhfuil an bhainistíocht shinsearach, comhaltaí an chomhlachta bainistíochta, scairshealbhóirí agus rannpháirtithe, a bhfuil ar a gcumas rialú a fheidhmiú, mar a shainítear é trí thagairt don Treoir 2013/34/AE, ar oibríú TLU, oiriúnach chun bainistíocht fhóna stuama TLU a áirithiú.
- (36) Úsáidtear struchtúir éagsúla rialachais ar fud na mBallstát. Sa chuid is mó de chásanna úsáidtear struchtúr bord amháin nó dhá bhord. Ba cheart do na sainmhínithe a úsáidtear sa Rialachán glacadh le gach struchtúr gan aon cheann a mholadh thar a chéile. Tá siad go hiomlán feidhmiúil chun críche rialacha a leagan amach atá dírithe ar thoradh ar leith beag beann ar dhlí náisiúnta na hiomaíochta is infheidhme maidir le hinstiúid i ngach Ballstát. Níor cheart do na sainmhínithe dá bhrí sin cur isteach ar leithdháileadh ginearálta na n-inniúlachtaí i gcomhréir le dlí náisiúnta na hiomaíochta.
- (37) Ba cheart a áirithiú trí bhíthin rialacha maidir le rialachas trédhearcach go ndéanfaí leas scairshealbhóirí agus lucht bainistíochta agus fhoirne TLU, ar thaobh amháin, agus leas a húsáideoirí a bhfuil TLUanna á seirbheáil thar aon ní eile, ar an taobh eile, a chur san áireamh. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir le rialachas gan dochar don tsamhail úinéireachta arna glacadh ag TLU. Ba cheart coistí úsáideoirí a bhunú do gach córas socraíochta urrús atá á fheidhmiú ag TLU chun an deis a thabhairt d'úsáideoirí comhairle a thabhairt do chomhlacht bainistíochta TLU maidir leis na saincheisteanna lárnacha a bhfuil tionchar acu orthu agus ba cheart ligean dóibh tabhairt faoina gcúram. Ba cheart go ndéanfaí ionadaíocht ar choiste na n-úsáideoirí ar leasanna na n-úsáideoirí éagsúla TLUanna, lena n-áirítear leasa sealbhóirí cineálacha éagsúla urrús.
- (38) Ba cheart go mbeadh TLUanna in ann oibríocht a gcuid seirbhísí a eisfhoinsiú ar choinníoll go ndéanfar na rioscaí a eascraíonn ó shocrúithe eisfhoinisithe a bhainistiú. Agus an tábacht a bhaineann leis na cúraimí a chuirtear ar TLUanna á chur san áireamh, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo nach n-aistreoidh TLUanna a gcuid freagrachtaí chuig tríú páirtithe trí eisfhoinsiú a ngníomhaíochtaí ar conradh chuig tríú páirtithe. Ba cheart do eisfhoinsiú gníomhaíochtaí den chineál sin a bheith faoi réir coinníollacha diana lena gcothaítear freagracht TLUanna i leith a ngníomhaíochtaí féin, agus lena n-áirítear nach gcuirtear bac ar mhaoirseacht agus ar fhaireachán ar na TLUanna. Ba cheart go mbeadh sé indéanta eisfhoinsiú taisclainne lárnaí urrús ar a ngníomhaíochtaí chuig eintitis phoiblí a dhíolmhú ó na ceanglais sin faoi choinníollacha áirithe.
- (39) Níor cheart go gcuirfí cosc leis an Rialachán seo ar Bhallstáit a cheadaíonn córais dhíreacha um shealbhú urrús foráil a dhéanamh ina ndlíthe náisiúnta go ndéanfaidh nó go bhféadfaidh páirtithe seachas TLUanna feidhmeanna áirithe a chur i gcrích, a dhéanann TLUanna go tipiciúil i gcineálacha áirithe eile córais sealbhaithe urrús agus ina sonraítear an bealach inar cheart na feidhmeanna sin a dhéanamh. Go háirithe, i roinnt Ballstáit déanann oibreoirí cuntais nó rannpháirtithe sna córais socraíochta urrús atá á bhfeidhmiú ag TLUanna iontrálacha a thairfead i gcuntais urrús atá á gcoinneáil ag TLUanna gan an gá le go mbeidh siad ina sholáthraithe cuntais iad féin. I bhfianaise an ghá atá le deimhneacht dhlíthiúil maidir le hiontrálacha a dhéantar i gcuntais ar leibhéal TLU, ba cheart go n-aithneofar an ról sonrath atá ag na páirtithe eile sin sa Rialachán. Ba cheart go bhféadfaí dá bhrí sin, faoi chúinsí áirithe agus faoi réir rialacha diana a leagtar síos faoin dlí, an fhreagracht a roinnt idir TLU agus an páirtí ábhartha eile nó foráil a dhéanamh do fhreagracht eisiach don pháirtí eile sin maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le cuntais urrús a choimeád ar an leibhéal is airde ar an gcoinníoll go mbeidh an páirtí eile sin faoi réir na reachtaíochta agus na maoirseachta is iomchuí. Níor cheart go mbeadh aon srian ar an méid a roinntear an fhreagracht.
- (40) Ba cheart an caidreamh idir TLUanna agus a húsáideoirí a bheith trédhearcach de thoradh ar rialacha maidir le gnó a dhéanamh. Go háirithe, ba cheart do TLU critéir thrédhearcacha, oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha atá nochta go poiblí a bheith aici maidir le rannpháirtíocht sa chóras socraíochta urrús, lena gceadófaí srian ar rochtain na rannpháirtithe ar bhonn na rioscaí atá i gceist agus ar an mbonn sin amháin. Ba cheart leigheas tapa, iomchuí a chur ar fáil d'údarais inniúla chun dul i ngleic le haon TLU a dhiúltóidh, gan bonn cirt maith, a seirbhísí a sholáthar do rannpháirtithe. Ba cheart do TLUanna na praghsanna agus na táillí a bhaineann lena seirbhísí a nochtaidh go poiblí. Chun rochtain oscailte agus neamh-idirdhealaitheach a chur ar fáil ar sheirbhísí arna soláthar ag TLUanna, agus i bhfianaise na cumhachta suntasaí margaidh atá ag TLUanna i gcríocha a mBallstáit faoi seach go fóill, níor cheart go mbeadh TLUanna in ann imeacht óna mbeartas praghsála foilsithe dá seirbhísí lárnacha agus ba cheart di cuntais ar leith a choinneáil maidir leis na costais agus leis an ioncam a bhaineann le gach seirbhís lárnach agus lena seirbhísí coimhdeacha. Déantar an ceart atá ag rannpháirtithe sa mhargadh úsáid a bhaint as córas socraíochta i mBallstát eile, faoi mar a dhéantar foráil dó i dTreoir 2014/65/AE, a chomhlánú agus a atreisiú leis na forálacha rannpháirtíochta seo.

- (41) Chun taifead, socrú agus íocaíocht éifeachtúil a éascú, ba cheart do TLUanna na nósanna imeachta agus caighdeáin chumarsáide oscailte idirnáisiúnta ábhartha i leith sonraí teachtaireachtaí agus tagartha a chuimsiú ina nósanna imeachta cumarsáide le rannpháirtithe agus leis an mbonneagar margaidh a mbeidh idirphlé acu leo.
- (42) Agus ról lárnach atá ag córais socraíochta urrús sna margaí airgeadais á chur san áireamh, ba cheart do na TLUanna a seacht ndéanadh a dhéanamh, agus a seirbhísí a soláthar acu, socrú tráthúil a n-idirbheart urrús agus sláine shaincheist na n-urrús a áirithiú. Níor cheart go gcuirfí isteach leis an Rialachán seo ar dhlíthe náisiúnta an Bhallstáit lena rialaítear sealbhú urrús agus na socrúithe lena gcoimeádtar sláine shaincheisteanna na n-urrús. Mar sin féin, d'fhonn cosaint shócmhainní a rannpháirtithe agus shócmhainní a gcliant a fheabhsú, ba cheart go gcuirfí de cheanglas ar na TLUanna leis an Rialachán seo na cuntais urrús a choimeádtar do gach rannpháirtí a scaradh, agus arna iarraidh sin dóibh, scaradh breise a thairiscint maidir le cuntais chliant na rannpháirtithe nach bhféadfaí a bheith ar fáil i gcásanna áirithe ach ar chostas níos airde a íocfaidh cliant na rannpháirtithe a iarrann scaradh breise. Ba cheart go mbeadh gá le TLUanna agus a rannpháirtithe freastal ar leithscaradh cliant comhthiomsaithe agus leithscaradh cliant aonair araon ionas go bhféadfaidh cliant rogha a dhéanamh maidir leis an leibhéal leithscartha a cheapann siad a bheith cuí lena riachtanais.

Ba cheart go mbeadh eisiámh amháin ón bhforáil seo i gcás i ngeall ar cheanglas eile beartais phoiblí, go háirithe maidir le bailiú éifeachtach agus trédhearcach cánacha, go mbeadh gá ar TLU agus a rannpháirtithe leithscaradh cliant aonair a sholáthar do shaoránaigh agus do chónaitheoirí agus do dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i mBallstát ina bhfuil, faoi dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gá leis an léirscaradh cliant aonair seo faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit faoina mbunaítear na hurrúis agus do shaoránaigh, do chónaitheoirí agus do dhaoine dlítheanacha atá bunaithe sa Bhallstát sin agus dóibh siúd amháin. Ba cheart do TLUanna a áirithiú go mbainfidh na ceanglais sin ar leithligh le gach córas socraíochta urrús a oibríonn siad. Gan dochar do sholáthar seirbhísí coimhdeacha, ba cheart nach n-úsáidfeadh TLUanna ar a gcuntas féin na hurrúis a bhaineann le rannpháirtí gan údarú sainráite ón rannpháirtí sin agus níor cheart go n-úsáidfidís ar shlí eile ar a gcuntas féin na hurrúis nach mbaineann leo iad. Ina theannta sin ba cheart go gceanglódh TLU ar na rannpháirtithe toiliú is gá leis a fháil roimh ré óna gcliant.

- (43) Foráiltear le Treoir 98/26/CE gur cheart go bhféadfar na horduithe aistrithe atá á iontráil i gcórais socraíochta urrús i gcomhréir le rialacha na gcóras sin a fhorfheidhmiú go dlíthiúil agus go mbeidh siad ceangailteach ar na tríú páirtithe. Mar sin féin, ós rud é nach ndéantar tagairt shonrach i dTreoir 98/26/CE do na TLUanna a oibríonn córais socraíochta urrús, ar mhaithe le soiléire, ba cheart go gcuirfí de cheanglas ar na TLUanna leis an Rialachán seo an tráth nó na tráthanna a ndéanfar ordúithe aistrithe a iontráil ina gcuid córas a shainmhíniú mar aon leis an tráth a mbeidh siad do-athraitheach i gcomhréir le rialacha na Treorach sin. Ina theannta sin, d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, ba cheart do na TLUanna an tráth a nochtheadh dá rannpháirtithe a bhféadfaí aistriú na n-urrús agus an t-airgead i gcóras socraíochta urrús a fhorfheidhmiú go dlíthiúil agus a mbeidh siad ceangailteach ar na tríú páirtithe i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, de réir mar a bheidh. Ba cheart go dtógfadh na TLUanna na céimeanna uile is cuí lena áirithiú go bhféadfaí aistriú urrús agus airgid a fhorfheidhmiú go dlíthiúil agus go mbeidh siad ceangailteach ar na tríú páirtithe tráth nach déanaí ná deireadh an lae gnó an dáta iarbhrí socraíochta.
- (44) Chun rioscaí socraíochta i ngeall ar dhócmhainneacht an ghníomhaire socraíochta a sheachaint, ba cheart do TLU an ghné airgid den urrús a shocrú trí chuntais a osclaítear le banc ceannais, tráth ar bith a mbeidh an rogha sin praiticiúil agus ar fáil. Mura mbeidh an rogha sin praiticiúil ná ar fáil, ba cheart go mbeadh TLU in ann socrú a dhéanamh trí chuntais a osclaítear le hinstitiúid chreidmheasa arna bunú faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i dTreoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> agus gnólachtaí infheistíochta agus sin faoi réir nós imeachta údarúcháin shonraigh agus ceanglas stuamachta dá bhforáiltear i dTeideal IV den Rialachán seo.
- (45) Níor cheart go ndéanfaidh aon chomhlacht gníomhaíochtaí baincéireachta atá coimhdeach do shocraíocht a bhaineann le rioscaí creidmheasa agus leachtachta ach amháin TLU agus níor cheart go ndéanfar iad a eisfhoinsiú ach amháin chuig eintitis a údaráitear chun na seirbhísí baincéireachta atá coimhdeach le gníomhaíochtaí TLU a stiúradh mar a leagtar síos faoin Rialachán seo.

<sup>(1)</sup> Treoir 2013/36/AE an 26 Meitheamh 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE, (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

- (46) Chun na héifeachtúlachtaí, ar toradh iad ar sheirbhísí taisclainne lárnaí urrús agus ar sheirbhísí baincÉireachta a sholáthar laistigh den ghrúpa gnóthas céanna, a shocrú, níor cheart go gcuirfeadh an ceanglas maidir le seirbhísí baincÉireachta a bheith á ndéanamh ag institiúidí creidmheasa ar leithligh cosc leis an institiúid chreidmheasa sin a bheith sa ghrúpa céanna gnóthas leis TLU. Tá sé iomchuí foráil a dhéanamh maidir le socruithe faoina bhféadfaí TLUanna a údarú chun seirbhísí coimhdeacha a chur ar fáil dá rannpháirtithe agus d'eintitis eile ón taobh istigh den eintiteas dlíthiúil céanna nó ó laistigh d'eintiteas dlíthiúil faoi leith a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith mar chuid den ghrúpa céanna gnóthas arna rialú ag an máthairghnóthas. Cibé áit a ngníomhaíonn institiúid chreidmheasa seachas an banc ceannais mar ghníomhaire socraíochta, ba cheart go mbeadh an institiúid chreidmheasa in ann na seirbhísí a leagtar amach sa Rialachán seo a chur ar fáil do rannpháirtithe TLU, a chuimsítear faoin údarú, ach nár cheart dóibh seirbhísí baincÉireachta eile a chur ar fáil ón eintiteas dlíthiúil céanna d'fhonn neamhchosaint na gcóras socraíochta a theorannú maidir leis na rioscaí a eascraíonn as teip na hinstiúide creidmheasa.
- (47) Ós rud é nach dtugtar aghaidh go sonrath le Treoir 2013/36/AE ar rioscaí creidmheasa agus leachtachta ionlae a thig ó sholáthar seirbhísí baincÉireachta atá coimhdeach le socraíocht, ba cheart institiúidí creidmheasa agus TLUanna a sholáthraíonn seirbhísí den chineál sin a bheith faoi réir ag ceanglais shonracha fheabhsaithe maidir le maolú rioscaí creidmheasa agus leachtachta, lena n-áirítear formhuirear caipitil bunaithe ar riosca a léiríonn na rioscaí ábhartha. Ba cheart go leanfadh ceanglais fheabhsaithe maidir le maolú rioscaí creidmheasa agus leachtachta den chineál sin na caighdeáin dhomhanda maidir le bonneagair mhargaidh airgeadais agus na príonsabail maidir le "Uirlisí faireacháin do bhainistiú leachtachta ionlae" arna foilsíú in Aibreán 2013 ag Coiste Basel um Maoirseacht ar BhaincÉireacht.
- (48) Tá roinnt TLUanna a oibríonn freisin mar institiúidí creidmheasa faoi réir ceanglas cistí dílse agus tuairiscithe atá ábhartha le hinstiúidí creidmheasa agus atá leagtha síos i dTreoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(1)</sup>. Mar gheall ar thábhacht shistéamach TLUanna is iomchuí gur cheart go gcuirfí na ceanglais is déine dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais i bhfeidhm, d'fhonn cur i bhfeidhm rialacha éagsúla an Aontais ar shlí charnach a sheachaint, mar shampla maidir le tuairiscí ceanglas cistí dílse. Aon réimse ina sainaitnítear gur féidir dúbailt cheanglas a bheith ann, ba cheart do ÚEÚM agus don Údarás BaincÉireachta Eorpach (EBA), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(2)</sup> agus tuairim a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm cuí ghníomhartha an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 faoi seach.
- (49) De bhreis ar na ceanglais maidir le cistí dílse dá bhforáiltear i dTreoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart go mbeadh institiúidí creidmheasa agus taisclanna lárnach urrús faoi réir formhuirear caipitil a léiríonn na rioscaí, amhail rioscaí creidmheasa agus leachtachta, a eascraíonn ó chreidmheas ionlae a sholáthar, *inter alia*, do rannpháirtithe i gcóras socraíochta urrús nó d'úsáideoirí eile seirbhísí taisclainne lárnaí urrús.
- (50) Chun comhlíonadh iomlán na mbeart sonrath atá dírithe ar rioscaí creidmheasa agus leachtachta a mhaolú, ba cheart do na húdaráis inniúla bheith in ann a éileamh ar TLUanna níos mó ná institiúid chreidmheasa amháin a ainmniú uair ar bith is féidir leo a léiriú, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, nach bhfuil neamhchosaint institiúide creidmheasa ar chomhchruinniú rioscaí creidmheasa agus leachtachta maolaithe ina iomláine. Ba cheart freisin go mbeadh TLUanna in ann níos mó ná institiúid chreidmheasa amháin a ainmniú.
- (51) Ba cheart maoirsiú an chomhlíonta maidir le hinstiúidí creidmheasa atá ainmnithe nó TLUanna atá údaraithe chun seirbhísí baincÉireachta atá coimhdeach don tsocraíocht le ceanglais Threoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus na ceanglais shonracha ábhartha maidir le stuamacht sa Rialachán seo, a thabhairt do na húdaráis inniúla dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach caighdeán maoirseachta a áirithiú, is inmhianaithe go ndéanfaidh BCE maoirseacht dhíreach ar sheirbhísí baincÉireachta TLUanna atá de mhéid agus de nádúr gur féidir leo bheith mar riosca sonrath do chobhsaíocht airgeadais an Aontais faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle<sup>(3)</sup> a bhaineann le beartais maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa. Ba cheart don Rialachán seo bheith gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013

(1) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás BaincÉireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

(3) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannas Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63)

- (52) Ba cheart go gcomhlíonfadh institiúid chreidmheasa nó TLU atá údaraithe chun seirbhísí coimhdeacha bainc-  
reachta a sholáthar aon reachtaíocht reatha nó aon reachtaíocht a bheidh ann amach anseo is infheidhme maidir le  
hinstitiúidí creidmheasa. Ba cheart don Rialachán seo bheith gan dochar do Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na  
hEorpa agus ón gComhairle agus d'aon ghníomh de chuid an Aontais amach anseo maidir leis an gcreat chun  
institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais eile a aisghabháil agus a réiteach.
- (53) Chun leibhéal leordhóthanach sábháilteachta agus leanúnachais a sholáthar i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraíonn  
na TLUanna, ba cheart don TLU a bheith faoi réir ceanglas caipitil agus ceanglas stuamachta aonfhoirmeach is  
infheidhme go díreach lena maolaítear a rioscaí dlíthiúla, oibríochtúla agus infheistíochta.
- (54) Ba cheart do shábháilteacht na socruithe naisc a bhunaítear idir TLUanna a bheith faoi réir ceanglas sonrach ionas  
go mbeidh rochtain ag a rannpháirtithe ar chórais socraíochta urrús eile. Níor cheart go gcuirfeadh soláthar  
seirbhísí coimhdeacha de chineál bainc-  
reachta trí laistigh d'eintitis dlíthiúil ar leithligh cosc ar na TLUanna  
na seirbhísí sin a fháil, go háirithe nuair is rannpháirtithe iad i gcóras socraíochta urrús a oibríonn TLU eile. Tá sé  
fíorthábhachtach go maolófar ina n-iomláine aon rioscaí féideartha atá mar thoradh ar na socruithe nasctha amhail  
rioscaí maidir le creidmheas, leachtacht, eagraíocht nó aon riosca ábhartha eile atá ann do TLUanna. I gcás nasc  
idir-inoibrítheacha, tá sé tábhachtach go mbeadh pointí comhionanna ag córais nasctha socraíochta urrús maidir  
leis an tráth a dtagann orduithe aistrithe isteach sa chóras agus maidir le do-athraitheacht orduithe aistrithe den  
sórt sin agus rialacha comhionanna a úsáid maidir le tráth críochnaitheachta aistrithe urrús agus airgid. Ba cheart  
feidhm a bheith ag na prionsabail chéanna maidir le TLUanna ina n-úsáidtear combhbonneagar teicneolaíochta  
faisnéise (TF) socraíochta.
- (55) Chun go mbeidh údarais inniúla in ann maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí TLUanna go héifeachtach, ba  
cheart go mbeidh TLUanna faoi réir diancheanglas maidir le taifid a choinneáil faoin Rialachán seo. Ba cheart do  
TLUanna na taifid agus na sonraí go léir a bhaineann leis na seirbhísí a fhéadfaidh siad a sholáthar a choimeád ar  
feadh deich mbliana ar a laghad, lena n-áirítear sonraí idirbhearta maidir le seirbhísí chun bainistiú comhthaoibhachta  
a sholáthar a bhaineann le próiseáil comhaontuithe maidir le hurrúis a athcheannach nó a thabhairt ar iasacht.  
Féadfaidh sé tarlú go mbeidh gá le TLUanna formáid chomhchoiteann a shonrú ina soláthraíonn a gliaint sonraí  
idirbhearta ionas gur féidir an ceanglas maidir le taifid a choimeád a bhaint amach, i gcomhréir le caighdeán  
theicniúla cur chun feidhme agus rialála arna nglacadh faoin Rialachán seo.
- (56) Ceanglaítear leis an dlí náisiúnta ar eisitheoirí i go leor Ballstát cineálacha áirithe urrús a eisiúint, go háirithe  
scaireanna, laistigh dá TLUanna náisiúnta. Chun deireadh a chur leis an mbac sin ar fheidhmiú rianúil mhargadh  
iarthrádála an Aontais agus d'fhonn cur ar chumas eisitheoirí an bealach is éifeachtúla chun bainistiú a gcuntais a  
roghnú, ba cheart é a bheith de cheart ag eisitheoirí aon TLU atá bunaithe san Aontas a roghnú chun a n-urrúis a  
thaifeadadh agus chun aon seirbhísí taisclairne lárnaí urrús iomchuí a fháil. Ós rud é go bhfuil comhchuíbhiú na  
ndlíthe corparáideacha náisiúnta thar raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart go mbeidh feidhm i gcónaí ag an  
dlí corparáideach náisiúnta nó dlí den sórt sin faoina mbunaítear na hurrúis agus go ndéanfar socraíochtaí le  
háirithe gur féidir ceanglais maidir leis an dlí corparáideach náisiúnta nó le dlí den sórt sin a chomhlíonadh i gcás  
ina bhfeidhmítear an ceart roghnúcháin taisclairne lárnaí urrús.

Beidh an caidreamh idir an t-eisitheoir atá acu agus na sealbhóirí nó aon tríú tír á rialú ag an dlí corparáideach  
náisiúnta agus dlíthe den sórt sin (amhail dlí na maoinne, dlí na dócmhainneachta, an dlí cánach) faoina mbunaítear  
na hurrúis, mar aon leis na cearta agus na dualgais faoi seach atá acu in éineacht leis na hurrúis amhail cearta  
vótála, díbhinní agus gníomhaíochtaí corparáideacha. Féadfar diúltú chun seirbhísí a chur ar fáil d'eisitheoir a  
bheith bunaithe ar measúnú cuimsitheach riosca agus sin amháin nó mura gcuirfeadh ar fáil leis an TLU sin aon  
seirbhísí eisiúna i ndáil le hurrúis a bhunaítear faoin dlí corparáideach nó faoi dhlí den sórt sin sa Bhallstát  
ábhartha. Ba cheart leigheas tapa, iomchuí a chur ar fáil d'údarais inniúla chun dul i ngleic le haon TLU a  
dhiúltóidh, gan bonn cirt maith, a seirbhísí a sholáthar d'eisitheoirí.

- (57) I bhfianaise na sealúchas trasteorann méadaitheach agus na n-aistrithe urrús a fheabhsaítear leis an Rialachán seo,  
tá sé thar a bheith práinneach agus tábhachtach rialacha soiléir a bhunú i ndáil leis an dlí is infheidhme maidir le  
gnéithe dílsithe i gcás urrús atá i seilbh taisclairne lárnaí urrús. Mar sin féin, is saincheist chothrománach é sin atá  
thar raon feidhme an Rialacháin seo agus is féidir baint leis i ngníomhartha reachtaíochta de chuid an Aontais sa  
todhchaí.
- (58) Sa Chód Iompair Eorpach maidir le hImréiteach agus Socraíocht an 7 Samhain 2006, cruthaíodh creat deonach  
chun rochtain a chumasú idir TLUanna agus bonneagair eile mhargaidh. Mar sin féin, tá eárnáil na hiarthrádála

ilroinnte i gcónaí ar bhonn náisiúnta agus bíonn trádálacha trasteorann níos costasaí, gan aon ghá leis, dá dheasca sin. Is gá coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan síos maidir le naisc idir TLUanna agus maidir le rochtain idir TLUanna agus bonnegair eile mhargaidh. Chun TLUanna a chumasú chun rochtain ar mhargaí eile a thairiscint dá rannpháirtithe, ba cheart é a bheith de cheart acu a bheith ina rannpháirtithe de chuid taisclainne lárnaí urrús eile nó iarraidh ar TLU eile feidhmeanna speisialta a fhorbairt chun rochtain a bheith acu uirthi. Ní fhéadfar rochtain mar sin a dhiúltú ach amháin nuair a chuirtear feidhmiú rianúil agus ordúil na margaí airgeadais i mbaol leis nó nuair a chruthaítear riosca córasach leis. Ba cheart leigheas tapa, iomchuí a chur ar fáil d'údarás inniúla chun dul i ngleic le haon TLU a dhiúltódh, gan bonn cirt maith, rochtain a chur ar fáil ar TLU eile. Nuair a chruthaíonn naisc idir TLUanna rioscaí suntasacha ó thaobh socraíochta de, ba cheart dóibh a bheith faoi réir údarú agus mhaoirseacht mhéadaithe na n-údarás inniúil iomchuí.

- (59) Ba cheart rochtain a bheith ag TLUanna ar fhothaí idirbheart ó chontrapháirtí lárnach nó ó ionad trádála freisin agus ba cheart rochtain a bheith ag na bonnegair mhargaidh sin ar na córais socraíochta urrús arna n-oibriú ag na TLUanna. Ní fhéadfar rochtain mar sin a dhiúltú ach amháin nuair a chuirtear feidhmiú rianúil agus ordúil na margaí airgeadais i mbaol leis nó nuair a chruthaítear riosca córasach leis agus ní fhéadfaidh sé diúltú mar gheall ar sciar de mhargadh a chailliúint.
- (60) Ba cheart leigheas tapa, iomchuí a chur ar fáil d'údarás inniúla chun dul i ngleic le haon TLU nó le haon bhonneagar margaidh a dhiúltódh, gan bonn cirt maith, rochtain ar a seirbhísí a sholáthar. Comhlánaíonn an Rialachán seo na socrúithe maidir le rochtain idir ionaid trádála, contrapháirtithe lárnacha agus TLUanna atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 atá riachtanach chun margadh inmheánach iomaíoch a bhunú i seirbhísí iarthrádála. Ba cheart do ÚEÚM agus don Choimisiún leanúint le faireachán géar a dhéanamh ar an athrú a thagann ar bhonneagar iarthrádála agus ba cheart dó, nuair is gá, idirgairt d'fhonn saobhadh iomaíoch a chosc sa mhargadh inmheánach.
- (61) Ba cheart creat gnó fóna maidir le stuamacht agus gnó a dhéanamh don earnáil airgeadais a bheith bunaithe ar chórais láidre mhaoirseachta agus pionós. Chun na críche sin, ba cheart cumhachtaí leordhóthanacha feidhmithe a thabhairt d'údarás mhaoirseachta agus ba cheart go mbeidís in ann brath ar chórais smachtbhannaí dhíspreagthacha le húsáid i gcoinne aon iompair neamhdhleathaigh. Tá athbhreithniú ar chumhachtaí smachtbhannaí reatha agus ar chur i bhfeidhm praiticiúil na gcumhachtaí sin, atá dírithe ar chóineasú smachtbhannaí ar fud réimse na ngníomhaíochtaí maoirseachta a chur chun cinn, déanta sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2010 dar teideal "Córais smachtbhannaí a dhaingniú in earnáil na seirbhísí airgeadais".
- (62) Dá bhrí sin, ba cheart d'údarás inniúla a bheith in ann pionós agus bearta eile riaracháin atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm d'fhonn comhlíonadh éifeachtach cheanglais an Rialacháin seo a áirithiú ag TLUanna, ag institiúidí creidmheasa atá ainmnithe mar ghníomhairí socraíochta, ag comhaltáí dá gcuid comhlachtaí bainistíochta agus ag aon duine eile a dhéanann rialú éifeachtach ar a ngnó nó aon duine eile.
- (63) D'fhonn díspregadh agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach na bpionós ar fud na mBallstát a sholáthar, ba cheart don Rialachán seo foráil a dhéanamh maidir le liosta na bpríomhphionós riarachán agus na mbearta eile nach mór a bheith ar fáil do na húdarás inniúla, maidir leis an gcumhacht chun na smachtbhannaí agus na bearta sin a fhorchur ar gach duine, cibé acu an duine dlítheanach nó duine nádúrtha atá i gceist, atá freagrach as sárú, maidir le liosta de na príomhchritéir nuair a bheidh leibhéal agus cineál na smachtbhannaí sin á áirithiú agus maidir le leibhéal na bhfineálacha riaracháin. Ba cheart a chur san áireamh i bhfineálacha riaracháin tosca amháin aon tairbhe airgeadais shonraithe de thoradh an tsáraithe, tromaíocht agus fad an tsáraithe, aon tosca géaraitheacha nó maolaitheacha, an gá atá le fineálacha éifeacht bhactha a bheith acu agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart go n-áireofaí leo lascaine ar chomhar leis an údarás inniúil. Agus na smachtbhannaí á nglacadh agus á bhfoilsíú, ba cheart cearta bunúsacha a urramú mar a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") iad, go háirithe na cearta go ndéanfar an saol príobháideach agus an saol teaghlaigh a urramú (Airteagal 7), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8) agus an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil (Airteagal 47).

- (64) D'fhonn sárúithe féideartha a bhrath, ba cheart sásraí éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun tuairisciú shárúithe féideartha nó dáiríre an Rialacháin seo d'údaráis inniúla a spreagadh. Ba cheart coimircí leordhóthanacha a chuimsiú sna sásraí sin le haghaidh daoine a thuairisceoidh sárúithe ar an Rialachán seo a d'fhéadfadh a bheith ann nó sárúithe iarbhír air, agus na daoine a gcuirfead na sárúithe sin ina leith. Ba cheart nósanna imeachta iomchuí a bhunú ar mhaithe le comhlíonadh ceart an chúisí i leith sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart cosanta agus an ceart chun éisteacht a fháil sula nglacfar cinneadh deireanach a bhaineann leis an duine sin mar aon leis an gceart chun leigheas éifeachtach a lorg os comhair binse in aghaidh aon chinnidh nó aon bhirt a bhaineann leis an duine sin.
- (65) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar d'aon fhorálacha i ndlí na mBallstát a bhaineann le pionóis choiriúla.
- (66) Déantar próiseáil sonraí pearsanta a dhéanfar sna Ballstáit de bhun an Rialacháin seo a rialú le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>. Ba cheart aon mhalartú nó aon tarchur sonraí pearsanta idir údaráis inniúla na mBallstát a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha maidir le tarchur sonraí pearsanta mar a leagtar síos i dTreoir 95/46/CE iad. Déantar próiseáil sonraí pearsanta a dhéanfaidh ÚEÚM de bhun an Rialacháin seo a rialú le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>. Ba cheart aon mhalartú nó tarchur sonraí pearsanta arna dhéanamh ag ÚEÚM a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir le tarchur sonraí pearsanta mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 iad.
- (67) Leis an Rialachán seo, comhlíontar na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear, go háirithe, leis an gCairt, go háirithe na cearta maidir le saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú, an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun leigheas éifeachtach nó triail chóir a fháil, an ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna, agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh, agus ní mór é a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus leis na prionsabail sin.
- (68) Ba cheart ról lárnach a bheith ag ÚEÚM i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo trí chur i bhfeidhm comhsheasmhach rialacha an Aontais ag údaráis inniúla náisiúnta a áirithiú agus trí esaontais eatarthu a réiteach.
- (69) Ba cheart do ÚEÚM tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina ndéanfar measúnú ar threochtaí agus ar rioscaí féideartha sna margaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Áireofar sna tuarascálacha sin ar a laghad measúnú ar éifeachtúlacht socraíochta, socraíocht inmheánaithe, soláthar trasteorann seirbhísí, na cúiseanna maidir le cearta rochtana a dhiúltú agus aon bhaic ábhartha eile ar iomaíocht sna seirbhísí airgid iarthrádála lena n-áirítear aon bhaic a eascraíonn ó úsáid mhíchúí socruithe ceadúnais, oiriúnacht na bpionós le haghaidh teipeanna socraíochta, go háirithe an gá atá le níos mó solúbthachta maidir leis na pionóis le haghaidh teipeanna socraíochta i ndáil le hionstraimí neamhleachtacha airgeadais, cur i bhfeidhm rialacha dlíeanais shibhialta na mBallstát maidir le cailleanas atá inchurtha i leith TLUanna, na coinníollacha a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar, le ceanglais maidir le hurrúis na rannpháirtithe agus le hurrúis a gcliant a chosaint agus leis an gcóras smachtbhannaí agus féadfaidh moltaí maidir le gníomhaíocht choisctheach nó cheartaiteach, i gcás inar gá, a bheith iontu. Ba cheart do ÚEÚM athbhreithnithe píaraí a dhéanamh lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil faoin Rialachán seo laistigh de thréimhse iomchuí agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. Mar gheall ar thábhacht shistéamach TLUanna agus go bhfuil siad le rialú ar leibhéal an Aontais den chéad uair, is iomchuí go gceanglófaí go dtarlóidh na hathbhreithnithe den chineál sin gach trí bliana ar a laghad ar dtús báire, maidir le maoirseacht ar TLUanna a úsáideann an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó bheith rannpháirteach i nasc idir-inoibritheach.
- (70) Ós rud é gur comhlacht é ÚEÚM a bhfuil saineolas an-speisialaithe aige maidir le hurrúis agus margaí urrús, is éifeachtúil agus is iomchuí forbairt dréachtchaighdeán rialála agus cur chun feidhme, nach mbeadh roghanna beartais ag baint leo, a chur ar iontaoibh ÚEÚM, lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin. Aon áit a sainítear sin, ba cheart do ÚEÚM dlúthchomhar a chur ar bun freisin le comhaltaí CECB agus ÚBE.

<sup>(1)</sup> Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus ar shaorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

- (71) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeán theicniúla rialála a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE agus le hAirteagal 10 go dtí Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus le hAirteagal 10 go dtí Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus maidir leis na gnéithe mionsonraithe de na bearta maidir le smacht socraíochta; tuairisciú ar shocraíocht inmheánaithe; an fhaisnéis agus gnéithe eile atá le háireamh ag TLU ina hiarratas ar údarú; na coinníollacha faoina bhféadfaidh na húdaráis inniúla TLU a rannpháirtíocht i gcaipitil de chuid eintiteas dlíthiúil áirithe a fhormheas, an fhaisnéis a sholáthróidh údaráis éagsúla dá chéile nuair a bheidh na TLUanna á maoirsiú acu; an fhaisnéis a sholáthróidh TLU is iarratasóir don ÚEÚM ina hiarratas ar aitheantas; gnéithe de na socrúithe rialachais i gcomhair TLU; mionsonraí na dtáifead a bheidh le coinneáil ag TLUanna; na baoil atá le cur san áireamh ag TLUanna agus measúnú cuimsitheach riosca á dhéanamh acu, agus ag údaráis inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar na cúiseanna a bhaineann le díúltú iarratas ar rochtain, na heilimintí den nós imeachta maidir le rochtain rannpháirtithe agus eisitheoirí ar TLUanna, rochtain idir TLUanna nó idir TLUanna agus bonneagair eile mhargaidh; mionsonraí na mbeara a bheidh le glacadh ag TLUanna ionas go gcoinneofar sláine na heisiúna; maolú na rioscaí oibriúcháin agus infheistíochta agus na rioscaí a eascraíonn ó na naisc idir TLUanna; mionsonraí na gceanglas caipitil le haghaidh TLU; mionsonraí an iarratais ar údarú chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar; an formhuirear caipitil; na ceanglais stuamachta maidir le rioscaí creidmheasa agus leachtachta do na TLUanna agus do na hinstiúidí creidmheasa ainmnithe atá údaraithe chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar.
- (72) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú freisin chun caighdeán theicniúla chur chun feidhme a ghlacadh trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 maidir le foirmeacha caighdeánacha agus teimpléid chaighdeánacha don tuairisciú ar shocraíocht inmheánaithe; ar iarratas le húdarú ag TLUanna; do sholáthar faisnéise idir údaráis inniúla éagsúla ar mhaithe le TLUanna a mhaoirsiú; do na socrúithe comhair ábhartha idir údaráis Ballstát bhaile agus údaráis Ballstát aíochta; d'fhormáidí na dtáifead a bheidh le coinneáil ag TLUanna; do na nósanna imeachta i gcásanna ina ndíúltófar rochtain do rannpháirtí nó d'eisitheoir ar TLU, ina ndíúltófar rochtain do TLUanna eatarthu féin nó idir TLUanna agus bonneagair eile mhargaidh; agus do chomhairliúcháin na n-údarás éagsúil sula ndeonófar údarú do ghníomhaire socraíochta.
- (73) Chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean don Choimisiún i ndáil le sonraí mionsonraithe a bhaineann le roinnt sainmhínte, paraiméadair chun pionóis airgid do na rannpháirtithe is cúis le teipeanna socraíochta a ríomh, agus na critéir faoinar cheart oibríochtaí TLU i mBallstát aíochta a mheas go bhfuil siad an-tábhachtach don Bhallstát sin. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (74) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cinntí a dhéanamh maidir le measúnú ar rialacha ó thríú tíortha chun TLUanna i dtríú tíortha a aithint. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.
- (75) Agus rialacha ábhartha tríú tíortha á meas, ba cheart go mbainfí leas as cur chuige comhréireach a bheidh bunaithe ar thorthaí, ina ndíreofar ar na rialacha iomchuí de chuid an Aontais a chomhlíonadh mar aon le ceanglais idirnáisiúnta, i gcás inarb ábhartha. Féadfar aitheantas coinníollach nó idirthréimhseach a dheonú áit nach mbeidh aon réimse difríochta ó thaobh ábhair de a bhféadfadh éifeacht dhochrach intuairtha aige ar mhargáí an Aontais.
- (76) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá ceanglais aonfhoirmeacha a leagan síos le haghaidh socraíochta agus le haghaidh TLUanna, a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr, de bharr fhairsinge na gníomhaíochta, iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).



- (77) Is gá leasú a dhéanamh ar Threoir 98/26/CE d'fhonn í a thabhairt i gcomhréir le Treoir 2010/78/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, ionas nach gcuirfear córais socraíochta urrús ainmnithe in iúl don Choimisiún a thuilleadh ach go gcuirfear in iúl do ÚEÚM iad.
- (78) Ós rud é go ndéantar na bearta a chomhchuíbhíú ar leibhéal an Aontais leis an Rialachán seo, ar bearta iad chun teipeanna socraíochta a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus go bhfuil raon feidhme cur i bhfeidhm níos leithne aige maidir le bearta den sórt sin ná mar atá ag Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, beidh gá le hAirteagal 15 den Rialachán sin a aisghairm.
- (79) Ba cheart TLUanna a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Threoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 aon uair a gcuirfidh siad seirbhísí ar fáil a liostaítear go sainráite sa Rialachán seo. Mar sin féin, d'fhonn a áirithiú go mbeidh aon eintitis a chuireann seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta ar fáil faoi réir Threoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus chun saobhadh iomaíochta a sheachaint idir cineálacha éagsúla soláthraithe na seirbhísí sin, beidh gá é a chur de cheanglas ar TLUanna a chuireann seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta ar fáil agus a gcuid seirbhísí coimhdeacha á gcur i gcrích acu bheith faoi réir cheanglais Threoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
- (80) Ba cheart cur i bhfeidhm na gceanglas údaraithe agus aitheantais sa Rialachán seo a chur siar chun a ndóthain ama a thabhairt do TLUanna atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tíortha an t-údarú agus an t-aitheantas maidir lena gcuid gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo a iarraidh. Go dtí go ndéanfar cinneadh faoin Rialachán seo maidir le TLUanna agus a ngníomhaíochtaí a údarú agus a aithint, lena n-áirítear na naisc idir TLUanna, ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha náisiúnta faoi seach maidir le TLUanna a údarú agus a aithint.
- (81) Is gá freisin cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le na gceanglas a chur siar maidir le hurrúis inaistrithe a thaifeadadh i bhfoirm cuntais reatha agus oibleagáidí i gcórais socraíochta urrús a shocrú tráth nach déanaí ná an dara lá gnó tar éis lá na trádála chun a ndóthain ama a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh, ag a bhfuil urrúis i bhfoirm páipéir á sealbhú nó a bhaineann úsáid as tréimhsí socraíochta níos faide, chun na ceanglais sin a chomhlíonadh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### TEIDEAL I

### ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

#### Airteagal 1

#### Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais aonfhoirmeacha maidir le socraíocht ionstraimí airgeadais san Aontas agus rialacha maidir le heagrú agus le hiompar na dtaisclann lárnach urrús (TLUanna) d'fhonn socraíocht shábháilte, éifeachtúil agus rianúil a chur chun cinn.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo i leith socraíochta in ionstraimí airgeadais agus i ngníomhaíochtaí uile TLUanna mura sonraítear a mhalaírt i bhforálacha an Rialacháin seo.
3. Tá an Rialachán seo gan dochar d'fhorálacha dhlí an Aontais maidir le hionstraimí airgeadais sonracha, go háirithe Treoir 2003/87/CE.

<sup>(1)</sup> Treoir 2010/78/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leasaítear Treoracha 98/26/CE, 2002/87/CE, 2003/6/CE, 2003/41/CE, 2003/71/CE, 2004/39/CE, 2004/109/CE, 2005/60/CE, 2006/48/CE, 2006/49/CE agus 2009/65/CE i ndáil leis na cumhachtaí atá ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme) agus ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (IO L 331, 15.12.2010, lch. 120).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa (IO L 86, 24.3.2012, lch. 1).

4. Níl feidhm ag Airteagail 10 go 20, 22 go 24 agus 27, Airteagal 28(6), Airteagal 30(4) agus Airteagal 46 agus Airteagal 47, ná forálacha Theideal IV agus na ceanglais chun tuairisciú do na húdaráis inniúla nó do na húdaráis ábhartha nó chun a n-orduithe a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, maidir le comhaltaí CEBC, comhlachtaí náisiúnta eile na mBallstát a gcuireann feidhmeanna den chuma chéanna i gcrích, nó maidir le comhlachtaí poiblí eile na mBallstát a mbeidh sé de chúram orthu an fiachas poiblí a bhainistiú nó idiragairt ann san Aontas maidir le haon taisclann lárnach urrús ar a ndéanann na comhlachtaí a luadh roimhe seo bainistiú díreach faoi fhreagracht an chomhlachta bainistithe chéanna, a bhfuil rochtain aici ar chistí na gcomhlachtaí sin agus nach eintiteas ar leithligh é.

#### *Airteagal 2*

#### **Sainmhínte**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
  - (1) ciallaíonn “taisclann lárnach urrús” nó “TLU” duine dlítheanach a oibríonn an córas socraíochta urrús dá dtagraítear i bpointe (3) de Roinn A den Iarscríbhinn agus a chuireann ar fail ar a laghad seirbhís lárnach amháin eile a liostaítear i Roinn A den Iarscríbhinn;
  - (2) ciallaíonn “TLU de chuid tríú tíre” aon eintiteas dlíthiúil arna bhunú ag tríú tír a gcuireann seirbhís den chuma chéanna ar fáil i gcomparáid leis an tseirbhís lárnach dá dtagraítear i bpointe (3) de Roinn A den Iarscríbhinn agus a gcuireann seirbhís lárnach amháin eile a liostaítear i Roinn A den Iarscríbhinn i gcrích;
  - (3) ciallaíonn “díluailiú” lonnaíocht na n-urrús fisiceach i TLU a dhíriú ar bhealach lena bhféadfar na haistrithe ina dhiaidh sin a dhéanamh trí chuntas reatha;
  - (4) ciallaíonn “foirm dhí-ábharaithe” nach bhfuil ionstraimí airgeadais ann ach i bhfoirm taifead cuntais reatha;
  - (5) ciallaíonn “TLU is faighteoir” TLU a fhaigheann an iarraidh ó TLU eile, TLU iarrthach, rochtain a bheith aige ar a sheirbhísí trí nasc taisclainne lárnaí urrús.
  - (6) ciallaíonn “TLU iarrthach” TLU a iarrann rochtain ar sheirbhísí taisclainne lárnaí urrús eile, TLU is faighteoir trí nasc taisclainne lárnaí urrús;
  - (7) ciallaíonn “socraíocht” idirbheart urrús a chur i gcrích aon uair a thugtar chun críche é d’fhonn oibleagáidí na bpáirtithe maidir leis an idirbheart sin a chomhlíonadh trí aistriú airgid thirim nó aistriú urrús nó an dá rud;
  - (8) ciallaíonn “ionstraimí airgeadais” nó “urrús” ionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear i bpointe (15) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE iad;
  - (9) ciallaíonn “ordú aistrithe” ordú aistrithe mar a shainmhínítear é sa dara fleasc de phointe (i) d’Airteagal 2 de Threoir 98/26/CE;
  - (10) ciallaíonn “córas socraíochta urrús” córas faoin gcéad fhleasc, faoin dara fleasc agus faoin tríú fleasc de phointe (a) d’Airteagal 2 de Threoir 98/26/CE nach bhfuil á oibriú ag contrapháirtí lárnach arb í an ghníomhaíocht atá á déanamh aige forghníomhú orduithe aistrithe;
  - (11) ciallaíonn “inmheánaitheoir socraíochta” aon institiúid lena n-áirítear institiúidí amháin a údaraítear i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE nó le Treoir 2014/65/AE a fhorghníomhaíonn orduithe aistrithe thar ceann cliant nó ar a chuntas féin seachas trí chóras socraíochta urrús;
  - (12) ciallaíonn “dáta socraíochta atá beartaithe” an dáta a chuirtear isteach sa chóras socraíochta urrús mar an dáta socraíochta agus a gcomhaontaíonn na páirtithe maidir le hidirbheart urrús go dtarlóidh an socrú sin;
  - (13) ciallaíonn “tréimhse shocraíochta” an tréimhse idir an dáta trádála agus an dáta socraíochta atá beartaithe;
  - (14) ciallaíonn “lá gnó” lá gnó mar a shainmhínítear i bpointe (n) d’Airteagal 2 de Threoir 98/26/CE é;

- (15) ciallaíonn “teip socraíochta” nach socraítear idirbheart urrús, nó nach socraítear é ach go páirteach ar an dáta socraíochta atá beartaithe i ngeall ar easpa urrús nó airgid, agus beag beann ar an mbunchúis;
- (16) ciallaíonn “contrapháirtí lárnach” nó “CPL” CPL mar atá sainmhínithe i bpointe 1 d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimhir 648/2012;
- (17) ciallaíonn “údarás inniúil” an t-údarás a ainmníonn gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 11 ach amháin a shonraítear a mhalairt sa Rialachán seo;
- (18) ciallaíonn “údarás ábhartha” aon údarás dá dtagraítear in Airteagal 12;
- (19) ciallaíonn “rannpháirtí” aon rannpháirtí, mar a shainmhínítear i bpointe (f) d’Airteagal 2 de Threoir 98/26/CE é, i gcóras socraíochta urrús;
- (20) ciallaíonn ‘rannpháirtíocht’ rannpháirtíocht de réir bhrí na chéad abairte de phointe (2) d’Airteagal 2 de Threoir 2013/34/AE, nó úinéireacht, dhíreach nó indéireacht, ar 20 % nó níos mó de chearta vótála nó de chaipiteal gnóthais;
- (21) ciallaíonn “rialú” an caidreamh idir dhá ghnóthas mar a ndéantar cur síos air in Airteagal 22 de Threoir 2013/34/AE;
- (22) ciallaíonn “fochuideachta” gnóthas fochuideachta de réir bhrí Airteagal 2(10) agus Airteagal 22 de Threoir 2013/65/AE;
- (23) ciallaíonn “Ballstát baile” an Ballstát a bhfuil TLU bunaithe ann;
- (24) ciallaíonn “Ballstát aíochta” an Ballstát, seachas an Ballstát baile, ina bhfuil brainse ag TLU, nó ina soláthraíonn sí seirbhísí TLU;
- (25) ciallaíonn “brainse” áit ghnó seachas an cheannoifig atá mar chuid de TLU, nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach aici agus ina soláthraítear seirbhísí TLU a bhfuil TLU údaraithe ina leith;
- (26) ciallaíonn “mainneachtain”, maidir le rannpháirtí, cás ina ndéantar imeachtaí dócmhainneachta, mar a shainmhínítear i bpointe (j) d’Airteagal 2 de Threoir 98/26/CE iad, a thionscnamh i gcoinne rannpháirtí;
- (27) ciallaíonn “soláthar in áit íocaíochta” sásra socraíochta urrús a nascann aistriú urrús le haistriú airgid thirim ionas nach ndéantar urrúis a sheachadadh ach amháin má dhéantar an t-aistriú comhfhreagrach airgid thirim, agus sin amháin, nó má dhéantar a mhalairt;
- (28) ciallaíonn “cuntas urrús” cuntas ar féidir urrúis a chur chun sochair nó chun dochair air;
- (29) ciallaíonn “nasc idir TLU” socrú idir TLUanna ina mbíonn TLU amháin mar rannpháirtí i gcóras socraíochta urrús de chuid TLU eile chun aistriú urrús ó rannpháirtithe TLU chuig rannpháirtithe TLU roimhe sin a éascú, nó socrú ina bhfaigheann TLU rochtain ar TLU eile go neamhdhíreach trí idirghabhálaí. Áirítear ar nasc idir TLUanna nasc chaighdeánacha, nasc shaincheaptha, nasc neamhdhíreacha agus nasc idir-inoibritheacha;
- (30) ciallaíonn “nasc caighdeánach” nasc idir TLU áit a mbeidh TLU ina rannpháirtí sa chóras socraíochta urrús de chuid TLU eile faoi na téarmaí agus na coinníollacha céanna atá infheidhme maidir le haon rannpháirtí eile sa chóras socraíochta urrús atá á oibriú ag an gcéad rannpháirtí;

- (31) ciallaíonn “nasc saincheaptha” nasc idir TLUanna ina mbeidh seirbhísí sonracha breise curtha ar fáil do TLU a bheidh ina rannpháirtí sa chóras socraíochta urrús atá ag TLU eile i gcomparáid leis na gnáthsheirbhísí a chuireann TLU sin ar fáil do rannpháirtithe sa chóras socraíochta urrús;
- (32) ciallaíonn “nasc neamhdhíreach” socrú idir TLU agus tríú páirtí seachas TLU, atá ina rannpháirtí sa chóras socraíochta urrús atá ag TLU eile. Bunófar nasc mar sin le TLU d’fhonn aistriú urrús a éascú chuig a rannpháirtithe ó rannpháirtithe TLU eile;
- (33) ciallaíonn “nasc idir-inoibritheach” nasc idir TLU ina gcomhaontaíonn na TLUanna réitigh theicniúla chomhpháirteacha a bhunú sna córais socraíochta urrús a oibríonn siad;
- (34) ciallaíonn “nósanna imeachta agus caighdeáin cumarsáide oscailte idirnáisiúnta” caighdeáin lena nglactar go hidirnáisiúnta le haghaidh nósanna imeachta cumarsáide, amhail formáidí caighdeánaithe teachtaireachta agus léiriú sonraí a chuirtear ar fáil d’aon pháirtí leasmhar ar bhealach cothrom, oscailte agus neamh-ídirhealaitheach;
- (35) ciallaíonn “urrúis inaistrithe” urrúis inaistrithe mar a shainmhínítear i bpointe (44) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE é;
- (36) ciallaíonn “scaireanna” urrúis dá dtagraítear i bpointe (44)(a) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;
- (37) ciallaíonn “ionstraimí an mhargaidh airgid” ionstraimí an mhargaidh airgid mar shainmhínítear i bpointe (17) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE iad;
- (38) ciallaíonn “aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta” aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta dá dtagraítear i bpointe (3) de Roinn C d’Iarscríbhinn I de Threoir 2014/65/AE;
- (39) ciallaíonn “lamháltais astaíochta” lamháltais astaíochta mar a shainítear é i bpointe (11) de Chuid C d’Iarscríbhinn I de Threoir 2014/65/AE seachas na díorthaigh atá i lamháltais astaíochta;
- (40) ciallaíonn “margadh rialáilte” margadh rialáilte mar shainmhínítear i bpointe (21) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE é;
- (41) ciallaíonn “saoráid trádála iltaobhach” nó “STI” saoráid trádála iltaobhach mar a shainmhínítear i bpointe (22) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE í;
- (42) ciallaíonn “ionad trádála” ionad trádála mar a shainmhínítear i bpointe (24) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;
- (43) ciallaíonn “gníomhaire socraíochta” gníomhaire socraíochta mar a shainmhínítear i bpointe (d) d’Airteagal 2 de Threoir 98/26/CE;
- (44) ciallaíonn “margadh fáis FBManna” margadh fáis FBManna mar a shainmhínítear i bpointe (12) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE
- (45) ciallaíonn “comhlacht bainistithe” comhlacht nó comhlachtaí TLU, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bhfuil sé de chumhacht aige straitéis, cuspóirí agus treoir fhoriomlán an TLU a shocrú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht an lucht bainistíochta. Áireofar leis seo daoine a stiúirann obair an TLU go héifeachtach.

Nuair a bheidh comhlachtaí difriúla a bhfuil feidhmeanna sonracha acu i gceist i gcomhlacht bainistíochta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ní bheidh feidhm ag ceanglais an Rialacháin seo ach amháin maidir leis na comhlachtaí den chomhlacht bainistíochta a sanntar dóibh leis an dlí náisiúnta is infheidhme an fhreagracht faoi seach;

(46) ciallaíonn “bainistíocht shinsearach” na daoine nádúrtha a fheidhmíonn gnó feidhmiúcháin laistigh de TLU agus atá freagrach as an gcomhlacht bainistithe maidir le bainistiú laethúil an TLU sin agus cuntasach dó freisin.

2. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 67 a bhaineann le bearta chun na seirbhísí coimhdeacha de chineál neamhbhaincúireachta a leagtar amach i bpointe (1) go pointe (4) de Roinn B den Iarscríbhinn a shonrú tuilleadh mar aon leis na seirbhísí coimhdeacha de chineál baincúireachta a leagtar amach i Roinn C den Iarscríbhinn.

## TEIDEAL II

### SOCRAÍOCHT URRÚS

#### CAIBIDIL 1

#### **Foirm cuntais reatha**

##### *Airteagal 3*

#### **Foirm cuntais reatha**

1. Gan dóchar do mhír 2, aon eisitheoir a bheidh lonnaithe san Aontas a eiseoidh nó a d'eisigh urrúis inaistrithe, a ligfear isteach chun a dtrádála nó a thrádálfar ar ionaid trádála, socróidh sé go léireofar na hurrúis sin i bhfoirm cuntais reatha mar dhluailiú nó tar éis na hurrúis a eisiúint go díreach i bhfoirm dhí-ábharaithe.

2. I gcás ina dtarlóidh idirbheart i ndáil le hurrúis inaistrithe ar ionad trádála, déanfar na hurrúis sin a thaifead i bhfoirm cuntais reatha i TLU ar an nó roimh an dáta socraíochta atá beartaithe, mura mbeidh siad taifeadta mar sin cheana féin.

I gcás ina ndéanfar na hurrúis inaistrithe a aistriú i ndiaidh socraithe comhthaobhachta airgeadais mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2002/47/CE é, taifeadfar na hurrúis sin i bhfoirm cuntais reatha i TLU ar an dáta socraíochta nó roimhe sin, mura ndearnadh iad a thaifeadadh mar sin cheana féin.

##### *Airteagal 4*

#### **Forfheidhmiú**

1. Áiritheoidh údaráis an Bhallstáit ina mbeidh an t-eisitheoir a eiseoidh urrúis bunaithe go gcuirfear Airteagal 3(1) i bhfeidhm.

2. Maidir leis na húdaráis is inniúil ar mhaoirseacht a dhéanamh ar na hionaid trádála, lena n-áirithítear na húdaráis inniúla a shainítear i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Threoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(1)</sup>, áiritheoidh siad go gcuirfear an chéad fhomhír d'Airteagal 3(2) den Rialachán seo i bhfeidhm nuair a dhéanfar na hurrúis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Rialachán seo a thrádáil ar ionaid trádála.

3. Maidir le húdaráis na mBallstát atá freagrach as Treoir 2002/47/CE a chur i bhfeidhm, áiritheoidh siad go gcuirfear an dara fohmír d'Airteagal 3(2) den Rialachán seo i bhfeidhm nuair a aistreofar na hurrúis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Rialachán seo i ndiaidh socraithe comhthaobhachta airgeadais mar a sainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2002/47/CE é.

<sup>(1)</sup> Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire a bheidh le foilsíú nuair a tháirgfear urrúis don phobal nó nuair a ligfear isteach iad chun a dtrádála agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L 345, 31.12.2003, lch. 64).

## CAIBIDIL II

**Tréimhsí socraíochta**

## Airteagal 5

**Dátaí socraíochta atá beartaithe**

1. Aon rannpháirtí i gcóras socraíochta urrús a shocróidh sa chóras sin ar a chuntas féin nó thar ceann tríú páirtí idirbhearta in urrúis inaistrithe, ionstraimí an mhargaidh airgid, aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta agus lamháltais astaíochtaí, déanfaidh sé idirbhearta den sórt sin a shocrú ar an dáta socraíochta atá beartaithe.
2. Maidir le hidirbhearta sna hurrúis inaistrithe dá dtagraítear i mír 1, a dhéanfar ar ionaid trádála, is é an dáta socraíochta atá beartaithe tráth nach déanaí ná an dara lá gnó tar éis don trádáil a bheith ar bun. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin maidir le hidirbhearta a dhéanfar a chaibidlíú go príobháideach ach a chuirfear i gcrích iad ar na hionaid trádála nó ar an gcéad idirbheart i gcás ina bhfuil na hurrúis inaistrithe lena mbaineann faoi réir taifeadta tosaigh i bhfoirm cuntais reatha de bhun Airteagal 3(2).
3. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcuirfear mír 1 i bhfeidhm.

Maidir leis na húdaráis atá inniúil chun ionaid trádála a mhaoirsiú, beidh siad inniúil chun a áirithiú go gcuirfear mír 2 i bhfeidhm.

## CAIBIDIL III

**Smacht socraíochta**

## Airteagal 6

**Bearta chun teipeanna socraíochta a chosc**

1. Bunófar le hionaid trádála nósanna imeachta a chuirfidh ar a gcumas sonraí ábhartha a bhaineann le hidirbhearta sna hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) ar an dáta a ndéanfar an t-idirbheart.
2. D'ainneoin an cheanglais a leagtar síos i mír 1, déanfaidh gnólachtaí infheistíochta a údaraítear de bhun Airteagal 5 de Threoir 2014/65/AE, i gcás inarb infheidhme, bearta a dhéanamh chun líon na dteipeanna socraíochta a theorannú.

Áireofar ar bhearta den sórt sin ar a laghad socraíochtaí idir an gnólacht infheistíochta agus a chliant ghairmiúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/65/AE lena áirithiú go gcuirfear leithdháileadh urrús i ndáil leis an idirbheart in iúl go gasta, go ndeimhneofar an leithdháileadh sin agus go ndeimhneofar glacadh nó diúltú téarmaí go tráthúil roimh an dáta socraíochta atá beartaithe.

Déanfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 maidir leis na nósanna imeachta caighdeánaithe agus leis na prótacail teachtaireachta atá le húsáid chun an dara fómhír den mhír seo a chomhlíonadh.

3. Maidir le gach córas socraíochta urrús a oibreoidh sí, bunóidh TLU nósanna imeachta lena n-éascófar socrú idirbhearta in ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) maidir leis an dáta socraíochta atá beartaithe leis an neamhchosaint is lú is féidir dá rannpháirtithe maidir le riosca contrapháirtí agus riosca leachtachta agus ráta íseal teipeanna socraíochta. Molfaidh sé go ndéanfaí socraíocht luath ar an dáta socraíochta atá beartaithe trí bhíthin sásraí iomchuí.
4. Maidir le gach córas socraíochta urrús a oibreoidh sí, cuirfidh TLU bearta i bhfeidhm le socrú tráthúil idirbheart ag a rannpháirtithe a spreagadh agus a dhreasú. Cuirfear TLUanna de cheanglas ar na rannpháirtithe a n-idirbhearta a shocrú ar an dáta socraíochta atá beartaithe.

5. Forbróidh ÚEÚM i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ionas go sonrúfar na bearta atá le glacadh ag gnólachtaí infheistíochta i gcomhréir leis an gcéad fhomhír de mhír 2, sonraí na nósanna imeachta lena n-éascófar socrú dá dtagraítear i mír 3 agus sonraí na mbeart d'fhonn socrú tráthúil idirbheart dá dtagraítear i mír 4 a spreagadh agus a dhreasú.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin 18 Meitheamh 2015.

Tarmilgítear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### *Airteagal 7*

### **Bearta chun dul i ngleic le teipeanna socraíochta**

1. Maidir le gach córas socraíochta urrús a oibreoidh sí, bunóidh TLU córas a dhéanfaidh faireachán ar chásanna ina dteipfidh ar na hidirbhearta sna hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a shocrú. Tabharfaidh sí tuarascálacha rialta don údarás inniúil agus do na húdaráis ábhartha, maidir le líon agus le sonraí na dteipeanna socraíochta agus aon fhaisnéis ábhartha eile lena n-áirítear na bearta atá beartaithe ag na TLUanna agus ag a rannpháirtithe le feabhas a chur ar éifeachtúlacht socraíochta i bhfoirm chomhiomlánaithe. Fógróidh na TLUanna na tuarascálacha sin, gan ainmneacha ar bhonn bliantúil. Roinnfidh na húdaráis inniúla le ÚEÚM aon fhaisnéis ábhartha maidir le teipeanna socraíochta.

2. Maidir le gach córas socraíochta urrús a oibreoidh sí, bunóidh TLU nósanna imeachta lena n-éascófar socrú idirbhearta in ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) nach mbeidh socraithe ar an dáta socraíochta a beartaíodh. Déanfar foráil do shásra pionóis leis na nósanna imeachta sin a fheidhmeoidh mar bhac éifeachtach i gcomhair rannpháirtithe a bheidh mar chúis leis na teipeanna socraíochta.

Roimh di na nósanna imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhunú, ionaid trádála, rachaidh TLU i gcomhairliúchán leis na hionaid trádála ábhartha agus leis na TLUanna ábhartha a gcuirfidh sí seirbhísí socraíochta ar fáil ina leith.

Áireofar ar an sásra pionóis dá dtagraítear sa chéad fhomhír pionóis airgid thirim le haghaidh rannpháirtithe is cúis le teipeanna socraíochta (“rannpháirtithe a dteipfidh orthu”). Ríomhfar pionóis airgid ar bhonn laethúil i ndáil le gach lá gnó a dteipfead ar idirbheart a shocrú tar éis an dáta socraíochta a beartaíodh go deireadh tréimhse an phróisí cheannaigh isteach dá dtagraítear i mír 3 ach nach mbeidh níos faide ná an lá socraíochta iarbhír. Níor cheart na pionóis airgid thirim a chumrú mar fhoinsé ioncaim do TLU.

3. Gan dochar don sásra pionóis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, agus don cheart chun an t-idirbheart a chealú go déthaobhach, más rud é nach n-éireoidh an rannpháirtí a dteipfidh air na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a thabhairt don rannpháirtí is faighteoir laistigh de 4 lá gnó tar éis an dáta socraíochta a bheidh beartaithe (“tréimhse sínithe”) cuirfead tús le próiseas ceannaigh isteach i gcás ina mbeidh na hionstraimí sin ar fáil le haghaidh socraíochta agus go ndéanfar iad a sheachadadh chuig an rannpháirtí is faighteoir laistigh de thréimhse ama iomchuí.

Má bhaineann an t-idirbheart le hionstraimí airgeadais a thrádálfar ar mhargadh fais na bhfiontar beag agus meánmhéide, beidh 15 lá sa tréimhse sínithe ach amháin má chinneann margadh fais na bhfiontar beag agus meánmhéide tréimhse níos giorra a chur i bhfeidhm.

4. Beidh feidhm ag na díolúintí a leanas ón gceanglas dá dtagraítear i mír 3:

(a) ar bhonn an chineáil sócmhainne agus ar leachtacht na n-ionstraimí airgeadais lena mbaineann, féadfar an tréimhse sínithe a mhéadú ó cheithre lá gnó suas le seacht lá gnó ar a mhéid áit a mbeadh tionchar ag tréimhse sínithe níos giorra ar fheidhmiú ordúil réidh na margáí airgeadais lena mbaineann;

(b) maidir le hoibríochtaí casta ina bhfuil roinnt mhaith idirbheart i gceist lena n-áirítear comhaontuithe athcheannaigh urrús nó comhaontuithe iasachta, ní bheidh feidhm ag an bpróiseas ceannach isteach dá dtagraítear i mír 3 i gcás ina mbeidh tréimhse ama na n-oibríochtaí sin gearr go leor agus ina mbeidh an próiseas ceannach isteach neamhéifeachtach mar thoradh air sin.

5. Gan dochar do mhír 7, ní bheidh feidhm ag na díolúintí dá dtagraítear i mír 4 maidir le hidirbhearta le haghaidh scaireanna nuair a bheidh na idirbhearta sin imréitithe ag CPL.

6. Gan dochar don sásra pionóis dá dtagraítear i mír 2, i gcás ina mbeidh praghas na scaireanna a comhaontaíodh tráth na trádála níos airde ná an praghas a íocadh as an gceannach isteach a fheidhmiú, íocfaidh an rannpháirtí a dteipfidh air an difríocht chomhfhreagrach leis an rannpháirtí is faighteoir tráth nach déanaí ná an dara lá gnó tar éis na n-ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a bheith curtha ar fáil i ndiaidh an cheannaigh isteach.

7. Mura n-éireoidh leis an gceannach isteach nó mura bhféadfar é a dhéanamh, féadfaidh an rannpháirtí is faighteoir rogha a dhéanamh íocaíocht a fháil trí chúiteamh airgid nó feidhmiú an cheannaigh isteach a chur siar go dáta níos déanaí a bheidh iomchuí (“tréimhse iarchurtha”). Mura dtabharfar na hionstraimí airgeadais ábhartha don rannpháirtí is faighteoir ag deireadh na tréimhse iarchurtha, íocfar an cúiteamh airgid.

Íocfar an cúiteamh airgid don rannpháirtí is faighteoir tráth nach déanaí ná an dara lá gnó tar éis dheireadh an phróisis ceannaigh isteach dá dtagraítear i mír 3 nó na tréimhse iarchurtha, i gcás inar roghnaíodh an tréimhse iarchurtha.

8. Aisiócaidh an rannpháirtí a dteipfidh air an t-eintiteas a fheidhmeoidh ceannach isteach na suimeanna uile a íocfar i gcomhréir le mír 3, le mír 4 agus le mír 5, lena n-áirítear aon táillí feidhmiúcháin a eascraíonn as an gceannach isteach. Ba cheart táillí mar sin a chur in iúl go soiléir do na rannpháirtithe.

9. Bunóidh TLUanna, CPLanna agus ionaid trádála nósanna imeachta lena gcuirfear ar a gcumas, i gcomhairle lena n-údarás inniúla faoi seach, aon rannpháirtí a mhainneoidh ar bhonn seasta agus córasach na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a chur ar fáil ar an dáta socraíochta a bheidh beartaithe a fhionraí, agus ainm an rannpháirtí sin a chur ar fáil don phobal tar éis deis a thabhairt don rannpháirtí sin a bharúlacha a chur isteach agus ar an gcoinníoll go gcuirfear údarás inniúla TLUanna, na CPLanna agus na n-ionad trádála, agus an rannpháirtí féin ar an eolas mar is iomchuí, agus sa chás sin amháin. Chomh maith le dul i gcomhairle sula ndéanfar aon fhionraí, cuirfidh na TLUanna, na CPLanna agus na hionaid thrádála na n-údarás inniúil faoi seach ar an eolas faoi rannpháirtí a fhionrófar. Cuirfidh an t-údarás inniúil na húdarás ábhartha ar an eolas láithreach faoi fhionraí rannpháirtí.

Ní thabharfar sonraí pearsanta de réir bhrí phointe (a) d’Airteagal 2 de Threoir 95/46/CE nuair a nochtfar fionraí go poiblí.

10. Beidh feidhm ag mír 2 go mír 9 maidir le gach idirbheart de chuid na n-ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a ligfear isteach chun a dtrádála nó a thrádálfar ar ionad trádála nó a bheidh imréitithe ag contrapháirtí lárnach mar a leanas:

(a) I gcás idirbheart a imréiteoidh CPL, is é CPL an t-eintiteas a fheidhmeoidh an ceannach isteach i gcomhréir le mír 3 go mír 8.

(b) Maidir le hidirbhearta nach mbeidh imréitithe ag CPL, ach a fheidhmeofar ar ionad trádála, áireoidh an t-ionad trádála ina rialacha inmheánacha oibleagáid ar a chomhaltaí agus ar a rannpháirtithe na bearta dá dtagraítear i mír 3 go mír 8 a chur i bhfeidhm.

(c) Maidir leis na hidirbhearta go léir seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den fhomhír seo, áireoidh na TLUanna ina rialacha inmheánacha oibleagáid ar a rannpháirtithe a bheith faoi réir na mbearta dá dtagraítear i mír 3 go mír 8.



Cuirfidh TLU an fhaisnéis riachtanach socraíochta ar fáil do chontrapháirtithe lárnacha agus d'ionaid thrádála lena chur ar a gcumas a n-oibleagáidí faoin mír seo a chomhlíonadh.

Gan dochar do phointe (a), phointe (b) agus pointe (c) den chéad fhomhír féadfaidh TLUanna faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceannach isteach dá dtagraítear sna pointí seo i leith treoracha iolracha socraíochta, maidir leis na hionstraimí airgeadais chéanna agus leis an dáta éaga céanna don tréimhse cur i bhfeidhm, a mbeidh sé mar aidhm acu an líon ceannach isteach a bheidh le déanamh a íoslaghú agus dá bhrí sin an tionchar ar phraghsanna na n-ionstraimí ábhartha airgeadais.

11. Ní bheidh feidhm ag mír 2 go mír 9 i gcás rannpháirtithe ar CPLanna iad agus a dteipfidh orthu.

12. Ní bheidh feidhm ag mír 2 go mír 9 mura dtionscnófar imeachtaí dócmhainneachta in aghaidh rannpháirtí a dteipfidh air.

13. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo i gcás ina mbeidh an príomh-ionad chun scaireanna a thrádáil lonnaithe i dtrú tír. Tá láthair an phríomh-ionaid chun scaireanna a thrádáil le cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 236/2012.

14. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 67 chun go ndéanfar an méid seo a leanas a shonrú: paraiméadair chun díspregadh agus leibhéal comhréireach pionós airgeadais dá dtagraítear sa tríú fhomhír de mhír 2 a ríomh bunaithe ar an gcineál sócmhainne agus ar leachtacht na hionstraime airgeadais agus ar chineál an idirbhirt lena n-áiríteofar a lán smachta socraíochta agus feidhmiú rianúil agus ordúil na margaí airgeadais lena mbaineann.

15. Déanfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an méid seo a leanas a shonrú;

(a) sonraí an chórais faireacháin maidir le teipeanna socraíochta agus na tuarascálacha maidir le teipeanna socraíochta dá dtagraítear i mír 1,

(b) na próisis chun pionós airgid a bhailiú agus a ath-leithdháileadh agus aon fháltais eile a d'fhéadfaidh teacht as pionóis den sórt sin i gcomhréir le mír 2;

(c) sonraí oibríochta an phróisis ceannach isteach iomchuí dá dtagraítear i mír 3 go mír 8, lena n-áirítear tréimhsí ama iomchuí leis an ionstraim airgeadais a sholáthar tar éis an phróisis ceannach isteach dá dtagraítear i mír 3. Beidh na tréimhsí ama sin calabraithe agus an cineál sócmhainne agus leachtacht na n-ionstraimí airgeadais á gcur san áireamh.

(d) na cúinsí ina bhféadfaí cur leis an tréimhse sínithe i gcomhréir leis an gcineál sócmhainne, le leachtacht na n-ionstraimí airgeadais, i gcomhréir leis na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4 agus na critéir i ndáil le leachtacht a mheasúnú faoi phointe (17) d'Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 á gcur san áireamh;

(e) cineál na n-oibríochtaí agus na tréimhsí ama sonracha a bhaineann leo dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4 lena ndéantar ceannach-isteach mí-éifeachtach;

(f) modheolaíocht chun an cúiteamh airgid dá dtagraítear i mír 7 a ríomh.

(g) na coinníollacha faoina meastar go dteipeann ar rannpháirtí ar bhonn comhsheasmhach agus ar bhonn córasach na hionstraimí airgeadais amháil dá dtagraítear i mír 9 a sheachadadh; agus,

(h) an fhaisnéis riachtanach socraíochta dá dtagraítear sa dara fhomhír de mhír 10.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmlichtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### *Airteagal 8*

#### **Forfheidhmiú**

1. Údarás inniúil TLU a oibreoidh an córas socraíochta urrús, an t-údarás ábhartha a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras socraíochta urrús lena mbaineann chomh maith leis na húdaráis inniúla maidir le maoirseacht a dhéanamh ar ionaid thrádála, ar ghnólachtaí infheistíochta agus ar CPLanna, beidh siad inniúil chun a áirithiú go ndéanfaidh na hinstiúidí Airteagal 6 agus Airteagal 7 a chur i bhfeidhm faoi réir a maoirseachta agus chun faireachán a dhéanamh ar na pionóis a fhorchuirfear. I gcás inarb iomchuí, oibreoidh na húdaráis inniúla faoi seach go dlúth lena chéile. Cuirfidh na Ballstáit ÚEÚM ar an eolas faoi na húdaráis inniúla ainmnithe a bheidh mar chuid den struchtúr maoirseachta ar an leibhéal náisiúnta.
2. D'fhonn cleachtais mhaoirseachta a bheidh comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú laistigh den Aontas maidir le hAirteagal 6 agus Airteagal 7 den Rialachán seo, féadfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.
3. Ní dhéanfar dochar le sárú ar na rialacha faoin Teideal seo do bhailíocht conartha phríobháidigh maidir le hionstraimí airgeadais nó don fhéidearthacht atá ann do na páirtithe forálacha conartha phríobháidigh maidir le hionstraimí airgeadais a fhorfheidhmiú.

#### *CAIBIDIL IV*

#### ***Socraíocht inmheánaithe***

#### *Airteagal 9*

#### **Inmheánaitheoirí socraíochta**

1. Tabharfaidh inmheánaitheoirí socraíochta tuairisc chuig na húdaráis inniúla san áit ina bhfuil sí bunaithe ar bhonn ráithiúil ar líon comhiomlán na n-idirbheart urrús agus ar luach gach idirbhirt urrús shocróidh siad lasmuigh de chórais socraíochta.

Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis a bheidh faighte faoin gcéad fhomhír a chur ar aghaidh chuig ÚEÚM gan mhoill agus cuirfidh siad ÚEÚM ar an eolas maidir le haon riosca a d'fhéadfadh bheith ann mar thoradh ar an ngníomhaíocht socraíochta sin.

2. Féadfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonrú tuilleadh ábhar an tuairiscithe sin.

Tarmlichtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

3. Forbróidh ÚEÚM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn na foirmeacha caighdeánacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta a bhunú chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 go mír 3 a thuairisciú agus a chur ar aghaidh.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

## TEIDEAL III

## TAISCLANNA LÁRNACHA URRÚS

## CAIBIDIL I

**TLUanna a údarú agus a mhaoirsiú**

## Roinn 1

**Na húdaráis a bheidh freagrach as TLUanna a údarú agus a mhaoirsiú***Airteagal 10***Údarás inniúil**

Gan dochar don mhaoirseacht a dhéanfaidh comhaltaí CEBC dá dtagraítear in Airteagal 12(1), déanfaidh údarás inniúil a Ballstát bhaile TLU a údarú agus a mhaoirsiú.

*Airteagal 11***Ainmniú an údaráis inniúil**

1. Ainmneoidh gach Ballstát ar leith an t-údarás inniúil a bheidh freagrach as na dualgais faoin Rialachán seo a chomhlíonadh chun na TLUanna atá bunaithe ina gcíocha a údarú agus a mhaoirsiú agus cuirfidh sé ÚEÚM ar an eolas faoin méid sin.

I gcás ina n-ainmneoidh Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin, cinnfidh sé na ról a bheidh ag gach údarás ar leithligh acu agus ainmneoidh sé údarás amháin a bheidh freagrach as comhar le húdaráis inniúla i mBallstáit eile, leis na húdaráis ábhartha, le ÚEÚM, agus le ÚBE nuair a thagraítear go sonrath dóibh sa Rialachán seo.

2. Foilseoidh ÚEÚM liosta de na húdaráis inniúla a ainmneofar i gcomhréir le mír 1 ar a láithreán gréasáin.

3. Beidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe is gá ag na húdaráis inniúla chun a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú.

*Airteagal 12***Údaráis ábhartha**

1. Beidh baint ag na húdaráis seo a leanas le húdarú agus le maoirsiú TLU nuair a thagraítear go sonrath dóibh sa Rialachán seo:

(a) an t-údarás a bheidh freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar an gcóras socraíochta urrús a oibreoidh TLU sa Bhallstát ina mbeidh feidhm ag a dhlí maidir leis an gcóras socraíochta urrús sin;

(b) na banc ceannais san Aontais a mbeidh na hairgeadraí is ábhartha ina ndéantar socraíocht á n-eisiúint acu;

(c) i gcás inarb ábhartha, an banc ceannais san Aontas a socrófar an ghné airgid den chóras socraíochta urrús a oibreoidh an TLU ina chuid leabhar.

2. Foilseoidh ÚEÚM liosta de na húdaráis ábhartha dá dtagraítear i mír 1 ar a láithreán gréasáin.

3. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrath na coinníollacha faoina measfar go mbeidh airgeadraí an Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 ar na socruithe is ábhartha agus socruithe chun próiseas éifeachtúil a chur ar bun chun dul i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) den mhír sin.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin chuig an gCoimisiún faoin 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### *Airteagal 13*

##### **Malartú faisnéise**

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla, údaráis ábhartha agus ÚEÚM, arna iarraidh sin agus gan mhoill mhíchuí, aon fhaisnéis a bheidh de dhíth chun a ndualgais a chomhlíonadh faoin Rialachán seo a thabhairt dá chéile.
2. Údaráis inniúla, údaráis ábhartha, ÚEÚM agus comhlachtaí eile nó daoine dlítheanacha agus nádúrtha a gheobhaidh faisnéis rúnda i bhfeidhmiú a ndualgas faoin Rialachán seo, ní úsáidfidh siad an fhaisnéis sin ach amháin nuair a bheidh siad i mbun a ndualgas.

#### *Airteagal 14*

##### **Comhar idir na húdaráis**

1. Comhoibreoídh údaráis inniúla, údaráis ábhartha agus ÚEÚM go dlúth, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis ábhartha uile a mhalartú chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Nuair is iomchuí agus is ábhartha, áireofar ar chomhar den sórt sin comhar le húdaráis phoiblí agus comhlachtaí poiblí eile, go háirithe na cinn sin a bunaíodh nó a ceapadh faoi Threoir 2003/87/CE.

Chun cleachtais mhaoirseachta a bheidh comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú laistigh den Aontas, lena n-áirítear comhar idir na húdaráis inniúla agus na húdaráis ábhartha sna measúnuithe difriúla is gá do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEEC, treoirlínte a eisiúint a bheidh dírithe ar na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla, i bhfeidhmiú a ndualgas ginearálta, aird mar is cuí ar an tionchar a d'fhéadfadh a gcinntí a imirt ar chobhsaíocht an chórais airgeadais sna Ballstáit eile ar fad lena mbaineann, go háirithe ar na cásanna éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 15, bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil.

#### *Airteagal 15*

##### **Cásanna éigeandála**

Gan dochar don nós imeachta fógra dá bhforáiltear in Airteagal 6(3) de Threoir 98/26/CE, cuirfidh na húdaráis inniúla agus údaráis ábhartha in iúl láithreach do ÚEÚM, don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach arna bhunú ag Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> agus dá chéile aon chás éigeandála a bhaineann le TLU, lena n-áirítear aon fhorbairtí i margaí airgeadais, a bhféadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith acu ar leachtacht mhargaidh nó ar chobhsaíocht airgeadra ina ndéantar socraíocht, sláine an bheartais airgeadais agus ar chobhsaíocht an chórais airgeadais in aon cheann de na Ballstáit ina bhfuil TLU nó ceann dá rannpháirtithe bunaithe.

#### Roinn 2

### **Coinníollacha agus nósanna imeachta chun TLUanna a údarú**

#### *Airteagal 16*

##### **TLU a údarú**

1. Aon duine dlítheanach a thagann faoin sainmhíniú ar TLU, gheobhaidh sé údarú ó údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe sula gcuirfidh sé tús lena chuid gníomhaíochtaí.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1).

2. Sonrófar san údarú na seirbhísí lárnacha a liostaítear i Roinn A den Iarscríbhinn agus na seirbhísí coimhdeacha nach de chineál baincéireachta iad a cheadaítear faoi Roinn B den Iarscríbhinn, a bhfuil TLU údaraithe lena chur ar fáil.
3. Comhlíonfaidh TLU na coinníollacha atá riachtanach don údarú i gcónaí.
4. Tabharfaidh TLU, in éineacht lena hiniúcháirí neamhspleácha, gan aon mhoill mhíchuí, fógra don údarás inniúil i dtaobh aon athruithe substaintiúla a chuireann isteach ar chomhlíonadh choinníollacha an údaraithe.

#### *Airteagal 17*

#### **An nós imeachta maidir le húdarú a dheonú**

1. Déanfaidh an TLU is iarratasóir iarratas ar údarú a chur faoi bhráid a húdaráis inniúil.
2. Mar chuid den iarratas ar údarú, soláthróidh an TLU is iarratasóir an fhaisnéis ar fad atá riachtanach ionas go bhféadfaidh an t-údarás inniúil bheith deimhin de go mbeidh na socruithe ar fad a bheidh riachtanach chun a hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh bunaithe ag an TLU is iarratasóir, tráth an údaraithe. Áireofar clár oibríochtaí san iarratas ar údarú ina leagfar amach na cineálacha gnó a bheartaítear agus eagrúchán struchtúrach an TLU.
3. Laistigh de 30 lá oibre ón iarratas a fháil, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú féachaint an bhfuil an t-iarratas iomlán. Mura mbeidh an t-iarratas iomlán, leagfaidh an t-údarás inniúil teorainn ama síos faoina gcaithfidh TLU is iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar. Cuirfidh an t-údarás inniúil TLU is iarratasóir ar an eolas nuair a mheasfar an t-iarratas a bheith iomlán.
4. Ón tráth a measfar go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe, tarchuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis go léir san iarratas chuig na húdaráis ábhartha agus rachaidh sé i gcomhairle leis na húdaráis sin maidir leis na gnéithe den chóras socraíochta urrús a oibríonn an TLU is iarratasóir. Féadfaidh gach údarás ábhartha a bharúlacha a chur in iúl don údarás inniúil laistigh de 3 mhí tar éis an fhaisnéis a fháil ón údarás ábhartha.
5. Tráth ar bith a bheartóidh TLU is iarratasóir na seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (2) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE de bhreis ar sholáthar seirbhísí coimhdeacha de chineál neamhbhaincéireachta a liostaítear go sainráite i Roinn B den Iarscríbhinn, tarchuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis uile a áirítear san iarratas chuig an údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE agus rachaidh sé i gcomhairle leis an údarás sin maidir le cumas TLU is iarratasóir ceanglais na Treorach 2014/65/AE agus an Rialacháin (AE) Uimh. 600/2014.
6. Rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle le húdaráis inniúla an Bhallstáit eile lena mbaineann, sula ndéanfaidh sé údarú a dheonú don TLU is iarratasóir, sna cásanna a leanas:
  - (a) nuair is fochuideachta de TLU údaraithe i mBallstát eile í TLU;
  - (b) nuair is fochuideachta de mháthairchuideachta taisclainne lárnaí urrús atá údaraithe i mBallstát eile í TLU;
  - (c) nuair atá TLU á rialú ag na daoine nádúrtha nó dlítheanacha céanna a rialaíonn TLU dhifriúil atá údaraithe i mBallstát eile.

7. Cumhdófar an méid seo a leanas sa chomhairliúchán dá dtagraítear i mír 6:

- (a) oiriúnacht na scairsealbhóirí agus na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 27(6) agus an cháil atá ar na daoine agus an taithí atá ag na daoine a thugann treoir éifeachtach maidir le gnó TLU dá dtagraítear in Airteagal 27(1) agus (4), nuair a bheidh baint ag na scairsealbhóirí agus na daoine sin i gcoitinne le TLU agus le TLU atá údaraithe i mBallstát eile araon;
- (b) cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann an caidreamh dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 6 idir TLU atá údaraithe i mBallstát eile agus TLU is iarratasóir difear don chumas atá ag an taisclann sin ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

8. Laistigh de shé mhí tar éis iarratas iomlán a bheith curtha faoina bhráid, cuirfidh an t-údarás inniúil in iúl i scríbhinn, le cinneadh a bheidh cuí-réasúnaithe ina iomláine, don TLU is iarratasóir ar deonaíodh an t-údarú dó nó ar diúltaíodh é.

9. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn an fhaisnéis a shonrú a sholáthróidh TLU is iarratasóir don údarás inniúil san iarratas ar údarú.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin chuig an gCoimisiún faoin 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

10. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú maidir leis an iarratas ar údarú.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### *Airteagal 18*

#### **Éifeachtaí an údaraithe**

1. Beidh gníomhaíochtaí an TLU údaraithe teoranta do sholáthar seirbhísí a chumhdaítear ina húdarú nó ina fógra i gcomhréir le hAirteagal 19(8).
2. Ní fhéadfaidh ach amháin TLUanna údaraithe lena n-áirítear bainc cheannais a fheidhmeoidh mar TLUanna córais socraíochta urrús a oibriú.
3. Ní bheidh TLU údaraithe rannpháirteach i nduine dlítheanach ach amháin i gcás ina bhfuil a chuid gníomhaíochtaí teoranta do sholáthar seirbhísí a liostaítear i Roinn A agus i Roinn B den Iarscríbhinn, mura ndéanfaidh a húdarás inniúil rannpháirtíocht mar sin a fhormheas ar an mbonn nach ndéanfaidh sé próifíl riosca an TLU a ardú ar bhealach suntasach.
4. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na critéir a shonrú atá le cur san áireamh ag na húdarais inniúla chun rannpháirtíocht i TLUanna i ndaoine dlítheanacha, seachas iad siúd a mbeidh na seirbhísí a leagtar amach i Roinn A agus i Roinn B den Iarscríbhinn á soláthar acu, a fhormheas. Féadfar a áireamh i gcritéir den sórt sin cibé an bhfuil na seirbhísí a chuirfidh an duine dlítheanach sin ar fáil mar chomhlánú ar na seirbhísí a sholáthraíonn TLU nó nach bhfuil agus a mhéid a bheidh TLU neamhchosanta ar dhlítheanais a eascróidh as rannpháirtíocht den sórt sin.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin chuig an gCoimisiún faoin 18 Meitheamh 2015.

Tarmilgítear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### Airteagal 19

#### Gníomhaíochtaí agus seirbhísí a leathnú agus a eisfhoinsiú

1. Cuirfidh TLU údaraíthe iarratas ar údarú faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit bhaile cibé uair ar mian léi seirbhís lárnach a eisfhoinsiú chuig tríú páirtí faoi Airteagal 30 nó a cuid gníomhaíochtaí a leathnú chun ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a áireamh:

- (a) breis seirbhísí lárnacha a liostaítear i Roinn A den Iarscríbhinn nach gcumhdaítear leis an gcéad údarú;
  - (b) seirbhísí coimhdeacha a cheadaítear faoi, ach nach liostaítear go sainráite i Roinn B den Iarscríbhinn nach gcumhdaítear leis an gcéad údarú;
  - (c) oibriú córais socraíochta urrús eile;
  - (d) an ghné airgid ar fad nó cuid den ghné airgid dá chóras socraíochta urrús a shocrú i leabhair de chuid gníomhairachta socraíochta eile;
  - (e) nasc idir-inoibritheachta a bhunú, lena n-áirítear naisc le TLUanna tríú tíortha.
2. Leanfar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 chun údarú a dheonú faoi mhír 1.

Laistigh de thrí mhí tar éis iarratas iomlán a bheith curtha faoina bhráid, cuirfidh an t-údarás inniúil in iúl don TLU is iarratasóir ar deonaíodh an t-údarú dó nó an diúltaíodh é.

3. TLUanna a bhunaítear san Aontas a bhfuil sé beartaithe acu nasc idir-inoibritheach a bhunú, déanfaidh siad iarratas le haghaidh údarú mar a cheanglaítear faoi phointe (e) de mhír 1 leis na húdaráis inniúla faoi seach. Rachaidh na húdaráis sin i gcomhairle lena chéile maidir leis an nasc le TLU a fhorghéas. I gcás cinntí éagsúla agus má chomhaontaíonn an dá údarás inniúla go bhféadfar an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÚM, a fhéadfaidh gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

4. Diúltóidh na húdaráis dá dtagraítear i mír 3 nasc a údarú, i gcás ina gcuirfeadh nasc taisclainne lárnaí urrús feidhmiú rianúil agus ordúil na margaí airgeadais i mbaol nó i gcás ina mbeadh sé mar chúis le riosca sistéamach, agus sa chás sin amháin

5. Naisc idir-inoibritheacha taisclann lárnacha urrús a dhéanfaidh cuid dá seirbhísí a bhaineann leis na naisc idir-inoibritheacha sin a eisfhoinsiú go dtí eintiteas poiblí i gcomhréir le hAirteagal 30(5) agus naisc taisclann lárnach nach dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1, ní bheidh siad faoi réir údarú faoin bpointe sin, ach tabharfar fógra ina leith chuig údarás inniúla agus údarás ábhartha TLUanna sula gcuirfead iad chun feidhme tríd an bhfaisnéis ábhartha uile lena gceadaítear d'údarás mar sin measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas dá bhforáiltear in Airteagal 48.

6. TLU a bhunaítear agus a údaraítear san Aontas, féadfaidh sí nasc a choinneáil nó a bhunú le TLU i dtríú tíortha i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos san Airteagal seo. Nuair a bhunófar naisc le TLUanna i dtríú tíortha ceadófar leis an bhfaisnéis a chuirfidh TLU iarrthach ar fáil don údarás inniúil a mheas an gcomhlíontar na ceanglais faoi Airteagal 48 nó na ceanglais atá coibhéiseach leo siúd dá bhforáiltear in Airteagal 48 leis na naisc sin.

7. Ceanglóidh údarás inniúil TLU iarrtaí ar an TLU sin scor de nasc idir TLUanna a úsáid, ar nasc é ar tugadh fógra ina leith, nuair nach gcomhlíonfar leis an nasc sin na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 48 agus lena gcuirfí i mbaol ar an gcaoi sin feidhmiú rianúil agus ordúil na margatí airgeadais nó a bheadh mar chúis le riosca córasach. I gcás ina gcuireann údarás inniúil de cheanglas ar TLU scor de nasc idir TLUanna a úsáid, leanfaidh sé an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 20(2) agus (3).

8. Ní bheidh na seirbhísí breise coimhdeacha a liostaítear go sainráite i Roinn B den Iarscríbhinn faoi réir údarú, ach cuirfear fógra chuig an údarás inniúil ina leith sula gcuirfear ar fáil iad.

#### Airteagal 20

#### Údarú a tharraingt siar

1. Gan dochar do na gníomhartha nó na bearta leasacháin faoi Theideal V, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit bhaile an t-údarú a tharraingt siar in aon cheann de na cásanna a leanas:

- (a) i gcás nár úsáid TLU an t-údarú ar feadh 12 mhí, i gcás ina dtréigfidh sí an t-údarú go sainráite nó i gcás nach mbeidh seirbhísí ar bith curtha ar fáil aici ná aon ghníomhaíocht déanta aici le linn na sé mhí roimhe sin;
- (b) i gcás ina bhfaighidh TLU an t-údarú trí ráitis bhréige a dhéanamh nó ar aon mhodhanna neamhdhleathacha eile;
- (c) i gcás nach mbeidh na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú á gcomhlíonadh a thuilleadh ag TLU agus nach mbeidh na gníomhaíochtaí leasúcháin atá iarrtha ag an údarás inniúil déanta aici laistigh de thréimhse a shocrófar;
- (d) i gcás ina ndéanfaidh TLU sárú tromchúiseach nó córasach ar an ceanglais a leagtar amach sa Rialachán nó, i gcás inarb infheidhme, i dTreoir 2014/65/AE nó Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

2. A luaithe a bheidh sé ar an eolas faoi cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 1, rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle láithreach leis na húdaráis ábhartha, agus nuair is infheidhme, leis an údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE maidir leis an ngá a bheidh ann an t-údarú a tharraingt siar.

3. Féadfaidh ÚEÚM agus aon údarás ábhartha, agus nuair is infheidhme, leis an údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE, a iarraidh, tráth ar bith, go scrúdóidh údarás inniúil an Bhallstáit bhaile an cás féachaint an bhfuil TLU fós ag comhlíonadh na gcoinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú.

4. Féadfaidh an t-údarás inniúil an tarraingt siar an údaraithe a theorannú ionas nach mbainfidh sé ach le seirbhís, le gníomhaíocht, nó le hionstraim airgeadais ar leith.

5. Déanfaidh TLU nós imeachta leordhóthanach a chur ar bun, a chur chun feidhme agus a chothabháil, lena n-áirítear go ndéanfar sócmhainní na gcliant agus na rannpháirtithe a shocrú go tráthúil agus go hordúil nó a aistriú go tráthúil agus go hordúil go dtí TLU eile i gcás údarú dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt siar.

#### Airteagal 21

#### Clár TLU

1. Cuirfear cinnní a ghlacfaidh údarás inniúla faoi Airteagal 16, Airteagal 19 agus Airteagal 20 in iúl láithreach do ÚEÚM.

2. Cuirfidh na bainc cheannais ÚEÚM ar an eolas gan mhoill mhíchúí faoi aon chóras socraíochta urrús a fheidhmeoidh siad.



3. Cuirfear ainm gach TLU a bheidh ag oibriú i gcomhlíonadh an Rialacháin seo agus ar deonaíodh údarú nó aitheantas di de bhun Airteagal 16, Airteagal 19 agus Airteagal 25 ar chlár ina mbeidh na seirbhísí sonraithe agus, i gcás inarb infheidhme, aicmí d'ionstraimí airgeadais a mbeidh TLU údaraithe ina leith. Áireofar sa chlár sin brainsí a bheidh á n-oibriú ag TLU i mBallstáit eile, naisc idir TLU agus an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 31 nuair a bheidh leas bainte ag na Ballstáit as an deis dá bhforáiltear san Airteagal sin. Déanfaidh UEÚM an liosta a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin tiomnaithe agus coinneoidh sé cothrom le dáta é.

### Roinn 3

#### TLUanna a mhaoirsiú

##### Airteagal 22

#### Athbhreithniú agus meastóireacht

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil, uair sa bhliain ar a laghad, athbhreithniú ar na socruithe, ar na straitéisí, ar na próisis agus ar na sásraí a bheidh curtha i bhfeidhm ag TLU maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo agus déanfaidh sé meastóireacht ar na rioscaí a mbeidh TLU nó a bhféadfadh TLU a bheith neamhchosanta orthu nó a chruthaítear léi i dtaca le dea-fheidhmiú na margáí urrús.
2. Ceanglóidh an t-údarás inniúil ar TLU plean leordhóthanach athshlánaithe a thíolacadh chuig na húdaráis inniúla chun a áirithiú go leanfar lena hoibríochtaí criticiúla.
3. Áiritheoidh an t-údarás inniúil go mbunófar agus go gcoinneofar plean leordhóthanach maidir le réiteach le haghaidh gach taisclainne lárnai urrús i dtreo is go n-áiritheofar a feidhmeanna lárnacha ar a laghad, ag féachaint do mhéid, do thábhacht chórasach, do chineál, do scála agus do chastacht ghníomhaíochtaí TLU lena mbaineann agus d'aon phlean ábhartha maidir le réiteach a bhunófar i gcomhréir le Treoir 2014/59/AE.
4. Is é an t-údarás inniúil a bhunóidh an mhinicíocht a ndéanfar an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 dá réir, agus a ndoimhneacht, ag féachaint do mhéid, do thábhacht chórasach, do chineál, do scála agus do chastacht ghníomhaíochtaí TLU lena mbaineann. Déanfar an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht a thabhairt cothrom le dáta ar a laghad gach bliain.
5. Déanfaidh an t-údarás inniúil cigireachtaí ar an láthair ar TLU.
6. Nuair a bheidh sé i mbun an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle go luath leis na húdaráis ábhartha, go háirithe maidir le feidhmiú na gcóras socraíochta urrús a oibreoidh TLU agus, i gcás inarb infheidhme, leis an údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE.
7. Cuirfidh an t-údarás inniúil na húdaráis ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 12 agus, nuair a bheidh sé infheidhme, an t-údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE, ar an eolas go rialta, agus uair sa bhliain ar a laghad, faoi thorthaí an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear aon ghníomhaíochtaí leasúcháin nó pionóis.
8. Nuair a bheidh siad i mbun an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar TLUanna a chhothóidh na cineálacha caidreamh dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 17(6) an fhaisnéis ar fad ar fáil dá chéile is dóigh a dhéanfaidh a gcuid oibre níos éasca.
9. Cuirfidh an t-údarás inniúil de cheangal ar TLU nach mbeidh ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh aici na bearta nó na céimeanna is gá a dhéanamh go luath chun aghaidh a thabhairt ar an staid sin.

10. Forbróidh ÚEÚM i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn an méid a leanas a shonrú:

- (a) an fhaisnéis a thabharfaidh TLU don údarás inniúil chun críocha an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1;
- (b) an fhaisnéis a thabharfaidh an t-údarás inniúil do na húdaráis ábhartha dá dtagraítear i mír 7;
- (c) an fhaisnéis a thabharfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 8 dá chéile.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

11. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a chinneadh maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 10 a sholáthar.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### R o i n n 4

### **Soláthar seirbhísí i mBallstát eile**

#### *Airteagal 23*

### **Saoirse chun seirbhísí a sholáthar i mBallstát eile**

1. Féadfaidh TLU údaraithe seirbhísí a sholáthar dá dtagraítear san Iarscríbhinn laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear trí bhrainte a chur ar bun, ar chuntar go gcumhdaítear na seirbhísí sin leis an údarú.

2. Maidir le TLU údaraithe a mbeidh sé i gceist aici na croisheirbhísí a chur ar fáil dá dtagraítear i bpointe 1 agus i bpointe 2 de Roinn A den Iarscríbhinn i ndáil le hionstraimí airgeadais a bhunaítear faoi dhlí Ballstáit eile dá dtagraítear in Airteagal 49(1) nó brainse a chur ar bun i mBallstát eile, beidh an TLU sin faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 go mír 7.

3. Más mian le haon TLU na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar laistigh de chríoch Ballstáit eile den chéad uair, nó an raon seirbhísí sin a chuireann sí ar fáil inti a athrú, ní mór di an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit baile:

- (a) an Ballstáit ina mbeidh sé ar intinn ag TLU feidhmiú;
- (b) clár oibríochtaí ina luafar go háirithe na seirbhísí a bheidh sé beartaithe ag TLU a sholáthar;
- (c) an t-airgeadra agus na hairgeadraí a bheidh sé beartaithe ag TLU a phróiseáil;
- (d) i gcás ina mbeidh brainse ann, struchtúr eagraíochtúil an bhrainte agus ainmneacha na ndaoine a bheidh freagrach as bainistiú an bhrainte;

(e) aon uair a bheidh sé ábhartha, measúnú ar na bearta a mbeidh sé i gceist ag TLU a dhéanamh chun go mbeidh a cuid úsáideoirí in ann na dlíthe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 49(1) a chomhlíonadh.

4. Laistigh de thrí mhí ón dáta a bhfaighfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an fhaisnéis sin in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit aíochta ach amháin i gcás ina mbeidh cúiseanna aige, tar éis an soláthar seirbhísí a bheidh beartaithe a chur san áireamh, a bheith amhrasach faoi leordhóthanacht struchtúr riaracháin nó chás airgeadais TLU ar mian léi a cuid seirbhísí a sholáthar sa Bhallstát aíochta.

Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit aíochta na húdaráis ábhartha agus arb as an mBallstát sin iad a chur ar an eolas, gan mhoill, faoi aon teachtaireacht a gheofar faoin gcéad fhomhír.

5. I gcás ina gcinnfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile, i gcomhréir le mír 4, gan an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 3 a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit aíochta, ní mór dó cúiseanna an diúltaithe sin a thabhairt don TLU lena mbaineann laistigh de thrí mhí ón tráth a bhfaighidh sé an fhaisnéis go léir agus cuirfidh sé údarás inniúil an Bhallstáit aíochta ar an eolas faoina chinneadh i ndáil le pointe (a) de mhír 6. I gcás inar roinnfear faisnéis mar fhreagra ar iarratas mar sin, ní eiseoidh údarás inniúil an Bhallstáit aíochta an teachtaireacht dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 6.

6. Féadfaidh TLU tosú ar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar sa Bhallstát aíochta de réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) tar éis di teachtaireacht a fháil ón údarás inniúil sa Bhallstát aíochta ina n-admhófar go bhfuair an t-údarás sin an teachtaireacht dá dtagraítear i mír 4 agus, aon uair a bheidh sé ábhartha, ina ndéanfar an measúnú dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 3 a fhorghnó;

(b) mura bhfaighfear aon teachtaireacht, tar éis trí mhí ó dháta tharchur na teachtaireachta dá dtagraítear i mír 4.

7. I gcás athraithe ar aon chuid den fhaisnéis a chuirfear in iúl i gcomhréir le mír 3, tabharfaidh TLU fógra i scríbhinn maidir leis an athrú sin d'údarás inniúil an Bhallstáit aíochta mí amháin ar a laghad sula gcuirfear an t-athrú chun feidhme. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile údarás inniúil an Bhallstáit aíochta ar an eolas, gan mhoill, faoin athrú sin freisin.

#### *Airteagal 24*

#### **Comhar idir údarás an Bhallstáit bhaile agus údaráis an Bhallstáit aíochta agus athbheithniú píaraí**

1. I gcás ina mbeidh TLU atá údaraithe i mBallstát amháin tar éis brainse a chur ar bun i mBallstát eile, rachaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus údarás inniúil an Bhallstáit aíochta i ndlúthchomhar lena chéile agus a gcuid dualgas dá bhforáiltear sa Rialachán seo á bhfeidhmiú acu, go háirithe agus cigireachtaí ar an láthair á ndéanamh acu sa bhrairse sin. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit bhaile agus údarás inniúil an Bhallstáit aíochta, agus na freagrachtaí atá orthu á bhfeidhmiú acu, cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh sa bhrairse sin tar éis údarás inniúil an Bhallstáit bhaile nó údarás inniúil an Bhallstáit aíochta faoi seach a chur ar an eolas.

2. D'fhéadfadh údarás inniúil an Bhallstáit bhaile nó údarás inniúil an Bhallstáit aíochta a cheangal ar TLUanna a sholáthróidh seirbhísí i gcomhréir le hAirteagal 23 tuairisciú dóibh go tréimhsiúil maidir lena gcuid gníomhaíochtaí sna Ballstáit aíochta sin, lena n-áirítear chun críche staidreamh a bhailiú. Arna iarraidh sin ag údarás inniúil an Bhallstáit bhaile, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit aíochta na tuarascálacha tréimhsiúla sin d'údaráis inniúla an Bhallstáit bhaile.

3. Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát baile TLU, arna iarraidh sin d'údarás inniúil an Bhallstáit aíochta agus gan moill, céannacht na n-eisitheoirí agus na rannpháirtithe a chur in iúl do na córais socraíochta urrús a oibreoidh TLU a sholáthróidh seirbhísí sa Bhallstát aíochta sin chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile maidir le gníomhaíochtaí an TLU sin sa Bhallstát aíochta.

4. Agus cás na margaí urrús sa Bhallstát aíochta á chur san áireamh, má tharlaíonn sé go bhfuil tábhacht shuntasach ag baint le gníomhaíochtaí taisclainne lárnaí urrús ó thaobh na margaí urrús a fheidhmiú agus na hinfheisteoirí a chosaint sa Bhallstát aíochta sin, bunóidh údarás inniúil an Bhallstáit bhaile agus údarás inniúil an Bhallstáit aíochta agus údarás inniúla an Bhallstáit bhaile agus an Bhallstáit aíochta socruithe comhair chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an TLU sin sa Bhallstát aíochta.

Má tharlaíonn sé go bhfuil tábhacht shuntasach ag baint le TLU ó thaobh na margaí urrús a fheidhmiú agus na hinfheisteoirí a chosaint i níos mó ná Ballstát aíochta amháin, féadfaidh an Ballstát baile a chinneadh go n-áireofar coláistí maoirseoirí ar shocruithe comhair den chineál sin.

5. I gcás ina mbeidh forais shoiléire, inléirithe ag údarás inniúil an Bhallstáit aíochta chun a chreidiúint go bhfuil TLU a sholáthraíonn seirbhísí laistigh dá chríoch i gcomhréir le hAirteagal 23 ag sárú na n-oibleagáidí a eascraíonn as forálacha an Rialacháin seo, cuirfidh sé an t-údarás inniúil sa Bhallstát baile agus ÚEÚM ar an eolas faoi.

I gcás ina leanfaidh TLU de ghníomhú ag sárú na n-oibleagáidí a eascraíonn as forálacha an Rialacháin seo, d'ainneoin na bearta a ghlac údarás inniúil an Bhallstáit baile nó toisc nach leor na bearta sin, tar éis dó an scéal a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit baile, glacfaidh údarás inniúil an Bhallstáit aíochta na bearta iomchuí go léir is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Rialacháin seo laistigh de chríoch an Bhallstáit aíochta. Cuirfear ÚEÚM ar an eolas faoi na bearta sin gan mhoill.

Féadfaidh údarás inniúla an Bhallstáit aíochta agus an Bhallstáit baile an cheist a tharchur chuig ÚEÚM, a fhéadfaidh gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

6. Gan dochar d'Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus tar éis dó dul i gcomhairle le comhaltaí CEBC, eagróidh agus déanfaidh ÚEÚM, ar a laghad gach trí bliana, athbhreithniú piaraí ar an maoirseacht a dhéantar ar na TLUanna a bhaineann úsáid as an saoirse chun seirbhísí a sholáthar i mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 23 nó a ghlacann páirt i nasc idir-inoibritheach.

I gcomhthéacs an athbhreithnithe piaraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, iarrfaidh ÚEÚM, i gcás inarb iomchuí, tuairimí nó comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrús agus Margaí dá dtagraítear in Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 67 maidir le bearta chun na critéir a bhunú faoina bhféadfaí a bhreithniú go mbaineann tábhacht shuntasach le hoibríochtaí taisclainne lárnaí urrús i mBallstát aíochta ó thaobh na margaí urrús a fheidhmiú agus na hinfheisteoirí a chosaint sa Bhallstát aíochta sin.

8. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn foirmeacha caighdeánacha, teimpléid agus nósanna imeachta a bhunú don chomhar dá dtagraítear i mír 1, i mír 3 agus i mír 5.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

## Roinn 5

### Caidreamh le tríú tíortha

#### Airteagal 25

#### Tríú tíortha

1. Féadfaidh TLU i dtríú tír seirbhísí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a sholáthar i gcríoch an Aontais lena n-áirítear trí bhrainte a chur ar bun.

2. Gan dochar do mhír 1, maidir le TLU i dtríú tír a mbeidh sé i gceist aici na croísheirbhísí a sholáthar dá dtagraítear i bpointe 1 agus i bpointe 2 de Roinn A den Iarscríbhinn i ndáil le hionstraimí airgeadais a bhunaítear faoi dhlí Ballstáit dá dtagraítear sa dara fhomhír d'Airteagal 49(1) nó brainse a chur ar bun i mBallstát, beidh an TLU sin faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear i mír 4 go mír 11 den Airteagal seo.

3. TLU a bhunaítear agus a údaraítear san Aontas, féadfaidh sí nasc a choinneáil nó a bhunú le TLU i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 48.

4. Tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis dá dtagraítear i mír 5, féadfaidh ÚEÚM aitheantas a thabhairt do TLU i dtríú tír a chuir isteach ar aitheantas a fháil chun na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil cinneadh glactha ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 9;

(b) go bhfuil TLU sa tríú tír faoi réir údarú, maoirsiú agus maoirseachta atá éifeachtach nó, más é banc ceannais a fheidhmíonn an córas socraíochta urrús, tá an taisclann sin faoi réir maoirseachta, lena n-áirítear go ndéanfar na ceanglais stuamachta is infheidhme sa tríú tír sin a chomhlíonadh go hiomlán;

(c) go bhfuil socruithe comhair bunaithe idir ÚEÚM agus na húdaráis sa tríú tír sin atá freagrach (“udaráis sa tríú tír atá freagrach”) de bhun mhír 10;

(d) go ndéanann TLU sa tríú tír na bearta is gá, nuair is ábhartha, lena mbeidh a cuid úsáideoirí in ann dlíthe a chomhlíonadh, ar dlíthe ábhartha náisiúnta an Bhallstáit sin iad ina mbeidh sé i gceist ag TLU sa tríú tír seirbhísí de chuid TLU a sholáthar, lena n-áirítear na dlíthe dá dtagraítear sa dara fhomhír d'Airteagal 49(1), agus tá leordhóthanacht na mbeart sin dearbhaithe ag na húdaráis inniúla sa Bhallstáit sin ina mbeidh sé i gceist ag TLU sa tríú tír seirbhísí de chuid TLU a sholáthar.

5. Agus measúnú á dhéanamh aige an gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in mír 4, rachaidh ÚEÚM i gcomhairle leis na húdaráis seo a leanas:

(a) údaráis inniúla na mBallstát sin ina mbeidh sé i gceist ag TLU sa tríú tír seirbhísí TLU a sholáthar, go háirithe maidir leis an gcaoi a mbeidh sé i gceist ag an TLU sa tríú tír an ceanglas dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 4 a chomhlíonadh;

(b) na húdaráis ábhartha;

(c) na húdaráis atá freagrach sa tríú tír a bhfuil cúram orthu TLUanna a údarú agus a mhaoirsiú.

6. Cuirfidh TLU sa tríú tír dá dtagraítear i mír 2 a hiarratas ar aitheantas faoi bhráid ÚEÚM.

Soláthróidh TLU is iarratasóir an fhaisnéis uile a mheasfar a bheith riachtanach maidir lena haitheantas do ÚEÚM. Laistigh de 30 lá oibre ón iarratas a fháil, déanfaidh ÚEÚM measúnú féachaint an bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine. Mura mbeidh an t-iarratas comhlánaithe, leagfaidh ÚEÚM teorainn ama síos faoina gcaithfidh TLU is iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar.

Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát sin ina mbeidh sé i gceist ag TLU sa tríú tír seirbhísí TLU a sholáthar measúnú ar na dlíthe dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 4 a bheith á gcomhlíonadh ag TLU sa tríú tír agus cuirfidh sí cinneadh lánreasúnaithe in iúl do ÚEÚM an bhfuil an comhlíonadh ann nó gan a bheith ann laistigh de thrí mhí ón dáta a bhfaightear an fhaisnéis uile is gá ó ÚEÚM.

Is ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i mír 4 a dhéanfar an cinneadh faoin aitheantas.

Laistigh de shé mhí ón lá a gcuirfear isteach iarratas comhlánaithe, cuirfidh ÚEÚM in iúl i scríbhinn, le cinneadh cuirreasúnaithe ina iomláine, don TLU is iarratasóir ar deonaíodh an t-aitheantas nó ar diúltaíodh é.

7. Údaráis inniúla na mBallstát sin - ina ndéanfaidh TLU sa tríú tír, agus aitheantas cuí tugtha dó faoi mhír 4, seirbhísí TLU a sholáthar - i ndlúthchomhar le ÚEÚM, féadfaidh siad a iarraidh ar na húdaráis fhreagracha sa tríú tír an méid a leanas a dhéanamh:

(a) tuarascáil a thabhairt ó am go chéile ar ghníomhaíochtaí TLU an tríú tír sna Ballstáit aíochta sin, lena n-áirítear chun staidreamh a bhailiú;

(b) céannacht na n-eisitheoirí agus na rannpháirtithe a chur in iúl, laistigh de thréimhse iomchuí, do na córais socraíochta urrús a oibreoidh an TLU sin sa tríú tír a sholáthraíonn seirbhísí sa Bhallstát aíochta sin chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh TLU an tríú tír sin sa Bhallstát aíochta.

8. Tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis dá dtagraítear i mír 5, déanfaidh ÚEÚM athbhreithniú ar aitheantas a thabhairt don TLU sa tríú tír i gcás ina gcuirfidh an TLU sin síneadh san Aontas lena cuid seirbhísí faoin nós imeachta a leagtar amach i mír 4, i mír 5 agus i mír 6.

Tarraingeoidh ÚEÚM siar an t-aitheantas don TLU sin i gcás nach mbeidh na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 á gcomhlíonadh a thuilleadh nó sna dálaí dá dtagraítear in Airteagal 20.

9. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinnfear go n-áirithítear le socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta tríú tír go gcomhlíonfaidh na TLUanna atá údaraithe sa tríú tír sin ceanglais atá ceangailteach de réir dlí agus atá coibhéiseach, go bunúsach, leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, go bhfuil na TLUanna sin faoi réir maoirsiú, maoirseachta agus forfheidhmiú a bheidh éifeachtach ar bhonn leanúnach sa tríú tír sin agus go ndéanfar foráil le creat dlíthiúil na tríú tíre sin do chóras coibhéiseach éifeachtach chun na TLUanna a údarófar faoi chórais dhlíthiúla tríú tíortha a aithint. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir le an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 68(2).

Sa chinntiú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh an Coimisiún a mheas freisin an léirítear na caighdeáin CPSS-IOSCO sin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta leis na socrúithe dlíthiúla agus maoirseachta tríú tír, sa mhéid nach mbeidh na caighdeáin sin ag teacht salach ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

10. I gcomhréir le hAirteagal 33(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, bunóidh ÚEÚM socrúithe comhair le húdaráis fhreagracha na dtríú tíortha a n-aithneofar go bhfuil a gcreataí dlí agus maoirseachta coibhéiseach leis an Rialachán seo i gcomhréir le mír 9. Sonróidh na socrúithe sin an méid seo a leanas, ar a laghad:

- (a) an sásra don mhalartú faisnéise idir ÚEÚM, na húdaráis inniúla an Bhallstáit aíochta agus na húdaráis fhreagracha, lena n-áirítear rochtain ar gach faisnéis a iarrfaidh ÚEÚM faoi na TLUanna a údarófar i dtríú tíortha agus go háirithe rochtain ar fhaisnéis i gcásanna dá dtagraítear i mír 7;
- (b) an sásra chun fógra pras a thabhairt do ÚEÚM i gcás ina measfaidh údarás freagrach go bhfuil coinníollacha a údaraithe nó dlí eile is infheidhme á sárú ag TLU a mbeidh maoirseacht á déanamh ag an údarás inniúil uirthi;
- (c) na nósanna imeachta maidir le comhordú na ngníomhaíochtaí maoirseachta lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cigireachtaí ar an láthair.

I gcás ina bhforálfar d'aistrithe sonraí pearsanta ag Ballstát i gcomhaontú comhair, comhlíonfar forálacha Threoir 95/46/CE agus na haistrithe sin á ndéanamh agus i gcás ina bhforálfar d'aistrithe sonraí pearsanta ag ÚEÚM i gcomhaontú comhair, comhlíonfar forálacha Rialachán (AE) Uimh. 45/2001 agus na haistrithe sin á ndéanamh.

11. I gcás ina n-aithneofar TLU i dtríú tír, i gcomhréir le mír 4 go mír 8, féadfaidh sí seirbhísí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a sholáthar i gcríoch an Aontais lena n-áirítear trí bhainse a chur ar bun.

12. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn an fhaisnéis a shonrú a sholáthroidh TLU is iarratasóir do ÚEÚM san iarratas a dhéanfaidh sí ar aitheantas faoi mhír 6.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 18 Meitheamh 2015.

Tarmilgítear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

## CAIBIDIL II

### **Ceanglais maidir le TLUanna**

#### Roinn 1

### **Ceanglais eagraíochtúla**

#### *Airteagal 26*

### **Forálacha ginearálta**

1. Beidh socrúithe stóinseacha rialachais ag TLU, lena n-áireofar struchtúr soiléir eagraíochtúil a mbeidh freagrachtaí dea-shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha ann, próisis éifeachtacha chun rioscaí a mbeidh sí nó a bhféadfadh sí a bheith nochta dóibh a shainithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, mar aon le beartais leordhóthanacha luacha saothair agus sásraí leordhóthanacha um rialú inmheánach, lena n-áirítear nósanna imeachta fóna ó thaobh an riaracháin agus na cuntasáíochta de.

2. Glacfaidh TLU beartais agus nósanna imeachta a bheidh sách éifeachtach chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú, lena n-áirítear forálacha uile an Rialacháin seo a bheidh á gcomhlíonadh ag a bainisteoirí agus a fostaithe.

3. Déanfaidh TLU socrúithe eagraíochtúil agus riaracháin éifeachtacha i scríbhinn a chothabháil agus a oibriú chun aon choinbhleachtaí leasa a aithint a d'fhéadfadh a bheith ann idir í féin, lena n-áirítear a bainisteoirí, a fostaithe, comhaltaí an chomhlachta bainistíochta nó aon duine a bhfuil baint dhíreach nó indéreach aige leo, agus a rannpháirtithe nó a gclaint sin. Déanfaidh sí nósanna imeachta leordhóthanacha maidir le réiteach a chothabháil agus a chur chun feidhme nuair a thiocfaidh coimbhleachtaí leasa féideartha chun cinn.

4. Cuirfidh TLU a socrúithe rialachais agus na rialacha lena rialaítear a gníomhaíocht ar fáil don phobal.

5. Beidh nósanna imeachta iomchuí ag TLU le go bhféadfaidh a fostaithe sárúithe ar an Rialachán seo a thuairisciú go himmheánach ar bhealach sonrath.

6. Déanfar iniúchtaí rialta agus neamhspleácha ar thaisclann lárnach urrús. Cuirfear torthaí na n-iniúchtaí sin in iúl don chomhlacht bainistíochta gan mhoill agus cuirfear ar fáil iad don údarás inniúil agus, i gcás inarb iomchuí, agus coimbhleachtaí leasa féideartha idir comhaltaí an choiste úsáideoirí agus TLU á gcur san áireamh, don choiste úsáideoirí.

7. I gcás ina mbeidh TLU mar chuid de ghrúpa gnóthas a mbeidh, go háirithe, TLUanna eile agus institiúidí creidmheasa dá dtagraítear i dTeideal IV, ina measc, glacfaidh sí beartais agus nósanna imeachta mionsonraithe ina sonrath an chaoi ina mbeidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo maidir leis an ngrúpa agus maidir le heintitis éagsúla an ghrúpa.

8. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrath ar leibhéal TLUanna agus ar leibhéal an ghrúpa dá dtagraítear i mír 7:

(a) na huirlisí faireacháin maidir le rioscaí TLUanna dá dtagraítear i mír 1;

(b) freagrachtaí an phríomhphearsanra i leith rioscaí TLUanna dá dtagraítear i mír 1;

(c) na coimbhleachtaí leasa féideartha dá dtagraítear i mír 3;

(d) na modhanna iniúchta dá dtagraítear i mír 6 ar leibhéal TLU agus ar leibhéal an ghrúpa; agus

(e) na cúinsí ina mbeadh sé iomchuí torthaí iniúchta a roinnt leis an gcoiste úsáideoirí i gcomhréir le mír 6, agus na coimbhleachtaí leasa féideartha idir comhaltaí an choiste úsáideoirí agus TLU á gcur san áireamh.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### *Airteagal 27*

#### **An bhainistíocht shinsearach, an comhlacht bainistíochta agus na scairshealbhóirí**

1. Beidh dea-cháil ar lucht bainistíochta sinsearaí taisclainne lárnaí urrús agus beidh a ndóthain taithí acu le háiritiú go ndéanfar bainistiú fóna stuama ar an TLU.

2. Beidh comhlacht bainistíochta ag TLU a mbeidh aon trian ar a laghad dá chomhaltaí, beirt chomhaltaí ar a laghad, neamhspleách.

3. Ní bheidh luach saothair na gcomhaltaí neamhspleácha ná na gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile den chomhlacht bainistíochta nasctha le feidhmíocht ghnó an TLU.



4. Beidh comhaltaí oiriúnacha ar an gcomhlacht bainistíochta a mbeidh dea-cháil orthu i gcoitinne agus a mbeidh meascán iomchuí scileanna, taithí agus eolais acu ar an eintiteas agus ar an margadh. Cinnfidh comhaltaí neamhfheidhmiúcháin an chomhlachta bainistíochta maidir le spriocúimhir ó thaobh ionadaíocht a dhéanamh ar an inscne tearcionadaithe sa chomhlacht bainistíochta agus ullmhóidh siad beartas faoin gcaoi a mhéadófaí líon na ndaoine den inscne tearcionadaithe d'fhonn an sprioc sin a chomhlíonadh. Cuirfear an spriocúimhir sin, an beartas sin agus cur chun feidhme an bheartais sin ar fáil don phobal.

5. Cinnfidh TLU róil agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta go soiléir agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha. Cuirfidh TLU miontuairiscí chruinnithe an chomhlachta bainistíochta ar fáil don údarás bainistíochta agus don iniúchóir má iarrtar sin.

6. Na scairshealbhóirí agus na daoine de chuid an TLU a bheidh in ann rialú a fheidhmiú ar bhainistíocht an TLU, go díreach nó go hindíreach, beidh siad oiriúnach chun bainistiú fóna agus stuama an TLU a áirithiú.

7. Maidir le TLU:

(a) soláthróidh sí don údarás inniúil faisnéis maidir le húinéireacht TLU, agus go háirithe, maidir le céannacht agus scála leasanna aon pháirtithe a bheidh in ann rialú a fheidhmiú ar oibriú TLU agus poibleoidh sí an fhaisnéis sin;

(b) cuirfidh sí in iúl dá húdarás inniúil aon chinneadh chun cearta úinéireachta a aistriú as a n-eascróidh athrú ar chéannacht na ndaoine a fheidhmeoidh rialú ar oibriú an TLU agus iarrfaidh sí formheas a fháil uaidh maidir leis an gcinneadh sin. Tar éis di formheas a fháil óna húdarás inniúil, foilseoidh an TLU aistriú na gcearta úinéireachta sin.

Cuirfidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach an TLU agus a húdarás inniúil ar an eolas, gan aon mhoill mhíchúí, faoina chinneadh a cearta úinéireachta a fháil nó a dhiúscairt agus ar cinneadh é as a n-eascróidh athrú ar chéannacht na ndaoine a fheidhmeoidh rialú ar oibriú an TLU dá réir.

8. Laistigh de 60 lá oibre ón bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 7 a fháil, déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh maidir leis na hathruithe atá beartaithe ar rialú an TLU. Diúltóidh an t-údarás inniúil na hathruithe atá beartaithe ar rialú an TLU a fhorghéas i gcás ina mbeidh forais oibiachtúla agus inléirithe ann chun a chreidiúint go gcuirfidís bainistiú fóna agus stuama an TLU nó cumas an TLU an Rialachán seo a chomhlíonadh i mbaol.

#### Airteagal 28

#### Coiste Úsáideoirí

1. Bunóidh TLU coistí úsáideoirí le haghaidh gach córais socraíochta urrús a oibreoidh sí ar a mbeidh ionadaithe eitheoirí na gcórais socraíochta urrús sin agus a rannpháirtithe. Beidh comhairle an choiste úsáideoirí neamhspleách ar aon tionchar díreach ó lucht bainistíochta an TLU.

2. Saineoidh TLU, ar bhealach neamhidirdhealaitheach, an sainordú do gach coiste úsáideoirí a bhunófar, na socruithe rialachais is gá chun a neamhspleáchas agus a nósanna imeachta oibriúcháin a áirithiú, na critéir iontrála agus an sásra toghcháin le haghaidh comhaltaí an choiste úsáideoirí. Beidh na socruithe rialachais ar fáil don phobal, agus áiritheofar leo go dtuairisceoidh an coiste úsáideoirí go díreach don chomhlacht bainistíochta agus go réachtálfaidh sé cruinnithe rialta.

3. Cuirfidh na coistí úsáideoirí comhairle ar chomhlacht bainistíochta maidir leis na príomhshocruithe a mbeidh tionchar acu ar a gcomhaltaí, lena n-áirítear na critéir chun glacadh le heitheoirí nó rannpháirtithe ina gcórais socraíochta urrús faoi seach agus an leibhéal seirbhíse.

4. Féadfaidh na coistí úsáideoirí tuairim neamhcheangailteach a chur faoi bhráid an chomhlachta bainistíochta ina mbeidh na cúiseanna mionsonraithe maidir le struchtúir phraghsála an TLU.

5. Gan dochar do cheart na n-údarás inniúil a bheith curtha ar an eolas mar is cuí, beidh comhaltaí na gcoistí úsáideoirí faoi cheangal ag forálacha rúndachta. I gcás ina gcinnfidh cathaoirleach an choiste úsáideoirí go bhfuil coibhleacht leasa nó go bhféadfadh coibhleacht leasa a bheith ag comhalta i ndáil le ceist ar leith, ní bheidh cead ag an gcomhalta sin vótáil ar an gceist sin.

6. Cuirfidh TLU an t-údarás inniúil agus an coiste úsáideoirí ar an eolas gan mhoill faoi aon chinneadh lena gcinnfidh an comhlacht bainistíochta gan comhairle de chuid an choiste úsáideoirí a leanúint. Féadfaidh an coiste úsáideoirí an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi aon réimse ina mheasann sé nár leanadh comhairle de chuid an choiste úsáideoirí.

#### *Airteagal 29*

#### **Taifid a choinneáil**

1. Coimeádfaidh TLU a taifid ar fad ar na seirbhísí agus ar na gníomhaíochtaí ar feadh deich mbliana ar a laghad, lena n-áirítear na taifid ar na seirbhísí coimhdeacha dá dtagraítear i Roinn B agus Roinn C den Iarscríbhinn, ionas go bhféadfadh an t-údarás inniúil faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas faoin Rialachán seo.

2. Cuirfidh TLU na taifid dá dtagraítear i mír 1 ar fáil ar iarratas don údarás inniúil agus do na húdaráis ábhartha agus d'aon údarás poiblí eile a bhfuil sé de chumhacht aige, faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí náisiúnta a Ballstáit bhaile, rochtain ar thaifid den sórt sin a cheangal chun a sainordú a chomhlíonadh.

3. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonraí na dtaifead dá dtagraítear i mír 1 a shonrú, ar taifid iad a choimeádfar d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo ag TLUanna.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

4. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun formáid na dtaifead dá dtagraítear i mír 1 a bhunú, ar taifid iad a choimeádfar d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo ag TLUanna.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 18 Meitheamh 2015.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### *Airteagal 30*

#### **Eisfhoinsíú**

1. I gcás ina ndéanfaidh TLU seirbhísí nó gníomhaíochtaí a eisfhoinsíú chuig tríú páirtí, leanfaidh sí de bheith freagrach go hiomlán as a hoibleagáidí go léir a chomhlíonadh faoin Rialachán seo agus comhlíonfaidh sí na coinníollacha seo a leanas i gcónaí:

(a) ní tharmligfear a freagrachtaí mar thoradh ar an eisfhoinsíú;

(b) ní dhéanfar athrú ar chaidreamh ná ar oibleagáidí an TLU i leith a rannpháirtithe nó i leith a heisitheoirí;

(c) ní athróidh na coinníollacha chun an TLU a údarú;

- (d) ní chuirfear cosc de dheasca an eisfhóinsithe ar fheidhmeanna maoirseachta a fheidhmiú, lena n-áirítear rochtain ar an láthair a bheith ar fáil ar fhaisnéis ábhartha a bheidh ag teastáil chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh;
- (e) ní fhágfar TLU gan na córais agus na rialtáin is gá chun na rioscaí a mbeidh aghaidh le thabhairt orthu a bhainistiú de dheasca eisfhóinsíú;
- (f) coinneoidh an TLU an saineolas agus na hacmhainní is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthrófar, ar leordhóthanacht an tsoláthraí seirbhísí ó thaobh eagrúcháin agus caipitil, agus chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na seirbhísí eisfhóinsithe agus na rioscaí a bhaineann le heisfhóinsíú a bhainistiú ar bhonn leanúnach;
- (g) beidh rochtain dhíreach ag an TLU ar fhaisnéis ábhartha na seirbhísí eisfhóinsithe;
- (h) beidh an soláthraí seirbhísí ag comhoibriú go díreach leis an údarás inniúil agus leis na húdaráis ábhartha maidir leis na gníomhaíochtaí eisfhóinsithe;
- (i) áiríteoidh an TLU go gcomhlíonfaidh an soláthraí seirbhísí na caighdeáin a leagtar síos leis an dlí ábhartha um chosaint sonraí a mbeadh feidhm aici dá mbeadh na soláthraithe seirbhísí bunaithe san Aontas. Beidh TLU freagrach as a áirithiú go leagfar amach na caighdeáin sin i gconradh idir na páirtithe agus go gcoinneofar na caighdeáin sin.
2. Déanfaidh an TLU a cearta agus a hoibleagáidí agus cearta agus oibleagáidí an tsoláthraí seirbhísí a shainiú i gcomhaontú scríofa. Ligfear leis an gcomhaontú eisfhóinsithe don TLU deireadh leis an gcomhaontú.
3. Cuirfidh TLU agus soláthraí seirbhísí an fhaisnéis uile is gá ar fáil ar iarratas don údarás inniúil nó do na húdaráis ábhartha chun go mbeidh siad in ann measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo leis na gníomhaíochtaí eisfhóinsithe.
4. Déanfaidh an t-údarás inniúil eisfhóinsíú seirbhíse lárnaí a údarú de réir Airteagal 19.
5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 4 i gcás ina ndéanfaidh TLU roinnt dá seirbhísí nó gníomhaíochtaí a eisfhóinsíú go dtí eintiteas poiblí agus i gcás ina mbeidh an t-eisfhóinsíú sin á rialú ag creat dlíthiúil, rialála agus oibriúcháin tiomnaithe, a ndearna an t-eintiteas poiblí agus TLU ábhartha é a chomhaontú agus a chur ar bhonn foirmiúil go comhpháirteach ar bhonn na gceanglas a bhunaítear sa Rialachán seo.

#### Airteagal 31

#### **Seirbhís arna gcur ar fáil ag páirtithe eile seachas TLUanna**

1. D'ainneoin Airteagal 30 agus i gcás ina n-éilítear sin sa dlí náisiúnta, d'fhéadfadh duine eile seachas TLU a bheith freagrach as cuntais reatha a thairféad i gcuntais urrús a bheidh faoi chothabháil ag TLU.
2. Maidir le Ballstáit a cheadóidh do pháirtithe eile seachas TLU seirbhísí lárnacha áirithe dá dtagraítear i Roinn A den Iarscríbhinn sin i gcomhréir le mír 1 a sholáthar, sonrúidh siad ina ndlí náisiúnta na ceanglais a bheidh infheidhme sa chás sin. Áireofar ar na ceanglais sin forálacha an Rialacháin seo a bheidh infheidhme don TLU agus, i gcás inarb iomchuí, don pháirtí eile lena mbaineann.
3. Maidir le Ballstáit a cheadaíonn do pháirtithe eile seachas TLU seirbhísí lárnacha áirithe dá dtagraítear i Roinn A den Iarscríbhinn sin i gcomhréir le mír 1 a sholáthar, cuirfidh siad in iúl d'ÚEÚM an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le seirbhísí den chineál sin a chur ar fáil, lena n-áirítear a ndlíthe náisiúnta ábhartha.

Cuirfidh ÚEÚM an fhaisnéis sin sa chlár TLU dá dtagraítear in Airteagal 21.

## Roinn 2

**Rialacha maidir le gnó a dhéanamh***Airteagal 32***Forálacha ginearálta**

1. Beidh spriocanna agus cuspóirí a bheidh sainithe go soiléir ag TLU, ar spriocanna agus cuspóirí iad ar féidir a bhaint amach, amhail i réimse na n-íosleibhéal seirbhísí, i réimse na n-ionchas bainistithe riosca agus i réimse na dtosaíochtaí gnó.
2. Beidh rialacha trédhearcacha maidir le láimhseáil gearán ag TLU.

*Airteagal 33***Ceanglais i ndáil le rannpháirtíocht**

1. Maidir le gach córas socraíochta urrús a oibreoidh sí beidh critéir atá nochtá go poiblí maidir le rannpháirtíocht ag TLU, lena gceadófar rochtain chothrom, oscailte do gach duine dlíthiúil a bhfuil sé beartaithe acu a bheith ina rannpháirtithe. Beidh critéir den sórt sin trédhearcach, oibiachtúil, agus neamh-idirdhealaitheach i dtreo is go n-áiríteofar rochtain chothrom agus oscailte ar TLU agus aird chuí á tabhairt do bhaoil do chobhsaíocht airgeadais agus d'ordúlacht na margai. Ní cheadófar critéir a chuireann srian ar rochtain ach amháin a mhéid arb é is cuspóir dóibh riosca sonraithe a rialú ar bhonn dlisteanach don TLU.
2. Déileálfaidh TLU le hiarrataí ar rochtain go pras trí fhreagra ar na hiarrataí sin a chur a fáil laistigh de mhí amháin ar a dhéanaí, agus cuirfidh sí na nósanna imeachta maidir le déileáil le hiarratais ar rochtain ar fáil go poiblí.
3. Ní dhéanfaidh TLU rochtain a dhiúltú do rannpháirtí a chomhlíonfaidh na critéir dá dtagraítear i mír 1 ach amháin má thugtar bonn cirt cuí leis i scríbhinn agus má tá sé bunaithe ar measúnú cuimsitheach riosca.

I gcás diúltaithe, tá sé de cheart ag an rannpháirtí iarrthach gearán a dhéanamh le húdarás inniúil TLU a dhiúltaigh an rochtain.

Déanfaidh an t-údarás inniúil sin iniúchadh cuí ar an ngearán trí mheasúnú a dhéanamh ar na cúiseanna leis an diúltú agus tabharfaidh sé freagra réasúnaithe don rannpháirtí iarrthach.

Rachaidh an t-údarás inniúil sin i gcomhairle leis an údarás inniúil in áit bhunaithe an rannpháirtí iarrthaigh maidir leis an measúnú a dhéanfaidh sé ar an ngearán. I gcás nach n-aontóidh údarás an rannpháirtí iarrthaigh leis an measúnú a chuirfead ar fáil, féadfaidh aon cheann den dá údarás inniúil an cheist a chur faoi bhráid ÚEÚM, a fhéadfaidh gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

I gcás ina measfar go bhfuil diúltú TLU chun rochtain a thabhairt don rannpháirtí iarrthach éagórach, eiseoidh údarás inniúil an TLU a dhiúltaigh rochtain a thabhairt ordú lena gceanglófar ar an TLU sin rochtain a thabhairt don rannpháirtí iarrthach.

4. Beidh nósanna imeachta oibiachtúla agus trédhearcacha ag TLU maidir le rannpháirtithe nach gcomhlíonfaidh na critéir maidir le rannpháirtíocht dá dtagraítear i mír 1 a thuilleadh a chur ar fionraí agus a scor go hordúil.

5. Déanfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt le go sonrófar na baol atá le cur san áireamh ag TLUanna agus measúnú cuimsitheach riosca á dhéanamh acu, agus ag údarás inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar na cúiseanna a bhaineann le diúltú i gcomhréir le mír 3 agus le gnéithe an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 18 Meitheamh 2015.

Tarmilgítear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

6. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid a bhunú i gcomhair an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 18 Meitheamh 2015.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### *Airteagal 34*

#### **Trédhearcacht**

1. Déanfaidh TLU na praghsanna agus na táillí a bhaineann leis na seirbhísí lárnacha a sholáthraítear a nochtadh go poiblí maidir le gach córas socraíochta urrús a oibreoidh sí, agus maidir le gach ceann de na seirbhísí lárnacha eile a chuirfidh sí ar fáil a liostaítear i gCuid A den Iarscríbhinn. Nochtfaidh sí na praghsanna agus táillí ar gach seirbhís agus ar gach feidhm a chuirfear ar fáil ar leithligh, lena n-airítear lascaíní agus aisíocaíochtaí mar aon leis na coinníollacha chun tairbhe a bhaint as na lagduithe sin. Ligfidh sí dá cliaint rochtain leithleach a bheith acu ar na seirbhísí ar leith a chuirtear ar fáil.
2. Foilseoidh TLU a phraghasliosta chun comparáid idir thairiscintí a éascú agus chun cur ar chumas cliant an praghas a bheidh le híoc acu chun úsáid a bhaint as na seirbhísí a réamh-mheas.
3. Beidh TLU faoi cheangal ag an mbeartas praghsála foilsithe atá aici dá seirbhísí lárnacha.
4. Tabharfaidh TLU faisnéis dá chliant lena mbeifear in ann na sonraise a réiteach leis na praghasliostaí foilsithe.
5. Déanfaidh TLU faisnéis a nochtadh do na cliant go léir lena bhféadfaidh siad na rioscaí a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthrófar a mheas.
6. Tabharfaidh TLU cuntas go leithleach i dtaobh chostais agus ioncaim na seirbhísí lárnacha a sholáthrófar agus nochtfaidh sí an fhaisnéis sin don údarás inniúil.
7. Tabharfaidh TLU cuntas i dtaobh chostais agus ioncaim na seirbhísí coimhdeacha a sholáthrófar ar an iomlán agus nochtfaidh sí an fhaisnéis sin don údarás inniúil.
8. D'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtach rialacha iomaíochta an Aontais a áirithiú agus aithint thras-fhóirdheonú na seirbhísí coimhdeacha ag seirbhísí lárnacha, *inter alia*, a éascú, coinneoidh TLU cuntas anailíse dá gníomhaíochtaí. Le cuntais anailíse den chineál sin, déanfar na costais agus na hioncaim a bhaineann le gach ceann dá seirbhísí lárnacha a dheighilt ó na costais agus na hioncaim a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha.

#### *Airteagal 35*

#### **Nósanna imeachta cumarsáide le rannpháirtithe agus le bonneagair eile mhargaidh**

Maidir le nósanna imeachta cumarsáide TLUanna le rannpháirtithe na gcóras socraíochta urrús a oibríonn siad agus leis na bonneagair mhargaidh a mbíonn idirphlé acu leo, úsáidfidh na TLUanna nósanna imeachta agus caighdeáin cumarsáide idirnáisiúnta oscailte i leith sonraí teachtaireachtaí agus tagartha chun taifeadadh, íocaíocht agus socrú éifeachtúil a éascú.

## Roinn 3

**Ceanglais maidir le seirbhísí TLU***Airteagal 36***Forálacha ginearálta**

Beidh rialacha agus nósanna imeachta iomchuí ag TLU le haghaidh gach córais socraíochta urrús a oibreoidh sí, lena n-áirítear rialtáin agus cleachtais chuntasaíochta stóinsithe, d'fhonn cabhrú chun sláine eisiúintí urrús a áirithiú, agus na rioscaí a bhaineann le hidirbhearta urrús a choimeád slán agus a shocrú a laghdú agus a bhainistiú.

*Airteagal 37***Sláine na heisiúna**

1. Glacfaidh TLU bearta réitigh iomchuí le fíorú go bhfuil líon na n-urrús a bheidh i gceist in eisiúint urrús nó i gcuid d'eisiúint urrús a chuirfear faoi bhráid TLU cothrom le suim na n-urrús a thairfeadtar ar chuntais urrús rannpháirtithe an chórais socraíochta urrús a oibreoidh an TLU agus, i gcás inarb ábhartha, ar chuntais úinéara a choinneoidh an TLU. Déanfar na bearta réitigh sin go laethúil ar a laghad.

2. I gcás inarb iomchuí, agus má tá baint ag eintitis eile leis an bpróiseas réitigh maidir le heisiúint urrús áirithe, amhail an t-eisitheoir, na cláraitheoirí, na gníomhairí eisiúna, na gníomhairí aistrithe, na taisceoirí coiteanna, TLUanna eile nó eintitis eile, déanfaidh TLU agus eintitis den chineál sin bearta comhair agus malartaithe faisnéise leordhóthanacha a eagrú lena chéile ionas go gcoinneofar sláine na heisiúna.

3. Ní cheadófar rótharraingtí urrús, iarmhéideanna dochair ná cruthú urrús i gcóras socraíochta urrús a oibreoidh TLU.

4. Forbróidh ÚEÚM i ndlúthchomhar le comhaltaí an CEBC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na bearta réitigh a ghlacfaidh TLU faoi mhír 1, mhír 2 agus mhír 3 a shonrú.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 38***Urrúis na rannpháirtithe' agus a gcliant' a chosaint**

1. Coinneoidh TLU taifid agus cuntais maidir le gach córas socraíochta urrús a oibreoidh sí, lena gcuirfear ar a cumas, aon tráth agus gan mhoill, sna cuntais leis an TLU, urrúis rannpháirtí amháin a leithscaradh ó urrúis aon rannpháirtí eile agus, más infheidhme, ó shócmhainní an TLU féin.

2. Coinneoidh TLU taifid agus cuntais lena gcuirfear ar chumas aon rannpháirtí leithscaradh a dhéanamh idir urrúis an rannpháirtí sin agus urrúis chliant an rannpháirtí.

3. Coinneoidh TLU taifid agus cuntais lena gcuirfear ar chumas aon rannpháirtí na hurrúis ar leo cliant dhifriúla an rannpháirtí sin iad a shealbhú in aon chuntas urrús amháin ('leithscaradh cliant comhthiomsaithe').

4. Coinneoidh TLU taifid agus cuntais lena gcuirfear ar chumas rannpháirtí leithscaradh a dhéanamh idir urrúis gach duine d'aon chliant an rannpháirtí sin, arna iarraidh sin don rannpháirtí sin agus dá réir mar a iarraidh sé ('leithscaradh cliant aonair').

5. Tairgfidh rannpháirtí dá chliant, ar laghad, an rogha idir leithscaradh cliant comhthiomsaithe agus leithscaradh cliant aonair agus cuirfidh sé ar an eolas iad maidir leis na costais agus na rioscaí a bhaineann le gach rogha.

Maidir le TLU agus a rannpháirtithe, áfach, cuirfidh siad leithscaradh cliant aonair ar fáil do shaoránaigh agus chónaitheoirí Ballstáit agus do dhaoine atá bunaithe i mBallstát ina cheanglaítear sin faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit faoin mbunaithe na hurrúis, de réir mar a mbeidh sé 17 Meán Fómhair 2014. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin chomh fada agus nach leasaítear an dlí náisiúnta ná nach n-aisghairtear é agus fad atá cuspóirí na hoibleagáide bailí fós.

6. Nochtfaidh TLUanna agus na rannpháirtithe go poiblí na leibhéil chosanta agus na costais a bhaineann leis na leibhéil éagsúla leithscartha a chuirfidh siad ar fáil agus tairgfidh siad na seirbhísí sin ar théarmaí tráchtála réasúnacha. Sna mionsonraí maidir leis na leibhéil éagsúla leithscartha, áireofar cur síos ar na príomh impleachtaí dlíthiúla maidir leis na leibhéil leithscartha faoi seach a bheidh á dtairiscint, lena n-áirítear an dlí dócmhainneachta a bheidh infheidhme sna dlínsí lena mbaineann.

7. Ní bhainfidh TLU úsáid as urrúis nach léi iad chun aon chríoch. Féadfaidh TLU úsáid a bhaint as urrúis rannpháirtí, áfach, i gcás ina mbeidh toiliú sainráite an rannpháirtí faighte aici roimh ré. Cuirfidh TLU de cheangal ar a rannpháirtithe toiliú is gá leis a fháil roimh ré óna gcliainnt.

#### *Airteagal 39*

#### **Críochnaitheacht socraíochta**

1. Áiritheoidh TLU go gcuirfidh an córas socraíochta urrús a oibreoidh sí cosaint leormhaith ar fáil do rannpháirtithe. Déanfaidh na Ballstáit an córas socraíochta urrús a oibreoidh TLU a ainmniú agus a fhógairt de réir na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2 de Threoir 98/26/CE.

2. Áiritheoidh TLU go sainmhíneoidh gach córas socraíochta urrús a oibreoidh sí an tráth a dtiocfaidh orduithe aistrithe isteach sa chóras socraíochta urrús sin mar aon leis an bpointe do-athraitheachta i gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 5 de Threoir 98/26/CE.

3. Nochtfaidh TLU na rialacha lena rialófar an críochnaitheacht aistrithe urrús agus airgid thirim i gcóras socraíochta urrús.

4. Beidh feidhm ag mír 2 agus ag mír 3 gan dochar do na forálacha is infheidhme maidir le naisc TLU agus gan dochar do mhír 8 d'Airteagal 48.

5. Glacfaidh TLU gach céim réasúnta chun a áirithiú, i gcomhréir leis na rialacha dá dtagraítear i mír 3, go mbainfear amach críochnaitheacht aistrithe urrús agus airgid dá dtagraítear i mír 3 i bhfíoram nó in ionlae agus i gcás ar bith ar tráth nach déanaí na deireadh an lae ghnó ar a mbeidh an dáta socraíochta iarbhír.

6. I gcás ina dtairgeann TLU na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 40(2), áiritheoidh sí go mbeidh na fáiltais airgid a bhaineann le socraíochtaí urrús ar fáil d'fhaighteoirí lena n-úsáid tráth nach déanaí ná deireadh an lae ghnó ar a mbeidh an dáta socraíochta atá beartaithe.

7. Gach idirbheart urrús i gcoinne airgid idir rannpháirtithe díreacha córais socraíochta urrús a oibreoidh TLU agus a shocrófar sa chóras socraíochtaí urrús sin, socrófar iad ar bhonn soláthair in áit íocaíochta.

#### *Airteagal 40*

#### **Socraíocht airgid**

1. I gcás idirbheart a ainmneofar in airgeadra na tíre ina dtarlóidh an tsocraíocht tráth ar bith a mbeidh sé praiticiúil agus ar fáil, socróidh TLU íocaíochtaí airgid a córas socraíochta urrús trí bhíthin cuntas a osclófar le banc ceannais na heisiúna a fheidhmeoidh faoi réir an airgeadra is ábhartha sin.

2. Nuair nach mbeidh sé praiticiúil socraíocht a dhéanamh i gcuntais an bhainc ceannais, mar a fhoráiltear i mír 1, ná nuair nach mbeidh an tsocraíocht ar fáil, féadfaidh TLU tairiscint a dhéanamh na híocaíochtaí airgid a shocrú le haghaidh a córas socraíochta urrús ar fad nó le haghaidh cuid díobh trí bhíthin cuntas a osclófar le hinstitiúid chreidmheasa, nó tríd a cuntais féin. Má dhéanann TLU tairiscint socraíocht i gcuntais a osclófar le hinstitiúid chreidmheasa nó trína cuntais féin, déanfaidh sí é sin i gcomhréir le forálacha Theideal IV.

3. Áiritheoidh TLU, maidir le haon fhaisnéis a sholáthrófar do rannpháirtithe an mhargaidh faoi na rioscaí agus na costais a bhaineann le socraíocht i gcuntais institiúidí creidmheasa nó tríd a cuntais féin, gur fhaisnéis shoiléir, chothrom í agus nach fhaisnéis mhíthreorach atá inti. Cuirfidh TLU faisnéis leordhóthanach ar fáil do chliaint nó do chliaint a d'fhéadfadh a bheith ann, chun go mbeidh siad in ann na rioscaí agus na costais a bhaineann le socraíocht i gcuntais institiúidí creidmheasa nó tríd a cuntais féin a shainaithint agus a mheas agus soláthróidh sé an fhaisnéis sin arna iarraidh sin.

#### *Airteagal 41*

#### **Rialacha agus nósanna imeachta maidir le mainneachtain rannpháirtí**

1. Maidir le gach córas socraíochta urrús a oibreoidh sí beidh rialacha agus nósanna imeachta éifeachtacha a shaineofar go soiléir ag TLU chun mainneachtain rannpháirtí amháin nó níos mó dá chuid a bhainistiú lena n-áirítheofar go nglacfaidh TLU gníomhaíocht thráthúil chun cailteanais agus brúnna leachtachta a rialú agus go leanfaidh sí ar aghaidh ag comhlíonadh a hoibleagáidí.

2. Cuirfidh TLU a rialacha agus nósanna imeachta ábhartha maidir le mainneachtain ar fáil don phobal.

3. Tabharfaidh TLU faoi thástáil agus faoi athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil ar a nósanna imeachta mainneachtana i gcomhpháirt lena rannpháirtithe agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun a áirithiú go mbeidh siad praiticiúil agus éifeachtach.

4. Chun feidhmiú comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, féadfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### Roinn 4

### **Ceanglais stuamachta**

#### *Airteagal 42*

#### **Ceanglais ghinearálta**

Glacfaidh TLU creat bainistithe riosca fóna chun rioscaí dlíthiúla, gnó, oibriúcháin agus rioscaí díreacha nó indíreacha eile a bhainistiú go cuimsitheach, lena n-áirítear bearta chun calaois agus faillí a mhaolú.

#### *Airteagal 43*

#### **Rioscaí dlíthiúla**

1. Chun críche a húdaraithe agus a maoirseachta, agus chun a cliaint a chur ar an eolas, beidh ag TLU rialacha, nósanna imeachta agus conarthaí a bheidh soiléir agus intuigthe le haghaidh na gcóras socraíochta urrús a oibreoidh sí agus gach seirbhís eile a chuirfidh sí ar fáil.

2. Déanfaidh TLU a rialacha, a nósanna imeachta agus a conarthaí a cheapadh ionas gur féidir iad a fhorfheidhmiú i ngach dlínse ábhartha, lena n-áirítear i gcás mhainneachtain rannpháirtí.

3. Maidir le TLU a mbeidh seirbhísí á soláthar aici faoin rialachán seo i ndlínsí éagsúla, glacfaidh sí gach céim réasúnta chun na rioscaí a eascróidh as easaontachtaí féideartha dlíthe sna dlínsí éagsúla a shainaithint agus a mhaolú.

#### *Airteagal 44*

#### **Riosca ginearálta gnó**

Beidh córais agus uirlisí bainistithe agus rialaithe TF stóinsithe ag TLU chun rioscaí ginearálta gnó a shainaithint agus a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear cailteanais ó dhrochfheidhmiú straitéisí gnó, ó shreafa diúltacha airgid agus ó speansais mhóra oibriúcháin.



*Airteagal 45***Rioscaí oibriúcháin**

1. Sainaitheoidh TLU na foinsí a bhaineann le riosca oibriúcháin, idir inmheánach agus seachtrach, agus íoslaghdóidh sí a dtionchar trí bhíthin uirlisí TF, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, lena n-áirítear le haghaidh na gcóras socraíochta urrús go léir a oibreoidh sí.
2. Coimeádfaidh TLU uirlisí TF iomchuí chun ardleibhéal slándála agus iontaofachta oibriúcháin a áirithiú, ag a mbeidh acmhainneacht leordhóthanach freisin. Déileálfar go leordhóthanach le castacht, le héagsúlacht agus le cineál na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí a bheidh á bhfeidhmiú trí bhíthin uirlisí TF d'fhonn ardchaighdeán slándála, agus sláine agus rúndacht na faisnéise a choimeádfar a áirithiú.
3. I gcás na seirbhísí a chuirfidh sí ar fáil, ceapfaidh TLU beartas leormhaith leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste a mbeidh sé d'aidhm acu a seirbhísí a choinneáil slán, a hoibriúcháin a athshlánú go tráthúil agus oibleagáidí TLU a chomhlíonadh i gcás imeachtaí lena mbainfeadh riosca suntasach go gcuirfí isteach ar oibriúcháin agus cuirfidh TLU iad sin i bhfeidhm agus coinneoidh sé ar bun iad.
4. Leis an bplean dá dtagraítear i mír 3, forálfar do théarnamh gach idirbhiirt agus gach seasaimh rannpháirtí tráth an chur isteach ionas go bhféadfaidh rannpháirtithe TLU leanúint ag oibriú faoi chinnteacht agus socraíocht a dhéanamh ar an dáta sceidealta, lena n-áirítear trína áirithiú go mbeifear in ann córais TF chriticiúla a chur ag obair arís go pras. Cuirfear san áireamh ann an dara láithreán próiseála a chur ar bun leis na hacmhainní, na cumais agus na feidhmiúlachtaí leordhóthanacha mar aon le socrúithe cuí foirne.
5. Déanfaidh TLU clár tástálacha ar na socrúithe dá dtagraítear i mír 1 go mír 4 a phleanáil agus a thabhairt chun críche.
6. Sainaitheoidh agus bainisteoidh TLU na rioscaí ó thaobh a hoibriúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le príomh-rannpháirtithe sna córais socraíochta urrús a oibreoidh sí, agus le soláthraithe seirbhísí agus fóntais, le TLUanna eile nó le bonneagair eile mhargaidh agus déanfaidh sí faireachán orthu. Cuirfidh sí faisnéis ar fáil don na húdaráis inniúla agus ábhartha maidir le haon riosca den chineál sin a shainaitheofar, arna iarraidh sin.

Cuirfidh sí an t-údarás inniúil agus na húdaráis ábhartha ar an eolas freisin gan mhoill faoi aon imeacht oibriúcháin a eascróidh as rioscaí den chineál sin.

7. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeán theicniúla rialála d'fhonn an méid seo a leanas a shainiú; na rioscaí oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 6, na modhanna chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, iad a thástáil nó a íoslaghdú, lena n-áirítear na beartais leanúnachais gnó agus na pleananna athshlánaithe ó thubaiste dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 agus na modhanna chun measúnú a dhéanamh orthu.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeán theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmilgítear an chumhacht don Choimisiún na caighdeán theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 46***Beartas infheistíochta**

1. Déanfaidh TLU a sócmhainní airgeadais a shealbhú i mbainc cheannais, in institiúidí creidmheasa údaráithe nó i dTLUanna údaráithe.
2. Beidh rochtain phras ag TLU ar a sócmhainní nuair is gá.
3. Ní infheisteoidh TLU a hacmhainní airgeadais ach in airgead tirim nó in ionstraimí airgeadais fíorleachtacha a mbaineann riosca íosta margaidh agus creidmheasa leo. Beifear in ann na hinfeistíochtaí sin a leachtú go tapa gan ach éifeacht dhíobhálach an-bheag a imirt ar phraghsanna.

4. Maidir le méid an chaipitil, lena n-áirítear tuilleamh coimeádta agus cúlchistí de chuid taisclainne lárnaí urrús, nach mbeidh infheistithe i gcomhréir le mír 3, ní chuirfear san áireamh é chun críocha Airteagal 47(1).

5. Áiritheoidh TLU gur laistigh de theorainneacha inghlactha comhchruinnithe a bheidh a neamhchosaint fhoriomlán ar riosca d'aon institiúid creidmheasa údaraithe nó aon TLU údaraithe ar leith lena sealbhóidh sí a sócmhainní airgeadais.

6. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrú na hionstraimí airgeadais is féidir a mheas a bheith fíorleachtach, lena mbaineann riosca íosta creidmheasa agus margaidh amhail dá dtagraítear i mír 3, an tréimhse iomchuí le haghaidh rochtana ar shócmhainní dá dtagraítear i mír 2 agus na teorainneacha comhchruinnithe dá dtagraítear i mír 5. Déanfar dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, i gcás inarb iomchuí, a ailíniú leis na caighdeáin theicniúla rialála a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 47(8) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### *Airteagal 47*

#### **Ceanglais chaipitil**

1. Beidh caipiteal, chomh maith le tuilleamh coimeádta agus cúlchistí de chuid taisclainne lárnaí urrús comhréireach leis na rioscaí a thig a gníomhaíochta TLU. Beidh sé leordhóthanach i gcónaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) a áirithiú go mbeidh TLU cosanta go leormhaith ar rioscaí oibriúcháin, dlíthiúla, coimeádta, infheistíochta agus gnó, ionas gur féidir leis TLU leanúint de sheirbhísí a sholáthar mar ghnóthas leantach;
- (b) a áirithiú go ndéanfar foirceannadh ordúil nó athstruchtúrú ar ghníomhaíochtaí TLU thar thréimhse iomchuí de shé mhí ar a laghad faoi réir raon cásanna struis.

2. Coimeádfaidh TLU plean maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) caipiteal breise a chruinniú i gcás ina ndruidfidh a caipiteal cothromais gar do na ceanglais a leagtar síos i mír 1 nó má thiteann sé faoi bhun an méid sin;
- (b) foirceannadh ordúil nó athstruchtúrú a hoibríochtaí agus a seirbhísí a áirithiú i gcás nach bhfuil TLU in ann caipiteal nua a chruinniú.

Déanfaidh an comhlacht bainistithe nó coiste iomchuí eile den chomhlacht bainistíochta an plean a fhorhmeas agus a nuashonrú go rialta. Cuirfear gach nuashonrú ar an bplean ar fáil don údarás inniúil. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chur de cheangal ar TLU bearta breise a ghlacadh nó foráil de chineál eile a dhéanamh i gcás ina measann an t-údarás inniúil nach bhfuil an plean a bheidh ag an TLU leordhóthanach.

3. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ÚEÚM agus le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú ceanglais maidir le caipiteal, tuilleamh coimeádta agus cúlchistí de chuid taisclainne lárnaí urrús dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

## Roinn 5

**Ceanglais maidir le nasc idir TLUanna***Airteagal 48***Nasc idir TLUanna**

1. Sula ndéanfar nasc idir TLUanna a bhunú, agus ar bhonn leanúnach a luaithe a bhunófar an nasc idir TLUanna, déanfaidh gach TLU lena mbaineann na foinsí féideartha riosca dóibh féin agus dá rannpháirtithe a eascróidh ón nasc idir TLUanna a shainithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus déanfaidh siad faireachán orthu agus déanfaidh siad bearta iomchuí a ghlacadh chun na rioscaí sin a mhaolú.

2. Déanfaidh TLUanna a mbeidh sé ar intinn acu nasc a bhunú iarratas ar údarú a thíolacadh chuig údarás inniúil TLU iarrataí mar a cheanglaítear uirthi a dhéanamh faoi phointe (e) d'Airteagal 19(1) nó fógra a chur chuig údaráis inniúla nó ábhartha TLU iarrataí mar a cheanglaítear faoi Airteagal 19(5).

3. Cuirfidh nasc cosaint leordhóthanach ar fáil do na TLUanna a bheidh nasctha agus dá rannpháirtithe, go háirithe maidir le creidmheasanna féideartha a glacfaidh TLUanna agus na rioscaí comhchruinnithe agus leachtachta a bheidh mar thoradh ar an socrú maidir leis an nasc.

Tacóidh socrú conarthach iomchuí le nasc, ar socrú é ina leagfar amach cearta agus oibleagáidí faoi seach TLUanna a bheidh nasctha agus, i gcás inar gá, rannpháirtithe TLUanna chomh maith. Déanfar foráil i socrú conarthach lena mbainfidh impleachtaí trasdlínse maidir le rogha shoiléir dlí lena rialófar gach gné d'oibríochtaí an naisc.

4. I gcás aistrithe shealadaigh urrús idir TLUanna a bheidh nasctha, beidh cosc ar urrúis a athaistriú sula gcuirfear an chéad aistriú i gcrích.

5. Déanfaidh TLU a úsáidfidh nasc indíreach nó idirghabhálaí chun nasc idir TLUanna a fheidhmiú le TLU eile na rioscaí breise a eascróidh as úsáid an naisc indíreach nó an idirghabhálaí sin a thomhas agus a bhainistiú agus déanfaidh sí faireachán orthu agus déanfaidh sí bearta iomchuí a ghlacadh chun iad a mhaolú.

6. Beidh nósanna imeachta réitigh stóinsithe ag TLUanna a bheidh nasctha chun a áirithiú go mbeidh a dtairfid féin cruinn.

7. I ngeall ar nasc idir TLUanna, beifear in ann socraíocht ina mbeidh soláthar in áit íocaíochta i gceist a dhéanamh i gcás idirbheart idir rannpháirtithe TLUanna a bheidh nasctha, aon tráth ar féidir agus nuair atá sin praiticiúil. Maidir le cúiseanna mionsonraithe ar aon nasc idir TLUanna nach gceadaítear socraíocht ina mbeidh soláthar in áit íocaíochta i gceist leis, cuirfear in iúl iad do na húdaráis inniúla agus ábhartha.

8. Bunófar i gcórais socraíochta urrús idir-inoibritheacha agus i TLUanna a úsáideann comhbhonneagar socraíochta pointí comhionanna maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an tráth a dtiocfaidh orduithe aistrithe isteach sa chóras;

(b) do-athraitheacht orduithe aistrithe;

Úsáidfidh na córais socraíochta urrús agus TLUanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír na rialacha coibhéiseacha maidir leis an tráth a dtiocfaidh críochnaitheacht aistrithe urrús agus airgid.

9. Faoin 18 Meán Fómhair 2019 beidh na nasc idir-inoibritheacha uile idir TLUanna a oibríonn sna Ballstáit ina nasc lena dtugtar tacaíocht do shocraíocht ina mbeidh soláthar in áit íocaíochta i gceist.

10. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn an méid seo a leanas a shainiú: na coinníollacha dá bhforáiltear i mír 3 faoina ndéantar foráil i ngach cineál socraithe naisc maidir le cosaint leormhaith a thabhairt do na TLUanna a bheidh nasctha agus dá rannpháirtithe, go háirithe nuair a bheartóidh TLU bheith rannpháirteach i gcóras socraíochta urrús a oibreoidh TLU eile, faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí breise dá dtagraítear i mír 5 a easróidh as úsáid idirghabhálaithe, na modhanna réitigh dá dtagraítear i mír 6, na cásanna ina mbeidh réiteach bunaithe ar sholáthar in áit íocaíochta trí naisc idir taisclanna lárnach urrús phraiticiúil agus indéanta, rud dá bhforáiltear i mír 7 agus maidir leis na modhanna chun measúnú a dhéanamh orthu.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

### CAIBIDIL III

#### **Rochtain ar TLUanna**

#### Roinn 1

#### **Rochtain eisitheoirí ar TLUanna**

#### *Airteagal 49*

#### **Saoirse chun eisiúint a dhéanamh i TLU a bheidh údaraithe san Aontas**

1. Beidh sé de cheart ag eisitheoir socrú a dhéanamh go ndéanfar a urrúis a ligfear isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte, nó ar STLanna, a thrádálfar ar ionaid thrádála, a thairfead in aon TLU bunaithe in aon Bhallstát, faoi réir an choinníll go gcomhlíonfaidh an TLU sin na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 23.

Gan dochar do cheart an eisitheora dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh feidhm i gcónaí ag dlí corparáideach nó a chomhionann sa Bhallstát faoina mbunaítear na hurrúis.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfead liosta i dtoll a chéile dá bpríomhfhórála ábhartha dlí, dá dtagraítear sa dara fhomhír. Cuirfidh údarás inniúla an liosta sin ar aghaidh chuig ÚEÚM faoin 18 Nollaig 2014. Foilseoidh ÚEÚM an liosta sin faoin 18 Eanáir 2015.

Féadfaidh TLU táille tráchtála réasúnta a ghearradh as a seirbhísí a thairiscint d'eisitheoirí ar bhonn costais plus, mura gcomhaontóidh an dá pháirtí a mhalairt.

2. I gcás ina gcuirfidh eisitheoir iarraidh isteach ar a urrúis a thairfeadh i dTLU, tabharfaidh TLU faoin iarraidh sin go pras agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus cuirfidh sí freagra ar fáil don eisitheoir iarrthach laistigh de thrí mhí.

3. Féadfaidh TLU diúltú seirbhísí a chur ar fáil d'eisitheoir. Déanfar diúltú den sórt sin ar bhonn measúnú cuimsitheach riosca nó i gcás nach gcuirfidh TLU na seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (1) de Roinn A den larscríbhinn ar fáil maidir le hurrúis bunaithe faoi dhlí corparáideach nó faoina chomhionann sa Bhallstát ábhartha.

4. Gan dochar do Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(1)</sup> agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún<sup>(2)</sup>, i gcás ina ndiúltóidh TLU seirbhísí a chur ar fáil d'eisitheoir, cuirfidh sí na cúiseanna iomlána lena diúltú ar fáil i scríbhinn don eisitheoir iarrthach.

(1) Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí (IO L 309, 25.11.2005, lch. 15).

(2) Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2006 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sainmhíniú ar dhaone atá faoi lé na polaitíochta agus na critéir theicniúla maidir le nósanna imeachta simplithe díchill chuí do chustaiméirí agus díolúine ar fhorais gníomhaíochta airgeadais nach ndéantar ach ar bhonn ócáideach nó ar bhonn an-teoranta (IO L 214, 4.8.2006, lch. 29).

I gcás diúltaithe, beidh sé de cheart ag an eisitheoir iarrthach gearán a dhéanamh le húdarás inniúil TLU a dhiúltaigh a seirbhísí a chur ar fáil.

Déanfaidh údarás inniúil an TLU sin iniúchadh cuí ar an ngearán trí mheasúnú a dhéanamh ar na cúiseanna leis an diúltú a thug TLU agus tabharfaidh sé freagra réasúnaithe don eisitheoir.

Rachaidh údarás inniúil freagrach TLU i gcomhairle leis an údarás inniúil in áit bhunaithe an eisitheora iarrthaigh maidir leis an measúnú a dhéanfaidh sé ar an ngearán. I gcás nach n-aontóidh údarás inniúil áit bhunaithe an eisitheora iarrthaigh leis an measúnú sin, féadfaidh aon cheann den dá údarás inniúil an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÚM, a fhéadfaidh gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

I gcás ina measfar go bhfuil diúltú TLU a seirbhísí a chur ar fáil don eisitheoir éagórach, eiseoidh an t-údarás inniúil a bheidh freagrach ordú lena gceanglófar ar an TLU sin a seirbhísí a chur ar fáil don eisitheoir iarrthach.

5. Déanfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt le go sonróf ar na baol atá le cur san áireamh ag TLUanna agus measúnú cuimsitheach riosca á dhéanamh acu, agus ag údarás inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar na cúiseanna a bhaineann le diúltú i gcomhréir le mír 3 agus mír 4, agus gnéithe an nós imeachta dá dtagraítear i mír 4.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin chuig an gCoimisiún faoi 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

6. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid a bhunú i gcomhair an nós imeachta dá dtagraítear i mír 4.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiún faoin 18 Meitheamh 2015.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

## Roinn 2

### **Rochtain idir TLUanna**

#### *Airteagal 50*

#### **Rochtain chaighdeánach ar nasc**

Beidh sé de cheart ag TLU a bheith ina rannpháirtí de TLU eile agus nasc caighdeánach a bhunú leis an TLU sin i gcomhréir le hAirteagal 33 agus faoi réir réamhfhógra an naisc idir TLUanna dá bhforáiltear faoi Airteagal 19(5).

#### *Airteagal 51*

#### **Rochtain ar nasc saincheaptha**

1. I gcás ina n-iarrfaidh TLU amháin ar TLU eile nasc saincheaptha a bhunú ionas go mbeidh rochtain ar TLU eile sin, ní fhéadfaidh TLU is faighteoir an iarraidh sin a dhiúltú ach amháin ar bhonn cúinsí riosca. Ní fhéadfaidh sé iarraidh a dhiúltú mar gheall ar sciar den mhargadh a chailliúint.

2. Féadfaidh TLU is faighteoir táille tráchtála réasúnta ar bhonn costais plus a ghearradh ar TLU iarrthach as rochtain shaincheaptha ar nasc a chur ar fáil, mura gcomhaontóidh an dá pháirtí a mhalairt.

*Airteagal 52***Nós imeachtaí do naisc taisclainne lárnaí urrús**

1. Nuair a chuirfidh TLU iarraidh isteach ar rochtain ar TLU eile de bhun Airteagal 50 agus Airteagal 51, láimhseálfaidh an dara TLU an iarraidh sin go pras agus cuirfidh sí freagra chuig TLU iarrthach laistigh de thrí mhí.

2. Ní dhéanfaidh TLU rochtain a dhiúltú do TLU is iarrthóir ach amháin i gcás ina mbagródh rochtain den sórt sin ar fheidhmiú réidh rianúil na margaí airgeadais nó i gcás ina mbeadh sí ina cúis le riosca sistéamach. Ní fhéadfar an diúltú sin a bhunú ach ar measúnú cuimsitheach riosca agus uirthi sin amháin.

I gcás ina ndiúltóidh TLU rochtain, cuirfidh sí na cúiseanna iomlána lena diúltú ar fáil don TLU iarrthach.

I gcás diúltaithe, tá sé de cheart ag an TLU is iarrthóir gearán a dhéanamh le húdarás inniúil TLU a dhiúltaigh rochtain.

Déanfaidh údarás inniúil an TLU is faighteoir iniúchadh cuí ar an ngearán trí mheasúnú a dhéanamh ar na cúiseanna leis an diúltú agus tabharfaidh sé freagra réasúnaíthe don TLU iarrthach.

Rachaidh údarás inniúil TLU is faighteoir i gcomhairle le húdarás inniúil TLU iarrthaí agus le húdarás ábhartha TLU iarrthaí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 12(1) maidir leis an measúnú a dhéanfaidh sé faoin ngearán. I gcás nach n-aontaíonn aon cheann d'údarás TLU iarrthaí leis an measúnú a chuirfear ar fáil, féadfaidh aon cheann de na húdarás an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÚM, a fhéadfaidh gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a bronnadh air faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

I gcás ina measfar go bhfuil diúltú TLU rochtain a thabhairt don rannpháirtí iarrthach éagórach, eiseoidh údarás inniúil TLU is faighteoir ordú lena gceanglófar ar an TLU sin rochtain a dheonú don TLU iarrthach.

3. Déanfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt le go sonróf ar na baol atá le cur san áireamh ag TLUanna agus measúnú cuimsitheach riosca á dhéanamh acu, agus ag údarás inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar na cúiseanna a bhaineann le diúltú i gcomhréir le mír 2 agus le gnéithe an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin chuig an gCoimisiún faoi 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

4. Forbróidh ÚEÚM i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid a bhunú i gcomhair na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 18 Meitheamh 2015.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

## Roinn 3

**Rochtain idir TLU agus bonneagar eile mhargaidh***Airteagal 53***Rochtain idir TLU agus bonneagar eile mhargaidh**

1. Cuirfidh contrapháirtí lárnach agus ionad trádála fothaí idirbheart ar fáil ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach do TLU arna iarraidh sin don TLU agus féadfaidh siad táille tráchtála réasúnta a ghearradh as na fothaí idirbheart sin ar TLU iarrthach ar bhonn costais plus, mura gcomhaontóidh an dá pháirtí a mhalairt.

Soláthróidh TLU rochtain ar a córais socraíochta urrús ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach do chontrapháirtí lárnach nó d'ionad trádála agus féadfaidh sí táille tráchtála réasúnta a ghearradh as an rochtain sin ar bhonn costais plus, mura gcomhaontóidh an dá pháirtí a mhalairt.

2. Nuair a chuirfidh páirtí iarraidh ar rochtain faoi bhráid páirtí eile i gcomhréir le mír 1, láimhseálfar an iarraidh sin go pras agus cuirfear freagra chuig an bpáirtí iarrthach laistigh de thrí mhí.

3. Ní fhéadfaidh an páirtí is faighteoir rochtain a dhiúltú ach amháin dá gcuirfeadh an rochtain sin isteach ar fheidhmiú réidh rianúil na margaí airgeadais nó dá mbeadh sí ina cúis le riosca sistéamach. Ní fhéadfaidh sé iarraidh a dhiúltú mar gheall ar sciar den mhargadh a chailliúint.

Cuirfidh páirtí a dhiúltaíonn rochtain cúiseanna iomlána ar fáil i scríbhinn don pháirtí iarrthach maidir leis an diúltú sin bunaithe ar measúnú cuimsitheach riosca. I gcás diúltaíthe, tá sé de cheart ag an bpáirtí iarrthach gearán a dhéanamh le húdarás inniúil an pháirtí a dhiúltaigh an rochtain.

Déanfaidh údarás inniúil an pháirtí is faighteoir agus an t-údarás inniúil dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 12(1) iniúchadh cuí ar an ngearán trí mheasúnú a dhéanamh ar na cúiseanna leis an diúltú agus tabharfaidh sé freagra réasúnta don pháirtí iarrthach.

Rachaidh údarás inniúil an pháirtí is faighteoir i gcomhairle le húdarás inniúil an pháirtí iarrthaigh agus leis an údarás ábhartha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 12(1) maidir leis an measúnú a dhéanfaidh sé faoin ngearán. I gcás nach n-aontaíonn aon cheann d'údarás an pháirtí iarrthaigh leis an measúnú a chuirfear ar fáil, féadfaidh aon cheann díobh an t-ábhar a tharchur chuig ÚEÚM, a fhéadfaidh gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a bronnadh air faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

I gcás ina measfar go bhfuil diúltú ó pháirtí rochtain a dheonú éagórach, eiseoidh an t-údarás inniúil freagrach ordú lena gceanglófar ar an bpáirtí sin rochtain ar a sheirbhísí a dheonú laistigh de thrí mhí.

4. Déanfaidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt le go sonrú na baoil atá le cur san áireamh ag TLUanna agus measúnú cuimsitheach riosca á dhéanamh acu, agus ag údarás inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar na cúiseanna a bhaineann le diúltú i gcomhréir le mír 3 agus le gnéithe an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin chuig an gCoimisiún faoi 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

5. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid a bhunú i gcomhair an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### TEIDEAL IV

### FORÁIL DO SHEIRBHÍSÍ COIMHDEACHA DE CHINEÁL BAINCÉIREACHTA A CHUR AR FÁIL DO RANNPHÁIRTITHE TLUanna

#### Airteagal 54

#### Údarú agus ainmniú chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincÉireachta a sholáthar

1. Ní sholáthróidh TLU aon cheann de na seirbhísí coimhdeacha de chineál baincÉireachta a leagtar amach in Roinn C den Iarscríbhinn mura mbeidh údarú breise faighte aici chun seirbhísí den chineál sin a chur ar fáil i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Maidir le TLU a mbeidh intinn aici an ghné airgid a shocrú le haghaidh a córas socraíochta urrús ar fad nó le haghaidh cuid díobh i gcomhréir le hAirteagal 40(2) nó más mian léi aon seirbhísí coimhdeacha de chineál baincÉireachta a sholáthar i gcomhréir le mír 1, beidh sí údaraithe chun ceann de na nithe a leanas a dhéanamh:

(a) seirbhísí den chineál sin a sholáthar í féin faoi na coinníollacha a shonraítear san Airteagal seo; nó

(b) ceann amháin nó níos mó de na hinstiúidí creidmheasa údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2013/36/AE a ainmniú chun na críche sin.

3. I gcás ina lorgóidh TLU seirbhísí coimhdeacha a chur ar fáil ón taobh istigh den eintiteas dlíthiúil céanna leis an eintiteas dlíthiúil a oibreoidh an córas socraíochta urrús, ní dheonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 2 ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

(a) go n-údaráítear TLU mar institiúid chreidmheasa dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Threoir 2013/36/AE;

(b) go gcomhlíonfaidh TLU na ceanglais stuamachta mar a leagtar síos in Airteagal 59(1), (3) agus (4) iad agus na ceanglais mhaoirseachta a leagtar síos in Airteagal 60;

(c) gur chun na seirbhísí coimhdeacha de chineál baincÉireachta dá dtagraítear i Roinn C den Iarscríbhinn a chur ar fáil, agus chuige sin amháin, a úsáidfear an t-údarú dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo agus ní chun aon ghníomhaíochtaí eile a dhéanamh;

(d) go mbeidh TLU faoi réir muirir chaipitil lena léirítear na rioscaí, lena n-áirítear rioscaí creidmheasa agus leachtachta, atá mar thoradh ar chreidmheas ionlae a chur ar fáil, *inter alia*, do rannpháirtithe i gcóras socraíochta urrús nó d'úsáideoirí eile na seirbhísí taisclainne lárnaí urrús;

(e) go dtuairisceoidh TLU go míosúil ar a laghad don údarás inniúil agus go bliantúil mar chuid dá nochtadh poiblí mar a cheanglaítear uirthi faoi Chuid a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le méid agus bainistiú a rioscaí leachtachta ionlae i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 59(4) den Rialachán seo;

(f) go mbeidh plean leordhóthanach athshlánaithe tíolacaithe ag TLU chuig an údarás inniúil chun a áirithiú go leanfar lena n-oibríochtaí criticiúla lena n-áirítear i gcás ina mbeidh criostalú ar leachtacht nó riosca creidmheasa mar thoradh ar na seirbhísí coimhdeacha de chineál baincÉireachta a chur ar fáil;



I gcás ina leagtar forálacha codarsnacha síos sa Rialachán seo, i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i dTreoir 2013/36/AE, comhlíonfaidh an TLU dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fómhír den pointe seo na ceanglais níos déine maidir le maoirseacht stuamachta. Soiléireofar leis na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 47 agus Airteagal 59 den Rialachán seo na cásanna ina bhfuil forálacha codarsnacha.

4. I gcás ina lorgóidh TLU institiúid chreidmheasa a ainmniú chun aon seirbhísí coimhdeacha atá de chineál baincéireachta a chur ar fáil ón taobh istigh d'eintiteas dlíthiúil ar leith a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den ghrúpa gnóthas a bheidh faoi rialú an mháthairghnóthais chéanna ar deireadh, ní dheonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 2 ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

- (a) go n-údaráítear an t-eintiteas dlíthiúil ar leith mar institiúid chreidmheasa dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Threoir 2013/36/AE;
- (b) go gcomhlíonfaidh an t-eintiteas dlíthiúil ar leith na ceanglais stuamachta mar a leagtar síos in Airteagal 59(1), (3) agus (4) agus na ceanglais mhaoirseachta a leagtar síos in Airteagal 60;
- (c) nach ndéanann an t-eintiteas dlíthiúil ar leith féin aon cheann de na seirbhísí dá dtagraítear i Roinn A den Iarscríbhinn;
- (d) gur chun na seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta dá dtagraítear i Roinn C den Iarscríbhinn a chur ar fáil, agus chuige sin amháin, a úsáidtear an t-údarú dá dtagraítear i bpointe (a) agus ní chun aon ghníomhaíochtaí eile a dhéanamh;
- (e) go mbeidh an t-eintiteas dlíthiúil ar leith faoi réir muirir chaipitil bhreise lena léirítear na rioscaí, lena n-áirítear rioscaí creidmheasa agus leachtachta, atá mar thoradh ar chreidmheas ionlae a chur ar fáil, *inter alia*, do rannpháirtithe i gcóras socraíochta urrús nó úsáideoirí eile na seirbhísí taisclainne lárnaí urrúis;
- (f) go dtuairisceoidh an t-eintiteas dlíthiúil ar leith go míosúil ar a laghad don údarás inniúil agus go bliantúil mar chuid dá nochtadh poiblí mar a cheanglaítear uirthi faoi Chuid a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le méid agus bainistiú a rioscaí ionlae i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 59(4) den Rialachán seo; agus
- (g) go mbeidh plean leordhóthanach athshlánaithe tíolacaithe ag an eintiteas dlíthiúil ar leith chuig an údarás inniúil chun a áirithiú go leanfar lena n-oibríochtaí criticiúla lena n-áirítear i gcásanna ina mbeidh criostalú ar leachtacht nó riosca creidmheasa mar thoradh ar na seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a chur ar fáil ón taobh istigh d'eintiteas dlíthiúil ar leith.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir le hinstitiúidí creidmheasa dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 a dhéanfaidh tairiscint na híocaíochtaí airgid a shocrú le haghaidh córas socraíochta urrús TLU, más rud é gur lú luach iomlán na socraíochta airgid sin trí chuntais a osclófar leis na hinstitiúidí creidmheasa sin, a ríomhtar thar tréimhse bliana, ná aon faoin gcéad de luach iomlán gach beart urrús i gcoinne airgid a shocrófar i leabhair TLU agus nach mó é ná EUR 2,5 billiún sa bhliain.

Déanfaidh an t-údarás inniúil faireachán uair sa bhliain ar a laghad ar an tairseach a shainítear sa chéad fómhír, d'fhonn féachaint an bhfuiltear á hurráim, agus tuairisceoidh sé a thorthaí do UEÚM. Má chinneann an t-údarás inniúil gur sáraíodh an tairseach, cuirfidh sé de cheangal ar TLU lena mbaineann údarú a lorg i gcomhréir le mír 4. Tíolacfaidh TLU lena mbaineann a hiarratas ar údarú laistigh de shé mhí.

6. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chur de cheangal ar TLU insitiúid chreidmheasa amháin nó níos mó a ainmniú, nó insitiúid chreidmheasa a ainmniú mar aon leis na seirbhísí a chur ar fáil í féin i gcomhréir le pointe (a) de mhír 2 den Airteagal seo i gcás ina measfaidh sé nach bhfuil dóthain maolaithe á dhéanamh ar neamhchosaint institiúide creidmheasa amháin ar na rioscaí comhchruinnithe faoi Airteagal 59(3) agus (4). Measfar gur gníomhairí socraíochta iad na hinstitiúidí creidmheasa ainmnithe.

7. Comhlíonfaidh TLU a údaraítear chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar agus institiúid chreidmheasa a ainmnítear i gcomhréir le pointe (b) de mhír 2, na coinníollacha riachtanacha faoin Rialachán seo le haghaidh údaraithe i gcónaí, agus fógróidh sí, gan mhoill, aon athruithe substaintiúla a dhéanfaidh difear na coinníollacha údaraithe do na húdaráis inniúla.

8. Forbróidh ÚBE, i ndlíthchomhar le ÚEÚM agus le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an muirear breis caipítíl, rioscabhunaithe dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 3 agus i bpointe (e) de mhír 4 a chinneadh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmilgítear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### Airteagal 55

### **Nós imeachta chun údarú a dheonú agus a dhiúltú i dtaca le seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar**

1. Cuirfidh TLU a hiarratas ar údarú chun institiúid chreidmheasa a ainmniú nó chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar faoi bhráid údarás inniúil a Ballstát bhaile mar a cheanglaítear faoi Airteagal 54.

2. Beidh an fhaisnéis ar fad a bheidh riachtanach san iarratas le go bhféadfaidh an t-údarás inniúil a bheith sásta gur bhunaigh TLU agus, i gcás inarb infheidhme, an institiúid chreidmheasa ainmnithe, tráth an údaraithe, na socrúithe ar fad is gá chun a n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Beidh clár oibríochtaí ann ina leagfar amach na seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a bheidh beartaithe, eagrúchán struchtúrach na gcaidreamh idir TLU agus na hinstitiúidí creidmheasa ainmnithe, i gcás inarb infheidhme, agus an chaoi a mbeidh sé i gceist ag TLU nó i gcás inarb infheidhme, ag an institiúid chreidmheasa ainmnithe sin na ceanglais stuamachta a chomhlíonadh mar a leagtar síos faoi Airteagal 59(1), (3) agus (4) iad agus na coinníollacha eile a leagtar síos in Airteagal 54.

3. Cuirfidh an t-údarás inniúil an nós imeachta i bhfeidhm faoi Airteagal 17(3) agus (8).

4. Ón tráth a measfar go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe, tarchuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis go léir san iarratas chuig na húdaráis seo a leanas:

(a) na húdaráis ábhartha;

(b) An t-údarás inniúil ábhartha dá dtagraítear i bpointe (40) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) na húdaráis inniúla sna Ballstáit ina bhfuil TLU i ndiaidh naisc idir-inoibritheacha a bhunú le TLU eile ach amháin i gcás ina mbeidh naisc idir-inoibritheacha bunaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(5);

(d) na húdaráis inniúla sa Bhallstát aíochta ina mbeidh tábhacht shubstaintiúil ag roinnt le gníomhaíochtaí TLU chun na margaí urrús a fheidhmiú agus chun infheisteoirí de réir bhrí Airteagal 24(4) a chosaint;

(e) na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rannpháirtithe TLU atá bunaithe sna trí Bhallstát a mbeidh na luachanna socraíochta is mó acu i gcóras socraíochta urrús TLU ar bhonn comhiomlán thar thréimhse bliana;

(f) ÚEÚM; agus

(g) ÚBE.

5. Tabharfaidh na húdaráis dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) de mhír 4 tuairim réasúnaithe maidir leis an údarú laistigh de 30 lá ón bhfaisnéis a fháil dá dtagraítear i mír 4. I gcás nach gcuirfidh údarás tuairim ar fáil laistigh den sprioc-am sin, glacfar leis go bhfuil tuairim dhearfach aige.

I gcás ina n-eiseoidh údarás amháin dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) de mhír 4, ar a laghad, tuairim dhiúltach réasúnaithe, tabharfaidh an t-údarás inniúil ar mian leis an t-údarú a dheonú, laistigh de 30 lá, cinneadh réasúnaithe lena dtabharfar aghaidh ar an tuairim dhiúltach do na húdaráis dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) de mhír 4.

I gcás ina n-eiseoidh aon cheann de na húdaráis dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) de mhír 4, tuairim dhiúltach 30 lá tar éis an cinneadh sin a chur i láthair agus, fós, gur mian leis an údarás inniúil an t-údarú a dheonú, féadfaidh aon cheann de na húdaráis a d'eisigh tuairim dhiúltach an t-ábhar a tarchur chuig ÚEÚM, chun cúnaimh a fháil faoi phointe (c) d'Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh 1095/2010.

I gcás nach ndéanfar socrú faoin tsaincheist 30 lá tar éis í a tharchur chuig ÚEÚM, glacfaidh an t-údarás inniúil ar mian leis an t-údarú a dheonú, an cinneadh deiridh agus cuirfidh sé míniú mionsonraithe ar fáil i scríbhinn maidir lena chinneadh do na húdaráis dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) de mhír 4.

I gcás inar mian leis an údarás inniúil diúltú don údarú, ní dhéanfar an cheist a tharchur chuig ÚEÚM.

Sa tuairim dhiúltach sin luafar i scríbhinn na cúiseanna iomlána mionsonraithe nach bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo nó i gcodanna eile de dhlí an Aontais á gcomhlíonadh.

6. I gcás ina measann ÚEÚM gur dheonaigh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 údarú a bhféadfadh sé nach bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais, gníomhóidh sé i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

7. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC agus ÚEB, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonraítear an fhaisnéis a chuirfidh TLU ar fáil don údarás inniúil chun na húdaruithe ábhartha a fháil i dtaca le soláthar seirbhísí de chineál baincéireachta a bheidh coimhdeach le socraíocht.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 18 Meitheamh 2015.

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

8. Forbróidh ÚEÚM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC agus ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú, le haghaidh comhairliúcháin na n-údarás dá dtagraítear i mír 4 roimh údarú a dheonú.

Cuirfidh ÚEÚM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

#### *Airteagal 56*

#### **Leathnú ar sheirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta**

1. TLU a mbeidh sé i gceist aici leathnú a dhéanamh ar na seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta agus a ainmneoidh institiúid chreidmheasa ina leith sin, nó a sholáthróidh sí féin i gcomhréir le hAirteagal 54, cuirfidh sí iarraidh ar leathnú faoi bhráid údarás inniúil a Ballstát bhaile.

2. Beidh an iarraidh ar leathnú faoi réir an nós imeachta faoi Airteagal 55.

*Airteagal 57*

**Údarú a tharraingt siar**

1. Gan dochar do ghníomhaíochtaí leasúcháin nó do bhearta faoi Theideal V, déanfaidh údarás inniúil Bhallstát baile an TLU na húdaruithe dá dtagraítear in Airteagal 54 a tharraingt siar in aon cheann de na dálaí seo leanas:
- (a) i gcás nach n-úsáidfidh TLU an t-údarú laistigh de 12 mhí, i gcás ina dtréigfidh sí an t-údarú go sainráite nó i gcás nach mbeidh seirbhísí ar bith curtha ar fáil ag an institiúid chreidmheasa ainmnithe nó aon ghníomhaíocht déanta aici i rith na sé mhí roimhe sin;
- (b) i gcás ina bhfaighidh TLU an t-údarú trí ráitis bhréige a dhéanamh nó ar aon mhodhanna neamhdhleathacha eile;
- (c) i gcás nach mbeidh na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú á gcomhlíonadh a thuilleadh ag TLU nó ag an institiúid chreidmheasa ainmnithe agus nach mbeidh na gníomhaíochtaí leasúcháin atá iarrtha ag an údarás inniúil déanta aici laistigh de thréimhse a shocrófar;
- (d) i gcás ina mbeidh TLU nó an institiúid chreidmheasa ainmnithe tar éis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a shárú go córasach agus go tromchúiseach.
2. A luaithe a bheidh sé ar an eolas faoi cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 1, rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle láithreach leis na húdaráis ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 55(4) maidir leis an riachtanas an t-údarú a tharraingt siar.
3. Féadfaidh ÚEÚM, aon údarás ábhartha faoi phointe (a) d'Airteagal 12(1) agus aon údarás dá dtagraítear in Airteagal 60(1) nó, na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 55(4) faoi seach, tráth ar bith, a iarraidh go scrúdódh údarás inniúil Bhallstát baile an TLU an bhfuil TLU agus, i gcás inarb infheidhme, an institiúid chreidmheasa ainmnithe fós ag comhlíonadh na gcoinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú.
4. Féadfaidh an t-údarás inniúil an tarraingt siar a theorannú ionas nach mbainfidh sé ach le seirbhís, le gníomhaíocht, nó le hionstraim airgeadais ar leith.
5. Déanfaidh TLU agus an institiúid chreidmheasa ainmnithe nós imeachta leordhóthanach a chur ar bun, a chur chun feidhme agus a chothabháil lena n-áirítheofar go ndéanfar sócmhainní na gcliant agus na rannpháirtithe a shocrú agus a aistriú go tráthúil agus go hordúil chuig gníomhaire socraíochta eile i gcás údarú a tharraingt siar dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 58*

**Clár de TLUanna**

1. Tabharfar fógra do ÚEÚM maidir le cinní a ghlacfaidh údaráis inniúla faoi Airteagal 54, faoi Airteagal 56 agus faoi Airteagal 57.
2. Cuirfidh ÚEÚM an fhaisnéis seo a leanas ar an gclár nach mór dó a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin tiomnaithe i gcomhréir le hAirteagal 21(3):
- (a) ainm gach taisclainne lárnaí urrús a bhí faoi réir cinnidh faoi Airteagal 54, Airteagal 56 agus Airteagal 57;
- (b) ainm gach institiúide creidmheasa ainmnithe;
- (c) an liosta de sheirbhísí coimhdeacha de chineál baincíreachta a bhfuil institiúid chreidmheasa ainmnithe nó TLU a údaraítear faoi Airteagal 54 údaraithe chun iad a chur ar fáil do rannpháirtithe TLU.

3. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ÚEÚM maidir leis na heintitis sin a chuirfidh seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta ar fáil de réir cheanglais an dlí náisiúnta faoin 16 Nollaig 2014.

*Airteagal 59*

**Ceanglais stuamachta is infheidhme maidir le hinstiúidí creidmheasa nó TLUanna a bheidh údaraithe chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a chur ar fáil**

1. Soláthróidh instiúid chreidmheasa a ainmneofar faoi phointe (b) d'Airteagal 54(2) nó TLU a údarófar faoi phointe (a) d'Airteagal 54(2) chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar, arb iad na seirbhísí sin amháin a leagtar amach i Roinn C den larscríbhinn a chuimsítear faoin údarú.

2. Comhlíonfaidh instiúid chreidmheasa a ainmneofar faoi phointe (b) d'Airteagal 54(2) nó TLU a údarófar faoi phointe (a) d'Airteagal 54(2) chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar, aon reachtaíocht atá nó a bheidh ann is infheidhme maidir le hinstiúidí creidmheasa.

3. Comhlíonfaidh instiúid chreidmheasa a ainmneofar faoi phointe (b) d'Airteagal 54(2) nó TLU a údarófar faoi phointe (a) d'Airteagal 54(2) chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar, na ceanglais shonracha stuamachta seo a leanas maidir leis na rioscaí creidmheasa a bhaineann leis na seirbhísí sin i ndáil le gach córas socraíochta urrús:

- (a) bunóidh sí creat stóinsithe chun na rioscaí creidmheasa comhfhreagracha a bhainistiú;
- (b) sainaithneoidh sí foinsí an riosca creidmheasa sin go minic agus go rialta, tomhaisfidh sí neamhchosaintí creidmheasa comhfhreagracha agus déanfaidh sí faireachán orthu agus úsáidfidh sí uirlisí iomchuí um bainistiú riosca chun na rioscaí sin a rialú;
- (c) cumhdóidh sí neamhchosaintí creidmheasa comhfhreagracha go hiomlán ar iasachtaithe aonair ag baint úsáide as comhthaobhacht agus as acmhainní airgeadais coibhéiseacha eile;
- (d) má úsáidtear comhthaobhacht chun a riosca creidmheasa comhfhreagrach a bhainistiú, glacfaidh sí le comhthaobhacht atá an-leachtacht lena mbaineann an riosca is lú creidmheasa agus margaidh; féadfaidh sí cineálacha eile comhthaobhachta a úsáid i ndálaí sonracha má chuirtear caolchorrlach iomchuí i bhfeidhm;
- (e) bunóidh sí agus cuirfidh sí i bhfeidhm caolchorráligh choimeádacha iomchuí agus teorannacha comhchruinnithe ar luachanna comhthaobhachta atá bunaithe chun na neamhchosaintí creidmheasa dá dtagraítear i bpointe (c) a chumhdach, agus na cuspóirí go bhféadfar comhthaobhacht a leachtú go pras á gcur san áireamh gan éifeachtaí díobhálacha suntasacha a imirt ar phraghasanna;
- (f) leagfaidh sí síos teorainneacha ar a cuid neamhchosaintí creidmheasa comhfhreagracha;
- (g) déanfaidh sí anailís agus pleanálfad sí an bealach chun aghaidh a thabhairt ar aon neamhchosaintí creidmheasa iarmharaigh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus glacfaidh sí rialacha agus nósanna imeachta chun na pleananna sin a chur chun feidhme;
- (h) ní sholáthróidh sí creidmheas ach amháin do rannpháirtithe a mbeidh cuntais airgid acu léi;
- (i) déanfaidh sí foráil le haghaidh nósanna imeachta éifeachtacha aisíocaíochta maidir le creidmheas ionlae agus molfaidh sí gan creidmheas thar oíche a úsáid trí rátaí smachtbhannaí a fheidhmiú a bheidh mar bhac éifeachtach.

4. Comhlíonfaidh instiúid chreidmheasa a ainmneofar faoi phointe (b) d'Airteagal 54(2) nó TLU a údarófar faoi phointe (a) d'Airteagal 54(2) chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar, na ceanglais shonracha stuamachta seo a leanas maidir leis na rioscaí creidmheasa a bhaineann leis na seirbhísí sin i ndáil le gach córas socraíochta urrús:

- (a) beidh creat stóinsithe agus uirlisí aici chun a cuid rioscaí leachtachta a thomhas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear rioscaí leachtachta ionlae, maidir le gach airgeadra den chóras socraíochta urrús a ghníomhóidh sí mar ghníomhaire socraíochta ina leith;

- (b) tomhaisfidh sí agus déanfaidh sí faireachán ar bhonn leanúnach agus tráthúil, agus ar bhonn laethúil ar a laghad, ar a riachtanais leachtachta agus leibhéal na sócmhainní leachtacha a bheidh á sealbhú aici; agus é sin á dhéanamh aici, cinnfidh sí luach na sócmhainní leachtacha atá ar fáil di agus caolchorraigh iomchuí na sócmhainní sin á gcur san áireamh aici;
- (c) beidh acmhainní leachtacha leordhóthanacha aici i ngach airgeadra ábhartha le haghaidh seirbhísí socraíochta a sholáthar go tráthúil faoi raon leathan cásanna struis lena n-áirítear an riosca leachtachta a ghinfidh mainneachtain aon rannpháirtí ar a laghad, ach gan a bheith teoranta dó, lena n-áirítear a máthairghnóthas agus fochuideachtaí, a mbeidh na neamhchosaintí is mó aici ina leith;
- (d) maolóidh sí na rioscaí leachtachta comhfhreagracha le hacmhainní leachtacha cáiliúcháin i ngach airgeadra amhail airgead ag an mbanc lárnach eisiúna agus ag institiúidí airgeadais inchairde eile, línte creidmheasa tiomanta eile nó socrúithe comhchosúla agus comhthaobhacht an-leachtacht nó infheistíochtaí a bheidh ar fáil gan stró agus inchomhshóite in airgead le socrúithe cistiúcháin ardiontaofa agus réamshocrúithe, fiú amháin faoi dhálaí margaidh a bheidh foircneach ach sochreidte agus déanfaidh sí sainaithint, tomhas agus faireachán ar a riosca leachtachta a eascróidh as na hinstiúidí éagsúla airgeadais a úsáidfear chun a rioscaí leachtachta a bhainistiú;
- (e) gach uair a úsáidfear socrúithe cistiúcháin réamshocrúithe, ní roghnóidh sí ach institiúidí airgeadais inchairde mar sholáthraí leachtachta; bunóidh sí agus cuirfidh sí i bhfeidhm teorainneacha comhchruinnithe iomchuí i gcás gach ceann de na soláthraithe leachtachta comhfhreagracha lena n-áirítear a máthairghnóthas agus fochuideachtaí;
- (f) cinnfidh sí an leor na hacmhainní comhfhreagracha trí thástáil struis chuimsitheach a dhéanamh go rialta agus déanfaidh sí tástáil ar an méid sin;
- (g) déanfaidh sí anailís agus pleanálfaidh sí an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh leachtachta neamhurráithe gan choinne a d'fhéadfadh a bheith ann, agus glacfaidh sí rialacha agus nósanna imeachta chun pleananna den sórt sin a chur chun feidhme;
- (h) i gcás ina mbeidh rogha phraiticiúil aici agus í sin ar fáil di, gan dochar do rialacha incháilitheachta an bhainc cheannais, beidh rochtain aici ar chuntais an bhainc cheannais agus ar sheirbhísí eile de chuid an bhainc cheannais chun a bainistiú ar na rioscaí leachtachta a bharrfheabhsú agus cuirfidh institiúidí creidmheasa an Aontais na hiarmhéideanna comhfhreagracha airgid i dtaisce i gcuntais thiomnaithe le bainc cheannais eisiúna an Aontais;
- (i) beidh socrúithe réamshocrúithe agus ardiontaofa aici chun a áirithiú go bhféadfaidh sí an chomhthaobhacht a sholáthair cliant mainneachtana di a leachtú go tráthúil;
- (j) tuairisceoidh sí go rialta do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 60(1) faoin mbealach ina ndéanann sí a rioscaí leachtachta a thomhas, a bhainistiú agus ina ndéanann sí faireachán orthu, rioscaí leachtachta ionlae san áireamh, agus déanfaidh sí an méid sin a nochtadh don phobal.

5. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ÚEÚM agus le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonraí faoi na creatáil agus na huirlisí a shonrú tuilleadh leis na rioscaí creidmheasa agus leachtachta a nochtadh go poiblí, a thomhas, a bhainistiú a thuairisciú agus le faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear na cinn a tharlaíonn ionlae, dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4. Déanfar dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, i gcás inarb iomchuí, a ailíniú leis na caighdeáin theicniúla rialála a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 46(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 18 Meitheamh 2015.

Tarmilgítear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 60***Maoirseacht ar institiúidí creidmheasa ainmnithe agus ar TLUanna a údarófar chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar**

1. Gan dochar d'Airteagal 17 agus d'Airteagal 22 den Rialachán seo, beidh na húdaráis inniúla mar a shainmhínítear iad i bpointe (40) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 freagrach as an údarú mar institiúidí creidmheasa agus as maoirseacht mar institiúidí creidmheasa faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i dTreoir 2013/36/AE na n-institiúidí creidmheasa ainmnithe agus TLUanna a údaítear faoin Rialachán seo le seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar.

Beidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheas ainmnithe agus as taisclainne dá dtagraítear san fhomhír sin maidir lena bhfuil na ceanglais stuamachta dá dtagraítear in Airteagal 59 den Rialachán seo á gcomhlíonadh acu.

Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír measúnú rialta, agus ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana, ar an bhfuil Airteagal 59 á chomhlíonadh ag an institiúid creidmheasa ainmnithe nó ag TLU atá údaraithe le seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar agus cuirfidh údarás inniúil TLU na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 55(4) ar an eolas ansin i ndáil leis na torthaí, lena n-áirítear aon ghníomhartha leasúcháin nó pionóis, a ghabhfaidh leis an maoirseacht a dhéanfaidh sé faoin mír sin.

2. Déanfaidh údarás inniúil TLU, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1, athbhreithniú agus meastóireacht, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar an méid a leanas:

- (a) sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 54(2), an dtugann na socrúithe riachtanacha ar fad idir na hinstitiúidí creidmheasa ainmnithe agus TLU deis dóibh a gcuid oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh;
- (b) sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 54(2), an dtugtar leis na socrúithe a bhaineann leis an údarú seirbhísí coimhdeacha den chineál baincéireachta a sholáthar deis don TLU a cuid oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

Cuirfidh údarás inniúil TLU na torthaí in iúl, go rialta agus ar bhonn bliantúil ar a laghad, do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 55(4), lena n-áirítear aon ghníomhartha leasúcháin nó pionóis a bhaineann lena athbhreithniú agus lena mheastóireacht faoin mír seo.

I gcás ina n-ainmneoidh TLU institiúid creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 54, i bhfianaise chosaint na rannpháirtithe sna córais socraíochta urrús a oibreoidh sí, áiríteoidh TLU go mbeidh rochtain aici ón institiúid chreidmheasa a ainmneoidh sí ar gach faisnéis is gá chun críche an Rialachán seo agus tabharfaidh sí tuairisc ar aon sárúithe ina leith chuig údarás inniúil na taisclainne lárnaí agus na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1.

3. Chun maoirseacht a bheidh comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú laistigh den Aontas ar institiúidí creidmheasa agus ar TLUanna a údarófar chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar, féadfaidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ÚEÚM agus le comhaltaí CEBC, treoirlínte a eisiúint a bheidh dírithe ar údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

## TEIDEAL V

**SMACHTBHANNAÍ***Airteagal 61***Smachtbhannaí agus bearta eile riaracháin**

1. Gan dochar do cheart na mBallstát foráil do smachtbhannaí coiriúla agus iad a fhorchur, leagfaidh Ballstáit síos rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin agus bearta, agus áiríteoidh siad go mbeidh a n-údaráis inniúla in ann na smachtbhannaí agus na bearta sin a fhorchur, ar smachtbhannaí agus bearta iad a bheidh infheidhme sna himthosca a shainítear in Airteagal 63, i leith na ndaoine a bheidh freagrach as sárúithe a dhéanamh ar fhorálacha an Rialachán seo agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear iad chun feidhme. Beidh smachtbhannaí agus bearta eile mar sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Féadfaidh Ballstáit a chinneadh gan rialacha a leagan síos chun smachtbhannaí riaracháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcás ina bhfuil sárúithe dá dtagraítear sa fhomhír sin faoi réir smachtbhannaí coiriúla ina ndlí náisiúnta cheana faoin 18 Meán Fómhair 2016. Sa chás ina gcinneann siad amlaidh, cuirfidh Ballstáit na codanna ábhartha ina ndlí coiriúil in iúl, go mionsonraithe, don Choimisiún agus do ÚEÚM.

Faoin 18 Meán Fómhair 2016, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do ÚEÚM faoi na rialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill don Choimisiún agus do ÚEÚM faoi aon mhoill mhíchuí a dhéanfar orthu dá éis sin.

2. Beidh na húdaráis inniúla in ann smachtbhannaí riaracháin agus bearta eile a chur i bhfeidhm ar TLUanna, ar institiúidí creidmheasa ainmnithe, agus, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta i réimsí nach gcomhchuibhítear leis an Rialachán seo, ar chomhaltaí a gcomhlachtaí bainistithe agus ar dhaoine eile arb iad, i ndáiríre, a rialóidh a ngnó agus, a dhála sin, ar aon duine dlítheanach nó nádúrtha eile a bheidh freagrach faoin dlí náisiúnta as sárú a dhéanamh.

3. I bhfeidhmiú a gcumhachtaí i ndáil le pionóis a fhorchur sna himthosca a shainítear in Airteagal 63, oibreoidh údaráis inniúla i ndlúthchomhar lena áirithiú go fíorófar leis na pionóis riaracháin agus na bearta eile torthaí inmhianaithe an Rialacháin seo agus comhordóidh siad a ngníomhaíocht d'fhonn aon dúbailt nó forluí a sheachaint nuair a bheidh smachtbhannaí riaracháin agus bearta eile á gcur i bhfeidhm i ndáil le cásanna trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 14.

4. I gcás inar roghnaigh na Ballstáit, i gcomhréir le mír 1 smachtbhannaí coiriúla a leagan síos le haghaidh na sárúithe ar na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 63, áirithioidh siad go mbeidh na bearta iomchuí ar bun ionas go mbeidh na cumhachtaí riachtanacha ag na húdaráis inniúla le comhoibriú leis na húdaráis bhreithiúnacha ina ndlínse leis an bhfaisnéis shonrach a fháil maidir le himscrúduithe coiriúla nó le himeachtaí a tionscnaíodh i gcás sárúithe féideartha ar an Rialachán seo agus leis an bhfaisnéis sin a chur ar fáil d'údaráis inniúla eile agus d'ÚEÚM lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le comhoibriú lena chéile agus le ÚEÚM chun críoch an Rialacháin seo.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla comhoibriú freisin le húdaráis inniúla Ballstát eile i ndáil le haisghabháil smachtbhannaí airgid.

6. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis chomhiomlán maidir leis an smachtbhannaí agus na bearta eile uile a fhorchuirtear i gcomhréir le mír 1 ar fáil do ÚEÚM ar bhonn bliantúil. Foilseoidh ÚEÚM an fhaisnéis sin i dtuarascáil bhliantúil.

I gcás inar roghnaigh na Ballstáit, i gcomhréir le mír 1, smachtbhannaí coiriúla a leagan síos do shárúithe ar na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 63, cuirfidh a n-údaráis inniúla sonraí comhiomlánaithe agus gan ainmneacha maidir leis na himscrúduithe coiriúla uile a rinneadh agus na pionóis coiriúla uile a forchuireadh ar fáil d'ÚEÚM ar bhonn bliantúil. Foilseoidh ÚEÚM sonraí maidir leis na smachtbhannaí coiriúla a forchuireadh i dtuarascáil bhliantúil.

7. I gcás inar nochtaigh an t-údarás inniúil beart riaracháin, nó pionós nó pionós coiriúil don phobal, tuairisceoidh sé sin d'ÚEÚM ag an am céanna.

8. Feidhmeoidh údaráis inniúla a bhfeidhmeanna agus a gcumhachtaí i gcomhréir lena gcreataí náisiúnta:

(a) go díreach;

(b) i gcomhar le húdaráis eile;

(c) faoina bhfreagracht féin, trí tharmligean a dhéanamh chuig eintitis a mbeidh cúraimí tarmligthe chucu de réir an Rialacháin seo; nó

(d) trí iarratas a chur chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla



*Airteagal 62***Cinntí a fhoilsíú**

1. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh na húdaráis inniúla ar a láithreán gréasáin aon chinneadh lena bhforchuirfear smachtbhanna nó beart eile riaracháin as sárú a dhéanfar ar an Rialachán seo gan mhoill mhíchúí nuair a bheidh an duine a gcuirfear smachtbhanna ina leith ar an eolas faoin gcinneadh sin. Beidh ar a laghad faisnéis faoi shaghas agus cineál an tsárúithe agus faoi chéannacht duine nádúrtha nó dlíthiúil ar a bhforchuirtear an smachtbhanna san fhoilsíú.

I gcás ina mbeidh an cinneadh smachtbhanna nó beart eile a fhorchur faoi réir achomhairc os comhair na n-údarás ábhartha breithiúnacha nó na n-údarás ábhartha eile, foilseoidh na húdaráis inniúla faisnéis ar a láithreán gréasáin oifigiúil, gan mhoill mhíchúí, maidir le stádas an achomhairc agus an toradh a bheidh air. Thairis sin, foilseofar freisin aon chinneadh lena gcuirtear ar neamhní cinneadh a rinneadh roimhe sin maidir le smachtbhanna nó beart.

I gcás ina meastar go bhfuil sé neamhréireach ag an údarás inniúil céannacht na ndaoine dlíthiúla nó sonraí pearsanta daoine nádúrtha a fhoilsíú tar éis measúnú cás ar chás a dhéanamh maidir le comhréireacht i dtaca le sonraí mar sin a fhoilsíú, nó i gcás ina gcuirtear cobhsaíocht na margaí airgeadais nó imscrúdaithe leanúnaigh i mbaol leis an bhfoilsíú, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla ceann de na nithe a leanas:

- (a) cuirfidh siad moill ar fhoilsíú an chinnidh smachtbhanna nó beart eile a fhorchur go dtí go gcuirfear deireadh leis na cúiseanna atá ann maidir le neamhfhoilsíú;
- (b) foilseoidh siad an cinneadh gan smachtbhanna nó beart eile a fhorchur ar bhonn gan ainm ar bhealach a bheidh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás ina n-áiríteofar le foilsíú gan ainm mar sin go dtabharfaí cosaint éifeachtúil do shonraí pearsanta;
- (c) ní fhoilseoidh siad an cinneadh smachtbhanna nó beart eile a fhorchur ar chor ar bith i gcás ina measfar gur neamhleor na roghanna a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) leis an méid a leanas a áirithiú:
  - (i) nach gcuirfear cobhsaíocht na margaí airgeadais i mbaol;
  - (ii) comhréireacht i dtaca le cinntí mar sin a fhoilsíú ag féachaint do bhearta a meastar gur mionbhearta iad.

I gcás cinneadh smachtbhannaí nó beart eile a fhoilsíú ar bhonn gan ainm, féadfar foilsíú na sonraí ábhartha a chur ar ceal ar feadh tréimhse réasúnta i gcás ina bhforáiltear go gcuirfí deireadh leis na cúiseanna atá leis an bhfoilsíú gan ainm le linn na tréimhse sin.

Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚEÚM ar an eolas faoi na smachtbhannaí riaracháin uile a fhorchuirtear ach nach foilsítear i gcomhréir le pointe (c) den tríú fohír, lena n-áirítear aon achomharc i ndáil leis sin agus an toradh a bheidh air. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfaighidh na húdaráis inniúla faisnéis agus an breithiúnas deiridh i ndáil le haon smachtbhanna coiriúil a fhorchuirtear agus cuirfidh siad faoi bhráid ÚEÚM é. Coimeádfaidh ÚEÚM bunachar sonraí lárnach de na smachtbhannaí a chuirtear in iúl dó go díreach le faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla. Is údaráis inniúla amháin a mbeidh rochtain acu ar an mbunachar sonraí sin agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na húdaráis inniúla ar fáil.

2. Áiríteoidh údaráis inniúla nach nglanfar aon rud a fhoilseofar, i gcomhréir leis an Airteagal seo, den láithreán gréasáin go ceann tréimhse nach lú ná cúig bliana i ndiaidh a fhoilsithe. Ní choimeádfar aon sonraí pearsanta a bheidh san fhoilseachán ar láithreán gréasáin oifigiúil an údaráis inniúil ach amháin don tréimhse a bheidh riachtanach agus faoi na rialacha infheidhme um chosaint sonraí.

*Airteagal 63***Smachtbhannaí i leith sárúithe**

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na forálacha a leanas den Rialachán:
  - (a) soláthar seirbhísí a leagtar amach i Roinn A, i Roinn B agus i Roinn C den Iarscríbhinn, de shárú ar Airteagal 16, ar Airteagal 25 agus ar Airteagal 54;
  - (b) na húdaruíthe a cheanglaítear faoi Airteagal 16 agus faoi Airteagal 54 a fháil trí ráitis bhréige a dhéanamh nó ar aon mhodh neamhdhleathach eile amhail dá bhforáiltear i bpointe (b) d'Airteagal 20(1) agus i bpointe (b) d'Airteagal 57(1);
  - (c) mainneachtain TLUanna an caipiteal riachtanach a shealbhú agus, ar an mbealach sin Airteagal 47(1) a shárú;
  - (d) mainneachtain TLUanna na ceanglais eagraíochtúla a chomhlíonadh agus, ar an mbealach sin Airteagal 26 go hAirteagal 30 a shárú;
  - (e) mainneachtain TLUanna na rialacha a chomhlíonadh maidir le gnó a dhéanamh agus, ar an mbealach sin Airteagal 32 go hAirteagal 35 a shárú;
  - (f) mainneachtain TLUanna na ceanglais le haghaidh seirbhísí TLU a chomhlíonadh agus, ar an mbealach sin Airteagal 37 go hAirteagal 41 a shárú;
  - (g) mainneachtain TLUanna na ceanglais stuamachta a chomhlíonadh agus, ar an mbealach sin Airteagal 43 go hAirteagal 47 a shárú;
  - (h) mainneachtain TLUanna na ceanglais maidir le naisc idir TLUanna, agus, ar an mbealach sin Airteagal 48 a shárú;
  - (i) diúltú éagórach ó TLUanna cineálacha difriúla rochtana a dheonú, agus, ar an mbealach sin Airteagal 49 go hAirteagal 53 a shárú;
  - (j) mainneachtain institiúidí creidmheasa ainmnithe na ceanglais shonracha stuamachta a bhaineann le rioscaí creidmheasa a chomhlíonadh agus, ar an mbealach sin Airteagal 59(3) a shárú;
  - (k) mainneachtain institiúidí creidmheasa ainmnithe ceanglais shonracha stuamachta a bhaineann le rioscaí leachtachta a chomhlíonadh agus, ar an mbealach sin Airteagal 59(4) a shárú.
2. Gan dochar do chumhachtaí maoirseachta na n-údarás inniúil, ar a laghad i gcás sárúithe dá dtagraítear san Airteagal seo, beidh sé de chumhacht ag údarás inniúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta eile seo a leanas ar a fhorchur:
  - (a) ráiteas poiblí ina sonrúfar an duine a bheidh freagrach as an sárú agus an cineál sárúithe i gcomhréir le hAirteagal 62;
  - (b) ordú á cheangal ar an duine a bheidh freagrach as an sárú scor den iompar sin agus gan déanamh amhlaidh arís;
  - (c) na húdaruíthe a dheonófar faoi Airteagal 16 agus faoi Airteagal 54 a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 20 nó le hAirteagal 57;
  - (d) cosc sealadach, nó i gcás sárúithe tromchúiseacha a dhéantar arís agus arís eile, cosc buan i gcoinne aon chomhalta de chomhlacht bainistithe na hinstitiúide, nó aon duine nádúrtha eile a leagfar freagracht air, faoi fheidhmeanna bainistithe san institiúid a fheidhmiú;
  - (e) na smachtbhannaí uasta airgid riaracháin ar a laghad suas le dhá oiread an bhrabúis a gnóthaíodh de thoradh an tsárúithe, i gcás inar féidir na méideanna sin a chinneadh;

- (f) maidir le duine nádúrtha, smachtbhannaí uasta airgid riaracháin suas le ar a laghad EUR 5 milliún, nó sna Ballstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu, an luach comhfheagrach san airgeadra náisiúnta ar an dáta a nglacfar an Rialachán seo;
- (g) maidir le duine dlíthiúil, smachtbhannaí uasta airgid riaracháin suas le ar a laghad EUR 20 milliún nó suas le 10 % de láimhdeachas iomlán bliantúil an duine dhlíthiúil i gcomhréir leis na cuntais deiridh atá ar fáil a d'fhormheas an comhlacht bainistithe, i gcás inarb ionann an duine dlíthiúil agus máthairghnóthas nó fochuideachta den mháthairghnóthas, a chaithfidh cuntais chomhdhlúite airgeadais a ullmhú i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE, is ionann an láimhdeachas ábhartha bliantúil iomlán agus an láimhdeachas bliantúil iomlán nó cineál comhfheagrach ioncaim i gcomhréir leis na Treoracha ábhartha Cuntasaíochta i gcomhréir leis na cuntais chomhdhlúite deireanacha a bhí ar fáil a d'fhormheas comhlacht bainistithe an mháthairghnóthais dheiridh;
3. D'fhéadfadh cumhachtaí smachtbhannaí eile a bheith ag údaráis inniúla de bhreis orthu siúd dá dtagraítear i mír 2 agus féadfaidh siad foráil a dhéanamh do leibhéil níos airde smachtbhannaí airgid riaracháin ná na leibhéil a bhunaítear sa mhír sin.

#### Airteagal 64

#### Na smachtbhannaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach

Áiríteoidh Ballstáit go gcuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh na himthosca ábhartha go léir, nuair a chinnfidh siad cineál agus aicme na smachtbhannaí riaracháin nó na mbeart eile, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí:

- (a) tromchúis agus ré an tsáraithe;
- (b) leibhéal freagrachta an duine a bheidh freagrach as an sárú;
- (c) neart airgeadais an duine a bheidh freagrach as an sárú, a léireofar, mar shampla, le láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh sin a bheidh freagrach nó le hioncam bliantúil an duine nádúrtha a bheidh freagrach;
- (d) tábhacht na mbrabús a ghnóthaigh an duine a bheidh freagrach as an sárú, nó tábhacht na gcaillteanas a sheachain an duine a bheidh freagrach, nó tábhacht na gcaillteanas do thrú páirtithe a díorthaíodh ón sárú, a mhéid is féidir iad a chinneadh;
- (e) leibhéal comhair an duine a bheidh freagrach as an sárú leis an údarás inniúil, gan dochar don ghá atá le haisiúc na mbrabús a ghnóthaigh an duine sin, nó le haisiúc na gcaillteanas a sheachain an duine sin, a áirithiú;
- (f) sárúithe a rinne an duine atá freagrach as an sárú roimhe seo.

#### Airteagal 65

#### Sárúithe a thuairisciú

1. Áiríteoidh Ballstáit go mbunóidh na húdaráis inniúla sásraí éifeachtacha chun tuairisciú a spreagadh chuig na húdaráis inniúla maidir le haon sárú a dhéanfar nó a bhféadfar a dhéanamh ar fhorálacha an Rialacháin seo.
2. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad i measc na sásraí dá dtagraítear i mír 1:
- (a) nósanna imeachta sonracha maidir le tuarascálacha a fháil agus a imscrúdú i ndáil le haon sárú a dhéanfar nó a bhféadfar a dhéanamh agus an méid a dhéantar ina dhiaidh sin, lena n-áirítear bealaí slána cumarsáide a bhunú do thuarascála mar sin;
- (b) cosaint chuí ar fhrithbheartaíocht, ar idirdhealú nó ar chineálacha eile de dhéileáil neamhchothrom, ar a laghad, do na fostaithe sin a thuairiscíonn sárúithe a dhéantar nó a bhféadfar a dhéanamh laistigh den institiúid;
- (c) cosaint sonraí pearsanta a bhaineann leis an duine a thuairisceoidh sárúithe a dhéantar agus a bhféadfar a dhéanamh agus leis an duine nádúrtha a bheidh in ainm a bheith freagrach as an sárú, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i dTreoir 95/46/CE;

(d) céannacht an duine a thuairiscíonn na sárúithe agus an duine nádúrtha atá in ainm a bheith freagrach as an sárú a chosaint ag gach céim de na nósanna imeachta mura gceanglaítear nochtadh mar sin leis an dlí náisiúnta i gcomhthéacs tuilleadh imscrúdaithe nó nósanna riaracháin nó breithiúnacha ina dhiaidh sin.

3. Éileoidh Ballstáit ar institiúidí nósanna imeachta a chur ar bun dá gcuid fostaithe chun sárúithe a dhéanfar nó a bhféadfaí a dhéanamh a thuairisciú go hinmheánach trí chainéal sonrath, neamhspleách agus féinrialaithe.

Féadfar cainéal den sórt sin a chur ar fáil trí shocruithe a chuirfidh comhpháirtithe sóisialta ar fáil. Beidh feidhm ag an gcosaint chéanna dá dtagraítear i bpointe (b), (c) agus (d) de mhír 2.

#### *Airteagal 66*

#### **Ceart achomhairc**

Deimhneoidh Ballstáit go mbeidh cinní agus bearta a dhéanfar de bhun an Rialacháin seo cuiréasúnaithe agus faoi réir cirt achomhairc os comhair binse. Beidh feidhm ag ceart achomhairc os comhair binse i gcás nach nglacfar aon chinneadh, laistigh de shé mhí tar éis é a chur isteach, i ndáil le hiarratas le haghaidh údaraithe ina mbeidh an fhaisnéis ar fad a éileofar faoi fhorálacha a bheidh i bhfeidhm.

#### TEIDEAL VI

#### **CUMHACHTAÍ A THARMLIGEAN, CUMHACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME, FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA, LEASAITHEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA**

#### *Airteagal 67*

#### **An tarmligean a fheidhmiú**

1. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(2), Airteagal 7(14) agus Airteagal 24(7) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse éiginnte ón 17 Meán Fómhair 2014.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), Airteagal 7(14) agus Airteagal 24(7) a chúlghairm tráth ar bith. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis lá foilsithe an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 2(2), Airteagal 7(14) agus Airteagal 24(7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse thrí mhí ó tugadh fógra i dtaobh an ghnímh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid ina choinne. Cuirfear trí mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

#### *Airteagal 68*

#### **Nós imeachta coiste**

1. Beidh an Coiste um Urrúis Eorpacha a bunaíodh le Cinneadh 2001/528/CE <sup>(1)</sup> ón gCoimisiún de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2001/528/CE ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2001 lena mbunaítear an Coiste Eorpach um Urrúis (IO L 191, 13.7.2001, lch. 45).

*Airteagal 69***Forálacha idirthréimhseacha**

1. Cuirfidh na húdaráis inniúla in iúl do ÚEÚM na hinstiúidí sin a oibreoidh mar TLUanna faoin 16 Nollaig 2014.
2. Féachfaidh TLUanna le gach údarú a bheidh riachtanach chun críocha an Rialacháin seo a fháil agus tabharfar fógra do naisc ábhartha taisclainne lárnaí urrús laistigh de shé mhí ón dáta a dtiocfaidh na dréachtchaighdeán teicniúil rialála go léir arna nglacadh faoi Airteagail 17, 26, 45, 47, 48, agus, i gcás inarb iomchuí, faoi Airteagal 55, agus faoi Airteagal 59, i bhfeidhm.
3. Laistigh de shé mhí ón dáta is déanaí a dtiocfaidh na dréachtchaighdeán teicniúla rialála arna nglacadh faoi Airteagail 12, 17, 25, 26, 45, 47, 48, agus, i gcás inarb iomchuí, faoi Airteagal 55 agus faoi Airteagal 59 nó an cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 25(9) i bhfeidhm, déanfaidh TLU de chuid tríú tír iarratas ar aitheantas ó ÚEÚM ina mbeidh sé i gceist aici a seirbhísí a sholáthar ar bhonn Airteagal 25.
4. Go dtí go ndéanfar an cinneadh faoin Rialachán seo maidir le TLUanna agus a ngníomhaíochtaí a údarú nó a aithint, lena n-áirítear na naisc a bheidh ag TLU, beidh feidhm ag na rialacha náisiúnta faoi seach maidir le TLU a údarú agus a aithint.
5. Comhlíonfaidh na TLUanna a oibreoidh na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(4) ceanglais an Rialacháin seo laistigh de bhliain amháin ón dáta a dtiocfaidh na caighdeán teicniúla rialála dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm.

*Airteagal 70***Leasuithe ar Threoir 98/26/CE**

Leasaítear Treoir 98/26/CE mar seo a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fleasc de phointe (a) d'Airteagal 2:

“— a ainmneofar, gan dochar do choinníollacha níos déine eile a mbeidh feidhm ghinearálta leo a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, mar chóras agus a cuireadh in iúl don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí ag an mBallstát a mbeidh a dhlí infheidhme, tar éis don Bhallstát sin a bheith sásta i dtaobh leordhóthanacht rialacha an chórais.”;

- (2) in Airteagal 11, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“3. Faoin 18 Márta 2015, glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na bearta is gá chun an tríú fleasc den chéad fhomhír de phointe (a) d'Airteagal 2 de Threoir 98/26/CE arna leasú ag an Rialachán seo a chomhlíonadh, agus cuirfidh siad an méid sin in iúl don Choimisiún.”.

*Airteagal 71***Leasuithe ar Threoir 2014/65/AE**

Leasaítear Treoir 2014/65/AE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (o)

“(o) TLUanna ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 73 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*)

(\*) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le TLUanna agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257 28.8.2014. lch. 1).”;

(2) in Airteagal 4(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“(64) ciallaíonn ‘taisclann lárnach urrús’ nó ‘TLU’ TLU mar a shainmhínítear i bpointe (1) d’Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.”;

(3) i Roinn B d’Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

“(1) cumhdach agus riar ionstraimí airgeadais do chuntas cliant, lena n-áirítear caomhnóireacht agus seirbhísí gaolmhara amhail bainistíocht airgid/bainistíocht comhthaobhachta agus lena n-eisítear cuntais urrús ar an leibhéal is airde a chothabháil (‘seirbhís cothabhála lárnach’) dá dtagraítear i bpointe (2) de Roinn A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.”.

#### Airteagal 72

### Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 236/2012

Scríostar Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 236/2012.

#### Airteagal 73

### Cur chun Feidhme Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014

TLUanna a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo, ní bheidh údarú uathu faoi Threoir 2014/65/AE\* leis na seirbhísí a liostaítear go sainráite i Roinn A agus i Roinn B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chur ar fáil.

I gcás ina gcuireann TLU a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo seirbhís infheistíochta amháin nó níos mó ná sin ar fáil nó má dhéanann sé gníomhaíocht infheistíochta amháin nó níos mó ná sin chomh maith leis na seirbhísí a liostaítear go sainráite i Roinn A agus i Roinn B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Treoir 2014/65/AE cé is moite d’Airteagal 5 go hAirteagal 8, Airteagal 9(1), (2), (4) agus (6) agus Airteagal 10 go hAirteagal 13 agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

#### Airteagal 74

### Tuarascálacha

1. Cuirfidh ÚEÚM, i gcomhar leis an Údarás Eorpach Baincéireachta agus leis na húdaráis inniúla agus na húdaráis ábhartha, tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin ina soláthrófar measúnuithe ar threochtaí, ar rioscaí agus leochaileachtaí féideartha agus, i gcás inar gá, moltaí maidir le gníomhaíocht choisctheach nó cheartaítheach sna margáí le haghaidh seirbhísí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Áireofar ar a laghad measúnú ar an méid a leanas ar na tuarascálacha sin:

- (a) éifeachtúlacht socraíochta le haghaidh oibríochtaí intíre agus trasteorann i gcás gach Ballstáit, a bhunófar ar líon agus ar mhéid na dteipeanna socraíochta, ar líon na bpíonós dá dtagraítear in Airteagal 7(2), líon agus méid na n-idirbheart ceannach isteach dá dtagraítear in Airteagal 7(3) agus (4) agus ar aon chritéir ábhartha eile;
- (b) oiriúnacht na bpíonós le haghaidh teipeanna socraíochta, go háirithe an gá atá le níos mó solúbthachta maidir leis na píonós le haghaidh teipeanna socraíochta i ndáil le hionstraimí neamhleachtacha airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 7(4);
- (c) tomhas ar shocraíocht nach dtarlóidh sna córais socraíochta urrús a oibreoidh TLUanna, a bhunófar ar líon agus ar mhéid na n-idirbheart bunaithe ar an bhfaisnéis arna fáil faoi Airteagal 9 agus ar aon chritéir ábhartha eile;
- (d) soláthar trasteorann seirbhísí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, a bhunófar ar líon agus ar chineálacha na nasc idir TLUanna, líon na rannpháirtithe eachtracha sna córais socraíochta urrús a oibreoidh TLUanna, líon agus méid na n-idirbheart a bhfuil na rannpháirtithe sin páirteach iontu, líon na n-eisitheoirí eachtracha a thaifeadann a gcuid urrús i TLU i gcomhréir le hAirteagal 49, agus ar aon chritéir ábhartha eile;

- (e) an bealach ina láimhseáiltear na hiarrataí ar rochtain in Airteagal 49, Airteagal 52 agus Airteagal 53 chun go sainnithneofar na fáthanna a ndiúltaítear iarrataí ar rochtain ó thaisclainne lárnacha urrús, contrapháirtithe lárnacha agus ionaid thrádála, aon treochtaí maidir le diúltú den chineál sin agus na bealaí ina bhféadfar na rioscaí a shainnithnítear a mhaolú sa todhchaí ionas go bhféadfar rochtain a thabhairt, agus aon bhaic ábhartha eile ar iomaíocht sna seirbhísí airgid iarthrádála;
- (f) an bealach ina láimhseáiltear na hiarrataí a chuirtear isteach i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23(3) go (7) agus Airteagal 25(4) go (10);
- (g) i gcás inarb infheidhme, na torthaí ón bpróiseas athbhreithnithe piaraí do mhaoirseacht thrasteorann in Airteagal 24(6) agus ar cheart minicíocht athbhreithnithe mar sin a laghdú san am atá le teacht, lena n-áirítear a chur in iúl an léirítear le torthaí mar sin an bhfuil gá le coláistí níos foirmiúla maoirseoirí;
- (h) cur i bhfeidhm rialacha dliteanais shibhialta na mBallstát maidir le cailteanas atá inchurtha i leith taisclainne lárnacha urrúis;
- (i) na nósanna imeachta agus na coinníollacha faoina n-údaráítear TLUanna institiúidí creidmheasa a ainmniú nó seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar iad féin i gcomhréir le hAirteagal 54 agus le hAirteagal 55, lena n-áirítear measúnú ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag foráil den chineál sin ar chobhsaíocht airgeadais agus ar iomaíochas le haghaidh socraíochta agus seirbhísí coimhdeacha de chineálacha baincéireachta san Aontas;
- (j) feidhmiú na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 38 maidir le hurrúis na rannpháirtithe agus le hurrúis a gcliant a chosaint, go háirithe na cinn in Airteagal 38(5);
- (k) feidhmiú na smachtbhannaí agus go háirithe an gá atá ann na smachtbhannaí riaracháin le haghaidh sárarithe ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhchuíbhiú tuilleadh.

2. Cuirfear na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, lena gcumhdófar bliain féilire amháin, in iúl don Choimisiún faoin 30 Aibreán den chéad bhliain féilire ina dhiaidh sin.

#### *Airteagal 75*

#### **Athbhreithniú**

Faoin 18 Meán Fómhair 2019, athbhreithneoidh an Coimisiún an Rialachán agus ullmhóidh sé tuarascáil ghinearálta faoi Measúnófar sa tuarascáil seo go háirithe na hábhair dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (k) d'Airteagal 74(1), an bhfuil baic ábhartha eile ann ar iomaíocht i gcás na seirbhísí atá faoi réir an Rialacháin seo nach dtugtar aghaidh orthu ar bhealach leordhóthanach agus an gá a d'fhéadfadh a bheith ann le bearta breise chun teorainn a chur ar an tionchar a bheidh ag teip TLUanna ar na cáiniócóirí. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar aon le haon tograí iomchuí.

#### *Airteagal 76*

#### **Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tíocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 3(1) amhail ón 1 Eanáir 2023 maidir le hurrúis inaistrithe a eisítear tar éis an dáta sin agus amhail ón 1 Eanáir 2025 maidir le gach urrús inaistrithe eile.
3. Beidh feidhm ag Airteagal 5(2) amhail ón 1 Eanáir 2015.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, i gcás ina mbeidh rochtain ag ionad trádála ar TLU dá dtagraítear in Airteagal 30(5), beidh feidhm ag Airteagal 5(2) sé mhí ar a laghad sula ndéanfaidh TLU a gníomhaíochtaí a eisfhoinsíú chuig an eintiteas ábhartha poiblí, agus i gcás ar bith ón 1 Eanáir 2016.

4. Beidh feidhm ag na bearta maidir le haraíonacht socraíochta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) go (4) amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 6(5).

5. Beidh feidhm ag an mbeart maidir le haraíonacht socraíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) go (13) agus ag an leasú a leagtar síos in Airteagal 72 amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 7(15).

Maidir le STI a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 33(3) de Threoir 2014/65/AE, beidh sé faoi réir an dara fohír d'Airteagal 7(3) den Rialachán seo go dtí:

(a) an cinneadh deireanach maidir lena iarratas ar chlárlúchán faoi Airteagal 33 de Threoir 2014/65/AE; nó

(b) i gcás nár chuir STI isteach ar chlárlúchán faoi Airteagal 33 de Threoir 2014/65/AE, go dtí an 13 Meitheamh 2017.

6. Beidh feidhm ag na bearta tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1) amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 9(3).

7. Maidir le tagairtí atá sa Rialachán seo do Threoir 2014/65/AE agus do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, déanfar iad a léamh, roimh an 3 Eanáir 2017, mar thagairtí do Threoir 2004/39/CE i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/65/AE a mhéid atá forálacha a thagraíonn do Threoir 2004/39/CE sa tábla comhghaoil sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2014.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

S. GOZI

---



## IARSCRÍBHINN

## LIOSTA SEIRBHÍSÍ

## ROINN A

**Seirbhísí lárnacha de chuid taisclann lárnach urrús**

1. Taifeadadh tosaigh a dhéanamh ar urrúis i gcóras cuntais reatha ('seirbhís nótaire');
2. Cuntais urrús a sholáthar agus a chothabháil ar an leibhéal is uachtaraí ('seirbhís lárnach cothabhála');
3. Córas socraíochta urrús a oibriú ('seirbhís socraíochta').

## ROINN B

**Seirbhísí coimhdeacha nach seirbhísí baincéireachta iad de chuid TLUanna nach mbaineann rioscaí creidmheasa nó leachtachta leo**

Seirbhísí a chuireann TLUanna ar fáil lena gcuirtear feabhas ar shábháilteacht, éifeachtúlacht agus thrédhearcacht na margáí urrús, ar a bhféadfaí iad seo leanas a áireamh ach nach bhfuil teoranta dóibh:

1. Seirbhísí a bhaineann leis an tseirbhís socraíochta, amhail:
  - (a) Sásra chun urrúis a thabhairt ar iasacht a eagrú, mar ghníomhaire i measc rannpháirtithe i gcóras socraíochta urrús;
  - (b) Seirbhísí chun bainistiú comhthaobhachta a sholáthar, mar ghníomhaire i gcomhair rannpháirtithe i gcóras socraíochta urrús;
  - (c) Meaitseáil socraíochta, ródú treoracha, dearbhú trádála, fíorú trádála.
2. Seirbhísí a bhaineann le seirbhísí nótaire agus seirbhísí cothabhála lárnaí, amhail:
  - (a) Seirbhísí a bhaineann le cláir scairshealbhóirí;
  - (b) Tacú le próiseáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí corparáideacha, lena n-áirítear cáin, cruinnithe ginearálta agus seirbhísí faisnéise;
  - (c) Seirbhísí eisiúna nua, lena n-áirítear cóid ISIN agus cóid dá samhail a bhainistiú agus a leithdháileadh;
  - (d) Ródú agus próiseáil treoracha, bailiú agus próiseáil táillí agus tuairiscíú lena mbaineann.
3. Naisc le TLUanna a bhunú, cuntais urrús i ndáil leis an tseirbhís socraíochta a chur ar fáil, a chothabháil nó a fheidhmiú, bainistiú comhthaobhachta, agus seirbhísí coimhdeacha eile.
4. Aon seirbhísí eile, amhail:
  - (a) Seirbhísí chun bainistiú comhthaobhachta a sholáthar mar ghníomhaire;
  - (b) Tuairiscíú rialála a sholáthar;
  - (c) Faisnéis, sonraí agus staidreamh a sholáthar do bhiúronna margaidh/daonáirimh nó d'eintitis rialtasacha nó idir-rialtasacha eile;
  - (d) Seirbhísí TF a sholáthar.

## ROINN C

**Seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta**

Seirbhísí de chineál baincéireachta a bhaineann go díreach leis na seirbhísí lárnacha nó leis na seirbhísí coimhdeacha a liostaítear i Roinn A agus i Roinn B, amhail:

- (a) Cuntais airgid a sholáthar do rannpháirtithe i gcóras socraíochta urrús agus do shealbhóirí chuntas urrús, laistigh de réir bhrí mhír 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE agus taiscí a ghlacadh uathu;

- (b) Creidmheas airgid a sholáthar le haghaidh aisíocaíochta nach mbeidh níos déanaí ná an lá gnó dar gcionn, airgead a thabhairt ar iasacht chun gníomhaíochtaí comparáideacha a réamh-chistiú agus urrúis a thabhairt ar iasacht chuig sealbhóirí chuntas urrús, de réir bhrí phointe 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE;
  - (c) Seirbhísí íocaíochta a bhaineann le hidirbhearta airgid agus malairtí eachtracha a phróiseáil laistigh de réir bhrí phointe 4 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2013/36/AE;
  - (d) Ráthaíochtaí agus gealltanais a bhaineann le hurrúis a iasachtú agus a fháil ar iasacht, de réir bhrí phointe 6 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2013/36/AE;
  - (e) Gníomhaíochtaí cistíochta a bhaineann le malairtí eachtracha agus urrúis inaistrithe a bhaineann le comharduithe fada na rannpháirtithe a bhainistiú de réir bhrí phointí 7(b) agus (e) d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2013/36/AE.
-

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 910/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE  
an 23 Iúil 2014**

**maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhele haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh  
inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(2)</sup>,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá forbairt eacnamaíoch agus shóisialta ag brath go mór ar iontaoibh a chothú sa timpeallacht ar líne. I ngeall ar easpa iontaoibhe, go háirithe mar gheall ar an easpa deimhneachta dlíthiúla a mheastar a bheith ann, bíonn drogall ar thomhaltóirí, gnóthais agus údaráis phoiblí idirbhearta a dhéanamh go leictreonach agus seirbhísí nua a úsáid.
- (2) Tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo iontaoibh as ríomh-idirbhearta a fheabhsú sa mhargadh inmheánach trí bhunús comhchoiteann a sholáthar le haghaidh idirghníomhaíochtaí leictreonacha slána idir saoránaigh, gnólachtaí, agus údaráis phoiblí, agus ar an dóigh sin méadú ar a éifeachtaí is atá seirbhísí poiblí agus príobháideacha ar líne, an ríomhghnó agus an ríomhthráchtáil san Aontas.
- (3) Le Treoir 1999/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> déileáladh le ríomhshínithe ach níor leagadh síos creat cuimsitheach trasteorann agus trasearnála le haghaidh ríomh-idirbheart a bheidh slán, iontaofa agus éasca le húsáid. Déantar feabhsú agus leathnú ar acquis na Treorach sin leis an Rialachán seo.
- (4) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar dáta an 26 Lúnasa 2010 dar teideal “Clár Oibre Digiteach don Eoraip” d’aithin an Coimisiún go bhfuil ilroinnt an mhargaidh dhigitigh, easpa idir-inoibritheacht agus méadú ar an gcibearchoirreach ina mórbhacainní ar fháinne óir na heacnamaíochta digití. Ina Thuarascáil maidir le Saoránacht AE 2010 dar teideal “Bacannaí ar chearta shaoránaigh AE a chealú”, leag an Coimisiún béim bhreise ar an ngá atá ann na príomhfhadhbanna a réiteach a chuireann bac ar shaoránaigh an Aontais leas a bhaint as margadh aonair digiteach agus seirbhísí trasteorann digiteacha.
- (5) Ina conclúidí an 4 Feabhra 2011 agus an 23 Deireadh Fómhair 2011, d’iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún margadh aonair digiteach a chruthú faoi 2015, chun dul chun cinn tapa a dhéanamh sna príomhréimsí den gheilleagar digiteach agus chun margadh aonair digiteach lán-chomhtháite a chur chun cinn trí úsáid thrasteorann seirbhísí ar líne a éascú, le béim ar leith ar ríomh-shainaitheantas agus ríomh-fhíordheimhniú slán a éascú.

<sup>(1)</sup> IO C 351, 15.11.2012, lch. 73.

<sup>(2)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Aibreán 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 23 Iúil 2014.

<sup>(3)</sup> Treoir 1999/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 1999 maidir le creat Comhphobail le haghaidh sínithe leictreonacha (IO L 13, 19.1.2000, lch. 12).

- (6) Ina conclúidí an 27 Bealtaine 2011, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún an margadh aonair digiteach a neartú trí dhálaí iomchuí a chruthú i gcomhair aitheantais fhrithpháirtigh trasteorann do na príomhéascaitheoirí, amhail ríomh-shainaitheantas, ríomhdhoiciméid, ríomhshínithe agus ríomhsheirbhísí seachadta agus i gcomhair ríomhsheirbhísí rialtais idir-inoibritheacha ar fud an Aontais Eorpaigh.
- (7) Ina rún an 21 Meán Fómhair 2010 maidir leis an margadh inmheánach ríomhthráchtála a thabhairt i gcrích <sup>(1)</sup>, leag Parlaimint na hEorpa, béim ar a thábhachtaí atá slándáil na ríomhsheirbhísí, go háirithe ríomhshínithe, agus ar an ngá atá ann bonneagar eochrach poiblí a chruthú ar leibhéal uile-Eorpach, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún tairseach a bhunú do na húdaráis bhailíochtaíthe Eorpacha le hidir-inoibritheacht thrasteorann ríomhshínithe a áirithiú agus le slándáil idirbheart a dhéantar ar an idirlíon a mhéadú.
- (8) Le Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> ceanglaítear ar na Ballstáit “ionaid ilfhreastail” (PSCanna) a bhunú lena áirithiú gur féidir gach nós imeachta agus foirmiúlacht a bhaineann le rochtain ar ghníomhaíocht seirbhíse agus ar fheidhmiú na gníomhaíochta seirbhíse sin a chur i gcrích go héasca, go cianda agus go leictreonach, tríd an PSC is iomchuí agus leis na húdaráis oiriúnacha. Bíonn ríomh-shainaitheantas, ríomh-fhíordheimhniú agus ríomhshíniú de dhíth i gcás an-chuid seirbhísí ar líne ar féidir rochtain a fháil orthu trí ionaid ilfhreastail.
- (9) I bhformhór na gcásanna ní féidir le saoránaigh a ríomh-shainaitheantas á úsáid chun iad féin a fhíordheimhniú i mBallstát eile toisc nach n-aithnítear na scéimeanna ríomh-shainaitheantais náisiúnta ina dtír i mBallstát eile. Fágann an bhacainn leictreonach sin nach féidir le soláthraithe seirbhísí leas iomlán a bhaint as an margadh inmheánach. Déanfar éascú ar go leor seirbhísí a sholáthar thar teorainneacha sa mhargadh inmheánach le modhanna ríomh-shainaitheantais a aithneofar go frithpháirteach agus cuirfidh siad ar chumas gnólachtaí feidhmiú ar bhonn trasteorainneach gan bhacainní a bheith rompu agus iad ag dul i mbun idirghníomhaíochta le húdaráis poiblí.
- (10) Bunaíodh líonra d'údarais náisiúnta atá freagrach as ríomhsheirbhísí sláinte le Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>. Chun sábháilteacht agus leanúnachas an chúraim sláinte trasteorann a fheabhsú, ceanglaítear ar an líonra sin treoirlínte a ullmhú maidir le rochtain thrasteorann ar ríomhshonraí agus ar ríomhsheirbhísí sláinte, trí bhíthin, *inter alia*, “bearta comhchoiteanna aitheantais agus fíordheimhnithe chun inaistritheacht sonraí a éascú sa chúram sláinte trasteorann” a chur chun cinn. Tá sé rithábhachtach ríomh-shainaitheantas agus ríomh-fhíordheimhniú a aithint go frithpháirteach chun cúram sláinte trasteorann a bhaint amach do shaoránaigh Eorpacha. Má bhíonn daoine ag taisteal chun cóir leighis a fháil, ní mór go mbeadh rochtain ar a gcuid sonraí leighis sa tír ina bhfuil cóir leighis á gcur orthu. Tá creat ríomh-shainaitheantais láidir, sábháilte, iontaofa de dhíth chuiige seo.
- (11) Ba cheart go gcuirfí an Rialachán seo i bhfeidhm ar bhealach a bheidh ag cloí go hiomlán leis na prionsabail a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta dá bhforáiltear i dTreoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>. I ndáil leis sin, ag féachaint do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart go mbainfeadh fíordheimhniú le haghaidh seirbhíse ar líne le próiseáil na sonraí aitheantais atá leordhóthanach, ábhartha agus nach bhfuil iomarcach chun rochtain a thabhairt ar an tseirbhís ar líne sin, agus na sonraí sin amháin. Thairis sin, ba cheart go gcloífeadh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe agus an comhlacht maoirseachta le ceanglais faoi Threoir 95/46 CE maidir le rúndacht agus slándáil próiseála.
- (12) Is ceann de chuspóirí an Rialacháin seo é deireadh a chur leis na bacainní atá ann i láthair na huair ar úsáid thrasteorann na modhanna ríomh-shainaitheantais a úsáidtear sna Ballstáit chun fíordheimhniú a dhéanamh le haghaidh sheirbhísí poiblí ar a laghad. Níl sé d'aidhm ag an Rialachán seo idirghabháil a dhéanamh maidir le córais bainistithe ríomh-shainaitheantais agus bonneagar gaolmhar atá bunaithe i mBallstáit. Is é aidhm an Rialacháin seo a áirithiú go mbeidh ríomh-shainaitheantas agus ríomh-fhíordheimhniú slán ann nuair a bheidh rochtain á fáil ar sheirbhísí trasteorann ar líne atá á gcur ar fáil ag Ballstáit.

<sup>(1)</sup> IO C 50 E, 21.2.2012, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36).

<sup>(3)</sup> Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta na n-othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

<sup>(4)</sup> Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

- (13) Ba cheart go mbeadh sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit, chun críocha ríomh-shainaitheantais, modhanna rochtana ar sheirbhísí ar líne a úsáid nó a thabhairt isteach. Ba cheart go mbeidís in ann cinneadh a dhéanamh freisin maidir le baint a bheith ag an earnáil phríobháideach leis na modhanna sin a sholáthar nó gan baint a bheith acu leis. Níor cheart oibleagáid a chur ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i leith a scéimeanna ríomh-shainaitheantais. Is faoi Ballstáit atá sé rogha a dhéanamh fógra a thabhairt don Choimisiún i leith gach scéim ríomh-shainaitheantais a úsáidtear ar an leibhéal náisiúnta le rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí ar líne ar a laghad nó ar sheirbhísí ar leith, fógra a thabhairt maidir le roinnt acu nó gan fógra a thabhairt i leith aon cheann acu.
- (14) Is gá coinníollacha áirithe a leagan síos sa Rialachán seo i ndáil leis na modhanna ríomh-shainaitheantais sin nach mór a aithint agus conas is ceart fógra a thabhairt i leith na scéimeanna ríomh-shainaitheantais. Ba cheart go gcabhródh na coinníollacha sin leis na Ballstáit an iontaoibh is gá as scéimeanna ríomh-shainaitheantais a chéile a chothú agus na modhanna ríomhshaitheantais a thagann faoina gcuid scéimeanna ar tugadh fógra ina leith a aithint go frithpháirteach. Ba cheart feidhm bheith ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh má chomhlíonann scéim ríomh-shainaitheantais an Bhallstáit atá ag tabhairt an fhógra na coinníollacha maidir le fógra a thabhairt agus má foilsíodh an fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Mar sin féin, ba cheart go mbainfeadh prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh le seirbhís ar líne a fhíorú agus leis sin amháin. Ba cheart dlúthbhaint a bheith ag an rochtain ar na seirbhísí ar líne sin agus seachadadh deiridh na seirbhísí chuig an iarrthóir leis an gceart seirbhísí den sórt sin a fháil faoi na coinníollacha a leagtar amach sa reachtaíocht náisiúnta.
- (15) Ba cheart nach mbainfeadh an oibleagáid modhanna ríomh-shainaitheantais a aithint ach leis na modhanna sin amháin a bhfreagraíonn a leibhéal dearbhaithe céannachta leis an leibhéal atá comhionann leis an leibhéal atá de dhíth le haghaidh na seirbhíse ar líne lena mbaineann nó níos airde ná an leibhéal sin. Ina theannta sin, ba cheart nach mbeadh feidhm ag an oibleagáid sin seachas i gcás ina mbainfidh an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann an leibhéal dearbhaithe “suntasach” nó “ard” maidir le rochtain ar an tseirbhís sin ar líne. Ba cheart go mbeadh sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais, modhanna ríomh-shainaitheantais a bhfuil leibhéal dearbhaithe céannachta níos ísle acu a aithint.
- (16) Ba cheart a léiriú sna leibhéil dearbhaithe oiread na muiníne a chuirtear i modhanna ríomh-shainaitheantais mar mhodh chun céannacht duine a shuíomh, agus ar an gcaoi sin a dhearbhu gurb é an duine a mhaíonn céannacht áirithe an duine céanna ar sannadh an chéannacht sin dó. Braitheann an leibhéal dearbhaithe ar an oiread muiníne a chuirtear i modhanna ríomh-shainaitheantais i gcás céannachta maíte nó dearbhaithe duine agus próisis (mar shampla, seiceáil ar chéannacht agus fíorú céannachta, fíordheimhniú), gníomhaíochtaí bainistithe (mar shampla, modhanna ríomh-shainaitheantais á n-eisiúint ag eintiteas agus an nós imeachta chun an modh sin a eisiúint) agus rialuithe teicniúla a cuireadh chun feidhme á gcur san áireamh. Is ann do shainmhínte teicniúla éagsúla agus do thuairiscí éagsúla ar leibhéil dearbhaithe mar thoradh ar Mhórgníomhaíochtaí Píolótacha a chistigh an tAontas, ar chaighdeánú agus ar ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta. Go háirithe, baineann Treoirscéim Mórscála STORK agus ISO 29115, *inter alia*, le dearbhú ar leibhéal 2, ar leibhéal 3 agus ar leibhéal 4, ba cheart a chur san áireamh a mhéid is féidir agus ceanglais íosta theicniúla, caighdeáin íosta theicniúla agus nósanna imeachta íosta teicniúla á mbunú do na leibhéil dearbhaithe “íseal”, “suntasach” agus “ard” de réir bhrí an Rialacháin seo, agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo á áirithiú go háirithe maidir leis an leibhéal dearbhaithe “ard” i gcás seiceála ar chéannacht a bhaineann le eisiúint deimhnithe cáilithe. Ba cheart go mbeadh na ceanglais a bhunaítear neodrach ó thaobh na teicneolaíochta. Ba cheart go mbeadh sé indéanta, trí theicneolaíochtaí éagsúla, na ceanglais slándála a bhfuil gá leo a bhaint amach.
- (17) Ba cheart do na Ballstáit an earnáil phríobháideach a spreagadh chun modhanna ríomh-shainaitheantais a úsáid dá ndeoin féin faoi scéim ar tugadh fógra ina leith chun críocha sainaitheantais nuair atá gá leis sin le haghaidh seirbhísí ar líne nó le haghaidh ríomh-idirbheart. Chuirfeadh an deis modhanna ríomh-shainaitheantais den sórt sin a úsáid, ar chumas an earnála príobháidí dul i muinín an ríomh-shainaitheantais agus an ríomh-fhíordheimhnithe a úsáidtear cheana féin go forleathan i go leor Ballstát le haghaidh seirbhísí poiblí ar a laghad agus d'éascódh sí rochtain ar a gcuid seirbhísí ar líne thar theorainneacha do ghnólachtaí agus do shaoránaigh. Chun cur ar chumas na hearnála príobháidí feidhm thrasteorann a bhaint as modhanna ríomh-shainaitheantais den sórt sin, ba cheart go mbeadh teacht ar an deis fíordheimhnithe a sholáthraíonn aon Bhallstát ag na páirtithe is úsáideoirí san earnáil phríobháideach atá bunaithe lasmuigh de chríoch an Bhallstáit sin faoi na coinníollacha céanna atá i bhfeidhm maidir le páirtithe is úsáideoirí san earnáil phríobháideach agus atá bunaithe laistigh den Bhallstát sin. Mar thoradh air sin, maidir le páirtithe is úsáideoirí san earnáil phríobháideach, féadfaidh an Ballstát a thugann an fógra sainmhíniú a dhéanamh ar théarmaí maidir le rochtain a fháil ar an modh fíordheimhnithe. Féadfaidh na téarmaí sin maidir le rochtain eolas a thabhairt an bhfuil teacht ag páirtithe is úsáideoirí san earnáil phríobháideach ar an modh fíordheimhnithe faoi láthair.
- (18) Ba cheart go bhforáilfí sa Rialachán seo do dhliteanas an Bhallstáit atá ag tabhairt fógra, an pháirtí a eisiúint an modh ríomh-shainaitheantais agus an pháirtí a fheidhmíonn an nós imeachta fíordheimhnithe nuair nach gcomhlíonann siad na hoibleagáidí ábhartha faoin Rialachán seo. Ba cheart, áfach, go gcuirfí an Rialachán seo i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha náisiúnta maidir le dliteanas. Níl aon éifeacht aige dá bharr sin ar na rialacha náisiúnta maidir le damáistí a shainiú nó ar na rialacha nós imeachta ábhartha is infheidhme, lena n-áirítear an dualgas cruthúnais.

- (19) Tá slándáil scéimeanna ríomh-shainaitheantais tábhachtach i dtaca le haitheantas frithpháirteach tras-teorainn iontaofa maidir le modhanna ríomh-shainaitheantais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit oibriú as láimh a chéile maidir le slándáil agus idir-inoibritheacht na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar leibhéal an Aontais. Nuair a d'fhéadfadh crua-earraí nó bogearraí sonracha a bheith de dhíth ar scéimeanna ríomh-shainaitheantais lena n-úsáid ag na páirtithe is úsáideoirí ar an leibhéal náisiúnta, is gá le haghaidh idir-inoibritheachta trasteorann nach ndéanfaidh na Ballstáit sin na ceanglais ná na costais ábhartha sin a fhorchur ar pháirtithe is úsáideoirí atá bunaithe lasmuigh dá gcóir. Sa chás sin ba cheart plé a dhéanamh ar réitigh iomchuí agus obair a dhéanamh orthu laistigh de raon feidhme an chreata idir-inoibritheachta. Ní féidir mar sin féin ceanglais theicniúla a eascraíonn as sonraíochtaí dúchasacha de mhodhanna náisiúnta ríomh-shainaitheantais a sheachaint, ar ceanglais iad ar dócha go mbeidh éifeacht acu ar shealbhóirí na modhanna leictreonacha sin, (mar shampla cártaí cliste).
- (20) Ba cheart go n-éascófaí le comhar idir na Ballstáit idir-inoibritheacht theicniúil na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith, ar mhaithe le leibhéal ard iontaoibhe agus slándála a chothú a oireann don leibhéal riosca. Ba cheart go n-éascófaí comhar den sórt sin le malartú faisnéise agus comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit chun na scéimeanna sin a aithint go frithpháirteach.
- (21) Ba cheart creat ginearálta dlí a bhunú leis an Rialachán seo freisin maidir le húsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe. Níor cheart, áfach, go gcruthófaí leis oibleagáid ghinearálta iad a úsáid nó pointe rochtana a shuiteáil do na seirbhísí iontaoibhe uile atá ann cheana. Go háirithe, níor cheart go gcumhdófaí leis soláthar seirbhísí a úsáidtear go heisiach i gcórais dhúnta idir fhoireann shainithe rannpháirtithe, nach bhfuil éifeacht ar bith acu ar thríú páirtithe. Mar shampla, córais a bhunaítear i ngnóthais nó i ranna riaracháin phoiblí chun nósanna imeachta inmheánacha a bhainistiú agus a bhaineann leas as seirbhísí iontaoibhe, níor cheart dóibh a bheith faoi réir cheanglais an Rialacháin seo. Ba cheart gurb iad seirbhísí iontaoibhe a chuirtear ar fáil don phobal agus a théann i gcion ar thríú páirtithe, agus na seirbhísí sin amháin, a chomhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán. Níor cheart gnéithe a bhaineann le conarthaí a thabhairt i gcrích ná le bailíocht na gconarthaí sin, ná oibleagáidí dlíthiúla eile a chumhdach leis an Rialachán seo ach oiread i gcás ina bhfuil ceanglais foirme a leagtar síos sa dlí náisiúnta nó i ndlí an Aontais. Ina theannta sin, níor cheart ach oiread go ndéanadh sé difear do cheanglais náisiúnta foirme a bhaineann le cláir phoiblí, go háirithe cláir thráchtála agus talún.
- (22) D'fhonn a n-úsáid ghinearálta trasteorann a éascú, ba cheart a bheith in ann seirbhísí iontaoibhe a úsáid mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla i ngach Ballstát. Is de réir an dlí náisiúnta a shainmhíneofar éifeacht dlíthiúil seirbhísí iontaoibhe, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.
- (23) Sa mhéid go gcruthaítear oibleagáid leis an Rialachán seo aitheantas a thabhairt do sheirbhísí iontaoibhe, ní féidir diúltú do sheirbhísí iontaoibhe den sórt sin ach sa chás nach bhfuil seolaí na hoibleagáide in ann é a léamh nó a fhíorú ar chúiseanna teicniúla nach bhfuil smacht díreach ag an seolaí orthu. Níor cheart, áfach, leis an oibleagáid seo féin go gceanglófaí ar chomhlacht poiblí na crua-earraí agus na bogearraí is gá d'inléiteacht theicniúil na seirbhísí iontaoibhe uile atá ann cheana a fháil.
- (24) Féadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta a bhaineann le seirbhísí iontaoibhe a choinneáil nó a thabhairt isteach, i gcomhréir le dlí an Aontais, a mhéid nach bhfuil na seirbhísí sin comhchuibhithe go hiomlán leis an Rialachán seo. Ba cheart, áfach, go mbeadh saorchúrsaíocht sa mhargadh inmheánach ag seirbhísí iontaoibhe a chomhlíonann an Rialachán seo.
- (25) Ba cheart go mbeadh na Ballstáit fós in ann cineálacha eile seirbhísí iontaoibhe a shainiú de bhreis orthu sin atá i liosta dúnta na seirbhísí iontaoibhe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ar mhaithe lena n-aithint mar sheirbhísí iontaoibhe cáilithe ar an leibhéal náisiúnta.
- (26) Mar gheall ar a thapa agus atá an teicneolaíocht ag athrú, ba cheart cur chuige a ghlacadh faoin Rialachán a fhágann gur féidir a bheith nuálaíoch.
- (27) Ba cheart an Rialachán seo a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Ba cheart go bhféadfaí na héifeachtaí dlíthiúla a dheonaítear faoi a bhaint amach le haon mhodh teicniúil ar choinníoll go ndéantar ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

- (28) D'fhonn iontaoibh fiontar beag agus meán-mhéide (FBManna) agus tomhaltóirí go háirithe as an margadh inmheánach a neartú agus úsáid seirbhísí agus táirgí iontaoibhe a chur chun cinn, ba cheart coincheap na seirbhísí iontaoibhe cáilithe agus coincheap an tsoláthraí cháilithe seirbhísí iontaoibhe a thabhairt isteach d'fhonn ceanglais agus oibleagáidí a chur in iúl a áirithiú go mbeidh leibhéal ard slándála ag cibé seirbhísí nó táirgí iontaoibhe cáilithe a úsáidtear nó a chuirtear ar fáil.
- (29) I gcomhréir le hoibleagáidí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, a formheasadh le Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, go háirithe Airteagal 9 den Choinbhinsiún, ba cheart daoine atá faoi mhíchumas a bheith in ann úsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe agus as táirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar ar an mbonn céanna le custaiméirí eile. Dá bharr sin, i gcás inarb indéanta, maidir le seirbhísí iontaoibhe a sholáthraítear agus táirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar, ba cheart go bhféachfaí chuige go mbeidh rochtain ag daoine atá faoi mhíchumas orthu. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa mheasúnú féidearthachta, *inter alia*, ceistanna teicniúla agus eacnamaíocha.
- (30) Ba cheart do na Ballstáit comhlacht maoirseachta nó comhlachtaí maoirseachta a ainmniú chun na gníomhaíochtaí maoirseachta faoin Rialachán seo a chur i gcrích. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh freisin, trí chomhaontú frithpháirteach le Ballstát eile, comhlacht maoirseachta a ainmniú i gcrích an Bhallstáit eile sin.
- (31) Ba cheart do na comhlachtaí maoirseachta oibriú leis na húdaráis cosanta sonraí, mar shampla trí iad a chur ar an eolas, maidir le torthaí iniúchtaí ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe, i gcás ina mbeadh an chuma ar an scéal gur sáraíodh rialacha cosanta sonraí. Ba cheart go gcumhdófaí teagmhais slándála agus sárúithe sonraí pearsanta sa soláthar faisnéise go háirithe.
- (32) Ba cheart go mbeadh sé de dhualgas ar gach soláthraí seirbhísí iontaoibhe dea-chleachtas slándála a chur i bhfeidhm atá oiriúnach do na rioscaí a bhaineann lena chuid gníomhaíochtaí chun iontaoibh úsáideoirí as an margadh aonair a mhéadú.
- (33) Níor cheart go gcuirfeadh forálacha maidir le hainmneacha bréige a úsáid ar dheimhnithe cosc ar na Ballstáit aitheantas daoine a éileamh de bhun dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta.
- (34) Ba cheart go gcomhlíonfadh gach Ballstát ceanglais choiteanna maidir le maoirseacht shár-riachtanach chun leibhéal slándála inchomparáide ar sheirbhísí iontaoibhe cáilithe a áirithiú. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas sin a éascú ar fud an Aontais, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta inchomparáide a ghlacadh agus faisnéis a mhalartú maidir lena ngníomhaíochtaí maoirseachta agus lena ndea-chleachtais sa réimse sin.
- (35) Ba cheart go mbeadh soláthraithe seirbhísí go léir faoi réir cheanglais an Rialacháin seo, go háirithe maidir le slándáil agus dliteanas chun dícheall cuí, trédhearcacht agus cuntasacht a n-oibríochtaí agus a seirbhísí a áirithiú. Mar sin féin, agus cineál na seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí iontaoibhe á gcur san áireamh, is cuí idirdhealú a dhéanamh idir soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus soláthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe a mhéid a bhaineann leis na ceanglais sin.
- (36) Agus córas maoirseachta á chur ar bun do gach soláthraí seirbhísí iontaoibhe, ba cheart a áirithiú go mbeadh cothroime iomaíochta ann le haghaidh shábháilteacht agus chuntasacht a n-oibríochtaí agus a seirbhísí, chun go gcuideoidh siad ar an gcaoi sin leis na húsáideoirí a chosaint agus le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart soláthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe a bheith faoi réir gníomhaíochtaí maoirseachta *ex-post* atá de chineál tadhaill éadroim agus frithghníomhach i ngeall ar chineál a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí. Ba cheart, dá bhrí sin, nach mbeadh aon oibleagáid ghinearálta ar an gcomhlacht maoirseachta maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe neamhcháilithe seirbhísí. Níor cheart don chomhlacht maoirseachta gníomhú ach amháin nuair a chuirtear in iúl dó (mar shampla ag an soláthraí neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe é féin, ag comhlacht maoirseachta eile, trí fhógra ó úsáideoir nó ó pháirtí gnó nó ar bhonn imscrúdaithe uaidh féin) nach gcomhlíonann soláthraí neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe ceanglais an Rialacháin seo.

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i gcrích (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).

- (37) Ba cheart go ndéanfaí foráil leis an Rialachán seo do dhliteanas gach soláthraí seirbhísí iontaoibhe. Go háirithe, bunaítear leis an Rialachán córas dliteanais faoinar cheart do gach soláthraí seirbhísí iontaoibhe a bheith faoi dhliteanas i leith damáiste a chuirtear faoi deara d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach toisc nár chomhlíon an soláthraí na hoibleagáidí faoin Rialachán seo. D'fhonn measúnú an riosca airgeadais a éascú i gcás inarbh fhéidir go gcaithfeadh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe é a sheasamh nó i gcás inar cheart dóibh iad a bheith curtha faoi árachas, ceadaítear leis an Rialachán seo do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe teorainneacha a shocrú, faoi choinníollacha áirithe, maidir le húsáid na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus gan a bheith faoi dhliteanas i leith damáistí a thagann chun cinn as úsáid seirbhísí a sháraíonn teorainneacha den sórt sin. Ba cheart custaiméirí a chur ar an eolas faoi na teorainneacha go cuí roimh ré. Ba cheart na teorainneacha sin a bheith inaitheanta ag tríú páirtí, mar shampla trí fhaisnéis maidir leis na teorainneacha sin a áireamh i dtéarmaí agus i gcoinníollacha na seirbhíse a sholáthraítear nó trí mhodhanna inaitheanta eile. Chun críocha éifeacht a thabhairt do na prionsabail sin, ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha náisiúnta maidir le dliteanas. Dá bhrí sin, ní dhéanann an Rialachán seo aon difear do na rialacha náisiúnta sin, mar shampla, maidir le damáistí, intinn, faillí a shainmhíniú, nó do rialacha ábhartha nós imeachta is infheidhme.
- (38) Tá sé riachtanach fógra a thabhairt maidir le sárúithe slándála agus measúnuithe ar rioscaí slándála chun faisnéis leordhóthanach a sholáthar do na páirtithe lena mbaineann i gcás sárú slándála nó cailteanais sláine.
- (39) Ba cheart iarraidh ar chomhlachtaí maoirseachta faisnéis achoimreach a sholáthar don Choimisiún agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéise (ENISA) le go mbeidh sé ar chumas an Choimisiúin agus na mBallstát measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an tsásra atáthar ag tabhairt isteach leis an Rialachán seo chun fógra a thabhairt maidir le sárúithe.
- (40) Ba cheart iarraidh ar na comhlachtaí maoirseachta tuairisciú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí le go mbeidh sé ar chumas an Choimisiúin agus na mBallstát measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an tsásra maoirseachta feabhsaithe atáthar ag tabhairt isteach leis an Rialachán seo. D'éascódh sé sin go mór malartú dea-chleachtas idir na comhlachtaí maoirseachta agus d'áiritheodh sé go mbeifí ag fíorú go bhfuil na ceanglais mhaoirseachta fíorriachtanacha á gcur chun feidhme go comhsheasmhach agus go héifeachtúil i ngach Ballstát.
- (41) D'fhonn inbhuanaitheacht agus marthanacht seirbhísí iontaoibhe cáilithe a áirithiú agus le muinín úsáideoirí as leanúnachas seirbhísí iontaoibhe cáilithe a mhéadú, ba cheart do na comhlachtaí maoirseachta a fhíorú gurb ann d'fhorálacha maidir le pleananna foirceanta agus go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm mar is ceart i gcásanna ina gcuireann soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe deireadh lena ngníomhaíochtaí.
- (42) Chun maoirsiú ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a éascú, mar shampla nuair atá seirbhísí á soláthar ag soláthraí i gcríoch Ballstáit eile nach bhfuil sé faoi réir maoirseachta ann, nó nuair atá ríomhairí soláthraí lonnaithe i gcríoch Bhallstáit seachas an ceann ina bhfuil sé bunaithe, ba cheart córas um chúnamh frithpháirteach a bhunú idir comhlachtaí maoirseachta sna Ballstáit.
- (43) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe, agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad, na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart don chomhlacht measúnaithe comhréireachta measúnú comhréireachta a dhéanamh agus ba cheart do na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe tuarascálacha measúnaithe comhréireachta a chur faoi bhráid an chomhlachta maoirseachta. Nuair a éilíonn an comhlacht maoirseachta go gcuirfeadh soláthraí cáilithe seirbhíse iontaoibhe tuarascáil *ad hoc* ar mheasúnú comhréireachta, ba cheart don chomhlacht maoirseachta cloí le prionsabal an dea-riaracháin go háirithe, lena n-áirítear an oibleagáid cúiseanna a lua lena chinntí, chomh maith le prionsabal na comhréireachta. Dá bhrí sin, ba cheart don chomhlacht maoirseachta cúiseanna a lua go cuí lena chinneadh measúnú comhréireachta *ad hoc* a chur ina cheangal.
- (44) Díritear leis an Rialachán seo ar chreat comhsheasmhach a áirithiú d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta agus cinnteacht dlíthiúla i ndáil le seirbhísí iontaoibhe a chur ar fáil. I ndáil leis sin, ba cheart don Choimisiún, agus aghaidh á tabhairt aige ar mheasúnú comhréireachta na seirbhísí agus na dtáirgí, i gcás inarb iomchuí, sineirgí a lorg le scéimeanna ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, amhail Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(1)</sup> ina leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú a bheith ag comhlachtaí measúnaithe comhréireachta agus faireachas margaidh ar tháirgí.

<sup>(1)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).



- (45) Ar mhaithe le próiseas éifeachtúil tionscnaimh a bheith ann, rud ba cheart a bheith mar thoradh air go gcuirfear soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann siad ar fáil ar na liostaí iontaoifa, ba cheart idirghníomhú tosaigh idir soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe ionchasacha agus an comhlacht maoirseachta inniúil a spreagadh, féachaint dícheall cuí a éascú, sa chaoi go mbeidh soláthar na seirbhísí iontaoibhe cáilithe mar thoradh air.
- (46) Is gnéithe bunriachtanacha iad liostaí iontaoifa chun muinín a ardú i measc oibríochtaí an mhargaidh toisc go léirítear leo stádas cáilithe an tsoláthraí seirbhíse tráth a ndéantar an mhaoirseacht.
- (47) Ionas gur féidir le húsáideoirí leas iomlán a bhaint as seirbhísí leictreonacha agus brath orthu go feasach, tá sé bunriachtanach go mbeadh muinín acu as seirbhísí ar líne agus go mbeadh na seirbhísí sin áisiúil dóibh. Chun na críche sin, ba cheart trustmharc AE a chruthú chun na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a shainaitint. Dhéanfaid trustmharc AE den sórt sin idirdhealú soiléir idir seirbhísí iontaoibhe cáilithe agus seirbhísí iontaoibhe eile agus chuideofaí ar an gcuma sin leis an trédhearcacht sa mhargadh a fheabhsú. Ba cheart gur ar bhonn saorálach a bhainfeadh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe úsáid as trustmharc AE agus níor cheart go dtiocfadh aon cheanglas as seachas na ceanglais dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.
- (48) Cé go bhfuil leibhéal ard slándála de dhíth chun aitheantas frithpháirteach ríomhshínithe a áirithiú, i gcásanna ar leith, amhail i gcomhthéacs Chinneadh 2009/767/CE ón gCoimisiún<sup>(1)</sup>, ba cheart glacadh le ríomhshínithe a bhfuil dearbhú slándála níos ísle ná sin acu freisin.
- (49) Leis an Rialachán seo ba cheart go mbunófaí an prionsabal nár cheart diúltú d'éifeacht dhlíthiúil ríomhshínithe ar an bhforas go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach nó ar an bhforas nach gcomhlíonann sé ceanglais an ríomhshínithe cháilithe. Is de réir an dlí naisiúnta a shaineofar éifeacht dhlíthiúil ríomhshínithe, ach amháin maidir leis an gceanglais dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus ar dá réir ba cheart ríomhshíniú cáilithe a bheith ar aon éifeacht dhlíthiúil le síniú lámhscríofa.
- (50) Toisc go mbaineann údarais inniúla sna Ballstáit úsáid as formáidí difriúla ríomhshínithe ardleibhéil faoi láthair chun a gcuid doiciméad a ríomhshíniú, is gá a áirithiú gur féidir le Ballstáit roinnt formáidí ríomhshínithe ardleibhéil ar a laghad a láimhseáil go teicniúil nuair a fhaigheann siad doiciméid ríomhshínithe. Ar an gcaoi chéanna, nuair a bheadh údarais inniúla sna Ballstáit ag úsáid ríomhshéalaí ardleibhéil, ba ghá a áirithiú go mbeidís in ann roinnt formáidí ríomhshéalaí ardleibhéil ar a laghad a láimhseáil.
- (51) Ba cheart go bhféadfadh an sínitheoir gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe a chur faoi chúram tríú páirtí, ar choinníoll go gcuirfear sásraí agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm lena áirithiú gur faoi urlámhas an tsínitheora, agus faoina urlámhas sin amháin, a bheidh a chuid sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe féin, agus go gcomhlíonann úsáid an ghléis na ceanglais maidir le ríomhshínithe cáilithe.
- (52) Ní móide ná go gcuirfear dlús le ríomhshínithe cianda, i gcás inar soláthraí seirbhísí iontaoibhe a dhéanann an timpeallacht do chruthú ríomhshínithe a bhainistiú thar ceann an tsínitheora, i bhfianaise na dtairbhí iomadúla eacnamaíocha a ghabhann leis. Chun a áirithiú, áfach, go dtabharfar an t-aitheantas céanna dlíthiúil do ríomhshínithe den sórt sin agus a thugtar do ríomhshínithe a chruthaítear i dtimpeallacht a bhíonn á bainistiú go huile ag an úsáideoir, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí ríomhshínithe cianda sain-nósanna imeachta bainistithe agus riaracháin a chur i bhfeidhm agus táirgí agus córais iontaoifa a úsáid, lena n-áirítear ríomhbhealaí cumarsáide iontaoifa, d'fhonn a dheimhniú go bhfuil an timpeallacht do chruthú ríomhshínithe iontaoifa agus gur faoi rialú an tsínitheora amháin atá sí. Nuair a chruthaítear ríomhshíniú cáilithe agus gléas ríomhshínithe cianda á úsáid, ba cheart go mbeadh feidhm ag na ceanglais atá infheidhme maidir le soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a leagtar amach sa Rialachán seo maidir leo.

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2009/767/CE ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar amach bearta chun úsáid nósanna imeachta a éascú le ríomh-mhodhanna trí "ionaid ilfhreastail" i gcomhréir le Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 274, 20.10.2009, lch. 36).

- (53) Is cleachtas oibríochtúil seanbhunaithe é ag soláthraithe seirbhísí iontaoibhe i gcuid de na Ballstáit deimhnithe cáilithe a chur ar fionraí, rud atá éagsúil le cúlghairm agus a mbaineann cailliúint shealadach bailíochta sealadaí leis. Ó thaobh deimhneachta dlíthiúla de, má tá stádas fionraíochta ag deimhniú, is gá é sin a chur in iúl go soiléir i gcónaí. Chuige sin, ba cheart go mbeadh freagracht ar na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe stádas an deimhnithe a chur in iúl go soiléir agus, má chuirtear an deimhniú ar fionraí, tréimhse bheacht chur ar fionraí an deimhnithe a chur in iúl chomh maith. Níor cheart úsáid fionraíochta a fhorchur ar na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe ná ar na Ballstáit leis an Rialachán seo, ach ba cheart go bhforálfai leis do rialacha trédhearcachta tráth agus áit a mbíonn cleachtas den sórt sin ar fáil.
- (54) Is réamhchoinníoll iad idir-inoibritheacht thrasteorann agus deimhnithe cáilithe a aithint le haghaidh aithint trasteorann do ríomh-shínte cáilithe. Dá bhrí sin, ní bheidh deimhnithe cáilithe faoi réir aon cheanglas shainordaitheach de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Ar an leibhéal náisiúnta, áfach, ba cheart go gceadófaí saintréithe sonracha a áireamh i ndeimhnithe cáilithe, amhail sonraí uathúla aitheantais, ar choinníoll nach gcuirfidh sonraí uathúla aitheantais den sórt sin isteach ar idir-inoibritheacht thrasteorann nó deimhnithe agus ríomh-shínte a aithint.
- (55) Is uirlis thábhachtach é deimhniúchán slándáil TF atá bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta amhail ISO 15408 agus modhanna gaolmhara meastóireachta agus socrúithe frithpháirteacha i dtaca le slándáil gléasanna cruthaithe sínithe cáilithe a fhíorú agus ba cheart an uirlis sin a chur chun cinn. Braitheann réitigh agus seirbhísí nuálacha, áfach amhail síniú ar ghuthán soghluaiste agus ríomhshíniú néalríomhaireachta, ar réitigh theicniúla agus eagraíochtúla do ghléasanna cruthaithe sínithe cáilithe arbh fhéidir nach bhfuil fáil ar chaighdeán slándála ina leith go fóill nó a bhfuil an chéad deimhniúchán slándáil TF ar siúl fós maidir leo. Ní fhéadfaí leibhéal slándála na ngléasanna sin cruthaithe ríomhshínte a mheas trí phróisis mhalartacha a úsáid ach amháin sa chás nach bhfuil fáil ar chaighdeán slándála den sórt sin nó i gcás ina bhfuil deimhniúchán Slándáil TF ar siúl. Ba cheart go mbeadh na próisis sin inchomparáide leis na caighdeáin do dheimhniúchán slándáil TF sa mhéid gurb ionann a leibhéal slándála. D'fhéadfaí na próisis sin a éascú trí athbhreithniú píaraí a dhéanamh.
- (56) Ba cheart go leagfaí síos leis an Rialachán seo ceanglais maidir le gléasanna cruthaithe ríomhshínte cáilithe chun feidhmiúlacht ríomhshínte ardleibhéil a áirithiú. Níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo an córas timpeallachta uile ina n-oibríonn gléasanna den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart an raon feidhme a bheadh ag an deimhniúchán do ghléasanna cruthaithe ríomhshínte cáilithe a theorannú do chrua-earraí agus do chóras bogearraí a úsáidtear chun bainistiú agus cosaint a dhéanamh ar na sonraí cruthaithe sínithe a chruthaítear, a stóráiltear nó a phróiseáiltear sa ghléas cruthaithe sínithe. Faoi mar a shonraítear i gcaighdeán ábhartha, ba cheart, leis an oibleagáid maidir le raon feidhme an deimhniúcháin, go ndéanfaí iarratais ar chruthú sínithe a eisiaimh.
- (57) Le deimhneacht dlíthiúil sa mhéid a bhaineann le bailíocht an tsínithe a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach na comhpháirteanna den ríomhshíniú cáilithe a shainiú nach mór don pháirtí is úsáideoir atá ag tabhairt faoin mbailíochtú measúnú a dhéanamh orthu. Ina theannta sin, ba cheart go spreagfaí an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí infheistíocht a dhéanamh sna seirbhísí bailíochtaithe cáilithe agus na ceanglais a shainiú do sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe is féidir leo na seirbhísí bailíochtaithe cáilithe sin a sholáthar do pháirtithe is úsáideoirí nach bhfuil toilteanach nó nach bhfuil in ann bailíochtú a dhéanamh ar ríomhshínte cáilithe iad féin. Ba cheart go bhfágfadh an dá ghné sin go mbeidh bailíochtú ríomhshínte cáilithe éasca áisiúil do gach páirtí ar leibhéal an Aontais.
- (58) I gcás ina bhfuil ríomhshéala cáilithe ó dhuine dlítheanach de dhíth chun idirbheart a dhéanamh, ba cheart ríomhshíniú cáilithe ó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh a bheith chomh hinghlactha céanna.
- (59) Ba cheart ríomhshéalaí a bheith ina bhfianaise gur eisigh duine dlítheanach ríomhdhoiciméad, chun deimhneacht a áirithiú maidir le foinse agus sláine an doiciméid.
- (60) Ba cheart go gcuirfeadh na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe atá ag eisiúint deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéala na bearta riachtanacha chun feidhme chun go mbeifí in ann céannacht an duine nádúrtha a shuí, ar duine nádúrtha é a dhéanann ionadaíocht ar an duine dlíthiúil a chuirtear an deimhniú cáilithe ar ríomhshéala ar fáil dó, i gcás ina bhfuil aitheantas riachtanach ar an leibhéal náisiúnta i gcomhthéacs na nósanna imeachta breithiúna nó riaracháin.

- (61) Ba cheart caomhnú fadtéarmach faisnéise a áirithiú leis an Rialachán seo, chun bailíocht dhlíthiúil na ríomhshínithe agus na ríomhshéalaí thar tréimhsí fada, a ráthú go mbeifear in ann iad a bhailíochtú beag beann ar athruithe sa teicneolaíocht amach anseo.
- (62) Le slándáil na stampaí ama leictreonacha cáilithe a áirithiú, ba cheart go gcuirfí ina cheangal leis an Rialachán seo go mbainfí úsáid as ríomhshéala ardleibhéil nó as ríomhshíniú ardleibhéil nó as modhanna comhionanna eile. Foráiltear go n-eascróidh teicneolaíochtaí nua as nuáil lena bhféadfar leibhéal slándála comhionann a áirithiú do stampaí ama. Nuair a úsáidfeadh modh eile seachas ríomhshéala ardleibhéil nó ríomhshíniú ardleibhéil, ba cheart gur ar an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a bheadh sé a léiriú, sa tuarascáil ar mheasúnú comhréireachta, go n-áirithítear leibhéal comhionann slándála le modh mar sin agus go gcomhlíontar leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (63) Tá ríomhdhoiciméid tábhachtach i dtaca le forbairt a dhéanamh tuilleadh ar ríomh-idirbhearta trasteorann sa mhargadh inmheánach. Leis an Rialachán seo agus d'fhonn a áirithiú nach ndiúltofar d'éifeacht dhlíthiúil ríomh-idirbheart ar an aon fhoras gur i bhfoirm leictreonach atá an doiciméad, ba cheart go mbunófaí an prionsabal nár cheart diúltú do ríomhdhoiciméad ar an bhforas go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach.
- (64) Agus aghaidh á tabhairt ar leagan amach ríomhshínithe ardleibhéil agus ríomhshéalaí ardleibhéil, ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún le cleachtais, le caighdeáin agus le reachtaíocht atá ann cheana, go háirithe Cinneadh 2011/130/AE ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.
- (65) Chomh maith leis an doiciméad a eisíonn duine dlítheanach a fhíordheimhniú, is féidir ríomhshéalaí a úsáid chun aon sócmhainn dhigiteach de chuid an duine dhlítheanaigh a fhíordheimhniú, amhail cód bogearraí, nó freastalaithe.
- (66) Tá sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh do chreat dlíthiúil chun go n-éascófar aitheantas trasteorann idir na córais dlí náisiúnta atá ann cheana a bhaineann le ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe. Leis an gcreat sin, d'fhéadfaí teacht ar dheiseanna nua margaidh freisin chun go ndéanfadh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe an Aontais ríomhsheirbhísí nua seachadta cláraithe pan-Eorpacha a thairiscint.
- (67) Le seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin, cuirtear bealach ar fáil trína bhféadfaidh cuairteoir ar an láithreán gréasáin a bheith cinnte go bhfuil eintiteas fíor agus dlisteanach taobh thiar den láithreán gréasáin. Cabhraítear leis na seirbhísí sin iontaoibh agus muinín a chothú maidir le gnó a sheoladh ar líne, mar go mbeidh tomhaltóirí muiníneach as láithreán gréasáin atá fíordheimhnithe. Cuirfeadh na seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin ar fáil ar bhonn iomlán saorálach agus bainfeadh úsáid astu ar bhonn iomlán saorálach. Chun go mbainfí úsáid as fíordheimhniú láithreán gréasáin chun iontaoibh a ardú, agus taithí níos fearr a chur ar fáil don úsáideoir agus cur leis an bhfás sa mhargadh inmheánach, áfach, ba cheart go leagfaí síos leis an Rialachán seo na hoibleagáidí íosta maidir le slándáil agus le dliteanas do sholáthraithe agus dá sheirbhísí. Chuige sin, cuireadh torthaí na dtionscnamh atá á stiúradh ag an tionscal, mar shampla Údarás Deimhniúcháin/Fóram do Bhrabhsálaithe - Fóram ÚD/B san áireamh. Chomh maith leis sin, níor cheart go gcuirfí bac leis an Rialachán seo ar bhealaí nó ar mhodhanna eile le láithreán gréasáin a fhíordheimhniú nach dtagann faoin Rialachán seo agus níor cheart go gcuirfí cosc leis ar sholáthraithe tríú tíortha seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin a seirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí san Aontas. Mar sin féin, níor cheart go n-aithneofaí seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin mar sheirbhísí cáilithe, i gcomhréir leis an Rialachán seo, ach sa chás go mbeidh comhaontú idirnáisiúnta curtha i gcrích idir an tAontas agus tír bhunaíochta an tsoláthraí.
- (68) Le coincheap na “ndaoine dlítheanach”, de réir fhorálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le bunaíocht, is faoi na hoibreoírí atá sé a roghnú cé acu foirm dhlíthiúil a mheasann siad a oirfeadh dóibh agus iad i mbun gníomhaíochta. Dá réir sin, ciallaíonn “daoine dlítheanacha”, de réir bhrí CFAE, gach eintiteas a bhunaítear nó a rialaítear faoi dhlí Ballstáit, beag beann ar a bhfoirm dhlíthiúil.
- (69) Spreagtar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais aitheantas a thabhairt do sheirbhísí ríomh-shainaitheantais agus iontaoibhe a chumhdaítear leis an Rialachán seo chun leas a bhaint as comhar riaracháin, go háirithe as dea-chleachtas atá ann cheana agus as torthaí na dtionscadal atá ar bun sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2011/130/AE ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena mbunaítear ceanglais íosta do phróiseáil trasteorann doiciméad atá ríomhshínithe ag údarais inniúla faoi Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 53, 26.2.2011, lch. 66).

- (70) Ar mhaithe le gnéithe teicniúla mionsonraithe áirithe an Rialacháin seo a chomhlánú ar bhealach solúbtha tapa, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na gcritéar atá le comhlíonadh ag na comhlachtaí atá freagrach as deimhniúcháin gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe. Tá sé rithábachtach, go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (71) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialacháin seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún, go háirithe chun uimhreacha tagartha caighdeán a shonrú, caighdeán a mbeadh toimhde géilliúlachta le ceanglais áirithe a leagtar síos sa Rialachán seo ach iad a úsáid. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.
- (72) Agus gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme á nglacadh aige, ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún aird chuí ar na caighdeáin agus ar na sonraíochtaí teicniúla a dhréachtaíonn eagraíochtaí agus comhlachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, go háirithe an Coiste Eorpach um Chaighdeán (CEN), Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI), Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) agus an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU), d'fhonn leibhéal ard slándála agus idir-inoibritheachta a áirithiú i ndáil le ríomhsheirbhísí aitheantais agus iontaoibhe.
- (73) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht, ba cheart Treoir 1999/93/CE a aisghairm.
- (74) Le deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoirí margaidh atá ag baint úsáide as deimhnithe cáilithe cheana féin a eisíodh do dhaoine dhlíthiúla i gcomhréir le Treoir 1999/93/CE, is gá foráil a dhéanamh do thréimhse leordhóthanach ar mhaithe le trasdul. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart bearta trasdula do ghléasanna slána cruthaithe sínithe a bhunú, a mbeidh an comhlíonadh a mbaineann leo cinntithe i gcomhréir le Treoir 1999/93/CE, agus ba cheart freisin coinne a bheith ann le bearta trasdula do sholáthraithe seirbhísí deimhniúcháin a eiseoidh deimhnithe cáilithe roimh an 1 Iúil 2016. Ar deireadh, is gá freisin modh a chur ar fáil don Choimisiún chun na gníomhartha cur chun feidhme agus na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh roimh an dáta sin.
- (75) Níl aon éifeacht ag na dátaí cur i bhfeidhm a leagtar amach sa Rialachán seo ar na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit cheana faoi dhlí an Aontais, go háirithe faoi Threoir 2006/123/CE.
- (76) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais i ngeall ar scála na gníomhaíochta, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (77) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> agus thug sé tuairim uaidh an 27 Meán Fómhair 2012 <sup>(3)</sup>,

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin. (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

<sup>(3)</sup> IO C 28, 30.1.2013, lch. 6.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 1*

**Ábhar**

D'fhonn a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is ceart, agus d'fhonn leibhéal leordhóthanach slándála a áirithiú i gcás modhanna ríomh-shainaitheantais agus i gcás seirbhísí iontaoibhe, déantar an méid seo a leanas sa Rialachán seo:

- (a) leagtar síos ann na coinníollacha faoina dtabharfaidh na Ballstáit aitheantas do mhodhanna ríomh-shainaitheantais do shainaitheantais daoine nádúrtha nó dlítheanacha a thagann faoi scéim ríomh-shainaitheantais Ballstáit eile ar tugadh fógra ina leith,
- (b) leagtar síos ann na rialacha do sheirbhísí iontaoibhe, go háirithe i gcás ríomh-idirbheart, agus
- (c) bunaítear creat dlí leis le haghaidh ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama, ríomhdhoiciméad, ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe agus seirbhísí deimhnithe d'fhíordheimhniú suíomhanna gréasáin.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar thug Ballstát fógra ina leith, agus maidir le soláthraithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe san Aontas.
2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthar seirbhísí iontaoibhe a úsáidtear go heisiach i gcórais dhúnta atá mar thoradh ar dhlí náisiúnta nó ar chomhaontuithe idir fhoireann shainithe rannpháirtithe.
3. Ní dhéanann an Rialachán seo difear don dlí náisiúnta ná do dhlí an Aontais a bhaineann le conarthaí a thabhairt i gcrích ná le bailíocht na gconarthaí sin, ná le hoibleagáidí dlíthiúla eile ná le hoibleagáidí nós imeachta a bhaineann le foirm.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “ríomh-shainaitheantas” an próiseas arb é atá ann úsáid a bhaint as sonraí sainaitheantais duine i bhfoirm leictreonach, ar sonraí iad a léiríonn, go leithleach, duine nádúrtha nó dlítheanach nó duine nádúrtha a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige ar dhuine dlítheanach;
- (2) Ciallaíonn “modh ríomh-shainaitheantais” aonad ábhartha agus/nó neamhábhartha ina bhfuil sonraí sainaitheantais duine, a mbaintear úsáid as chun seirbhís ar líne a fhíordheimhniú;
- (3) ciallaíonn “sonraí sainaitheantais duine” tacar sonraí chun céannacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, nó duine nádúrtha a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige ar dhuine dlítheanach, a shuíomh;
- (4) ciallaíonn “scéim ríomh-shainaitheantais” córas chun ríomh-shainaitheantas a dhéanamh lena ndéantar modhanna ríomh-shainaitheantais a eisiúint do dhaoine nádúrtha nó dlítheanach nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar dhaoine dlítheanacha;

- (5) ciallaíonn “fíordheimhniú” ríomhphróiseas a fhágann go bhféadfar ríomh-shainaitheantas an duine nádúrtha nó dlítheanaigh a dheimhniú; nó foinse agus sláine ríomhshonraí a dheimhniú;
- (6) ciallaíonn “an páirtí is úsáideoir” duine nádúrtha nó dlítheanach a bhíonn ag brath ar chéannacht leictreonach nó ar sheirbhís iontaoibhe;
- (7) ciallaíonn “comhlacht poiblí” an stát, údarás réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí faoi rialú an dlí phoiblí nó comhlachas ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na húdaráis sin nó ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí faoi rialú an dlí phoiblí, nó eintiteas príobháideach a bhfuil sainordú aige ó cheann amháin ar a laghad de na húdaráis sin, de na comhlachtaí sin nó de na comhlachais sin seirbhísí poiblí a sholáthar ag feidhmiú dó faoi shainordú den sórt sin;
- (8) ciallaíonn “comhlacht a rialaítear faoin dlí poiblí” mar a shainítear é i bpointe (4) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>;
- (9) ciallaíonn “sínitheoir” duine nádúrtha a chruthaíonn ríomhshíniú;
- (10) ciallaíonn “ríomhshíniú” sonraí i bhfoirm leictreonach atá ceangailte de shonraí i bhfoirm leictreonach eile, nó a bhfuil baint loighciúil acu leo, agus a úsáideann an sínitheoir le síniú a dhéanamh;
- (11) ciallaíonn “ríomhshíniú ardleibhéil” ríomhshíniú a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas a leagtar amach in Airteagal 26;
- (12) ciallaíonn “ríomhshíniú cáilithe” ríomhshíniú ardleibhéil a cruthaíodh le gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe, agus atá bunaithe ar dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshínithe;
- (13) ciallaíonn “sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe” sonraí uathúla a úsáideann an sínitheoir chun ríomhshíniú a chruthú;
- (14) ciallaíonn “deimhniú le haghaidh ríomhshínithe” ríomhdhearbhú a dhéanann sonraí bailíochtaithe ríomhshínithe a nascadh le duine nádúrtha agus lena ndearbhaítear ar a laghad ainm nó ainm bréige an duine sin;
- (15) ciallaíonn “deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshínithe” deimhniú le haghaidh ríomhshínithe, a eisíonn soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I;
- (16) ciallaíonn “seirbhís iontaoibhe” ríomhsheirbhís a thugtar de ghnáth ar luach saothair a bhfuil na nithe seo leanas iontu:
- (a) ríomhshínithe, ríomhshéalaí, nó ríomhstampaí ama, ríomhsheirbhísí seachadta atá cláraithe agus na deimhnithe a bhaineann leis na seirbhísí sin a chruthú, a fhíorú agus a bhailíochtú, nó
  - (b) cruthú, fíorú agus bailíochtú na ndeimhnithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin, nó
  - (c) caomhnú ríomhshínithe, ríomhshéalaí nó na deimhnithe a bhaineann leis na seirbhísí sin;
- (17) ciallaíonn “seirbhís iontaoibhe cháilithe” seirbhís iontaoibhe a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme a leagtar síos sa Rialachán seo;

<sup>(1)</sup> Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

- (18) ciallaíonn “comhlacht measúnaithe comhréireachta” comhlacht a shainítear i bpointe 13 d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, a bhfuil creidiúnú aige i gcomhréir leis an Rialachán sin á rá go bhfuil sé inniúil ar mheasúnú comhréireachta a dhéanamh ar sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus ar na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann sé ar fáil;
- (19) ciallaíonn “soláthraí seirbhísí iontaoibhe” duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann seirbhís iontaoibhe amháin nó níos mó ar fáil cibé acu mar sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe nó mar sholáthraí neamhcáilithe seirbhísí iontaoibhe;
- (20) ciallaíonn “soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe” soláthraí seirbhísí iontaoibhe a chuireann seirbhís iontaoibhe cáilithe amháin nó níos mó ar fáil agus a ndeonaíonn an comhlacht maoirseachta stádas mar sholáthraí cáilithe dó;
- (21) ciallaíonn “táirge” cruá-earraí nó bogearraí, nó comhpháirteanna de chruá-earraí nó de bhogearraí, atá beartaithe lena n-úsáid chun seirbhísí iontaoibhe a sholáthar;
- (22) ciallaíonn “gléas cruthaithe ríomhshínithe” bogearraí nó cruá-earraí cumraithe a úsáidtear chun ríomhshíniú a chruthú;
- (23) ciallaíonn “gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe” gléas cruthaithe ríomhshínithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II;
- (24) ciallaíonn “cruthaitheoir séala” duine dlítheanach a chruthaíonn ríomhshéala;
- (25) ciallaíonn “ríomhshéala” sonraí i bhfoirm leictreonach atá ceangailte de shonraí eile i bhfoirm leictreonach, nó a bhfuil baint loighciúil acu leo, chun foinse agus sláine na sonraí eile a áirithiú;
- (26) ciallaíonn “ríomhshéala ardleibhéal” ríomhshéala a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 36;
- (27) ciallaíonn “ríomhshéala cáilithe” ríomhshéala ardleibhéal a chruthaíodh le gléas cruthaithe ríomhshéalaí cáilithe, agus atá bunaithe ar dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí;
- (28) ciallaíonn “sonraí maidir le cruthú ríomhshéala” sonraí uathúla a úsáideann cruthaitheoir an ríomhshéala chun ríomhshéala a chruthú;
- (29) ciallaíonn “deimhniú le haghaidh ríomhshéala” ríomhdhearbhú a dhéanann sonraí bailíochtaithe ríomhshéala a nascadh le duine dlítheanach agus lena ndearbhaítear ainm an duine sin;
- (30) ciallaíonn “deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala” deimhniú le haghaidh ríomhshéala a eisíonn soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III;
- (31) ciallaíonn “gléas cruthaithe ríomhshéala” bogearraí nó cruá-earraí cumraithe a úsáidtear chun ríomhshéala a chruthú;
- (32) ciallaíonn “gléas cruthaithe ríomhshéala cáilithe” gléas um chruthú ríomhshéala a chomhlíonann *mutatis mutandis* na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II;
- (33) ciallaíonn “ríomhstampa ama” sonraí i bhfoirm leictreonach a cheanglaíonn sonraí eile i bhfoirm leictreonach d’am ar leith, agus a shuíonn trína bhíthin sin fianaise go raibh na sonraí eile sin ann ag an am sin;
- (34) ciallaíonn “ríomhstampa ama cáilithe” ríomhstampa a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 42;

- (35) ciallaíonn “ríomhdhoiciméad” aon ábhar a stóráiltear i bhfoirm leictreonach nó mar thaifead fuaime, mar thaifead amhairc nó mar thaifead closamhairc;
- (36) ciallaíonn “ríomhsheirbhís seachadta atá cláraithe” seirbhís a fhágann go bhféadfar sonraí a tharchur idir tríú páirtithe le ríomh-mhodhanna agus a chuireann fianaise ar fáil maidir le láimhseáil na sonraí a tarchuireadh, lena n-áirítear cruthúnas gur seoladh agus/nó go bhfuarthas iad, agus a dhéanann na sonraí a tarchuireadh a chosaint ar an riosca go ndéanfar iad a chailliúint, a ghoid, nó go ndéanfar damáiste dóibh nó athrú neamhúdaraíthe orthu;
- (37) ciallaíonn “ríomhsheirbhís seachadta cáilithe atá cláraithe” ríomhsheirbhís seachadta atá cláraithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 44;
- (38) ciallaíonn “deimhniú le haghaidh fíordheimhniú gréasáin” dearbhú trína bhféadfar gréasán a fhíordheimhniú agus trína nasctar an gréasán leis an duine nádúrtha nó dlítheanach a n-eisítear an deimhniú dó;
- (39) ciallaíonn “deimhniú cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomh gréasáin” deimhniú le haghaidh fíordheimhniú suíomh gréasáin, a eisíonn soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV;
- (40) ciallaíonn “sonraí bailíochtaithe” na sonraí a úsáidtear chun ríomhshíniú nó ríomhshéala a bhailíochtú;
- (41) ciallaíonn “bailíochtú” an próiseas trína bhfóraithear agus trína ndeimhnítear go bhfuil ríomhshíniú nó ríomhshéala bailí.

#### Airteagal 4

### Prionsabal an mhargaidh inmheánaigh

1. Ní chuirfidh soláthraí seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe i mBallstáit eile aon srian ar sholáthar seirbhísí iontaoibhe ar chríoch Ballstáit ar chúiseanna a thagann faoi na réimsí a chumhdaítear sa Rialachán seo.
2. Beidh cead saorchúrsaíochta sa mhargadh inmheánach ag táirgí agus ag seirbhísí iontaoibhe atá i gcomhréir leis an Rialachán seo.

#### Airteagal 5

### Próiseáil agus cosaint sonraí

1. Déanfar próiseáil ar shonraí pearsanta i gcomhréir le Treoir 95/46/CE.
2. Gan dochar don éifeacht dhlíthiúil a thugtar d’ainmneacha bréige faoin dlí náisiúnta, ní cheadófar ainmneacha bréige a úsáid in idirbhearta leictreonacha.

#### CAIBIDIL II

### RÍOMH-SHAINAITHEANTAS

#### Airteagal 6

### Aitheantas frithpháirteach

1. I gcás ina gceanglófar faoin dlí náisiúnta nó i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta riaracháin ríomh-shainaitheantas a úsáid a úsáideann modh ríomh-shainaitheantais agus fíordheimhnithe le rochtain a fháil ar sheirbhís a chuireann comhlacht poiblí ar fáil ar líne i mBallstát amháin, aithneofar sa chéad Bhallstát an modh ríomh-shainaitheantais a eiseofar i mBallstát eile chun an tseirbhís sin ar líne a fhíordheimhniú ar bhonn trasteorann, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

- (a) go n-eisítear an modh ríomh-shainaitheantais faoi scéim ríomh-shainaitheantais a áirítear sa liosta a fhoilseoidh an Coimisiún de bhun Airteagal 9;



- (b) go bhfreagraíonn leibhéal dearbhaithe an mhodha ríomh-shainaitheantais do leibhéal dearbhaithe atá comhionann le nó níos airde ná an leibhéal dearbhaithe a éilíonn an comhlacht ábhartha poiblí chun rochtain a fháil ar an tseirbhís sin ar líne sa chéad Bhallstát, ar choinníoll go bhfreagraíonn leibhéal dearbhaithe an mhodha ríomh-shainaitheantais sin do leibhéal dearbhaithe atá “suntasach” nó “ard”;
- (c) i gcás ina n-úsáideann an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann an leibhéal dearbhaithe “suntasach” nó “ard” maidir le rochtain ar an tseirbhís sin ar líne.

Bainfear amach an t-aitheantas sin tráth nach déanaí ná 12 mhí ón dáta a fhoilseoidh an Coimisiún an liosta dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír.

2. Féadfaidh comhlachtaí poiblí aitheantas a thabhairt don mhodh ríomh-shainaitheantais a eiseofar faoi scéim ríomh-shainaitheantais a áireofar ar an liosta a fhoilseoidh an Coimisiún de bhun Airteagal 9 agus a fhreagróidh do leibhéal dearbhaithe “íseal” aige, chun an tseirbhís a chuireann na comhlachtaí sin ar fáil ar líne a fhíordheimhniú ar bhonn trasteorann.

#### *Airteagal 7*

#### **Incháilitheacht le haghaidh fógra a thabhairt i leith scéimeanna ríomh-shainaitheantais**

Beidh scéim ríomh-shainaitheantais cáilithe le fógra a thabhairt ina leith de bhun Airteagal 9(1) ar choinníoll go ndéanfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) gurb é an Ballstát a thugann an fógra a eiseoidh na modhanna ríomh-shainaitheantais:
- (i) faoin scéim sin,
  - (ii) faoi shainordú ón mBallstát atá ag tabhairt an fhógra, nó
  - (iii) neamhspleách ar an mBallstát atá ag tabhairt an fhógra agus go dtugann an Ballstát sin aitheantas dó;
- (b) gur féidir an modh ríomh-shainaitheantais faoin scéim ríomh-shainaitheantais a úsáid chun rochtain a fháil ar sheirbhís amháin ar a laghad arna cur ar fáil ag comhlacht earnála poiblí lena bhfuil ríomh-shainaitheantas de dhíth sa Bhallstát atá ag tabhairt an fhógra;
- (c) go gcomhlíonfaidh an scéim ríomh-shainaitheantais agus an modh ríomh-shainaitheantais a eisítear fúithi na ceanglais de cheann amháin ar a laghad de na leibhéil dearbhaithe a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(3);
- (d) go n-áiritheoidh an Ballstát atá ag tabhairt an fhógra go luafar sonraí uathúla sainaitheantais an duine atá i gceist, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla, leis na caighdeáin theicniúla agus leis na nósanna imeachta teicniúla atá ábhartha don leibhéal dearbhaithe a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(3), leis an duine nádúrtha nó dlítheanach dá dtagraítear i bpointe 1 d’Airteagal 3 an tráth céanna a n-eiseofar an modh ríomh-shainaitheantais faoin scéim sin;
- (e) go n-áiritheoidh an páirtí a bhfuil an modh ríomh-shainaitheantais á eisiúint aige faoin scéim sin go luafar an modh ríomh-shainaitheantais leis an duine dá dtagraítear i bpointe (d) den Airteagal seo i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla, leis na caighdeáin theicniúla agus leis na nósanna imeachta teicniúla atá ábhartha don leibhéal dearbhaithe a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(3);
- (f) go n-áiritheoidh an Ballstát atá ag tabhairt an fhógra go bhféadfar fíordheimhniú a fháil ar líne, le go mbeidh aon pháirtí is úsáideoir atá bunaithe i gcríoch Ballstáit eile in ann sonraí faisnéise pearsanta a fhaightear i bhfoirm leictreonach a dheimhniú.

Maidir le páirtithe is úsáideoir seachas comhlachtaí eanála poiblí, féadfaidh an Ballstát atá ag tabhairt an fhógra na téarmaí rochtana ar an bhfiordheimhniú sin a shainiú. Cuirfear an fiordheimhniú trasteorann sin ar fáil saor in aisce i gcás seirbhís ar líne a chuireann comhlacht poiblí ar fáil.

Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon saincheanglais theicniúla a bheidh neamhréireach ar pháirtithe is úsáideoir a bhfuil intinn acu ar fiordheimhniú den sórt sin a dhéanamh, i gcás ina gcoiscfear leis na ceanglais sin idir-inoibritheacht na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith nó i gcás ina gcuirtear bac ar an idir-inoibritheacht sin;

- (g) go dtabharfaidh an Ballstát atá ag tabhairt an fhógra tuairisc ar an scéim sin do na Ballstáit eile, chun críocha na hoibleagáide faoi Airteagal 12(5), ar a laghad sé mhí sula dtabharfar an fógra de bhun Airteagal 9(1), i gcomhréir leis na socruithe nós imeachta arna mbunú ag na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(7);
- (h) go gcomhlíonfar leis an scéim ríomh-shainaitheantais na ceanglais a leagtar amach san ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(8).

#### *Airteagal 8*

#### **Leibhéil dearbhaithe scéimeanna ríomh-shainaitheantais**

1. Sonrófar i scéim ríomh-shainaitheantais de bhun Airteagal 9(1) leibhéil dearbhaithe “íseal”, “suntasach” agus/nó “ard” do mhodhanna ríomh-shainaitheantais a eisítear faoin scéim sin.
2. Comhlíonfaidh na leibhéil dearbhaithe “íseal”, “suntasach” agus “ard” na critéir a leanas faoi seach:
  - (a) tagróidh leibhéal dearbhaithe “íseal” do mhodh ríomh-shainaitheantais i gcomhthéacs scéime ríomhaitheantais, a chuireann leibhéal teoranta muiníne i gcéannacht mhaíte nó dhearbhaithe duine, agus a ngabhann sonraíochtaí teicniúla, caighdeáin theicniúla agus nósanna imeachta teicniúla áirithe leis, lena n-áirítear rialuithe teicniúla, arb é is aidhm dóibh an baol atá ann go mbainfí mí-úsáid as an gcéannacht nó go n-athrófaí an chéannacht a laghdú go mór;
  - (b) tagróidh leibhéal dearbhaithe “suntasach” do mhodh ríomh-shainaitheantais i gcomhthéacs scéime ríomh-shainaitheantais, a chuireann leibhéal suntasach muiníne i gcéannacht mhaíte nó dhearbhaithe duine, agus a ngabhann sonraíochtaí teicniúla, caighdeáin theicniúla agus nósanna imeachta teicniúla áirithe leis, lena n-áirítear rialuithe teicniúla, arb é is aidhm dóibh an baol atá ann go mbainfí mí-úsáid as an gcéannacht nó go n-athrófaí an chéannacht a laghdú go mór;
  - (c) tagróidh leibhéal dearbhaithe atá ard do mhodh ríomh-shainaitheantais i gcomhthéacs scéime ríomh-shainaitheantais, a chuireann leibhéal níos airde muiníne i gcéannacht mhaíte nó dhearbhaithe duine ná mar a dhéanann modh ríomh-shainaitheantais ag a bhfuil leibhéal dearbhaithe atá suntasach, agus a ngabhann sonraíochtaí teicniúla, caighdeáin theicniúla agus nósanna imeachta teicniúla áirithe leis, lena n-áirítear rialuithe teicniúla, arb é is aidhm dóibh mí-úsáid céannachta nó athrú ar an gcéannacht a chosc.
3. Faoi 18 Meán Fómhair 2015, agus na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á gcur san áireamh, agus faoi réir mhír 2, leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, íos-sonraíochtaí teicniúla, íoschaighdeáin teicniúla agus íosnósanna imeachta teicniúla ag tagairt do leibhéil dearbhaithe atá “íseal”, “suntasach” agus “ard” agus atá sonraithe do mhodhanna ríomh-shainaitheantais chun críocha mhír 1.

Leagfar amach na híos-sonraíochtaí teicniúla, na híoschaighdeáin teicniúla agus na híosnósanna imeachta teicniúla trí thagairt d'iontaofacht agus do cháilíocht an méid a leanas:

- (a) an nós imeachta trína dtugtar cruthúnas agus fíorú maidir le céannacht daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar mhodh ríomh-shainaitheantais;

- (b) an nós imeachta trína n-eisítear an modh ríomh-shainaitheantais a iarraidh;
- (c) an sásra fhíordheimhnithe, trína n-úsáideann an duine nádúrtha nó dlítheanach an modh ríomh-shainaitheantais chun a chéannacht a dheimhniú don pháirtí is úsáideoir;
- (d) an t-eintiteas a eisíonn an modh ríomh-shainaitheantais;
- (e) aon chomhlacht eile atá bainteach leis an iarratas ar mhodh ríomh-shainaitheantais a eisiúint; agus
- (f) sonraíochtaí teicniúla agus slándála an mhodha ríomh-shainaitheantais a eisítear.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### Airteagal 9

#### Fógra a thabhairt

1. Tabharfaidh an Ballstát a thugann an fógra fógra don Choimisiún i leith na faisnéise seo a leanas gan mhoill mhíchuí, chomh maith le haon athruithe iardain a dhéanfar uirthi:

- (a) tuairisc ar an scéim ríomh-shainaitheantais, lena n-áirítear a leibhéal dearbhaithe agus eitheoir nó eitheoirí an mhodha ríomh-shainaitheantais faoin scéim sin;
- (b) an córas maoirseachta is infheidhme agus faisnéis maidir leis an gcóras dlítheanais i ndáil leis an méid a leanas:
  - (i) an páirtí a eisíonn na meáin ríomh-shainaitheantais, agus
  - (ii) an páirtí a fheidhmíonn an nós imeachta fíordheimhnithe;
- (c) an t-údarás nó na húdaráis atá freagrach as an scéim ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith;
- (d) faisnéis maidir leis an eintiteas nó leis na heintitis a bhainistíonn clárú sonraí uathúla aitheantais duine;
- (e) tuairisc faoin mbealach a gcomhlíontar ceanglais a leagtar amach sa ghníomh chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(8);
- (f) tuairisc faoin bhfíordheimhniú dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 7;
- (g) socruithe i leith cúlghairm nó fhionraí na scéime ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith, na fíordheimhnithe nó na codanna díobh ar cuireadh a slándáil i mbaol.

2. Bliain amháin ón dáta a gcuirfear i bhfeidhm na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus Airteagal 12(8), foilseoidh an Coimisiún liosta de na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith de bhun mhír 1 den Airteagal seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar aon leis an mbunfhaisnéis ina dtaobh.

3. Má fhaigheann an Coimisiún fógra tar éis dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear i mír 2, foilseoidh sé in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* na leasuithe ar an liosta dá dtagraítear i mír 2 laistigh de dhá mhí ón dáta a bhfaighfear an fógra sin.

4. Féadfaidh Ballstát iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun an scéim ríomh-shainaitheantais ar thug an Ballstát sin fógra ina leith a bhaint den liosta dá dtagraítear i mír 2. Foilseoidh an Coimisiún na leasuithe comhfhreagracha ar an liosta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* laistigh d'aon mhí amháin ón dáta a bhfaighidh sé an iarraidh sin ón mBallstát.

5. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sainiú a dhéanamh ar chúinsí, ar fhormaidí agus ar nósanna imeachta an fhógra faoi mhír 1. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### Airteagal 10

##### Sárú slándála

1. I gcás ina ndéantar an scéim ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith de bhun Airteagal 9(1) nó fiordheimhniú dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 7 a shárú nó go gcuirtear a slándáil i scothbhaol ar bhealach ina mbeidh éifeacht aige ar iontaofacht fiordheimhniú trasteorann na scéime sin, déanfaidh Ballstát na scéime ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith, an fiordheimhniú trasteorann nó na codanna díobh ar cuireadh a slándáil i scothbhaol a chur ar fionraí nó déanfar iad a chúlghairm gan mhoill agus cuirfidh siad na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi.

2. Nuair a réiteofar an sárú nó an scothbhaol dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Ballstát atá ag tabhairt an fhógra an fiordheimhniú trasteorann a athbhunú agus cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi gan mhoill mhíchúí.

3. I gcás nach ndéanfaí an sárú nó an scothbhaol dá dtagraítear i mír 1 a réiteach laistigh de thrí mhí ón dáta fionraithe nó cúlghairme, cuirfidh an Ballstát atá ag tabhairt an fhógra fógra maidir le tarraingt siar na scéime ríomh-shainaitheantais chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún maidir leis sin.

Foilseoidh an Coimisiún na leasuithe comhfhreagracha a dhéanfar ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* gan aon mhoill mhíchúí.

#### Airteagal 11

##### Dhliteanas

1. Beidh an Ballstáit a bheidh ag tabhairt fógra faoi dhliteanas as aon damáiste a dhéanfar d'aonghnó nó go faillíoch d'aon duine nádúrtha nó in idirbheart trasteorann, de thoradh gan cloí in idirbheart trasteorann leis a oibleagáidí faoi pointí (d) agus (f) d'Airteagal 7.

2. Beidh an páirtí a eiseoidh an modh ríomh-shainaitheantais faoi dhliteanas as aon damáiste a dhéanfar d'aonghnó nó go faillíoch d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach de thoradh gan cloí in idirbheart trasteorann leis an oibleagáid dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 7.

3. Beidh an páirtí a fheidhmeoidh an nós imeachta fiordheimhniú faoi dhliteanas as aon damáiste a dhéanfar d'aonghnó nó go faillíoch d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach de thoradh gan a áirithiú, in idirbheart trasteorann, go bhfeidhmeofaí an fiordheimhniú dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 7.

4. Cuirfear mír 1, mír 2 agus mír 3 i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha náisiúnta maidir le dliteanas.

5. Ní dhéanfaidh mír 1, mír 2 ná mír 3 dochar do dhliteanas faoi dhlí náisiúnta na bpáirtithe in idirbheart ina n-úsáidfean modhanna ríomh-shainaitheantais a thagann faoin scéim ríomh-shainaitheantas ar tugadh fógra ina leith de bhun Airteagal 9(1).

#### Airteagal 12

##### Comhar agus idir-inoibritheacht

1. Beidh na scéimeanna ríomh-shainaitheantais náisiúnta ar tugadh fógra ina leith de bhun Airteagal 9(1) idir-inoibritheacht.

2. Chun críocha mhír 1, bunófar creat idir-inoibritheachta.

3. Comhlíonfaidh an creat idir-inoibritheachta na critéir seo a leanas:
  - (a) díreofar leis ar a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus ní dhéanann sé idirdhealú idir aon réiteach teicniúil sonrath náisiúnta le haghaidh ríomh-shainaitheantais laistigh de Bhallstát;
  - (b) beidh sé i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus caighdeáin idirnáisiúnta, nuair is féidir;
  - (c) éascófar leis cur chun feidhme phrionsabal na príobháideachta trí dhearadh; agus
  - (d) áiríteofar leis go ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Treoir 95/46/CE.
4. Beidh na nithe a leanas sa chreat idir-inoibritheachta:
  - (a) tagairt do na híoscheanglais theicniúla a bhaineann leis na leibhéil dearbhaithe faoi Airteagal 8;
  - (b) mapáil ar leibhéil dearbhaithe náisiúnta scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith isteach sna leibhéil dearbhaithe faoi Airteagal 8;
  - (c) tagairt do na híoscheanglais theicniúla le haghaidh idir-inoibritheachta;
  - (d) tagairt do thacar íosta sonraí aitheantais duine lena léirítear go huathúil duine dlítheanach nó nádúrtha, atá ar fáil ó scéimeanna ríomh-shainaitheantais;
  - (e) rialacha nós imeachta;
  - (f) socrúithe chun díospóid a réiteach; agus
  - (g) comhchaighdeáin oibríochtúla slándála.
5. Comhoibreoidh na Ballstáit lena chéile i dtaca leis na nithe a leanas:
  - (a) idir-inoibritheacht na scéimeanna ríomh-shainaitheantais oifigiúla ar tugadh fógra ina leith de bhun Airteagal 9(1) agus idir-inoibritheacht na scéimeanna ríomh-shainaitheantais a bhfuil sé i gceist ag na Ballstáit fógra a thabhairt ina leith; agus
  - (b) slándáil na scéimeanna ríomh-shainaitheantais.
6. Beidh na nithe a leanas sa chomhar idir na Ballstáit:
  - (a) malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtais maidir leis na scéimeanna ríomh-shainaitheantais, go háirithe maidir le ceanglais theicniúla a bhaineann le hidir-inoibritheacht agus le leibhéil dearbhaithe;
  - (b) malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtais maidir le bheith ag obair le leibhéil dearbhaithe na scéimeanna ríomh-shainaitheantais faoi Airteagal 8;
  - (c) athbhreithniú píaraí na scéimeanna ríomh-shainaitheantais a thagann faoin Rialachán seo; agus
  - (d) scrúdú ar na forbairtí is déanaí in earnáil an ríomh-shaitheantais.

7. Faoin 18 Márta 2015, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socrúithe nós imeachta riachtanacha chun an comhar idir na Ballstáit dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6 a éascú, d'fhonn leibhéal ard iontaoibhe agus slándála a chothú a bheidh comhoiriúnach leis an leibhéal riosca.

8. Faoin 18 Meán Fómhair 2015, chun coinníollacha aonfhoirmeacha a shocrú d'fhonn an ceanglas faoi mhír 1 a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún, faoi réir na gcritéar a leagtar amach i mír 3 agus lena gcuirfear san áireamh torthaí an chomhair idir na Ballstáit, gníomhartha cur chun feidhme maidir leis an gcreat idir-inoibritheachta mar a leagtar amach i mír 4 é.

9. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7 agus i mír 8 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

### CAIBIDIL III

#### SEIRBHÍSÍ IONTAOIBHE

##### ROINN 1

#### *Forálacha ginearálta*

##### *Airteagal 13*

#### **Dliteanas agus dualgas cruthúnais**

1. Gan dochar do mhír 2, beidh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe faoi dhliteanas as aon damáiste a dhéanfar d'aonghnó nó go faillíoch d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach de thoradh gan cloí leis na hoibleagáidí faoin Rialachán seo.

Is ar an duine nádúrtha nó dlítheanach a mhaífidh an damáiste dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bheidh an dualgas intinn nó faillí sholáthraí neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe a chruthú.

Toimhdeofar intinn nó faillí sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe mura gcruthóidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe gur tharla an damáiste dá dtagraítear sa chéad fhomhír gan intinn ná faillí an tsoláthraí neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe sin.

2. I gcás ina gcuirfidh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe a gcustaiméirí ar an eolas go cuí roimh ré maidir leis na srianta ar úsáid na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil agus más rud é go mbeidh na srianta sin so-aitheanta do thríú páirtithe, ní bheidh soláthraithe seirbhísí iontaoibhe faoi dhliteanas as damáistí a eascróidh ó úsáid na seirbhísí a théann thar na srianta atá curtha in iúl.

3. Cuirfear mír 1 agus mír 2 i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha náisiúnta maidir le dliteanas.

##### *Airteagal 14*

#### **Gnéithe idirnáisiúnta**

1. Aithneofar maidir le seirbhísí iontaoibhe á gcur ar fáil ag soláthraithe atá bunaithe i dtríú tír go bhfuil siad comhionann go dlíthiúil le seirbhísí iontaoibhe cáilithe á gcur ar fáil ag soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe san Aontas más rud é go mbeidh na seirbhísí iontaoibhe de thionscnamh an tríú tír aitheanta faoi chomhaontú idirnáisiúnta a cuireadh i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír atá i gceist nó eagraíochtaí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE.

2. Maidir leis na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1, áiritheofar, go háirithe, na nithe a leanas:
  - (a) maidir leis na ceanglais is infheidhme maidir le soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe san Aontas agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann siad ar fáil, gurb iad na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe i dtírú tír nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta lenar cuireadh an comhaontú i gcrích, agus trí na seirbhísí iontaoibhe a chuireann siad ar fáil, a chomhlíonfaidh na ceanglais sin
  - (b) go bhfuil sé aitheanta maidir leis na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe san Aontas ar fáil go bhfuil na seirbhísí sin comhionann go dlíthiúil leis na seirbhísí iontaoibhe a chuireann soláthraithe seirbhísí iontaoibhe ar fáil i dtírú tíortha nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta lenar cuireadh an comhaontú i gcrích.

#### *Airteagal 15*

### **Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas**

Maidir le seirbhísí iontaoibhe a sholáthraítear agus táirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar, féachfar chuige go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas orthu i gcás inarb indéanta.

#### *Airteagal 16*

### **Pionóis**

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis a bheidh infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

#### *ROINN 2*

### **Maoirseacht**

#### *Airteagal 17*

### **Comhlacht maoirseachta**

1. Ainmneoidh na Ballstáit comhlacht maoirseachta atá bunaithe ar a gcríoch, nó, le comhaontú frithpháirteach le Ballstát eile, comhlacht maoirseachta atá bunaithe i mBallstát eile. Beidh an comhlacht sin freagrach as cúraimí maoirseachta sa Bhallstát ainmniúcháin.

Tabharfar do chomhlachtaí maoirseachta na cumhachtaí is gá agus acmhainní leordhóthanacha chun a gcúraimí a dhéanamh.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le hainm agus seoladh na gcomhlachtaí maoirseachta a ainmneoidh siad féin faoi seach.

3. Seo a leanas an ról a bheidh ag an gcomhlacht maoirseachta:

- (a) maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin chun a áirithiú, trí ghníomhaíochtaí maoirseachta ex ante agus ex post, go gcomhlíonadh na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe sin agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuirfidh siad ar fáil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;
- (b) beart a dhéanamh más gá maidir le soláthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin trí ghníomhaíochtaí maoirseachta ex post, nuair a chuirtear in iúl nach gcomhlíonadh na soláthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe sin nó na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann siad ar fáil na ceanglais atá leagtha síos sa Rialachán seo;

4. Chun críocha mhír 3 agus faoi réir na srianta dá bhforáiltear sa mhír sin, beidh na cúraimí seo a leanas go háirithe ar an gcomhlacht maoirseachta:

- (a) comhoibriú leis na comhlachtaí maoirseachta eile agus tacú leo i gcomhréir le hAirteagal 18;
- (b) anailís a dhéanamh ar na tuarascálacha ar mheasúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagail 20(1) agus 21(1);
- (c) comhlachtaí maoirseachta eile agus an pobal a chur ar an eolas maidir le haon sárú slándála nó le haon teip ó thaobh sláine de i gcomhréir le hAirteagal 19(2);
- (d) tuarascáil maidir lena príomhghníomhaíochtaí a chur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le mír 6 den Airteagal seo;
- (e) iniúchtaí a dhéanamh nó iarraidh ar chomhlacht measúnaithe comhréireachta measúnú comhréireachta a dhéanamh ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe i gcomhréir le hAirteagal 20(2);
- (f) comhoibriú leis na húdaráis cosanta sonraí, go háirithe tríd a gcur ar an eolas, gan aon mhoill mhíchúí, maidir le torthaí iniúchtaí ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe, i gcás ina mbeadh an chuma ar an scéal gur sáraíodh rialacha cosanta sonraí;
- (g) an stádas cáilithe a dheonú do na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe agus do na seirbhísí a chuireann siad ar fáil agus an stádas sin a asbhaint i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 21;
- (h) an comhlacht atá freagrach as an liosta iontaoifa náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 22(3) a chur ar an eolas maidir lena chinnú an stádas cáilithe a dheonú nó a asbhaint, murab é an comhlacht sin an comhlacht maoirseachta freisin;
- (i) a fhíorú gurb ann d'fhorálacha maidir le pleananna foirceanta agus go bhfuil siad á gcur chun feidhme mar is ceart i gcásanna ina gcuireann an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe deireadh lena chuid gníomhaíochtaí lena n-áirítear an chaoi a n-áirítear inrochtaineacht ar fhaisnéis, i gcomhréir le pointe (h) d'Airteagal 24(2);
- (j) a chur de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe go réiteoidh siad aon mhainneachtain a bhaineann leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

5. Féadfaidh na Ballstáit cur de cheangal ar an gcomhlacht maoirseachta bonneagar iontaoibhe a bhunú, a chothabháil agus a nuashonrú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar faoin dlí náisiúnta.

6. Faoin 31 Márta gach bliain, tólacfaidh gach comhlacht maoirseachta tuarascáil don Choimisiún maidir leis na príomhghníomhaíochtaí a bhí aige le bliain féilire anuas mar aon le achoimre ar na fógraí maidir le sárú a fuarthas ó sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe i gcomhréir le hAirteagal 19(2).

7. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i mír 6 ar fáil do na Ballstáit.

8. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sainiú a dhéanamh ar fhormáidí agus ar nósanna imeachta na tuarascála dá dtagraítear i mír 6. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).



*Airteagal 18***Cúnamh frithpháirteach**

1. Comhoibreoidh na comhlachtaí maoirseachta d'fhonn dea-chleachtais a mhalartú.

Déanfaidh comhlacht maoirseachta, ar iarraidh a bhfuil bonn cirt léi ó chomhlacht maoirseachta eile, tacaíocht a chur ar fáil don chomhlacht maoirseachta sin chun go bhféadfar gníomhaíochtaí comhlachtaí maoirseachta a dhéanamh ar bhealach comhleanúnach. Féadfar go gcumhdófaí sa chúnamh frithpháirteach, go háirithe, iarratais ar fhaisnéis agus bearta maoirseachta, amhail iarratais ar chigireachtaí a dhéanamh a bhaineann leis na tuarascálacha ar mheasúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 20 agus in Airteagal 21.

2. Comhlacht maoirseachta lena ndéanfar iarratas ar chúnamh, féadfaidh sé é sin a dhiúltú ar cheann amháin de na forais seo a leanas:

(a) níl an comhlacht maoirseachta inniúil an tacaíocht a iarradh a sholáthar;

(b) níl an tacaíocht a iarradh comhréireach le gníomhaíochtaí maoirseachta an chomhlachta maoirseachta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 17;

(c) nach mbeadh an tacaíocht a iarradh i gcomhréir leis an Rialachán seo an tacaíocht a iarradh a sholáthar.

3. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt dá gcomhlachtaí maoirseachta faoi seach comh-imscrúduithe a dhéanamh a mbeadh baill foirne de chuid comhlachtaí maoirseachta na Ballstát eile rannpháirteach iontu. Comhaontóidh agus bunóidh na Ballstáit lena mbaineann na socruithe agus na nósanna imeachta doighníomhaíochtaí comhpháirteacha den chineál sin i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta.

*Airteagal 19***Ceanglais slándála is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí iontaoibhe**

1. Déanfaidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus soláthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe bearta teicniúla agus eagraíochtúla oiriúnacha chun na rioscaí do shlándáil na seirbhísí iontaoibhe a chuirfidh siad ar fáil a bhainistiú. Ag féachaint do na himeachtaí is déanaí i gcúrsaí teicneolaíochta, déanfaidh na bearta sin a áirithiú go mbeidh an leibhéal slándála oiriúnach do mhéid an bhaoil. Go háirithe, déanfar bearta chun tionchar teagmhas slándála a chosc agus a laghdú a oiread is féidir agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le ainiarsmaí teagmhas den sórt sin.

2. Tabharfaidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus soláthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe fógra don chomhlacht maoirseachta agus i gcás inarb infheidhme, comhlachtaí ábhartha eile amhail an comhlacht náisiúnta inniúil don tslándáil faisnéise nó an t-údarás cosanta sonraí, gan aon mhoill míchuí agus i gcás ar bith laistigh de 24 uaire an chloig tar éis scéal a fháil faoi, maidir le haon sárú slándála nó teip ó thaobh sláine de a mbeidh tionchar mór aige ar an tseirbhís iontaoibhe a chuirtear ar fáil nó ar na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil faoin tseirbhís sin.

Nuair is móide, leis an sárú slándála nó leis an teip ó thaobh sláine, go ndéanfar difear diúltach do dhuine nádúrtha nó dlítheanach dar cuireadh an tseirbhís iontaoibhe ar fáil, tabharfaidh an soláthraí seirbhíse iontaoibhe fógra don duine nádúrtha nó dlítheanach faoin sárú slándála nó faoin teip ó thaobh sláine gan aon mhoill míchuí.

I gcás inarb iomchuí, go háirithe má bhaineann sárú slándála nó teip ó thaobh sláine de le dhá Bhallstát nó níos mó, tabharfaidh an comhlacht maoirseachta a dtabharfar fógra dó fógra do na comhlachtaí maoirseachta sna Ballstáit eile lena mbaineann agus do ENISA.

Déanfaidh an comhlacht maoirseachta a dtabharfar fógra dó an pobal a chur ar an eolas nó ceangal a chur ar an soláthraí seirbhísí iontaoibhe é sin a dhéanamh, i gcás ina measfar gur chun leas an phobail é an sárú slándála nó an teip ó thaobh sláine a nochtadh.

3. Déanfaidh an comhlacht maoirseachta, uair amháin sa bhliain, achoimre ar na fógraí i leith sárúithe slándála nó teip ó thaobh sláine a fuarthas ó na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe a thabhairt do ENISA.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na bearta dá dtagraítear i mír 1 a shonrú tuilleadh, agus

(b) na formáidí agus na nósanna imeachta, lena n-áirítear spriocdhátaí, a bheidh infheidhme chun críche mhír 2, a shainiú.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

### ROINN 3

#### **Seirbhísí iontaoibhe cáilithe**

##### *Airteagal 20*

#### **Maoirseacht ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe**

1. Déanfaidh comhlacht measúnaithe comhréireachta iniúchadh ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe, ar a laghad gach 24 mhí, ar a gcostas féin. Is é an cuspóir a bheidh ag an iniúchadh dearbhú go ndéanann na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus go ndéantar leis na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad, na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Déanfaidh na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe an tuarascáil ar mheasúnú comhréireachta a thagann as sin a thíolacadh do chomhlacht maoirseachta laistigh den tréimhse thrí lá oibre tar éis dóibh í a fháil.

2. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh an comhlacht maoirseachta iniúchadh a dhéanamh ar na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe nó a iarraidh ar chomhlacht measúnaithe comhréireachta measúnú comhréireachta a dhéanamh orthu, ar chostas na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe cáilithe sin tráth ar bith le dearbhú go bhfuil siad féin agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a chuireann siad ar fáil ag comhlíonadh na gceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. I gcás ina ndealróidh sé go bhfuil sárú ann ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, cuirfidh an comhlacht maoirseachta torthaí a iniúchtaí in iúl do na húdaráis cosanta sonraí.

3. I gcás ina gcuirfidh an comhlacht maoirseachta de cheangal ar an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe réiteach a dhéanamh ar an mainneachtain na ceanglais faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus i gcás nach ngníomhóidh an soláthraí dá réir sin, agus más infheidhme taobh istigh de theorainn ama a leagfaidh an comhlacht maoirseachta síos, féadfaidh an comhlacht maoirseachta, agus aird á tabhairt ar mhéid, ar ré agus ar iarmhairtí na mainneachtana sin, stádas cáilithe an tsoláthraithe sin nó na seirbhíse a sholáthraíonn sé a ndéantar difear di a aistarraingt agus an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) a chur ar an eolas chun go ndéanfar na liostaí iontaoibhe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta. Cuirfidh an comhlacht maoirseachta an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe ar an eolas faoi aistarraingt a stádas cháilithe nó faoi aistarraingt stádas cáilithe na seirbhíse lena mbaineann.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhir thagartha na gcaighdeán seo a leanas a bhunú:

(a) na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a chreidiúnú agus don tuarascáil measúnaithe creidiúnachta dá dtagraítear i mír 1;

(b) na rialacha iniúchta faoina ndéanfaidh na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a measúnú comhréireachta ar na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i mír 1.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

*Airteagal 21***Seirbhís iontaoibhe cáilithe a thionscnamh**

1. Má tá intinn ag soláthraithe seirbhíse iontaoibhe, nach bhfuil stádas cáilithe acu, tosú ar sheirbhísí iontaoibhe cáilithe a chur ar fáil, tólacfaidh siad fógra faoina n-intinn don chomhlacht maoirseachta in éineacht le tuarascáil ar mheasúnú a d'eisigh comhlacht measúnaithe comhréireachta.

2. Fíoróidh an comhlacht maoirseachta cibé an bhfuil an soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe agus na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé ag comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, agus go háirithe, na ceanglais i gcomhair soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus i gcomhair na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad.

Má chinneann an comhlacht maoirseachta go ndéanann an soláthraí seirbhísí iontaoibhe na ceanglais dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chomhlíonadh agus go ndéantar iad a chomhlíonadh leis na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé, deonóidh an comhlacht maoirseachta an stádas cáilithe don soláthraí seirbhíse iontaoibhe agus do na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé. Chuirfidh sí an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar an eolas faoi sin chun go ndéanfar na liostaí iontaoibhe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta, tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis an fógra i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

Mura gcuirfear an fíorú i gcrích laistigh de thrí mhí, cuirfidh an comhlacht maoirseachta na cúiseanna leis an moill in iúl don soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe agus luafaidh sé an tréimhse a thógfaidh sé an fíorú a chur i gcrích.

3. Féadfaidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe cáilithe tús a chur le soláthar na seirbhíse cáilithe iontaoibhe tar éis don stádas cáilithe a bheith curtha in iúl sna liostaí iontaoifa dá dtagraítear in Airteagal 22(1).

4. Féadfaidh an Coimisiún, de bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na formáidí agus na nósanna imeachta a shainmhíniú chun críocha mhír 1 agus mhír 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

*Airteagal 22***Liostaí iontaoifa**

1. Déanfaidh gach Ballstát liostaí iontaoifa a bhunú, a chothabháil agus a fhoilsiú ina mbeidh i measc nithe eile faisnéis faoi soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a bhfuil sé freagrach ina leith chomh maith le faisnéis faoi na seirbhísí cáilithe iontaoibhe a sholáthraíonn siad.

2. Déanfaidh gach Ballstát liostaí iontaoifa a bheidh ríomhshínithe nó ríomhshéalaithe a bhunú, a chothabháil agus fhoilsiú ar bhealach slán, ar liostaí iad a bheidh i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibríthe agus dá dtagraítear i mír 1.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, gan moill mhíchuí, faisnéis faoin gcomhlacht atá freagrach as liostaí iontaoifa náisiúnta a bhunú, a choinneáil agus a fhoilsiú, agus mionsonraí maidir leis an áit ina bhfuil na liostaí sin foilsithe, faoi na deimhnithe a úsáideadh chun na liostaí iontaoifa a shíniú nó a shéalú agus faoi aon athruithe a rinneadh orthu.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí chainéal slán, an fhaisnéis dá dtagraítear in mír 3 a chur ar fáil don phobal i bhfoirm ríomhshínithe nó ríomhshéalaithe a bheidh oiriúnach do phróiseáil uathoibríthe.

5. Faoin 18 Meán Fómhair 2015 sonrúidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus saineoidh sé na sonraíochtaí teicniúla agus na formáidí teicniúla do na liostaí iontaoifa is infheidhme chun críocha mhír 1 go mír 4. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

*Airteagal 23***Trustmharc AE do sheirbhísí iontaoibhe cáilithe**

1. Nuair a bheidh an stádas cáilíochta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 21(2) curtha in iúl sa liosta iontaofa dá dtagraítear in Airteagal 22(1), féadfaidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe leas a bhaint as trustmharc AE chun na seirbhísí cáilithe iontaoibhe a sholáthraíonn siad a chur in iúl ar bhealach simplí, so-aitheanta agus soiléir.
2. Nuair a bhainfidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe leas as na seirbhísí cáilithe iontaoibhe dá dtagraítear i mír 1, áiríteoidh siad go gcuirfear nasc leis an liosta iontaofa ábhartha a bheidh ar fáil ar a láithreáin ghréasáin.
3. Faoin 1 Iúil 2015, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin ghníomhartha cur chun feidhme, foráil a dhéanamh maidir le sonraíocht i dtaca le foirm agus go háirithe le cur i láthair, comhdhéanamh, méid agus dearadh thrustmharc AE do sheirbhísí iontaoibhe cáilithe a shonrú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

*Airteagal 24***Ceanglais do sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe**

1. Agus deimhniú cáilithe á eisiúint aige do sheirbhís iontaoibhe, fíoróidh soláthraí cáilithe seirbhíse iontaoibhe, ar dhóigheanna iomchuí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, céannacht agus, más ábhartha, aon saintréithe sonracha atá ag an duine nádúrtha nó dlítheanach a n-eiseofar an deimhniú incháilithe dó.

Déanfaidh an soláthraí cáilithe seirbhíse iontaoibhe an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhíorú go díreach nó trí bhrath ar thríú páirtí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta:

- (a) trí láithreacht fhisiciúil an duine nádúrtha nó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh, nó
- (b) go cianda, tríd an modh ríomh-shainaitheantais a úsáid, a raibh láithreacht fhisiciúil an duine nádúrtha nó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh áirithithe ina leith roimh eisiúint an deimhnithe cháilithe agus lena gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 i dtaca leis na leibhéil dearbhaithe slándála “suntasach” nó “ard”, nó
- (c) trí dhearbhú ríomhshínithe cháilithe nó dearbhú ríomhshéala cháilithe a eiseofar i gcomhréir le pointe (a) nó le pointe (b), nó
- (d) trí mhodhanna eile sainaitheantais a úsáid a aithnítear ar an leibhéal náisiúnta agus lena dtugtar dearbhú ó thaobh iontaofachta de atá coibhéiseach le láithreacht fhisiciúil. Beidh ar chomhlacht measúnaithe comhréireachta an dearbhú coibhéiseach a dheimhniú.

2. Déanfaidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn seirbhísí iontaoibhe cáilithe an méid seo a leanas:

- (a) cuirfidh sé an comhlacht maoirseachta ar an eolas maidir le haon athrú a dhéanfar i soláthar a sheirbhísí iontaoibhe cáilithe, agus rún a bheidh aige deireadh a chur lena gcuid gníomhaíochtaí;
- (b) fostóidh sé foireann agus, más infheidhme, fochonraitheoirí a mbeidh an saineolas, an iontaofacht, an taithí agus na cáilíochtaí a mbeidh gá leo acu araon agus a mbeidh oiliúint iomchuí curtha orthu maidir leis na rialacha slándála agus cosanta sonraí pearsanta agus cuirfidh siad nósanna imeachta riaracháin agus bainistithe i bhfeidhm a bheidh ar chomhchéim le caighdeáin Eorpacha nó caighdeáin idirnáisiúnta;
- (c) i dtaca leis an riosca dliteanais i leith damáistí i gcomhréir le hAirteagal 13, coinneoidh sé dóthain acmhainní airgeadais agus/nó gheobhaidh sé árachas iomchuí i gcoinne dliteanais i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

- (d) roimh dhul isteach i gcaidreamh conarthach, déanfaidh sé aon duine ar mian leis seirbhís iontaoibhe incháilithe a úsáid a chur ar an eolas, ar bhealach soiléir agus cuimsitheach, faoi na téarmaí beachta agus na coinníollacha beachta a bhaineann le húsáid na seirbhíse sin, lena n-áirítear aon teorannú maidir lena húsáid;
- (e) déanfaidh sé córais agus táirgí iontaoifa a úsáid a bheidh cosanta ar mhionathruithe agus lena n-áiríteofar slándáil theicniúil agus iontaofacht na bpróiseas a láimhseálann siad;
- (f) déanfaidh sé córais iontaoifa a úsáid chun sonraí a thabharfar dó a stóráil i bhfoirm infhíoraithe, sa dóigh gur fíor an méid seo a leanas maidir leo:
- (i) níl na sonraí ar fáil don phobal chun aisghabhála ach sa chás go bhfuarthas cead an duine a mbaineann na sonraí sin leis,
  - (ii) ní féidir ach le daoine údaraithe iontrálacha agus athruithe a dhéanamh ar na sonraí a stóráiltear,
  - (iii) is féidir fiordheimhniú na sonraí a sheiceáil;
- (g) déanfaidh sé bearta iomchuí in aghaidh bhrionnú agus ghadaíocht na sonraí;
- (h) déanfaidh sé taifead ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann le sonraí a eisíonn an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus a fhaigheann sé agus coinneoidh sé ar fáil é le haghaidh tréimhse iomchuí ama, lena n-áirítear tar éis dheireadh ghníomhaíochtaí uile an tsoláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe, go háirithe chun fianaise a sholáthar in imeachtaí dlíthiúla agus chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú. Féadfar an taifeadadh sin a dhéanamh go leictreonach;
- (i) plean foirceanta a bheith aige atá cothrom le dáta chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú i gcomhréir le forálacha a fhíoróidh an comhlacht meastóireachta faoi phointe (i) d'Airteagal 17(4);
- (j) próiseáil dhleathach sonraí pearsanta a áirithiú i gcomhréir le Treoir 95/46/CE;
- (k) maidir le soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn deimhnithe cáilithe, bunóidh sé bunachar sonraí deimhnithe suas chun dáta.

3. I gcás ina gcinneann soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn deimhnithe cáilithe deimhniú a chúlghairm, déanfaidh siad an chúlghairm sin a chlárú ina mbunachar sonraí deimhnithe agus déanfaidh siad stádas cúlghairme an deimhnithe a fhoilsiú go tráthúil, ach i gcás ar bith laistigh de 24 uair an chloig tar éis an iarraidh a fháil. Beidh éifeacht ag an gcúlghairm a luaithe a fhoilseofar é.

4. Maidir le mír 3, soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eiseoidh deimhnithe cáilithe, cuirfidh siad ar fáil d'aon pháirtí is úsáideoir faisnéis maidir le stádas bailíochta nó stádas cúlghairme deimhnithe cáilithe a d'eisigh siad. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ar a laghad ar bhonn deimhnithe tráth ar bith agus i ndiaidh thréimhse bailíochta an deimhnithe, ar bhealach uathoibríoch a bheidh iontaoifa, saor in aisce agus éifeachtúil.

5. Féadfaidh an Coimisiún, de bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha a bhunú do chaighdeáin le haghaidh córas agus táirgí iontaoifa, ar caighdeáin iad lena gcomhlíonfar na ceanglais faoi phointe (e) agus faoi phointe (f) de mhír 2 den Airteagal seo. Measfar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh córais agus táirgí iontaoifa na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

## ROINN 4

**Ríomhshínithe***Airteagal 25***Éifeachtaí dlíthiúla na ríomhshínithe**

1. Ní shéanfar éifeacht dhlíthiúil ríomhshínithe ná a inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla ar an aon fhoras amháin go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach nó ar an bhforas nach gcomhlíonann sé ceanglais le haghaidh ríomhshínithe cháilithe.
2. Beidh ríomhshíníú cáilithe ar aon éifeacht dhlíthiúil le síniú lámhscríofa.
3. Maidir le ríomhshíníú cáilithe atá bunaithe ar dheimhniú cáilithe a eisíodh i mBallstát amháin, aithneofar é mar ríomhshíníú cáilithe i ngach Ballstát eile.

*Airteagal 26***Riachtanas do ríomhshínithe ardleibhéil**

Comhlíonfaidh ríomhshíníú arleibheil na riachtanais seo a leanas:

- (a) tá nasc uathúil aige leis an sínitheoir;
- (b) is féidir an sínitheoir a aithint leis;
- (c) cruthaíodh é agus úsáid á baint as sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe ar féidir leis an sínitheoir é a úsáid agus leibhéal ard muiníne aige agus é faoina urlámhas eisiach féin; agus
- (d) tá sé nasctha leis na sonraí atá sínithe leis an ríomhshíníú sin ar bhealach a fhágann go bhféadfar aon athrú iardain a dhéanfaí ar na sonraí a bhrath.

*Airteagal 27***Ríomhshínithe sna seirbhísí poiblí**

1. I gcás ina mbeidh ríomhshíníú ardleibhéil ag teastáil ó Bhallstát chun úsáid a bhaint as seirbhís ar líne a thairgeann comhlacht poiblí, nó a thairgtear thar cheann an chomhlachta, sainaitheoidh an Ballstát sin ríomhshínithe ardleibhéil, ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshínithe agus ríomhshínithe cáilithe ar a laghad sna formáidí nó trí úsáid a bhaint as na modhanna a shainítear sna gníomhartha chur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5.
2. I gcás ina mbeidh ríomhshíníú ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe ag teastáil ó Bhallstát chun úsáid a bhaint as seirbhís ar líne a thairgeann comhlacht poiblí, nó a thairgtear thar cheann an chomhlachta, sainaitheoidh an Ballstát sin ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe agus ríomhshínithe cáilithe ar a laghad sna formáidí nó trí úsáid a bhaint as na modhanna a shainítear sna gníomhartha chur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5.
3. Maidir le húsáid trasteorann seirbhíse ar líne atá á cur ar fáil ag comhlacht poiblí, ní iarrfaidh na Ballstáit ríomhshíníú ar leibhéal níos airde slándála ná leibhéal ríomhshínithe cháilithe.
4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú maidir le ríomhshínithe ardleibhéil. Toimhdeofar go gcomhlíontar na ceanglais maidir le ríomhshínithe ardleibhéil dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 26 tráth a gcomhlíonfaidh ríomhshíníú ardleibhéil na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

5. Faoin 18 Meán Fómhair 2015, agus na cleachtais, na caighdeáin agus gníomhartha dlíthiúla an Aontais á gcur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme na formáidí tagartha do ríomhshínithe ardleibhéil nó na modhanna tagartha i gcás ina n-úsáidfeadh formáidí eile a shainiú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### Airteagal 28

##### Deimhnithe cáilithe do ríomhshínithe

1. Comhlíonfaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I.
2. Ní bheidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe faoi réir aon cheanglas sainordaitheach a théann thar na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I.
3. Féadfar saintréithe breise neamh-shainordaitheacha sonracha a áireamh leis na deimhnithe cáilithe do ríomhshínithe. Ní bheidh éifeacht ag na saintréithe sin ar idir-inoibritheacht ná ar shainiú ríomhshínithe cáilithe.
4. Má chúlghairtear deimhniú cáilithe do ríomhshíníú tar éis a chéadghníomhachaithe, caillfidh sé a bhailíocht ón nóiméad a gcúlghairtear é, agus ní dhéanfar a stádas a athshlánú in imthosca ar bith.
5. Faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas, féadfaidh Ballstáit rialacha náisiúnta a leagan síos maidir le deimhnithe cáilithe do ríomhshíníú a chur ar fionraí ar bhonn sealadach:
  - (a) má cuireadh deimhniú cáilithe do ríomhshíníú ar fionraí ar bhonn sealadach, ní bheidh an deimhniú sin bailí i rith na tréimhse fionraíochta.
  - (b) cuirfeadh tréimhse na fionraíochta in iúl go soiléir i mbunachar sonraí na ndeimhnithe agus beidh stádas na fionraíochta le feiceáil le linn na fionraíochta, ag an tseirbhís a chuirfidh faisnéis ar fáil maidir le stádas an deimhnithe.
6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán is infheidhme maidir le deimhnithe cáilithe don ríomhshíníú a bhunú. Toimhdeofar go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, i gcás ina gcomhlíonfaidh deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshínithe na caighdeán sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### Airteagal 29

##### Ceanglais maidir le gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe

1. Comhlíonfaidh gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II.
2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán is infheidhme maidir le gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe a bhunú. Toimhdeofar go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Iarscríbhinn II, i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais sin le gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### Airteagal 30

##### Gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe a dheimhniú

1. Déanfaidh comhlachtaí iomchuí poiblí nó príobháideacha a ainmneofar chuige sin ag na Ballstáit comhréireacht gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II a dheimhniú.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún ainmneacha agus seoltaí an chomhlachta phoiblí nó príobháidigh dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit.

3. Bunófar an deimhniúchán dá dtagraítear i mír 1 ar cheann amháin díobh siúd a leanas:

(a) próiseas meastóireachta slándála a dhéanfar i gcomhréir le ceann de na caighdeáin le haghaidh measúnú slándála a dhéanamh ar tháirgí theicneolaíocht na faisnéise a áireofar i liosta arna bhunú i gcomhréir leis an dara fómhír; nó

(b) próiseas seachas an próiseas dá dtagraítear i bpointe (a), ar choinníoll go n-úsáidfear leibhéal inchomparáide slándála sa phróiseas sin agus go gcuirfidh an comhlacht poiblí nó príobháideach dá dtagraítear i mír 1 an Coimisiún ar an eolas faoin bpróiseas sin. Ní fhéadfar an próiseas sin a úsáid ach amháin in éagmais na gcaighdeán dá dtagraítear i bpointe (a) nó i gcás ina mbeidh próiseas meastóireachta slándála dá dtagraítear i bpointe (a) ar siúl.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhithin ghníomhartha cur chun feidhme, liosta caighdeán le haghaidh measúnú slándála a dhéanamh ar tháirgí theicneolaíocht dá dtagraítear i bpointe (a). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeacht dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

4. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 47, a mhéid a bhainfidh le critéir shonracha a bhunú a bheidh le comhlíonadh ag na comhlachtaí a ainmneofar agus dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

#### *Airteagal 31*

##### **Liosta de ghléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe a bheidh deimhnithe a fhoilsiú**

1. Gan mhoill mhíchúí agus tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis chur i gcrích an deimhniúcháin, cuirfidh na Ballstáit faisnéis in iúl don Choimisiún faoi ghléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe, ar gléasanna iad a dheimhneoidh na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 30(1). Gan moill mhíchúí agus tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis chur ar ceal an deimhniúcháin, cuirfidh siad faisnéis in iúl don Choimisiún freisin maidir le gléasanna cruthaithe ríomhshínithe nach mbeidh deimhnithe a thuilleadh.

2. Ar bhonn na faisnéise a fhaightear, bunóidh, cothabhálfaidh agus foilseoidh an Coimisiún liosta de ghléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe a bheidh deimhnithe.

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhithin ghníomhartha cur chun feidhme, sainiú a dhéanamh ar fhormáidí agus ar nósanna imeachta is infheidhme chun críche mhír 1. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### *Airteagal 32*

##### **Ceanglais maidir le ríomhshínithe cáilithe a bhailíochtú**

1. Leis an bpróiseas chun ríomhshíniú cáilithe a bhailíochtú, deimhneofar bailíocht an ríomhshínithe cháilithe ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tráth an tsínithe, deimhniú ríomhshínithe cháilithe lena gcomhlíontar larscríbhinn I a bhí sa deimhniú atá ag tacú leis an síniú;

(b) soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a d'eisigh an deimhniú cáilithe agus bhí sé bailí tráth an tsínithe;

(c) comhfhreagraíonn sonraí bailíochtaithe an tsínithe do na sonraí a soláthraíodh do na páirtithe is úsáideoirí;



- (d) soláthraítear don pháirtí is úsáideoir mar is ceart an fhoireann uathúil sonraí arb ionann í agus an sínitheoir sa deimhniú;
- (e) i gcás inar úsáideadh ainm bréige tráth an tsínithe, cuirtear sin in iúl go follasach don pháirtí is úsáideoir;
- (f) gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe a chruthaigh an ríomhshíniú;
- (g) níor cuireadh sláine na sonraí sínithe i mbaol;
- (h) trath an tsínithe, comhlíonadh na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 26.

2. Tabharfaidh an córas a úsáidtear chun an ríomhshíniú cáilithe a bhailíochtú toradh an phróisis bhailíochtaithe sin go cruinn don pháirtí is úsáideoir agus ligfidh sé don pháirtí sin aon shaincheist ábhartha slándála a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath.

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú is infheidhme maidir le ríomhshínithe cáilithe a bhailíochtú. Toimhdeofar go bhfuil comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin sin trí na ríomhshínithe cáilithe a bhailíochtú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### *Airteagal 33*

#### **Seirbhís bailíochtaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe**

1. Féadfaidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus soláthraí den chineál sin amháin seirbhís bailíochtaithe cháilithe a sholáthar le haghaidh ríomhshínithe cáilithe, ar soláthraí é:

- (a) a sholáthróidh bailíochtú i gcomhréir le Airteagal 32(1), agus
- (b) a chuirfidh ar chumas na bpáirtithe is úsáideoirí torthaí an phróisis bhailíochtaithe a fháil ar bhealach uathoibríoch a bheidh iontaofa agus éifeachtúil agus a mbeidh ríomhshíniú ardleibhéil nó ríomhshéala ardleibhéil soláthraí na seirbhíse bailíochtaithe cáilithe ag gabháil dó.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú is infheidhme maidir leis an tseirbhís bailíochtaithe cháilithe dá dtagraítear i mír 1. Toimhdeofar go bhfuil comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin sin leis an tseirbhís bailíochtaithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### *Airteagal 34*

#### **Seirbhís caomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe**

1. Is soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus soláthraí den chineál sin amháin a fhéadfaidh seirbhís caomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe a sholáthar, ar soláthraí é a úsáidfidh nósanna imeachta agus teicneolaíochtaí a mbeidh sé ar a gcumas iontaofacht an ríomhshínithe cháilithe a shíneadh amach thar an tréimhse bhailíochta theicniúil.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú is infheidhme maidir leis an tseirbhís caomhnaithe cháilithe do ríomhshínithe cáilithe. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh na socrúithe maidir leis an tseirbhís caomhnaithe cháilithe do ríomhshínithe cáilithe na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

## ROINN 5

**Ríomhshéalaí***Airteagal 35***Éifeachtaí dlíthiúla ríomhshéalaí**

1. Ní shéanfar ar ríomhshéala éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla ar an aon fhoras amháin go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach nó ar an bhforas nach gcomhlíonann sé na ceanglais uile le haghaidh ríomhshéalaí cáilithe.
2. Maidir le ríomhshéala cáilithe, toimhdeofar sláine na sonraí agus beachtas thionscnamh na sonraí sin a mbeidh nasc acu leis an ríomhshéala cáilithe.
3. Maidir le ríomhshéala cáilithe a bheidh bunaithe ar dheimhniú cáilithe a eisíodh i mBallstát amháin, aithneofar é mar ríomhshéala cáilithe i ngach Ballstát eile.

*Airteagal 36***Ceanglais do ríomhshéalaí ardleibhéil**

Comhlíonfaidh ríomhshéala ardleibhéil na ceanglais seo a leanas:

- (a) tá nasc uathúil aige le cruthaitheoir an tséala;
- (b) tá sé in ann cruthaitheoir an tséala a aithint;
- (c) cruthaíodh é agus úsáid á baint as sonraí cruthaithe ríomhshéala is féidir le cruthaitheoir an tséala a úsáid, le leibhéal ard muiníne agus é faoina urlámhas féin, chun ríomhshéalaí a chruthú; agus
- (d) tá sé nasctha leis na sonraí lena mbaineann sé ar bhealach a fhágann go bhféadfar aon athrú iardain a dhéanfaí ar na sonraí a bhrath.

*Airteagal 37***Ríomhshéalaí sna seirbhísí poiblí**

1. I gcás ina mbeidh ríomhshéala ardleibhéil ag teastáil ó Bhallstát chun úsáid a bhaint as seirbhís ar líne a thairgeann comhlacht poiblí, nó a thairgtear thar cheann an chomhlachta, sainaitheoidh an Ballstát sin ríomhshéalaí ardleibhéil, ríomhshéalaí ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí agus ríomhshéalaí cáilithe ar a laghad sna formáidí nó trí úsáid a bhaint as na modhanna a shainítear san ghníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5.
2. I gcás ina mbeidh ríomhshéala ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe ag teastáil ó Bhallstát chun úsáid a bhaint as seirbhís ar líne a thairgeann comhlacht poiblí, nó a thairgtear thar cheann an chomhlachta, sainaitheoidh an Ballstát sin ríomhshéalaí ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe agus ríomhshéalaí cáilithe ar a laghad sna formáidí nó trí úsáid a bhaint as na modhanna a shainítear sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5.
3. Maidir le húsáid trasteorann seirbhís ar líne a bheidh á cur ar fáil ag comhlacht poiblí, ní iarrfaidh na Ballstáit ríomhshéala ar leibhéal níos airde slándála ná leibhéal ríomhshéala cháilithe.
4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú maidir le ríomhshéalaí ardleibhéil. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais maidir le ríomhshéalaí ardleibhéil dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 36 á gcomhlíonadh tráth a gcomhlíonfar na caighdeáin sin le ríomhshéalaí ardleibhéil. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2)

5. Faoi 18 Meán Fómhair 2015, agus na cleachtais, na caighdeáin agus gníomhartha dlíthiúla an Aontais á gcur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin ghníomhartha cur chun feidhme na formáidí tagartha do ríomhshéalaí ardleibhéil nó na modhanna tagartha i gcás ina n-úsáidfeadh formáidí eile a shainiú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### Airteagal 38

##### Deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí

1. Comhlíonfaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III.
2. Ní bheidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí faoi réir aon cheanglas shainordaitheach de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III.
3. Féadfar saintréithe breise neamh-shainordaitheacha sonracha a áireamh leis na deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéala. Ní bheidh éifeacht ag na saintréithe sin ar idir-inoibritheacht ná ar shainaithint ríomhshéalaí cáilithe.
4. Má chúlghairtear deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala tar éis a chéadghníomhachtaithe, caillfidh sé a bhailíocht ón nóiméad a gcúlghairtear é, agus ní dhéanfar a stádas a athshlánú in imthosca ar bith.
5. Faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas, féadfaidh na Ballstáit rialacha náisiúnta a leagan síos maidir le deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéala a chur ar fionraí sealadach:
  - (a) má cuireadh deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala ar fionraí sealadach, ní bheidh an deimhniú sin bailí i rith na tréimhse fionraíochta;
  - (b) cuirfeadh tréimhse na fionraíochta in iúl go soiléir i mbunachar sonraí na ndeimhnithe agus beidh stádas na fionraíochta le feiceáil le linn na fionraíochta, ag an tseirbhís a chuireann faisnéis ar fáil maidir le stádas an deimhnithe.
6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú is infheidhme maidir le deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

#### Airteagal 39

##### Gléasanna cruthaithe ríomhshéalaí cáilithe

1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 29 maidir le ceanglais maidir le gléasanna cruthaithe ríomhshéalaí cáilithe.
2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 30 maidir le deimhniú gléasanna cruthaithe ríomhshéalaí cáilithe.
3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 31 maidir le foilsiú liosta de ghléasanna cruthaithe ríomhshéalaí cáilithe a bheidh deimhnithe.

#### Airteagal 40

##### Ríomhshéalaí cáilithe a bhailíochtú agus a chaomhnú

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 32, 33 agus 34 maidir le bailíochtú agus caomhnú ríomhshéalaí cáilithe.

## ROINN 6

**Ríomhstampaí ama***Airteagal 41***Éifeacht dhlíthiúil ríomhstampaí ama**

1. Ní shéanfar ar ríomhstampa ama éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla ar an bhforas amháin go bhfuil sé i bhfoirm leictreonaigh nó nach gcomhlíonann sé ceanglais uile an ríomhstampa cáilithe ama.
2. Maidir le ríomhstampa cáilithe ama, toimhdeofar cruinneas an dáta agus an ama a luafaidh sé agus sláine na sonraí lena mbeidh an dáta agus an t-am nasctha.
3. Maidir le ríomhstampa cáilithe ama a eisíodh i mBallstát amháin, sainaitheofar é mar ríomhstampa cáilithe ama i ngach Ballstát.

*Airteagal 42***Ceanglais maidir le ríomhstampaí ama cáilithe**

1. Comhlíonfaidh ríomhstampa ama cáilithe na ceanglais seo a leanas:
  - (a) nascann sé an dáta agus an t-am le sonraí ar bhealach lena gcuirfear bac réasúnta ar aon fhéidearthacht go n-athrófaí na sonraí go dobhraite;
  - (b) tá sé bunaithe ar fhoinsé chruinn ama atá nasctha le hAm Uilíoch Lárnach; agus
  - (c) sínítear é le ríomhshíníú ardleibhéil nó séalaítear é le ríomhshéala ardleibhéil an tsoláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe, nó lena chothrom.
2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú chun an dáta agus an t-am a nascadh le sonraí agus le haghaidh foinsí cruinne ama. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin sin trí an dáta agus an t-am a nascadh le sonraí agus tríd an bhfoinsé chruinn ama. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

## ROINN 7

**Ríomhsheirbhísí seachadta chláráithe***Airteagal 43***Éifeacht dhlíthiúil ríomhsheirbhíse seachadta cláráithe**

1. Maidir le sonraí a sheolfar agus a ghlacfar trí ríomhsheirbhís seachadta chláráithe a úsáid, ní shéanfar orthu éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla ar an bhforas amháin go bhfuil sé i bhfoirm leictreonaigh nó nach gcomhlíonann sé ceanglais uile na ríomhsheirbhíse seachadta cláráithe.
2. Maidir le sonraí a sheolfar agus a ghlacfar trí ríomhsheirbhís seachadta chláráithe a úsáid, toimhdeofar sláine na sonraí sin, seoladh na sonraí sin ag an seoltóir sainaitheanta agus fáil na sonraí ag an seolaí sainaitheanta agus cruinneas an dáta agus an ama a sheolfar agus a gheofar na sonraí a shonróidh an ríomhsheirbhís seachadta cláráithe.

*Airteagal 44***Ceanglais maidir le ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe**

1. Comhlíonfaidh ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe na ceanglais seo a leanas:
  - (a) go ndéanann soláthraí cáilithe seirbhíse iontaoibhe amháin nó níos mó iad a sholáthar;
  - (b) ní mór go n-áirítear leo sainaitheint an tseoltóra le hardleibhéal iontaoibhe;
  - (c) ní mór dóibh aitheantas an tseolaí a áirithiú sula seachadfar na sonraí;
  - (d) caithfear seoladh agus glacadh sonraí a shlánú le ríomhshíniú ardleibhéil nó ag ríomhsheala ardleibhéil de chuid soláthraí cháilithe seirbhísí iontaoibhe ar bhealach a chuirfidh bac ar aon fhéidearthacht na sonraí a athrú go dobhraite;
  - (e) aon athrú sonraí is gá a dhéanamh ar mhaithe le seoladh agus glacadh na sonraí, ní foláir é a chur in iúl go follasach do sheoltóir agus do sheolaí na sonraí;
  - (f) is gá dáta agus am seolta na sonraí, dáta glactha na sonraí agus dáta aon athruithe ar na sonraí a léiriú le ríomhstampa ama cáilithe;

I gcás go bhfuil na sonraí á n-aistriú idir dhá sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe nó níos mó, beidh feidhm ag na ceanglais i bpointe (a) go pointe (f) maidir leis na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe go léir.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú is infheidhme maidir le próisis seolta agus ghlactha sonraí. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin sin leis an bpróiseas seolta agus ghlactha sonraí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

## ROINN 8

**Fíordheimhniú láithreán gréasáin***Airteagal 45***Ceanglais maidir le deimhnithe cáilithe ar fhíordheimhniú láithreán gréasáin**

1. Comhlíonfaidh deimhnithe cáilithe ar fhíordheimhniú láithreán gréasáin na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV.
2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú is infheidhme maidir le deimhnithe cáilithe ar fhíordheimhniú láithreán gréasáin. Toimhdeofar go bhfuiltear bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin sin le deimhniú cáilithe um fhíordheimhniú láithreán gréasáin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

## CAIBIDIL IV

**RÍOMHDHOICIMÉID***Airteagal 46***Éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhoiciméad**

Ní shéanfar ar ríomhdhoiciméad éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla mar gheall ar é bheith i bhfoirm leictreonach amháin.

## CAIBIDIL V

## TARMLIGIN CUMHACHTA AGUS FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME

## Airteagal 47

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.
2. Tugtar an chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 30(4) a ghlacadh ar feadh tréimhse éiginnte amhail ón 17 Meán Fómhair 2014.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 30(4) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.
5. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 30(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin, nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

## Airteagal 48

**An nós imeachta coiste**

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialacháin (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

## CAIBIDL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

## Airteagal 49

**Athbhreithniú**

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfear tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2020. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht go háirithe ar iomchuí go ndéanfaí raon feidhme an Rialacháin seo nó na forálacha sonracha a ghabhann leis, lena n-áirítear Airteagal 6, pointe (f) d'Airteagal 7, Airteagal 34, Airteagal 43, Airteagal 44 agus Airteagal 45, a mhodhnú, agus aird á tabhairt ar an taithí a fuarthas i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, mar aon lena bhfuil ag titim amach ó thaobh na teicneolaíochta, an mhargaidh agus an dlí de.

Beidh tograí reachtacha ag gabháil leis an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad mhír, i gcás inarb iomchuí.

De bhreis air sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach ceithre bliana tar éis an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad mhír ar an dul chun cinn chun maidir le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

*Airteagal 50***Aisghairm**

1. Déantar Treoir 1999/93/CE a aisghairm le héifeacht ón 1 Iúil 2016.
2. Déanfar aon tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 51***Bearta idirthréimhseacha**

1. Gléasanna cruthaithe sínithe slána ar cinneadh a gcomhréireacht i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Threoir 1999/93/CE, measfar gur gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe iad faoin Rialachán seo.
2. Measfar gur deimhnithe cáilithe do ríomhshínithe faoin Rialachán seo iad deimhnithe cáilithe a eisítear do dhaoine nádúrtha faoi Threoir 1999/93/CE, go dtí go rachaidh siad in éag.
3. Déanfaidh soláthraí seirbhísí deimhniúcháin a eiseoidh deimhnithe cáilithe faoi Threoir 1999/93/CE tuarascáil ar mheasúnú comhréireachta a thíolacadh don chomhlacht maoirseachta a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2017. Go dtí go dtíolacfar an tuarascáil sin ar mheasúnú comhréireachta agus go dtabharfaidh an comhlacht maoirseachta a mheasúnú chun críche, measfar gur soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe é an soláthraí seirbhísí deimhniúcháin.
4. Mura ndéanfaidh soláthraí seirbhísí deimhniúcháin, a eisíonn deimhnithe cáilithe faoi Threoir 1999/93/CE, tuarascáil ar mheasúnú comhréireachta a thíolacadh don chomhlacht maoirseachta taobh istigh den teorainn ama dá dtagraítear i mír 3, ní measfar gur soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe é an soláthraí seirbhísí deimhniúcháin sin faoin Rialachán seo ón 2 Iúil 2017.

*Airteagal 52***Teacht i bhfeidhm**

1. Tíocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Iúil 2016, seachas maidir leis an méid a leanas:
  - (a) beidh feidhm ag Airteagail 8(3), 9(5), 12(2) go (9), 17(8), 19(4), 20(4), 21(4), 22(5), 23(3), 24(5), 27(4) agus (5), 28(6), 29(2), 30(3) agus (4), 31(3), 32(3), 33(2), 34(2), 37(4) agus (5), 38(6), 42(2), 44(2), 45(2), agus Airteagal 47 agus Airteagal 48 ón 17 Meán Fómhair 2014;
  - (b) Beidh feidhm ag Airteagail 7, Airteagal 8(1) agus (2), Airteagal 9, Airteagal 10, Airteagal 11, Airteagal 12(1), ón dáta a dtiocfaidh na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus in Airteagal 12(8) i bhfeidhm;
  - (c) Beidh feidhm ag Airteagal 6 ó trí bhliana ón dáta a dtiocfaidh na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus in Airteagal 12(8) i bhfeidhm.
3. I gcás ina n-áireofar an scéim ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith sa liosta a d'fhoilsigh an Coimisiún de bhun Airteagal 9 roimh an dáta dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 den Airteagal seo, bainfear amach an t-aitheantas a thabharfar don mhodh ríomhaitheantais faoin scéim sin de bhun Airteagal 6 tráth nach déanaí ná 12 mhí ó fhoilseofar an scéim sin ach tráth nach luaithe ná an dáta dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 den Airteagal seo.

4. D'ainneoin phointe (c) de mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh Ballstát a chinneadh go n-aithneofar modh ríomh-shainaitheantais faoi scéim ríomh-shainaitheantais ar thug Ballstát eile fógra ina leith de bhun Airteagal 9(1) sa chéad Bhallstát ón dáta a dtiocfaidh na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus Airteagal 12(8) i bhfeidhm. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann an Coimisiún a chur ar an eolas. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil don phobal.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhrúiséal, an 23 Iúil 2014.

*Thar ceann na Parlaiminte*

*An tUachtarán*

M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

S. GOZI



## IARSCRÍBHINN I

## CEANGLAIS MAIDIR LE DEIMHNITHE CÁILITHE LE HAGHAIDH RÍOMHSHÍNITHE

Beidh na nithe seo a leanas sna deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe:

- (a) nod, ar a laghad i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibríthe, gur eisíodh an deimhniú mar dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshínithe;
- (b) tacar sonraí a léiríonn gan débhrí an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá ag eisiúint an deimhnithe cháilithe, lena n-áirítear ar a laghad, an Ballstát ina bhfuil an soláthraí bunaithe agus
  - i gcás duine dlítheanach: ainm agus, nuair is infheidhme, an chlárúimhir mar atá sonraithe sna taifid oifigiúla,
  - i gcás duine nádúrtha: ainm an duine;
- (c) ar a laghad ainm an tsínitheora, nó ainm bréige; má úsáidtear ainm bréige, léireofar sin go soiléir;
- (d) na sonraí bailíochtaithe le haghaidh ríomhshínithe a fhreagraíonn do na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe;
- (e) sonraí maidir le tús agus deireadh tréimhse bhailíochta an deimhnithe;
- (f) cód céannachta an deimhnithe a chaithfidh a bheith uathúil don soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe;
- (g) ríomhshíniú ardleibhéil nó ríomhshéala ardleibhéil ón soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn;
- (h) an láthair ina bhfuil an deimhniú a thacaíonn le ríomhshíniú ardleibhéil nó leis an ríomhshéala ardleibhéil dá dtagraítear i bpointe (g) ar fáil saor in aisce;
- (i) an láthair ina bhfuil na seirbhísí maidir le stádas bailíochta deimhnithe is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoi stádas bailíochta an deimhnithe cháilithe;
- (j) an láthair ar ghléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe a bhfuil na sonraí cruthaithe ríomh-shainaitheantais bainteach le sonraí um bailíochtaithe ríomh-shainaitheantais, i bhfoirm atá ar a laghad oiriúnach do phróiseáil uathoibríthe.

---

## IARSCRÍBHINN II

## CEANGLAIS MAIDIR LE GLÉASANNA CRUTHAITHE RÍOMHSHÍNITHE CÁILITHE

1. Áiríteoidh gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe, trí bhíthin modhanna iomchuí teicniúla agus nós imeachta, an méid seo a leanas:
    - (a) go ndéantar caomhnú réasúnta ar rúndacht na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe;
    - (b) nach n-úsáidtear sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe ach aon uair amháin go praiticiúil;
    - (c) nach féidir na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe, le cinnteacht réasúnta, a dhéanamh amach agus go bhfuil an síniú á chosaint go hiontaoifa ar bhrionnú le teicneolaíocht atá ar fáil faoi láthair;
    - (d) gur féidir leis an sínitheoir dlisteanach cosaint a dhéanamh le hiontaoibh ó úsáid pháirtithe eile ar na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe.
  2. Ní athróidh gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe na sonraí a bheidh le síniú ná ní chuirfidh siad cosc leis na sonraí sin a chur i láthair an tsínitheora roimh an síniú.
  3. Is soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe, agus an soláthraí sin amháin, a ghinfidh nó a bhainisteoidh sonraí maidir le cruthú sonraí ríomhshínithe thar ceann an tsínitheora.
  4. Gan dochar do phointe (d) de mhír 1, féadfaidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a bheidh ag bainistiú sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe thar ceann an tsínitheora na sonraí sin a mhacasamhlú chun críocha cúltaca, agus chucu sin amháin ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:
    - (a) caitfidh na tacair shonraí macasamhlaithe bheith ar aon leibhéal slándála leis an tacar sonraí bunaidh;
    - (b) ní rachaidh líon na dtacar sonraí macasamhlaithe thar an líon is lú a bheidh riachtanach chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú.
-

## IARSCRÍBHINN III

## CEANGLAIS MAIDIR LE DEIMHNITHE CÁILITHE LE HAGHAIDH RÍOMHSHÉALA

Beidh na nithe seo a leanas sna deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéala:

- (a) comharthú, i bhfoirm atá ar a laghad oiriúnach don phróiseáil uathoibríthe, gur eisíodh mar dheimhniú cáilithe an deimhniú a eisíodh do ríomhshéala;
- (b) foireann sonraí a léiríonn gan athbhrí an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn deimhnithe cáilithe lena n-áirítear ar a laghad, an Stát ina bhfuil an soláthraí bunaithe agus
  - i gcás duine dhlítheanaigh: ainm agus, nuair is infheidhme, an chlárúimhir mar atá sonraithe sna taifid oifigiúla,
  - i gcás duine nádúrtha: ainm an duine;
- (c) ar a laghad ainm chruthaitheoir an tséala agus, nuair is infheidhme, an chlárúimhir mar atá sonraithe sna taifid oifigiúla;
- (d) sonraí bailíochtaithe ríomhshéalaí a chomhfhreagraíonn do na sonraí cruthaithe ríomhshéalaí;
- (e) sonraí maidir le tús agus deireadh tréimhse bhailíochta an deimhnithe;
- (f) cód céannachta an deimhnithe a chaithefidh a bheith uathúil don soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe;
- (g) ríomhshíniú ardleibhéil nó ríomhshéala ardleibhéil ón soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn;
- (h) an láthair ina bhfuil an deimhniú a thacaíonn le ríomhshíniú ardleibhéil nó leis an ríomhshéala ardleibhéil dá dtagraítear i bpointe (g) ar fáil saor in aisce;
- (i) an láthair ina bhfuil na seirbhísí maidir le stádas bailíochta deimhnithe is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoi stádas bailíochta an deimhnithe cháilithe;
- (j) an láthair ar ghléas cruthaithe ríomhshéalaí cáilithe a bhfuil na sonraí cruthaithe ríomhshéalaí atá bainteach le sonraí bailíochtaithe ríomhshéalaí, le comharthú oiriúnach de seo i bhfoirm atá ar a laghad oiriúnach do phróiseáil uathoibríthe.

---

## IARSCRÍBHINN IV

## CEANGLAIS MAIDIR LE DEIMHNITHE CÁILITHE AR FHÍORDHEIMHNIÚ LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Beidh na nithe seo a leanas i ndeimhnithe cáilithe ar fhíordheimhniú láithreán gréasáin:

- (a) nod, ar a laghad i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibríthe, gur eisíodh an deimhniú mar dheimhniú cáilithe ar fhíordheimhniú láithreán gréasáin;
  - (b) foireann sonraí a léiríonn gan athbhrí an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn deimhnithe cáilithe lena n-áirítear ar a laghad, an Stát ina bhfuil an soláthraí bunaithe agus
    - i gcás duine dhlítheanaigh: ainm agus, nuair is infheidhme, an clárúimhir mar atá sonraithe sna taifid oifigiúla,
    - i gcás duine nádúrtha: ainm an duine;
  - (c) i gcás daoine nádúrtha: ar a laghad ainm an duine ar eisíodh an deimhniú dó, nó ainm bréige. Má úsáidtear ainm bréige, sonrúfar an méid a leanas go soiléir;
    - i gcás daoine dlítheanacha: ar a laghad ainm an duine dhlítheanaigh ar eisíodh an deimhniú dó agus, nuair is infheidhme, an clárúimhir mar atá sonraithe sna taifid oifigiúla;
  - (d) eilimintí den seoladh, lena n-áirítear ar a laghad an chathair agus an Stát lena mbaineann an duine nádúrtha nó dlítheanach ar eisíodh an deimhniú dó agus, nuair is infheidhme, mar atá sonraithe sna taifid oifigiúla;
  - (e) ainm fearainn nó ainmneacha fearainn a oibríonn an duine nádúrtha nó dlítheanach ar eisíodh an deimhniú dó;
  - (f) sonraí maidir le tús agus deireadh thréimhse bhailíochta an deimhnithe;
  - (g) cód céannachta an deimhnithe a chaitheadh a bheith uathúil don soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe;
  - (h) ríomhshíniú ardleibhéal nó ríomhshéala ardleibhéal ón soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn;
  - (i) an láthair ina bhfuil an deimhniú a thacaíonn le ríomhshíniú ardleibhéal nó leis an ríomhshéala ardleibhéal dá dtagraítear i bpointe (h) ar fáil saor in aisce;
  - (j) an láthair ina bhfuil na seirbhísí stádais bhailíochta deimhnithe ar féidir a úsáid chun stádas bailíochta an deimhnithe cháilithe a fhiosrú.
-

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 911/2014 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE**  
**an 23 Iúil 2014**

**maidir le cistiú ilbhliantúil i gcomhair ghníomhaíocht na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí i réimse na freagartha ar thruailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(2)</sup>,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, bunaíodh Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (“an Ghníomhaireacht”) d’fhonn leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach sábháilteachta muirí agus cosc ar thruailliú ó longa a áirithiú.
- (2) Le Rialachán (CE) Uimh. 724/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>, lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, sannadh cúraimí don Ghníomhaireacht i réimsí an choisc agus na freagartha ar thruailliú ó longa, i ndiaidh tionóiscí in uiscí an Aontais, go háirithe tionóiscí na dtancaeirí ola “Erika” agus “Prestige”.
- (3) Le Rialachán (AE) Uimh. 100/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ó gComhairle <sup>(5)</sup>, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, sannadh cúraimí don Ghníomhaireacht maidir leis an bhfreagairt ar thruailliú mara ó shuiteálacha ola agus gáis agus leathnaíodh seirbhísí na Gníomhaireachta chuig na Stáit a chuireann isteach ar aontachas leis an Aontas agus chuig tíortha comhpháirtíochta Chomharsanacht na hEorpa.
- (4) Le Rialachán (CE) Uimh. 2038/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup>, cuireadh cistiú ilbhliantúil ar bun i gcomhair ghníomhaíocht na Gníomhaireachta i réimse na freagartha ar thruailliú ó longa, ar cistiú é a chuaigh in éag an 31 Nollaig 2013.

<sup>(1)</sup> IO C 327, 12.11.2013, lch. 108.

<sup>(2)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Aibreán 2014 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 23 Iúil 2014.

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 724/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 129, 29.4.2004, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 100/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 39, 9.2.2013, lch. 30).

<sup>(6)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 2038/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le cistiú ilbhliantúil i gcomhair ghníomhaíocht na Gníomhaireachta Eorpaí um Shláid Mhuirí i réimse na freagartha ar thruailliú ó longa (IO L 394, 30.12.2006, lch. 1).

- (5) Mar gheall ar an tionchar éiceolaíoch a d'fhéadfadh a bheith tubaisteach agus costais eacnamaíocha fíor-arda na dteagmhais truaillithe, chomh maith le tionchar socheacnamaíoch féideartha teagmhais den sórt sin ar earnálacha eile, amháil an turasóireacht agus an t-iascach, ba cheart go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ag an nGníomhaireacht chun ligean di a cúraimí sannta a chur i gcrích i ndáil le freagairt ar thruailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis. Tá na cúraimí sin tábhachtach chun tuilleadh damáiste de chineál airgeadaíochta agus neamh-airgeadaíochta araon a chosc.
- (6) Chun críocha chur chun feidhme na gcúraimí truailliú ó longa a chosc agus freagairt ar an truailliú sin, ghlac Bord Riaracháin na Gníomhaireachta Plean Gníomhaíochta i gcomhair Ullmhachta agus Freagartha i gcás Ola-Thruailliú an 22 Deireadh Fómhair 2004, inar cinneadh gníomhaíochtaí freagartha ar thruailliú ola de chuid na Gníomhaireachta agus a bhfuil sé d'aidhm aige an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Gníomhaireacht. An 12 Meitheamh 2007, ghlac an Bord Riaracháin Plean Gníomhaíochta i gcomhair Ullmhachta agus Freagartha i gcás Truailliú ó Shubstaintí Guaiseacha agus Díobhálacha. I gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, déantar an dá phlean gníomhaíochta a thabhairt cothrom le dáta gach bliain trí chlár oibre bliantúil na Gníomhaireachta.
- (7) Ba cheart féachaint do na comhaontuithe atá ann cheana maidir le truailliú de thaisme, lena n-éascaítear cúnaimh agus comhar idir na Ballstáit sa réimse sin, agus ní mór féachaint freisin do na coinbhinsiúin agus do na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha maidir le limistéir Eorpacha mhuirí a chosaint ó theagmhais truaillithe lena gceanglaítear ar na páirtithe gach beart iomchuí is gá a dhéanamh chun bheith ullamh do theagmhais truaillithe ola agus chun freagairt air.
- (8) Baineann gníomhaíocht freagartha truaillithe na Gníomhaireachta, arna sonrú sna pleananna gníomhaíochta, le gníomhaíochtaí i réimse na faisnéise, an chomhair agus an chomhordúcháin, lena n-áirítear i dtaca le truailliú mara ó shubstaintí guaiseacha agus díobhálacha. Thar aon ní eile, baineann an gníomhaíocht freagartha sin le cúnaimh oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit atá buailte nó do na tríú tíortha a roinneann imchuach réigiúnach farraige leis an Aontas ("Stáit atá buailte" araon), trí shraith breise fritruaillithe a chur ar fáil chun truailliú ola ó longa chomh maith le truailliú mara ó shuiteálacha ola agus gáis a chomhrac. Ba cheart don Gníomhaireacht aird ar leith a thabhairt ar na limistéir sin atá sainaitheanta mar na limistéir is leochailí, gan dochar d'aon limistéir eile a bhfuil riachtanas air.
- (9) Ba cheart do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i réimse na freagartha ar thruailliú na socrúithe comhair atá ann cheana lena bhforáiltear do chúnaimh frithpháirteach i gcás teagmhais truaillithe mhuirí a chomhlíonadh. D'aontaigh an tAontas d'eagraíochtaí réigiúnacha éagsúla agus tá sé ag ullmhú chun aontú d'eagraíochtaí réigiúnacha eile.
- (10) Ba cheart gníomhaíocht na Gníomhaireachta a chomhordú leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoi na comhaontuithe déthaobhacha agus réigiúnacha a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu. I gcás teagmhais truaillithe mhuirí, ba cheart don Gníomhaireacht cúnaimh a thabhairt do Stáit atá buailte, a bhfuil na hoibríochtaí glantacháin á ndéanamh faoina n-údarás.
- (11) Ba cheart don Gníomhaireacht ról gníomhach a imirt i gcothabháil Sheirbhís Faireacháin Ola Satailíte na hEorpa (CleanSeaNet) agus i bhforbairt bhreise a dhéanamh uirthi i gcomhair faireachais, luathbhrath truaillithe agus sainaitheant na long nó na suiteálacha ola nó gáis atá freagrach, mar shampla i gcás scaoileadh ola ó longa agus sceitheadh oibríochta agus doirteadh de thaisme ó ardáin amach ón gcósta. Ba cheart don tseirbhís sin feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí agus ar éifeachtacht agus ar thráthúlacht na freagartha ar thruailliú.
- (12) Ba cheart na hacmhainní breise a sholáthróidh an Gníomhaireacht do Stáit atá buailte a chur ar fáil trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

<sup>(1)</sup> Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

- (13) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis a bhaineann le sásraí poiblí agus príobháideacha freagartha ar thruailliú agus leis na cumais freagartha chomhlachaithe i réigiúin éagsúla an Aontais a chur ar fáil tríd an gComhchóras Cumarsáide agus Faisnéise Éigeandála (CECIS) a bunaíodh le Cinneadh 2007/779/CE, Euratom ón gComhairle <sup>(1)</sup>, nuair a bheidh an fhaisnéis ar fáil chuige sin.
- (14) Chun cúnadh oibríochtúil na Gníomhaireachta a dhéanamh níos éifeachtúla i bhfianaise an leathnú a rinneadh ar shainordú freagartha truaillithe na Gníomhaireachta chuig tríú tíortha a roinneann imchuach farraige réigiúnach leis an Aontas, ba cheart don Ghníomhaireacht gach iarracht a dhéanamh na tríú tíortha sin a spreagadh chun faisnéis a chomhthiomsú agus comhoibriú i gcothabháil liosta de na sásraí freagartha agus de na cumais freagartha comhlachaithe ag an nGníomhaireacht.
- (15) D'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht gníomhaíochtaí freagartha truaillithe na Gníomhaireachta, ba cheart do Bhallstáit staidéir eolaíocha a roinnt leis an nGníomhaireacht ar staidéir iad a bhféadfadh sé gur ghlac siad de láimh iad ar éifeachtaí na geimiceán a úsáidtear mar easróirí ab fhéidir a bheith ábhartha do na gníomhaíochtaí sin.
- (16) Chun cur chun feidhme críochnúil phleananna gníomhaíochta na Gníomhaireachta a áirithiú, ba cheart córas inmharthana agus cost-éifeachtach a thabhairt don Ghníomhaireacht, go háirithe, chun go maoineofaí an cúnadh oibríochtúil a chuirtear ar fáil do Stáit atá buailte.
- (17) Dá bhrí sin, ba cheart féachaint chuige, ar bhonn gealltanais ilbhliantúil, go mbeidh sláine airgeadais ann i gcomhair chistiú na gcúraimí atá curtha ar an nGníomhaireacht i réimse na freagartha ar thruailliú agus na ngníomhaíochtaí comhlachaithe. Ba cheart méid an ghealltanais ilbhliantúil sin an méadú ar shainchúram na Gníomhaireachta maidir le freagairt ar thruailliú a léiriú, agus freisin an gá atá ann go ndéanfadh an Ghníomhaireacht éifeachtúlacht úsáid na gcistí a leithdháiltear air a mhéadú, i gcomhthéacs na srianta buiséadacha. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle méideanna bliantúla ranníocaíocht an Aontais a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil. Tá sé tábhachtach go háirithe go ndéanfadh an Coimisiún meastóireacht meántearma ar chumas na Gníomhaireachta a freagrachtaí a chomhlíonadh, i réimse na freagartha ar thruailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis ar bhealach éifeachtach agus cost-éifeachtúil.
- (18) Ba cheart na méideanna atá le gealladh chun an fhreagairt ar thruailliú a chistiú an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 a chumhdach, i gcomhréir leis an gcreat ilbhliantúil airgeadais a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle <sup>(2)</sup> (“an creat airgeadais ilbhliantúil”). Ba cheart imchluídach airgeadais a chumhdóidh an tréimhse chéanna a sholáthar dá bhrí sin.
- (19) Ba cheart an tacaíocht a thugann an Ghníomhaireacht do Stáit a chuireann isteach ar aontachas leis an Aontas agus do thíortha comhpháirtíochta Chomharsanacht na hEorpa a mhaoiniú trí chlár de chuid an Aontais atá ann cheana i gcomhair na Stát sin agus dá bhrí sin níor cheart í a bheith mar chuid de chistiú ilbhliantúil na Gníomhaireachta.
- (20) Chun barrfheabhas a chur ar leithdháileadh gealltanais agus chun aon athruithe ar ghníomhaíochtaí freagartha ar thruailliú ó longa a chur i gcuntas, is gá a áirithiú go ndéanfar faireachán leanúnach ar na riachtanais gníomhaíochta ar leith atá ann ionas go mbeifear in ann na gealltanais airgeadais bhliantúla a oiriúnú.
- (21) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1406/2002, ba cheart don Ghníomhaireacht tuairisc a thabhairt ina tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme airgeadais chistiú ilbhliantúil na Gníomhaireachta.
- (22) Is iomchuí an leanúnachas a áirithiú sa tacaíocht mhaoinithe a chuirtear ar fáil faoi gníomhaíocht na Gníomhaireachta i réimse na freagartha ar thruailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis, agus tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ailíniú le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014,

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2007/779/CE, Euratom ón gComhairle an 8 Samhain 2007 lena mbunaítear Sásra Cosanta Sibhialta Comhphobail (IO L 314, 1.12.2007, lch. 9).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

##### **Ábhar**

1. Leagtar síos sa Rialachán seo na socruithe mionsonraithe maidir le ranníocaíocht airgeadais an Aontais le buiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí chun na cúraimí atá sannta di i réimse na freagartha ar thruailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis a chur chun feidhme, de bhun Airteagal 1 agus Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.

2. Le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i réimse na freagartha ar thruailliú, ní scaoilfear na Stáit chósta óna ndualgas maidir le sásraí iomchuí a bheith ar bun acu chun freagairt ar thruailliú.

#### *Airteagal 2*

##### **Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “ola” peitriam in aon fhoirm, lena n-áirítear amhola, ola bhreosla, sloda, dramhaíl ola agus táirgí scagtha arna leagan síos ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le hUllmhacht, Freagairt agus Comhar i dtaca le hOla-Thruailliú, 1990, den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO);
- (b) ciallaíonn “substaintí guaiseacha agus díobhálacha” aon substaint eile nach ola í ar dócha, má sceitear isteach sa mhuirthimpeallacht í, go dtiocfaidh guaiseanna do shláinte an duine aisti, go ndéanfaidh sí díobháil d’acmhainní beo agus do dhúlra na mara, go ndéanfaidh sí dochar do shaoráidí nó go gcuirfidh sí isteach ar úsáidí dlísteanacha eile na mara, arna mbunú ag an bPrótacal um Ullmhacht, Freagracht agus Comhar maidir le Teagmhais Truaillithe ó Shubstaintí Guaiseacha agus Díobhálacha, 2000, den IMO.
- (c) ciallaíonn “suiteáil ola agus gáis” saoráid sheasta, dho-aistrithe nó shoghluaiste, nó meascán de shaoráidí atá idircheangailte go buan le droichid nó le struchtúir eile, a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta nó i dtaca leis na hoibríochtaí sin; le “suiteáil ola agus gáis”, ní áirítear aonaid shoghluaiste dhruileála amach ón gcósta ach amháin má bhíonn siad lonnaithe in uiscí amach ón gcósta do dhruileáil, do tháirgeadh nó do ghníomhaíochtaí eile atá comhlachaithe le hoibríochtaí ola nó gáis amach ón gcósta, chomh maith le bonneagar agus saoráidí a úsáidtear chun ola agus gás a thabhairt i dtír agus go dtí críochfoirt ar tír mór.

#### *Airteagal 3*

##### **Raon Feidhme**

An ranníocaíocht airgeadais ón Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1, leithdháilfear í ar an nGníomhaireacht d’fhonn gníomhaíochtaí a mhaoiniú i réimse na freagartha ar thruailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis faoi mar a thagraítear dóibh sa phlean mionsonraithe a bunaíodh i gcomhréir le pointe (k) d’Airteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, go háirithe gníomhaíochtaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) cúnaimh oibríochtúil agus tacaíocht a thabhairt trí bhíthin acmhainní breise, amhail trí longa cúltaca fritruaillithe, íomhánna agus trealamh satailíte, do ghníomhaíochtaí freagartha ar thruailliú, arna iarraidh sin do Bhallstáit atá buailte, i gcomhréir le pointe (d) d’Airteagal 2(3), agus le hAirteagal 2(5), de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 i gcás truailliú mara de thaisme nó d’aon ghnó ó longa nó ó shuiteálacha ola agus gáis;
- (b) comhar agus comhordú agus soláthar cúnaimh theicniúil agus eolaíoch do na Ballstáit agus don Choimisiún faoi chuimsiú gníomhaíochtaí ábhartha an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta, an IMO agus na n-eagraíochtaí réigiúnacha ábhartha;



- (c) faisnéis, go háirithe faisnéis faoi dhea-chleachtais, faoi oilteacht, faoi theicnící agus faoi nuálaíochtaí i réimse na freagartha ar thruailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh.

#### Airteagal 4

##### Cistiú ón Aontas

1. Laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil, tabharfar don Ghníomhaireacht na leithreasá is gá chun a freagrachtaí a chomhlíonadh i réimse na freagartha ar thruailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis ar shlí éifeachtach agus chost-éifeachtúil.
2. EUR 160 500 000 arna shloinneadh i bpragsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 3 a chur chun feidhme don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.
3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasá bliantúla a chinneadh laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil. A fhad a bhaineann leis sin, ráthófar cistiú riachtanach an chúnaimh oibríochtúil do na Ballstáit de bhun phointe (a) d'Airteagal 3.

#### Airteagal 5

##### Faireachán a dhéanamh ar chumais atá ann cheana

1. Chun na riachtanais a shainiú maidir leis an gcúnamh oibríochtúil a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht agus chun éifeachtúlacht an tsoláthair sin a fheabhsú, mar shampla i bhfoirm soithí fritruaillithe breise anuas ar acmhainní na mBallstát, cothabhálfaidh an Ghníomhaireacht liosta de shásraí poiblí freagartha ar thruailliú, agus i gcás ina mbeidh siad ar fáil, liosta de shásraí príobháideacha freagartha ar thruailliú agus liosta de na cumais freagartha chomhlachaithe i réigiúin éagsúla an Aontais.
2. Cothabhálfaidh an Ghníomhaireacht an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na Ballstáit ar fáil. Le linn an liosta sin a chothabháil, beidh d'aidhm ag an nGníomhaireacht faisnéis maidir le sásraí freagartha truaillithe agus cumais freagartha chomhlachaithe ó thríú tíortha a roinneann imchuach farraige réigiúnach leis an Aontas a fháil.
3. Cuirfidh Bord Riaracháin na Gníomhaireachta an liosta sin agus faisnéis iomchuí eile a bhaineann leis na cuspóirí freagartha truaillithe a leagtar amach in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, amhail an fhaisnéis atá sna measúnuithe riosca agus sna staidéir eolaíoch ar éifeachtaí na gceimiceán a úsáidtear mar easróirí, san áireamh sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le gníomhaíochtaí freagartha ar thruailliú de chuid na Gníomhaireachta faoi chuimsiú chlár oibre bliantúil na Gníomhaireachta. Ba cheart don Ghníomhaireacht aird ar leith a thabhairt, sa chomhthéacs sin, ar na limistéir sin atá sainaitheanta mar na limistéir is leochaílí, gan dochar d'aon limistéar eile a bhfuil riachtanas air.

#### Airteagal 6

##### Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Nuair a chuirfear gníomhaíochtaí a chistítear faoin Rialachán seo chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coiscitheacha i gcoinne calaoise, éillithe agus aon gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chur i bhfeidhm, trí sheiceálacha agus cigireachtaí éifeachtacha a dhéanamh agus, i gcás ina mbraithfear neamhrialtachtaí, trí aisghabháil aon mhéideanna a íocadh go míchuí agus trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle<sup>(1)</sup> agus le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2185/96 ón gComhairle<sup>(2)</sup> agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(3)</sup>.

<sup>(1)</sup> Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus i gcoinne mírialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe a dhéanamh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

2. Maidir le gníomhaíochtaí an Aontais a chistítear faoin Rialachán seo, ciallóidh an coincheap arb é “neamhrialtacht”, dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, aon sárú ar fhoráil de dhlí an Aontais nó aon sárú ar oibleagáid chonarthaigh de dheasca gnímh nó neamhghnímh a rinne oibreoir eacnamaíoch, a bhfuil sé d’éifeacht aige nó a mbeadh sé d’éifeacht aige, de bharr míre caiteachais gan údar, dochar a dhéanamh do bhuiséad ginearálta an Aontais nó do bhuiséid a bheidh a mbainistiú aige.

3. Áiríteoidh an Coimisiún agus an Gníomhaireacht, laistigh dá raon inniúlachta faoi seach, go bhfaighfear an luach is fearr ar airgead agus gníomhaíochtaí an Aontais faoin Rialachán seo á gcistiú.

#### Airteagal 7

##### Meastóireacht mheántéarmach

1. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2017, cuirfidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an nGníomhaireacht, tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Sa tuarascáil sin, a tharraingeofar suas gan dochar do ról Bhord Riaracháin na Gníomhaireachta, leagfar amach torthaí úsáid rannfocaíocht an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 4 maidir le gealltanais agus caiteachas a chumhdaíonn an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2016.

2. Sa tuarascáil sin, tíolacfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chumas na Gníomhaireachta a freagrachtaí a chomhlíonadh ar shlí éifeachtach agus chost-éifeachtúil. Don tréimhse 2018-20, bunaithe ar an meastóireacht, agus breithniú á dhéanamh ar an ngá atá ann go ndéanfadh an Gníomhaireacht na cúraimí a shanntar dó a chur i gcrích, déanfaidh an Coimisiún, más gá, coigeartú iomchuí a mholadh, a mbeidh uasmhéid 8 % air, ar an imchlúdach ilbhliantúil airgeadais a leithdháiltear ar an nGníomhaireacht chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 3 a chur chun feidhme. Fanfaidh an coigeartú féideartha laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil agus tá sé gan dochar do na nósanna imeachta buiséadacha bliantúla nó don athscrúdú atá le teacht ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

3. Beidh faisnéis sa tuarascáil sin ar na himpleachtaí socheacnamaíocha, éiceolaíocha agus airgeadais, má tá fáil orthu, ar ullmhacht freagartha na Gníomhaireachta a bhaineann le truailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis.

4. Ina theannta sin, ar bhonn na tuarascála sin, féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, leasuithe ar an Rialachán seo a mholadh, go háirithe chun dul chun cinn eolaíoch a chur i gcuntas sa chomhrac i gcoinne truailliú mara ó longa agus ó shuiteálacha ola agus gáis, lena n-áirítear maidir le truailliú ó shubstaintí guaiseacha agus díobhálacha, chomh maith le hathruithe ábhartha ar na hionstraimí lena mbunaítear eagraíochtaí réigiúnacha a bhfuil a ngníomhaíochtaí cumhdaithe ag gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta maidir le freagairt ar thruailliú agus dár aontaigh an tAontas.

#### Airteagal 8

##### Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2014.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
An tUachtarán  
M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*  
An tUachtarán  
S. GOZI

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 912/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 23 Iúil 2014**

**lena mbunaítear creat chun freagracht airgeadais a bhainistiú atá nasctha le binsí socraithe díospóidí idir infheisteoir agus stát arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas Eorpach**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(1)</sup>,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, áirítear infheistíocht dhíreach eachtrach ar liosta n-ábhar a thig faoin gcomhbheartas tráchtála. I gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 3(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i dtaca leis an gcomhbheartas tráchtála agus féadfaidh sé a bheith ina pháirtí i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a chumhdaíonn forálacha maidir le hinfeistíocht dhíreach eachtrach.
- (2) Is féidir sásra socraithe díospóidí idir infheisteoir agus stát a áireamh i gcomhaontuithe ina bhforáiltear do chosaint na hinfeistíochta, sásra lena bhféadfaidh infheisteoir ó thríú tír éileamh a dhéanamh in aghaidh stáit ina ndearna sé infheistíocht. Is féidir dámhachtainí cúitimh airgid a theacht as socrú díospóide idir infheisteoir agus stát. Lena chois sin, tabhófar go cinnte costais maidir le riar na headrána in aon chás dá leithéid, chomh maith le costais a bhaineann le cás a chosaint.
- (3) Tá an fhreagracht idirnáisiúnta maidir le cóir faoi réir socraithe díospóidí ann de thoradh roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit. Dá bharr sin, beidh an tAontas freagrach i bprionsabal as aon éilimh a chosaint ina líomhnaítear gur sáraíodh na rialacha atá ina gcuid de chomhaontú a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais, is cuma an é an tAontas féin nó Ballstát a chuireann an chóir atá i gceist.
- (4) Ba cheart go dtabharfaí an t-ardleibhéal cosanta céanna d'infheisteoirí eachtracha le comhaontuithe an Aontais agus a thugtar d'infheisteoirí ón Aontas le dlí an Aontais agus leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, ach níor cheart go mbeadh an leibhéal cosanta níos airde. Ba cheart go n-áireofaí le comhaontuithe an Aontais go n-urramófar agus go gcosnófar cumhachtaí reachtacha an Aontais agus a cheart chun rialaithe.
- (5) I gcás ina bhfuil freagracht idirnáisiúnta ar an Aontas, mar eintiteas ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach, as an gcóir a chuirtear, beifear ag súil, mar a éilítear sa dlí idirnáisiúnta, go n-íocfaidh an tAontas aon dámhachtain neamhfhábhach agus gurb airsean a bheidh costais aon díospóide. D'fhéadfaí, áfach, gur de thoradh na córa a chuir an tAontas féin nó na córa a chuir Ballstát a thabharfaí dámhachtain neamhfhábhach. Ba mhíchothrom a beart, dá bhrí sin, na dámhachtainí agus na costais eadrána a íoc as buiséad an Aontais i gcás inar chuir Ballstát an chóir, ach amháin más rud é go bhfuil an chóir i gceist á ceangal faoi dhlí an Aontais. Is gá, mar sin, go leithroinntear an fhreagracht airgeadais, mar a éilítear i ndlí an Aontais, idir an tAontas féin agus an Ballstát atá freagrach as an gcóir a cuireadh ar bhonn na gcritéar atá curtha ar bun sa Rialachán seo.

<sup>(1)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón Comhairle an 23 Iúil 2014.

- (6) Ina rún an 6 Aibreán 2011 maidir le beartas idirnáisiúnta infheistíochta Eorpach amach anseo, d'éiligh Parlaimint na hEorpa go sainráite go gcruthófaí an sásra dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ina theannta sin, ina Chonclúidí an 25 Deireadh Fómhair 2010 maidir le Beartas cuimsitheach infheistíochta idirnáisiúnta, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar an ábhar.
- (7) Ba cheart freagracht airgeadais a leithroinnt ar an eintiteas atá freagrach as an gcóir a fuarthas nach raibh sí i gcomhréir le forálacha ábhartha an chomhaontaithe. Dá bhrí sin, ba cheart an fhreagracht airgeadais a bheith ar an Aontas féin i gcás ina gcuireann institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais an chóir lena mbaineann. Ba cheart an fhreagracht airgeadais a bheith ar an mBallstát lena mbaineann i gcás ina gcuireann an Ballstát sin an chóir lena mbaineann. Má ghníomhaíonn Ballstát, áfach, ar dhóigh a cheanglaítear le dlí an Aontais, mar shampla agus treoir arna glacadh ag an Aontas á trasú aige, ba cheart an fhreagracht airgeadais a bheith ar an Aontas féin a mhéid is a cheanglaítear an chóir lena mbaineann le dlí an Aontais. Ní mór don Rialachán seo foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go mbainfeadh cás aonair le cóir a chuireann Ballstát agus le cóir a cheanglaítear le dlí an Aontais araon. Cumhdófar ann na gníomhaíochtaí uile a dhéanfaidh na Ballstáit agus an tAontas. I gcásanna den sórt sin, ba cheart go mbeadh freagracht airgeadais ar na Ballstáit agus ar an Aontas as an gcóir shonrach a chuireann ceachtar acu.
- (8) Ba cheart don Aontas gníomhú i gcónaí mar fhreagróir i gcás ina mbaineann díospóid go heisiach le cóir a chuir institiúidí, comhaltáí, oifigí nó gníomhairí an Aontais amháin, sa dóigh is gur ar an Aontas a bheidh aon fhreagracht airgeadais is féidir a bheith ann i gcomhréir leis na critéir thuasluaite.
- (9) I gcás ina mbeadh an fhreagracht airgeadais ionchasach a thagann as díospóid ar Bhallstát, is cothromasach agus iomchuí é go ngníomhódh Ballstát den sórt sin mar fhreagróir chun an chóir a chuir sé ar an infheisteoir a chosaint. Is é is aidhm do na socrúithe a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú nach gcuirtear ualach ar bhuiséad an Aontais ná ar acmhainní neamhairgeadais an Aontais, go sealadach féin, de dheasca chostais na dlíthíochta nó aon dámhachtainí ab fhéidir a thabharfaí in aghaidh an Bhallstáit lena mbaineann.
- (10) Ina ainneoin sin, is féidir gur fearr leis na Ballstáit go ngníomhódh an tAontas mar an freagróir sna díospóidí seo, ar chúiseanna a bhaineann le saineolas teicniúil, mar shampla. Ba cheart, mar sin, an rogha a bheith ag na Ballstáit diúltú gníomhú mar an freagróir, gan dochar dá bhfreagracht airgeadais.
- (11) Chun a áirithiú gur féidir leasa an Aontais a chosaint go hiomchuí, tá sé fíor riachtanach, i gcúinsí eisceachtúla, go ngníomhódh an tAontas féin mar an freagróir i ndíospóidí a bhaineann le cóir a chuir Ballstát. Tá na cúinsí sin teoranta do chásanna ina mbaineann an díospóid le cóir a chuir an tAontas fosta, más cosúil go gceanglaítear le dlí an Aontais an chóir a chuir Ballstát agus i gcás ina gconspóidtear cóir chomhchosúil in éileamh gaolmhar i gcoinne an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), i gcás inar bunaíodh painéal agus ina mbaineann an t-éileamh leis an tsaincheist dhlíthiúil shonrach chéanna agus i gcás inar gá argóinteacht chomhsheasmhach a áirithiú i gcás EDT.
- (12) Nuair a ghníomhaíonn an tAontas mar an freagróir i gcásanna a bhaineann le bearta Ballstáit, ba cheart go ndéanfaidh an Coimisiún an chosaint a sheoladh ar bhealach a dhéanann leasanna airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann a chosaint.
- (13) Ba cheart cinntí maidir le cibé ar cheart go ngníomhódh an tAontas nó Ballstát mar an freagróir a ghlacadh laistigh den chreat a leagtar síos sa Rialachán seo. Is iomchuí go gcuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach maidir leis an mbealach ina gcuirtear an creat seo i bhfeidhm.

- (14) Ba cheart don Rialachán seo foráil a dhéanamh maidir le roinnt socruithe praiticiúla i dtaca le nósanna imeachta eadrána a sheoladh i ndíospóidí a bhaineann le cóir a chuir Ballstát. Ba cheart na socruithe sin a dhíriú ar an díospóid a bhainistiú chomh maith agus is féidir agus ag an am céanna comhlíonadh dhualgas an chomhair dhílis dá dtagraítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a áirithiú agus leas an Bhallstáit lena mbaineann a chosaint.
- (15) I gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar an freagróir, ba cheart foráil a dhéanamh i socruithe den sórt sin maidir le comhar an-dlúth lena n-áirítear fógra pras maidir le haon chéimeanna nós imeachta suntasacha, doiciméid ábhartha a chur ar fáil, comhairliúcháin rialta agus rannpháirtíocht sa tosaireacht chuig na himeachtaí.
- (16) I gcás ina ngníomhaíonn Ballstát mar an freagróir, is iomchuí, i gcomhréir le dualgas an chomhair dhílis dá dtagraítear in Airteagal 4(3) CAE, go gcoinneoidh sé an Coimisiún ar an eolas maidir le forbairtí sa chás agus go háirithe go n-áiritheoidh sé fógra tráthúil a thabhairt maidir le céimeanna nós imeachta suntasacha, doiciméid ábhartha a chur ar fáil, comhairliúcháin rialta agus rannpháirtíocht sa tosaireacht chuig na himeachtaí. Tá sé iomchuí freisin go dtabharfar deis leordhóthanach don Choimisiún aon phointe dlí nó aon eilimint eile a bhaineann le leas an Aontais a thagann chun tosaigh sa díospóid a shainaitint.
- (17) Gan dochar do thoradh na n-imeachtaí eadrána, ba cheart go mbeadh Ballstát in ann glacadh leis tráth ar bith go mbeadh an fhreagracht airgeadais air más rud é go bhfuil cúiteamh le híoc. I gcás den sórt sin, ba cheart go mbeadh an Ballstát agus an Coimisiún in ann socruithe a dhéanamh le chéile maidir leis na costais a íoc go tréimhsiúil agus aon chúiteamh a íoc. Ní thugtar le tuiscint le glacadh den sórt sin go nglacann Ballstát go bhfuil bunús maith ag an éileamh atá ina ábhar díospóide. I gcás den sórt sin, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann cinneadh a ghlacadh a cheanglódh go ndéanfaidh an Ballstát foráil maidir le costais den sórt sin. Más rud é go ndéanann an binse costais a dhámhachtain don Aontas, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go n-aisíocfar aon réamhíocaíocht costas láithreach don Bhallstát lena mbaineann.
- (18) I gcásanna áirithe, is féidir gur iomchuí teacht ar shocraíocht d'fhonn eadráin chostasach agus nach gá a sheachaint. Is gá nós imeachta a leagan síos maidir le socraíochtaí den sórt sin a dhéanamh. Ba cheart ligean don Choimisiún i nós imeachta den sórt sin, agus é ag gníomhú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin, cás a bhaineann le freagracht airgeadais an Aontais a shocrú, más le leas an Aontais é. Nuair a bhaineann an cás freisin le cóir a chuireann Ballstát, is iomchuí nach mbeadh an tAontas in ann díospóid a shocrú ach amháin mura mbeadh impleachtaí airgeadais nó buiséadacha ag an tsocraíocht don Bhallstát lena mbaineann. I gcásanna den sórt sin, is iomchuí go mbeadh dlúthchomhar agus comhairliúcháin idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann. Ba cheart cead a bheith ag an mBallstát i gcónaí an cás a shocrú, ar choinníoll go nglacann sé freagracht airgeadais iomlán agus go bhfuil an tsocraíocht sin i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (19) Má tugadh dámhachtain in aghaidh an Aontais, ba cheart an dámhachtain sin a íoc gan mhoill. Ba cheart don Choimisiún socruithe a dhéanamh maidir le dámhachtainí den sórt sin a íoc, murar ghlac Ballstát freagracht airgeadais cheana.
- (20) Ba cheart don Choimisiún dul i ndlúthchomhairle leis an mBallstát lena mbaineann chun teacht ar chomhaontú maidir le cionroinnt freagrachta airgeadais. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil Ballstát freagrach, agus mura nglacann an Ballstát leis an gcinneadh sin, ba cheart don Choimisiún an dámhachtain a íoc, ach ba cheart dó, ina theannta sin, cinneadh a dhíriú ar an mBallstát, ag iarraidh air na suimeanna lena mbaineann a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais, maille leis an ús is infheidhme. Ba cheart gurbh ionann an t-ús atá le híoc agus an t-ús atá leagtha síos de bhun Airteagal 78(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(1)</sup>. Tá Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar fáil i gcás ina measann Ballstát nach mbaintear amach na critéir atá leagtha amach sa Rialachán seo leis an gcinneadh.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

- (21) Ba cheart do bhuiséad an Aontais cumhdach a chur ar fáil maidir leis an gcaiteachas a leanfaidh comhaontuithe a chumhdaíonn forálacha maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach ar páirtí iontu an tAontas Eorpach agus ina bhforáiltear do shocrú díospóide idir infheisteoir agus stát. I gcás ina bhfuil freagracht airgeadais ar Bhallstáit de bhun an Rialacháin seo, ba cheart é bheith de chumhacht ag an gCoimisiún, ceachtar acu, ranníocaíochtaí an Bhallstáit lena mbaineann a charnadh sula gcuirfidh sé i bhfeidhm an caiteachas ábhartha, nó an caiteachas ábhartha a chur chun feidhme ar dtús agus aisíocaíocht a fháil ón mBallstát dá éis sin. Ba cheart gurbh fhéidir an dá shásra córa buiséid sin a úsáid, de réir indéantachta, go háirithe i dtaca leis an uainiú. I gcás an dá shásra, ba cheart glacadh leis na ranníocaíochtaí nó na haisíocaíochtaí a dhéanann an Ballstát lena mbaineann mar chuid d'ioncam sannta inmheánach de bhuiséad an Aontais. Na leithreasuithe a thagann as an ioncam sannta inmheánach seo, ní hamháin gur cheart dóibh cumhdach a dhéanamh ar an gcaiteachas ábhartha, ach ba cheart iad a bheith le fáil chun athshlánú a dhéanamh ar chodanna eile de bhuiséad an Aontais as ar tugadh na leithreasuithe tosaigh chun an caiteachas ábhartha faoin dara sásra a chur chun feidhme.
- (22) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún.
- (23) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le hAirteagal 9(2) agus (3), Airteagal 13(1), Airteagal 14(8), Airteagal 15(3) agus Airteagal 16(3) a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.
- (24) Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid chun cinntí lena bhforáiltear go ngníomhóidh an tAontas mar an freagróir de bhun Airteagal 9(2) a ghlacadh, ós rud é gur gá don Aontas sna cásanna sin cosaint cásanna den sórt sin a ghlacadh air féin, ach gur cheart go mbeadh an méid sin fós faoi réir rialú na mBallstát. Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid chun cinntí a ghlacadh maidir le socrú díospóidí de bhun Airteagal 15(3) ós rud é nach mbeidh ag na cinntí sin, ar a mhéid, ach tionchar sealadach ar bhuiséad an Aontais, ós rud é go mbeidh sé de cheangal ar an mBallstát lena mbaineann aon fhreagracht airgeadais a ghlacadh a thiocfaidh as an díospóid, agus mar gheall ar na critéir mhionsonraithe atá leagtha síos sa Rialachán seo maidir le hinghlacacht socraíochtaí den sórt sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### CAIBIDIL I

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

#### *Airteagal 1*

#### **Raon feidhme**

1. Gan dochar do roinnt na n-inniúlachtaí arna bunú ag CFAE, tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le socrú díospóide idir infheisteoir agus stát a sheoltar de bhun comhaontaithe ar páirtí ann an tAontas, nó ar páirtithe ann an tAontas agus a chuid Ballstát, agus a thionscain éilitheoir tríú tír. Go háirithe, ní dhéanfaidh glacadh agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo difear do theorannú na n-inniúlachtaí arna bhunú ag na Conarthaí, lena n-áirítear maidir leis an gcóir a chuireann na Ballstáit nó an tAontas agus a dhéanann éilitheoir a chonspóid i socrú díospóide idir infheisteoir agus stát a sheoltar de bhun comhaontaithe.

2. Chun críocha faisnéise, foilseoidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus coinneoidh sé cothrom le dáta liosta de na comhaontuithe a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

#### *Airteagal 2*

#### **Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “comhaontú” aon chomhaontú idirnáisiúnta a chumhdaíonn forálacha maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach ar páirtí ann an tAontas nó ar páirtithe ann an tAontas agus a chuid Bhallstát agus ina bhforáiltear do shocrú díospóide idir infheisteoir agus stát;

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (b) ciallaíonn “costais a thagann as an eadráin” táillí agus costais an bhinse eadrána agus institiúid na headrána, agus costais ionadaíochta agus cúiteamh costais a thug an binse eadrána don éilitheoir, amhail costais aistriúcháin, costais anailíse dlíthiúla agus eacnamaíche agus costais ábhartha eile i dtaca leis na himeachtaí eadrána;
- (c) ciallaíonn “díospóid” éileamh a thug éilitheoir in aghaidh an Aontais nó in aghaidh Ballstáit de bhun comhaontaithe agus ar éileamh é a ndéanfaidh binse eadrána rialú air;
- (d) ciallaíonn “socrú díospóide idir infheisteoir agus stát” sásra dá bhforáiltear i gcomhaontú lena bhféadann éilitheoir éilimh a thionscnamh in aghaidh an Aontais nó in aghaidh Ballstáit;
- (e) ciallaíonn “Ballstát” Ballstát amháin nó níos mó de chuid an Aontais Eorpaigh;
- (f) ciallaíonn “an Ballstát lena mbaineann” an Ballstát a chuir an chóir a líomhnaítear nach raibh i gcomhréir leis an gcomhaontú;
- (g) ciallaíonn “freagracht airgeadais” oibleagáid suim airgid a íoc a thug binse eadrána nó a comhaontaíodh mar chuid de shocraíocht agus lena n-áirítear na costais a thagann as an eadráin;
- (h) ciallaíonn “socraíocht” aon chomhaontú idir an tAontas nó Ballstát, nó iad araon, de pháirt amháin, agus an t-éilitheoir, de pháirt eile, ina dtoilíonn an t-éilitheoir gan leanúint dá éilimh mar mhalairt ar shuim airgid a íoc nó ar ghníomhaíocht eile seachas airgead a íoc, lena n-áirítear i gcás ina dtaifeadtar an tsocraíocht i ndámhachtain de chuid binse eadrána;
- (i) ciallaíonn “binse eadrána” aon duine nó aon chomhlacht arna ainmniú faoi chomhaontú chun rialú a thabhairt ar dhíospóid idir infheisteoir agus stát;
- (j) ciallaíonn “éilitheoir” aon duine nádúrtha nó dlítheanach a fhéadann éileamh a thabhairt chuig socrú díospóide idir infheisteoir agus stát de bhun comhaontaithe nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach dár sannadh éilimh an éiliteora faoin gcomhaontú go dleathach;
- (k) ciallaíonn “dlí an Aontais” CFAE agus CAE, mar aon le haon ghníomhartha de chuid an Aontais dá dtagraítear sa dara mír, sa tríú mír agus sa cheathrú mír d’Airteagal 288 CFAE agus aon chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu nó a bhfuil an tAontas agus a chuid Ballstát ina bpáirtithe iontu; chun críocha an Rialacháin seo, agus chucu sin amháin, ní chiallóidh “dlí an Aontais” na forálacha maidir le cosaint infheistíochta sa chomhaontú;
- (l) tagraíonn “a cheanglaítear le dlí an Aontais” do chóir i gcás nár fhéad an Ballstát lena mbaineann an sárú líomhnaithe ar an gcomhaontú a sheachaint ach amháin trí neamhaird a thabhairt ar oibleagáid faoi dhlí an Aontais amhail i gcás nach bhfuil lánrogha ná corrlach breithmheasa aige maidir leis an toradh atá le baint amach.

## CAIBIDIL II

### FREAGRACHT AIRGEADAIS A CHIONROINNT

#### *Airteagal 3*

#### **Critéir cionroinnte**

1. Déanfar an fhreagracht airgeadais a thagann as díospóid faoi chomhaontú a chionroinnt i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:
  - (a) is ar an Aontas a bheidh an fhreagracht airgeadais a thagann as cóir a chuir institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais;

- (b) is ar an mBallstát lena mbaineann a bheidh an fhreagracht airgeadais a thagann as cóir a chuir an Ballstát sin;
- (c) mar eisceacht ar phointe (b), is ar an Aontas a bheidh an fhreagracht airgeadais a thagann as cóir a chuir Ballstát i gcás inar ceanglaíodh an chóir sin le dlí an Aontais.

D'ainneoin phointe (c) den chéad fhomhír, i gcás ina gceanglaítear ar an mBallstát lena mbaineann gníomhú de bhun dlí an Aontais d'fhonn neamhréireacht réamhghnímh le dlí an Aontais a leigheas, is ar an mBallstát sin a bheidh an fhreagracht airgeadais murar ceanglaíodh réamhghníomh den sórt sin le dlí an Aontais.

2. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Rialachán seo, glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena gcinntear freagracht airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i mír 1. Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi chinneadh den sórt sin.

3. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, is ar an mBallstát lena mbaineann a bheidh an fhreagracht airgeadais sna cásanna seo a leanas:

- (a) ghlac an Ballstát lena mbaineann freagracht airgeadais ionchasach de bhun Airteagal 12 nó,
- (b) déanann an Ballstát lena mbaineann socraíocht de bhun Airteagal 15.

4. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, is ar an Aontas a bheidh an fhreagracht airgeadais i gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar an freagróir de bhun Airteagal 4.

### CAIBIDIL III

#### DÍOSPÓIDÍ A SHEOLADH

##### ROINN 1

#### *Díospóidí a bhaineann le cóir a chuir an tAontas a sheoladh*

##### *Airteagal 4*

#### **Cóir a chuir an tAontas**

1. Gníomhóidh an tAontas mar an freagróir i gcás ina mbaineann an díospóid le cóir a chuir institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais.

2. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún iarraidh ar chomhairliúcháin ó éilitheoir nó fógra lena sonraíonn éilitheoir go bhfuil rún aige imeachtaí eadrána a thionscnamh i gcomhréir le comhaontú, tabharfaidh an Coimisiún fógra láithreach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

##### ROINN 2

#### **DÍOSPÓIDÍ A BHAINNEANN LE CÓIR A CHUIR BALLSTÁT A SHEOLADH**

##### *Airteagal 5*

#### **Cóir a chuir Ballstát**

Beidh an Roinn seo infheidhme maidir le díospóidí a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cóir a chuir Ballstát.



*Airteagal 6***Comhar agus comhairliúcháin idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann**

1. I gcomhréir le príonsabal an chomhair dhílis dá dtagraítear in Airteagal 4(3) CAE, glacfaidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann na bearta uile is gá chun leas an Aontais agus an Bhallstáit lena mbaineann a chosaint.
2. Rachaidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle lena chéile maidir le díospóidí a bhainistiú de bhun an Rialacháin seo, ag féachaint d'aon spriocdhátaí a leagtar síos sa Rialachán seo agus sa chomhaontú lena mbaineann, agus roinnfidh siad faisnéis lena chéile nuair is ábhartha maidir le díospóidí a sheoladh.

*Airteagal 7***Iarraidh ar chomhairliúcháin**

1. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún iarraidh ar chomhairliúcháin ó éilitheoir i gcomhréir le comhaontú, tabharfaidh sé fógra láithreach don Bhallstát lena mbaineann. I gcás inar cuireadh Ballstát ar an eolas faoi iarraidh nó i gcás ina bhfuair sé iarraidh ar chomhairliúcháin, cuirfidh sé an méid sin in iúl láithreach don Choimisiún.
2. Beidh ionadaithe ón mBallstát lena mbaineann agus ón gCoimisiún ina gcuid de thoscaireacht an Aontais chuig na comhairliúcháin.
3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún an fhaisnéis atá ábhartha maidir leis an gcás ar fáil dá chéile láithreach.
4. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi aon iarrataí den sórt sin a rinneadh ar chomhairliúcháin.

*Airteagal 8***Fógra maidir le rún imeachtaí eadrána a thionscnamh**

1. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún fógra lena sonraíonn éilitheoir go bhfuil rún aige imeachtaí eadrána a thionscnamh, i gcomhréir le comhaontú, cuirfidh an Coimisiún an méid sin in iúl láithreach don Bhallstát lena mbaineann. I gcás ina luann éilitheoir go bhfuil sé de rún aige imeachtaí eadrána i gcoinne an Aontais nó Ballstáit a thionscnamh, déanfaidh an Coimisiún ainm an éilitheora, forálacha an chomhaontaithe a líomhnaítear gur sáraíodh é, an earnáil eacnamaíochta lena mbaineann, an chóir a líomhnaítear a sháraíonn an comhaontú agus méid na ndamáistí a éilítear a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle laistigh de 15 lá tar éis dó fógra a fháil.
2. I gcás ina bhfaigheann Ballstát fógra lena sonraíonn éilitheoir go bhfuil rún aige imeachtaí eadrána a thionscnamh, cuirfidh sé an méid sin in iúl láithreach don Choimisiún.
3. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi aon fhógraí den sórt sin, ar fógraí maidir le rún imeachtaí eadrána a thionscnamh iad.

*Airteagal 9***Stádas freagróra**

1. Gníomhóidh an Ballstát lena mbaineann mar an freagróir ach amháin i gceachtar cás díobh seo a leanas:
  - (a) rinne an Coimisiún cinneadh de bhun mhír 2 nó mhír 3 den Airteagal seo laistigh de 45 lá ó fuair sé an fógra dá dtagraítear in Airteagal 8, tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin de bhun Airteagal 6; nó
  - (b) dhearbhaigh an Ballstát lena mbaineann don Choimisiún i scríbhinn laistigh de 45 lá ó fuair sé an fógra dá dtagraítear in Airteagal 8 nach bhfuil rún aige gníomhú mar an freagróir, tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin de bhun Airteagal 6.

Más ann do cheachtar den dá chás dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b), gníomhóidh an tAontas mar an freagróir.

2. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunaithe ar anailís fhíriciúil iomlán agus chothrom agus ar réasúnú dlíthiúil a chuirtear ar fáil do na Ballstáit, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 22(2), go bhfuil an tAontas le gníomhú mar an freagróir i gcás ina dtagann ceann amháin nó níos má de na himthosca seo a leanas chun cinn:

(a) más ar an Aontas a bheadh an fhreagracht airgeadais ionchasach uile, nó cuid di ar a laghad, a thagann as an díospóid i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos in Airteagal 3; nó

(b) má bhaineann an díospóid le cóir a chuir institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais freisin.

3. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunaithe ar anailís fhíriciúil iomlán agus chothrom agus ar réasúnú dlíthiúil a chuirtear ar fáil do na Ballstáit, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3), go bhfuil an tAontas chun gníomhú mar an freagróir i gcás ina gconspóidtear cóir chomhchosúil in éileamh gaolmhar i gcoinne an Aontais in EDT, i gcás inar bunaíodh painéal agus go mbaineann an t-éileamh leis an tsaincheist shonrach dhlíthiúil chéanna, agus i gcás ina gcaithfear argóinteacht chomhsheasmhach a áirithiú do chás EDT.

4. Ag gníomhú dó i gcomhréir leis an Airteagal seo, áiritheoidh an Coimisiún go gcosnóidh cosaint an Aontais leas airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Rachaidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle le chéile de bhun Airteagal 6 maidir le bainistiú an cháis de bhun an Airteagail seo go díreach i ndiaidh dóibh an fógra dá dtagraítear in Airteagal 8 a fháil. Áiritheoidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann go mbainfear amach aon sprioc-amanna atá leagtha síos sa chomhaontú.

6. I gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar an freagróir i gcomhréir le mír 2 agus mír 5, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann maidir le haon phléadáil nó le haon bharúil sula gcuirfear bailchríoch orthu nó sula gcuirfear isteach iad. Beidh ionadaithe ón mBallstát lena mbaineann, arna iarraidh sin don Bhallstát agus ar chostas an Bhallstáit sin, mar chuid de thoscaireacht an Aontais in éisteacht ar bith agus déanfaidh an Coimisiún aird chúil a thabhairt ar leas an Bhallstáit.

7. Cuirfidh an Coimisiún in iúl láithreach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle má tá aon díospóid ann ina gcuirtear an tAirteagal seo i bhfeidhm agus an dóigh ar cuireadh i bhfeidhm é.

#### *Airteagal 10*

#### **Ballstát do sheoladh imeachtaí eadrána**

1. I gcás ina ngníomhaíonn Ballstát mar an freagróir, i ngach céim den díospóid, lena n-áirítear i gcás ina ndéanfaí an díospóid a neamhniú, a achomharc nó a athbhreithniú, déanfaidh an Ballstát an méid seo a leanas de bhun Airteagal 6:

(a) cuirfidh sé na doiciméid ábhartha a bhaineann leis an imeacht ar fáil don Choimisiún in am trátha;

(b) tabharfaidh sé fógra don Choimisiún, in am trátha, maidir leis na céimeanna nós imeachta suntasacha go léir, agus arna iarraidh sin dó, rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoimisiún d'fhonn aird chúil a thabhairt ar aon phointe dlí nó aon ghné eile de leas an Aontais a thagann chun tosaigh sa díospóid agus a shainaithin an Coimisiún in anailís neamhcheangailteach i scríbhinn a cuireadh ar fáil don Bhallstát lena mbaineann; agus

(c) ligfidh sé d'ionadaithe an Choimisiúin, arna iarraidh sin dó agus ar a chostas féin, bheith mar chuid den toscaireacht a bheidh ag ionadú don Bhallstát.

2. Cuirfidh an Coimisiún na doiciméid ábhartha a bhaineann leis na himeachtaí ar fáil don Bhallstát, chun a áirithiú an chosaint is éifeachtaí agus is féidir.
3. A luaithe a dhéanfar dámhachtain, cuirfidh an Ballstát an méid sin in iúl don Choimisiún. Tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

#### Airteagal 11

##### An tAontas do sheoladh imeachtaí eadrána

1. De bhun Airteagal 6, beidh na forálacha seo a leanas infheidhme i rith na n-imeachtaí eadrána i gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar an freagróir in aon díospóid ina mbeadh Ballstát faoi dhliteanas an bhfreagracht airgeadais ionchasach uile nó cuid di a iompar:
  - (a) déanfaidh an Coimisiún na bearta go léir is gá chun leasanna an Bhallstáit lena mbaineann a chosaint;
  - (b) tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an cúnaimh go léir is gá don Choimisiún;
  - (c) cuirfidh an Coimisiún na doiciméid ábhartha a bhaineann leis na himeachtaí ar fáil don Bhallstát lena mbaineann, coinneoidh sé an Ballstát ar an eolas maidir leis na céimeanna nós imeachta suntasacha go léir agus rachaidh sé i gcomhairle leis an mBallstát i gcás ar bith arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, chun a áirithiú go mbeidh an chosaint chomh héifeachtach agus is féidir;
  - (d) ullmhóidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann an chosaint i ndlúthchomhar lena chéile; agus
  - (e) beidh toscaireacht an Aontais chuig na himeachtaí comhdhéanta den Choimisiún agus d'ionadaithe ón mBallstát lena mbaineann, mura gcuirfidh an Ballstát lena mbaineann in iúl don Choimisiún nach bhfuil sé de rún aige bheith ar chuid de thoscaireacht an Aontais chuig na himeachtaí.
2. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go rialta faoi fhorbairtí sna himeachtaí eadrána dá dtagraítear i mír 1.

#### Airteagal 12

##### An fhreagracht airgeadais ionchasach á glacadh ag an mBallstát i gcás ina bhfuil an tAontas ina fhreagróir

I gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar an freagróir in aon díospóid ina mbeadh Ballstát faoi dhliteanas an fhreagracht airgeadais ionchasach uile nó cuid di a iompar, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, tráth ar bith, aon fhreagracht airgeadais ionchasach a ghlacadh a thagann as an eadráin. Chun na críche sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún socruithe a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas, *inter alia*:

- (a) sásraí le haghaidh íocaíocht thréimhsiúil costas a thagann as an eadráin;
- (b) sásraí le haghaidh íocaíocht aon dámhachtainí a tugadh in aghaidh an Aontais.

#### CAIBIDIL IV

##### DÍOSPÓIDÍ A SHOCRÚ MÁ S É AN TAONTAS AN FREAGRÓIR

#### Airteagal 13

##### Díospóidí a bhaineann le cóir a chuir an tAontas a shocrú

1. Má mheasann an Coimisiún gur leas an Aontais díospóid a shocrú a bhaineann le cóir a chuir an tAontas go heisiach, féadann sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun an réiteach a fhorghnó. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).

2. Más féidir go mbeadh gníomhaíocht ag baint le socraíocht seachas íocaíocht suime airgid, beidh na nósanna imeachta ábhartha infheidhme maidir le gníomhaíocht den sórt sin.

#### *Airteagal 14*

### **Díospóidí a shocrú maidir le cóir a chuir Ballstát go hiomlán nó go páirteach i gcás inar mian leis an Aontas teacht ar shocraíocht**

1. I gcás inarb é an tAontas an freagróir i ndíospóid a bhaineann le cóir a chuir Ballstát, go hiomlán nó go páirteach, agus má mheasann an Coimisiún gur leasanna airgeadais an Aontais an díospóid a shocrú, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle ar dtús leis an mBallstát lena mbaineann de bhun Airteagal 6. Féadfaidh an Ballstát na comhairliúcháin sin a thionscnamh freisin leis an gCoimisiún.

2. Má chomhaontaíonn an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann an díospóid a shocrú, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann a dhícheall socrú a dhéanamh leis an gCoimisiún ina leagfar amach na heilimintí is gá don idirbheartaíocht agus do chur chun feidhme na socraíochta.

3. I gcás inarb é an tAontas an freagróir i ndíospóid ar dá bhun a thabhdh Ballstát freagracht airgeadais agus i gcás nach mbeadh an tAontas faoi aon fhreagracht airgeadais, is é an Ballstát lena mbaineann agus é sin amháin a fhéadfaidh an díospóid a shocrú, de bhun Airteagal 15.

4. I gcás inarb é an tAontas an freagróir de bhun phointe (b) d'Airteagal 9(1), féadfaidh an Coimisiún, tar éis na gcomhairliúcháin de bhun Airteagal 6(1), a chinneadh an díospóid a shocrú i gcás gur leasanna airgeadais an Aontais an tsocraíocht. Agus é á chinneadh sin, cuirfidh an Coimisiún anailís fhíriciúil iomlán agus chothrom agus réasúnú dlíthiúil ar fáil ina léireofar leasanna airgeadais an Aontais.

5. I gcás inarb é an tAontas an freagróir i ndíospóid de bhun phointe (a) d'Airteagal 9(2) a bhaineann le freagracht airgeadais an Aontais agus léi sin amháin, agus i gcás nach mbeadh an Ballstát faoi aon fhreagracht airgeadais, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an díospóid a shocrú.

6. I gcás inarb é an tAontas an freagróir i ndíospóid de bhun Airteagal 9(2) a bhaineann le freagracht airgeadais an Aontais agus Ballstáit, ní fhéadfaidh an Coimisiún an díospóid a shocrú gan comhaontú ón mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann anailís iomlán a chur isteach ar an tionchar a bheadh ag an tsocraíocht atá beartaithe ar leasanna airgeadais an Bhallstáit sin. I gcás nach n-aontaíonn an Ballstát an díospóid a shocrú, féadfaidh an Coimisiún, mar sin féin, a chinneadh an díospóid a shocrú ar an gcoinníoll nach mbeidh impleachtaí airgeadais ná buiséadacha i gceist le socraíocht den chineál sin don Bhallstát lena mbaineann, bunaithe ar anailís fhíriciúil iomlán agus chothrom agus ar réasúnú dlíthiúil, agus anailís an Bhallstáit á cur san áireamh agus leasanna airgeadais an Aontais agus an Bhallstáit lena mbaineann á léiriú. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 19.

7. Ní áireofar i dtéarmaí na socraíochta faoi mhír 4, faoi mhír 5 ná faoi mhír 6 gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann seachas suim airgeadaíochta a íoc.

8. Beidh aon socraíocht faoin Airteagal seo faoi réir formheasa trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).

#### *Airteagal 15*

### **Díospóidí a shocrú maidir le cóir a chuir Ballstát go heisiach i gcás inar mian leis an mBallstát teacht ar shocraíocht**

1. I gcás inarb é an tAontas an freagróir i ndíospóid a bhaineann go heisiach le cóir a chuir Ballstát, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann moladh díospóid a shocrú sna cásanna seo a leanas:

(a) glacann an Ballstát lena mbaineann aon fhreagracht airgeadais a d'fheadfadh teacht as an tsocraíocht;

(b) is ar an mBallstát lena mbaineann amháin atá aon socrú socraíochta infhorfheidhmithe; agus

(c) tá téarmaí na socraíochta ag luí le dlí an Aontais.

2. Rachaidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle le chéile chun an rún atá ag Ballstát díospóid a shocrú a mheas.

3. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an dréachtsocrú socraíochta. Measfar gur ghlac an Coimisiún leis an dréachtsocrú socraíochta ach amháin más rud é, faoi cheann 90 lá tar éis don Bhallstát fógra a thabhairt maidir leis an dréachtsocrú socraíochta, go gcinfidh sé a mhalairt, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(2), ar na forais nach gcomhlíonann an dréachtsocraíocht na coinníollacha go léir atá leagtha amach i mír 1 den Airteagal seo. Nuair a ghlacfar an dréachtsocraíocht, déanfaidh an Coimisiún na bearta uile is gá chun go mbeidh na socrúithe socraíochta éifeachtach.

#### Airteagal 16

### **Díospóidí a shocrú maidir le cóir a chuir Ballstát i bpáirt i gcás inar mian leis an mBallstát sin teacht ar shocraíocht**

1. I gcás inarb é an tAontas an freagróir i ndíospóid a bhaineann le cóir a chuir Ballstát i bpáirt agus ina measann an Ballstát gur lena leas airgeadais féin an díospóid a shocrú, rachaidh sé i gcomhairle ar dtús leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 6.

2. Má chomhaontaíonn an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann an díospóid a shocrú, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann a dhícheall socrú a dhéanamh leis an gCoimisiún ina leagfar amach na heilimintí is gá don idirbheartaíocht agus do chur chun feidhme na socraíochta.

3. I gcás nach dtoilíonn an Coimisiún an díospóid a shocrú, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh diúltú socraíocht a dhéanamh, bunaithe ar anailís fhíriciúil iomlán agus chothrom agus ar réasúnú dlíthiúil a chuirtear ar fáil do na Ballstáit, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme. Glacfar leis an ngníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).

#### CAIBIDIL V

### **NA DÁMHACHTAINÍ DEIRIDH AGUS NA SOCRAÍOCHTAÍ A ÍOC**

#### Airteagal 17

### **Raon feidhme**

Beidh forálacha na Caibidle seo infheidhme i gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar an freagróir i ndíospóid.

#### Airteagal 18

### **Nós imeachta maidir le dámhachtainí nó socraíochtaí a íoc**

1. Tar éis dó dámhachtain deiridh a fháil de bhun comhaontaithe, féadfaidh éilitheoir iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar íocaíocht na dámhachtana sin. Íocfaidh an Coimisiún aon dámhachtain den sórt sin, ach amháin i gcás inar ghlac an Ballstát lena mbaineann freagracht airgeadais de bhun Airteagal 12, agus sa chás sin íocfaidh an Ballstát an dámhachtain.

2. I gcás nach bhfuil taifead ar shocraíocht de bhun Airteagal 13 nó Airteagal 14 i ndámhachtain, féadfaidh éilitheoir iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar íocaíocht na socraíochta. Íocfaidh an Coimisiún aon socraíocht den sórt sin laistigh d'aon tréimhse ama ábhartha atá leagtha síos sa chomhaontú.

*Airteagal 19***Nós imeachta i gcás nach bhfuil aon chomhaontú ann maidir le freagracht airgeadais**

1. I gcás ina ngníomhaíonn an tAontas mar an freagróir de bhun Airteagal 9, agus ina measann an Coimisiún gur cheart don Bhallstát lena mbaineann an dámhachtain nó an tsocraíocht nó na costais a thagann as an eadráin i gceist a íoc, go páirteach nó go hiomlán, ar bhonn na gcritéar atá leagtha síos in Airteagal 3(1), beidh an nós imeachta atá leagtha amach i mír 2 go mír 5 den Airteagal seo infheidhme.
2. Rachaidh an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann i gcomhairle láithreach chun comhaontú a lorg maidir le freagracht airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann, agus freagracht airgeadais an Aontais, más infheidhme.
3. Faoi cheann trí mhí ó fuar an Coimisiún an iarraidh ar íocaíocht na dámhachtana nó na socraíochta nó na costais a thagann as an eadráin, glacfaidh an Coimisiún cinneadh a bheidh dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann, lena gcinnfear an tsuim a bheidh le híoc ag an mBallstát sin. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin gcinneadh sin agus faoin réasúnú airgeadais a bhaineann leis.
4. Mura ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann agóid in aghaidh chinneadh an Choimisiúin faoi cheann dhá mhí tar éis an chinnidh dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann buiséad an Aontais a chúiteamh as íocaíocht na dámhachtana nó na socraíochta nó costais a thagann as an eadráin laistigh de shé mhí de theacht i bhfeidhm chinneadh an Choimisiúin. Beidh an Ballstát lena mbaineann faoi dhliteanas maidir le haon ús a bheidh dlite ag an ráta is infheidhme ar aon airgead eile a dhlitear do bhuiséad an Aontais.
5. Má dhéanann an Ballstát lena mbaineann agóid agus mura n-aontóidh an Coimisiún le hagóid an Bhallstáit, glacfaidh an Coimisiún cinneadh faoi cheann sé mhí tar eis dó agóid an Bhallstáit a fháil, lena gceanglófar ar an mBallstát lena mbaineann an tsuim a d'íoc an Coimisiún a aisíoc, maille leis an ús ar an ráta is infheidhme ar airgead eile a dhlitear do bhuiséad an Aontais.
6. Foilseofar na cinní ón gCoimisiún de bhun mhír 3 agus mhír 5 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 20***Réamhíocaíocht na gcostas a thagann as an eadráin**

1. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena gceanglófar ar an mBallstát lena mbaineann ranníocaíochtaí airgeadais a airleacan le buiséad an Aontais maidir le costais intuartha nó thabhairthe a thagann as an eadráin. Beidh cinneadh den sórt sin maidir le ranníocaíochtaí airgeadais comhréireach, agus na critéir a leagtar síos in Airteagal 3 á gcur san áireamh.
2. Sa mhéid go dtugann an binse eadrána na costais a thagann as an eadráin don Aontas, agus go ndearna an Ballstát lena mbaineann na costais a tháinig as an eadráin a íoc go tréimhsiúil, áiritheoidh an Coimisiún go n-aistreofar iad chuig an mBallstát a d'íoc iad roimh ré, chomh maith le hús ar an ráta is infheidhme ar aon airgead eile a dhlitear do bhuiséad an Aontais.

*Airteagal 21***Íocaíocht a dhéanann Ballstát**

Aisíocaíocht Ballstáit nó a íocaíocht le buiséad an Aontais, maidir le híocaíocht dámhachtana nó socraíochta nó costas a thagann as an eadráin, lena n-áirítear na costais dá dtagraítear in Airteagal 20(1) den Rialachán seo, glacfar leis mar ioncam inmheánach sannta de réir bhrí Airteagal 21(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Féadfar é a úsáid chun caiteachas a chumhdach a thagann as comhaontuithe a tugadh i gcrích de bhun Airteagal 218 de CFAE lena bhforáiltear do shocrú díospóide idir infheisteoir agus stát nó chun na leithreasuithe a athshlánú a cuireadh ar fáil ar dtús chun íocaíocht dámhachtana nó socraíochta nó costas a thagann as an eadráin a chumhdach.

## CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

## Airteagal 22

## Nós imeachta coiste

1. Beidh an Coiste maidir le Comhaontuithe Infheistíochta a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1219/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> de chúnadh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

## Airteagal 23

## Tuarascáil agus Athbhreithniú

1. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mhionsonraithe ar oibriú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go tráthrialta. Beidh an fhaisnéis uile is gá san áireamh sa tuarascáil sin, lena n-áirítear liosta na n-éileamh a rinneadh i gcoinne an Aontais nó na mBallstát, imeachtaí agus rialuithe lena mbaineann, agus an tionchar airgeadais ar bhuiséad an Aontais. Cuirfear an chéad tuarascáil faoin 18 Meán Fómhair 2019. Cuirfear tuarascálacha eile faoina mbráid gach trí bliana dá éis sin.
2. Cuirfidh an Coimisiún liosta d'iarrataí ar chomhairliúcháin ó éilitheoirí, d'éilimh agus de rialuithe eadrána faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar bhonn bliantúil.
3. Féadfaidh an Coimisiún togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle freisin chun an Rialachán seo a leasú maille leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 agus atá bunaithe ar thorthaí thaighde an Choimisiúin.

## Airteagal 24

## Díospóidí faoi chomhaontuithe a thugtar i gcrích roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo

I ndáil le díospóidí faoi chomhaontuithe a chumhdaítear faoi Airteagal 1 agus a thugtar i gcrích roimh an 17 Meán Fómhair 2014, ní bheidh an Rialachán seo infheidhme ach amháin maidir le díospóidí inar taisceadh iarratas ar éileamh eadrána tar éis an 17 Meán Fómhair 2014, agus a bhaineann le cóir a cuireadh tar éis an 17 Meán Fómhair 2014.

## Airteagal 25

## Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2014.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. GOZI

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1219/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 lena mbunaítear socruithe idirthréimhseacha le haghaidh comhaontuithe déthaobhacha infheistíochta idir Ballstáit agus tríú tíortha (IO L 351, 20.12.2012, lch. 40).

**Ráiteas comhphárteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún**

Beidh glacadh agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo gan dochar do roinnt na hinniúlachta mar atá bunaithe sna Conarthaí agus ní thuigfear as go bhfuil inniúlachtaí roinnte á bhfeidhmiú ag an Aontas i réimsí nár feidhmíodh inniúlacht an Aontais.

---



## CEARTÚCHÁIN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoinne intleachtúla agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003 ón gComhairle***(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 181 an 29 Meitheamh 2013, lch. 15)**(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge)*

## 1. Leathanach 15, Aithris 6:

*in ionad:* “Déantar sáruihte atá mar thoradh ar an gcineál trádála ar a dtugtar trádáil chomhthreomhar neamhdhleathach nó sáruihte atá mar thoradh ar rótháirgeadh a eisiamh ó raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003.”,

*léitear:* “Déantar sáruihte atá mar thoradh ar an gcineál trádála ar a dtugtar trádáil chomhthreomhar neamhdhleathach neamhdhleathach agus sáruihte atá mar thoradh ar rótháirgeadh a eisiamh ó raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003.”;

## 2. Leathanach 16, Aithris 11, an dara abairt:

*in ionad:* “[...], ba cheart do na húdaráis chustaim, agus measúnú á dhéanamh acu ar an riosca i ndáil le sárú an chirt mhaoine intleachtúla, aon dóchúlacht shuntasach go ndéanfaí cógais den sórt sin a atreorú go margadh an Aontais a chur san áireamh.”,

*léitear:* “[...], ba cheart do na húdaráis chustaim, agus measúnú á dhéanamh acu ar an riosca i ndáil le sárú an chirt maoinne intleachtúla, aon dóchúlacht shuntasach go ndéanfaí cógais den sórt sin a atreorú go margadh an Aontais a chur san áireamh.”;

## 3. Leathanach 16, Aithris 14:

*in ionad:* “D’fhonn a áirithiú go déanfar cearta maoinne intleachtúla a fhorghníomhú ar fud an Aontais, is iomchuí ligean do dhaoine nó d’eintiteas atá ag lorg ceart ar fud an Aontais a fhorghníomhú iarratas a chur isteach chuig údaráis chustaim de chuid Ballstáit amháin.”,

*léitear:* “D’fhonn a áirithiú go ndéanfar cearta maoinne intleachtúla a fhorghníomhú ar fud an Aontais, is iomchuí ligean do dhaoine nó d’eintiteas atá ag lorg cearta ar fud an Aontais a fhorghníomhú iarratas a chur isteach chuig údaráis chustaim de chuid Ballstáit amháin”;

## 4. Leathanach 17, Aithris 21:

*in ionad:* “Dá réir sin, ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún agus údaráis chustaim na mBallstát faisnéis a roinnt le húdaráis ábhartha tríú tíortha maidir le sáruihte a bhfuil amhras fúthu go ndéantar ar chearta maoinne intleachtúla iad, lena n-áirítear i ndáil le hearraí atá faoi bhealach trí chríoch an Aontais agus a thionscnaíonn ar chríoch na dtríú tíortha lena mbaineann nó atá ceaptha le cur go dtí na tríú tíortha sin.”,

*léitear:* “Dá réir sin, ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún agus údaráis chustaim na mBallstát faisnéis a roinnt le húdaráis ábhartha tríú tíortha maidir le sáruihte a bhfuil amhras fúthu go ndéantar ar chearta maoinne intleachtúla iad, lena n-áirítear i ndáil le hearraí atá faoi bhealach trí chríoch an Aontais agus a thionscnaíonn ar chríoch na dtríú tíortha sin lena mbaineann nó atá ceaptha le cur go dtí na tríú tíortha sin.”;

## 5. Leathanach 23, Airteagal 6(3)(m):

*in ionad:* “gealltanais an iarratasóra aon fhaisnéis is ábhartha d’anailís agus do mheasúnú na n-údarás custaim ar an riosca i ndáil le sárú an chirt mhaoine intleachtúla nó na gcearta maoinne intleachtúla lena mbaineann a chur ar aghaidh agus a nuashonrú.”;

*léitear:* “gealltanais an iarratasóra aon fhaisnéis is ábhartha d’anailís agus do mheasúnú na n-údarás custaim ar an riosca i ndáil le sárú an chirt maoinne intleachtúla nó na gcearta maoinne intleachtúla lena mbaineann a chur ar aghaidh agus a nuashonrú.”;

## 6. Leathanach 24, Airteagal 11(2):

*in ionad:* “I gcás nach mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (g), pointe (h) nó pointe (i) d’Airteagal 6(3) san iarratas a chuirfear isteach tar éis do na húdaráis chustaim fógra a thabhairt maidir le scaoileadh na n-earraí a chur ar fionraí nó iad a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 18(3), ní dheonófar an t-iarratas ach amháin le haghaidh scaoileadh na n-earraí sin a chur ar fionraí nó iad a choinneáil, mura soláthrófar an fhaisnéis sin laistigh de 10 lá oibre tar éis fógra go ndearnadh scaoileadh na n-earraí nó coinneáil na n-earraí a chur ar fionraí.”,

*léitear:* “I gcás nach mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (g), pointe (h) nó pointe (i) d’Airteagal 6(3) san iarratas a chuirfear isteach tar éis do na húdaráis chustaim fógra a thabhairt maidir le scaoileadh na n-earraí a chur ar fionraí nó iad a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 18(3), ní dheonófar an t-iarratas ach amháin le haghaidh scaoileadh na n-earraí sin a chur ar fionraí nó iad a choinneáil, mura soláthrófar an fhaisnéis sin laistigh de 10 lá oibre tar éis fógra a thabhairt maidir le scaoileadh na n-earraí a chur ar fionraí nó iad a choinneáil.”;

## 7. Leathanach 26, Airteagal 17(3), an dara fomhír:

*in ionad:* “I gcás ina chineann na húdaráis chustaim fógra a thabhairt do sealbhóir na n-earraí agus go meastar go bhfuil níos mó ná beirt mar shealbhóir na n-earraí, ní bheidh sé d’oibleagáid ar na húdaráis chustaim fógra a thabhairt do níos mó ná duine amháin de na daoine sin.”,

*léitear:* “I gcás ina gcineann na húdaráis chustaim fógra a thabhairt do shealbhóir na n-earraí agus go meastar go bhfuil beirt nó níos mó mar shealbhóir na n-earraí, ní bheidh sé d’oibleagáid ar na húdaráis chustaim fógra a thabhairt do níos mó ná duine amháin de na daoine sin.”;

## 8. Leathanach 26, Airteagal 18(1):

*in ionad:* “I gcás ina n-aithneoidh na húdaráis chustaim earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad ceart maoiné intleachtúla, ar earraí iad nach gcumhdaítear le cinneadh lena ndeonaítear iarratas, féadfaidh siad scaoileadh na n-earraí sin a chur ar fionraí nó iad a choinneáil.”,

*léitear:* “I gcás ina n-aithneoidh na húdaráis chustaim earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad ceart maoiné intleachtúla, ar earraí iad nach gcumhdaítear le cinneadh lena ndeonaítear iarratas, féadfaidh siad, ach amháin i gcás earraí meatacha, scaoileadh na n-earraí sin a chur ar fionraí nó iad a choinneáil”;

## 9. Leathanach 26, Airteagal 18(3), an dara fomhír:

*in ionad:* “I gcás ina gcinneann na húdaráis chustaim fógra a thabhairt do sealbhóir na n-earraí agus go measfar go bhfuil níos mó ná beirt mar shealbhóir na n-earraí, ní bheidh oibleagáid ar na húdaráis chustaim fógra a thabhairt do níos mó ná duine amháin de na daoine sin”,

*léitear:* “I gcás ina gcinneann na húdaráis chustaim fógra a thabhairt do shealbhóir na n-earraí agus go measfar go bhfuil beirt nó níos mó mar shealbhóir na n-earraí, ní bheidh oibleagáid ar na húdaráis chustaim fógra a thabhairt do níos mó ná duine amháin de na daoine sin”;

## 10. Leathanach 30, Airteagal 26(8), an abairt tosaigh:

*in ionad:* “I gcás nach mbeidh a chomhaontú maidir le scriosadh na n-earraí dearbhaithe ag dearbhóir nó sealbhóir na n-earraí nó nach measfar go bhfuil a chomhaontú den sórt sin dearbhaithe, i gcomhréir le mír 6, cuirfidh na húdaráis chustaim an méid sin in iúl do shealbhóir an chinnidh láithreach bonn, mar aon le cainníocht na n-earraí agus a gcineál, lena n-áirítear íomhánna díobh i gcás inarb íomchuí.”,

*léitear:* “I gcás nach mbeidh a chomhaontú maidir le scriosadh na n-earraí dearbhaithe ag dearbhóir nó sealbhóir na n-earraí agus i gcás nach measfar go bhfuil an comhaontú sin dearbhaithe ag dearbhóir nó sealbhóir na n-earraí, i gcomhréir le mír 6, cuirfidh na húdaráis chustaim an méid sin in iúl do shealbhóir an chinnidh láithreach bonn, mar aon le cainníocht na n-earraí agus a gcineál, lena n-áirítear íomhánna díobh i gcás inarb íomchuí.”.



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**  
2985 Lucsamburg  
LUCSAMBURG

